CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Caoilte sa Luath-Fhiannaíocht
Authors	Ó Síocháin, Tadhg
Publication date	2018
Original Citation	Ó Síocháin, T. 2018. Caoilte sa Luath-Fhiannaíocht. PhD Thesis, University College Cork.
Type of publication	Doctoral thesis
Rights	© 2018, Tadhg Ó Síocháin. - http://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/3.0/
Download date	2026-11-16 07:34:43
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/7348



UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Caoilte sa Luath-Fhiannaíocht

Údar: Tadhg Ó Síocháin, MA, HDE

Rinneadh an tráchtas seo le haghaidh céim PhD sa tSean- agus sa Mheán-Ghaeilge.

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge
Dámh na nEalaíon

Ceann Roinne: An tOllamh John Carey

Stiúrthóirí: An Dr. Caoimhín Ó Muirígh agus an t-Ollamh John Carey

Samhain 2018

Buíochas

Táim fíorbhuíoch don Dr Caoimhín Ó Muirigh a stiúraigh an obair seo agus a roinn go fial liom an t-eolas domhain fairsing atá aige ar theanga agus ar litríocht na Gaeilge, a chuir teagasc fónta orm, a threoraigh mé go tuisceanach foighneach maidir le gach gné den taighde agus den scríbhneoireacht agus a thug cabhair thar na bearta dom agus mé ag iarraidh cruacheisteanna éagsúla a réiteach.

Táim faoi mhórchomaoin ag foireann Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge a thug gach cúnamh agus spreagadh dom agus léargas ar mhórán gnéithe dár n-oidhreacht teanga agus liteartha.

Is mór agam an cúnamh a bhí le fáil go síoraí seasta ó leabharlannaithe na hOllscoile agus an chabhair luachmhar a bhí le fáil i gcónaí ó fhoireann riaracháin Roinn na Sean- agus na Meán-Ghaeilge.

Táim thar a bheith buíoch do mo bhean, Máire, faoin tacaíocht a thug sí dom go tuisceanach foighneach le linn dom bheith ag gabháil don obair.

Clár

Deimhniú 3

Noid ……. 4

Réamhrá……..... 5

1 Agallamh Chaoilte le Pádraig: Comhéadan Dhá Shaol …… 10

2 Caoilte mar fhéinní ……... 27

3 Caoilte mar *Revenant*: Saíocht, Draíocht agus Ceol …… 42

4 Turasanna ar an saol eile …….. 76

5 Fuascailteoir Cleasach …….. 95

6 Caoilte Cosluath ……... 117

7 Caoilte sna foinsí réamh-Normannacha ……... 136

8 Caoilte agus an Fhiann sa *Leabhar Laighneach* …….. 151

9 Conclúid ……... 178

Aguisín 1: Tagairtí don Fhiannaíocht sa *Leabhar Laighneach* …….. 181

Aguisín 2: Ainm Chaoilte ……..... 192

Leabharliosta ……..... 194

Deimhniú

Deimhnítear leis seo gur liom féin an saothar seo atá á chur ar fáil anois agus nár cuireadh ar fáil é le haghaidh céime ar bith eile i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh ná in aon áit eile. Déantar gach tagairt d'fhoinse sheachtrach a admháil agus a shainaithint laistigh den saothar. Tá rialacha Choláiste na hOllscoile, Corcaigh maidir le bradscríobh léite agam agus tuigim iad.

Tadhg Ó Síocháin

Samhain, 2018

Noid

CGH	O'Brien, M.A., *Corpus Genealogiarum Hiberniae*, i (Baile Átha Cliath, 1976).
CSG	Cumann na Sgríbheann nGaedhilge.
DF	E. MacNeill agus G. Murphy, *Duanaire Finn: The Book of the Lays of Fionn*, 3 iml., CSG 7, 28, 43 (Londain, 1908–43).
DIL	Quin, E.G. (eagarthóir ginearálta), *Dictionary of the Irish Language Based Mainly on Old and Middle Irish Materials* (eagrán comhdhlúth: Báile Átha Cliath, 2007).
DINN	Dinneen, P., *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Londain, 1910).
FGB	Ó Dónaill, N., *Foclóir Gaeilge-Bearla* (Baile Átha Cliath, 1977; athcló 2005).
GOI	Thurneysen, R. (D.A. Binchy agus O. Bergin, aistr.), *A Grammar of Old Irish* (Baile Átha Cliath, 1949; athchló 1998).
LL	Best, R.I., O. Bergin, M.A. O'Brien agus A. O'Sullivan, *The Book of Leinster, formerly Lebor na Núachongbála*, 6 iml. (Baile Átha Cliath, 1954–83).
LU	Best, R.I., agus O. Bergin (eag.), *Lebor na hUidre: Book of the Dun Cow* (Baile Átha Cliath, 1929).
RC	*Revue Celtique*.
ZCP	*Zeitschrift für celtische Philologie*.

Réamhrá

"Ní mó iná trian a scél innisit na senlaeich út ar dáigh dermait ₇ dichuimhne [These old warriors tell you no more than a third of their stories, because their memories are faulty]",[1] a deir na haingil le Pádraig, á chur in iúl leis na focail sin nach n-éireoidh le Caoilte ná lena sheanchomrádaithe – dá fheabhas is atá a ngreim agus dá fhairsinge is atá a n-eolas ar an seanshaol – ach cuid bheag den traidisiún a thabhairt ar aghaidh don ghlúin chomhaimseartha. Léiríonn ráiteas seo na n-aingeal chomh maith nach bhfuil sa chuimhne agus sa dearmad ach dhá ghné d'aon fheiniméan amháin .i. an fonn a bhíonn ar an duine léamh a dhéanamh ar an am a bhíonn caite.[2] Admháil is ea é nach mbeidh de thoradh ar an iarracht sin ach eolas bearnach easnamhach agus léargas neamhfhoirfe ar an traidisiún is ábhar don saothar.[3] Ach tá tábhacht le ráiteas na n-aingeal ar dhá leibhéal: baineann sé le Caoilte agus lena sheanchomrádaithe a bhfuil a gcuimhne ar na seanlaethanta ag teip de bharr na seanaoise agus imeacht na mblianta (an leibhéal ficseanúil) agus, gan dabht, le húdar anaithnid *Acallam na Senórach* atá ag brath, ní foláir, ar a chuimhne féin maidir le scéalta traidisiúnta a fhíonn sé (agus is dócha gur fear atá i gceist[4]) isteach san *Acallam* – scéalta nárbh é féin a chéadchum, is dócha, cé gur cosúil go ndearna sé ionramháil nó athdheilbhiú ar scéalta nó ar dhánta arbh ann dóibh i riocht éigin sarar chuir sé chun a mhórshaothar a scríobh (an leibhéal stairiúil).[5] Bíonn feidhm thábhachtach leis an bpictiúr a bhíonn againn den am atá caite don duine aonair (rud

[1] Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 299; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 12.
[2] Féach Assman, *Cultural Memory and Western Civilization*, 19–20 agus 122.
[3] Deir Assman (ibid., 111) nach mbíonn ach spás teoranta sa chuimhne: "In personal and cultural memory there is a dire shortage of space". Féach, leis, ibid., 125: "Individual functional memory draws a flexible and hence productive boundary between chosen, interpreted and appropriated elements – that is those that are attached to the configuration of the story – and … the amorphous mass of unattached elements. Functional memory is highly selective, and only gives presence to a fraction of memory's contents". Féach leis Erll, *Memory in Culture*, 5: "the focus of memory studies rests … not in the past 'as it really was', but on the past as a human construct".
[4] Féach, áfach, Clancy, 'Women Poets' mar a n-áitítear gur cosúil gur mná a chum roinnt mhaith de na dánta ón meánaois nach luaitear ainm file leo sna lámhscríbhinní Gaeilge.
[5] Féach an léiriú cuimsitheach ag Carruthers ar an bpáirt a bhí ag an gcuimhne i bpróiseas na léitheoireachta sa ré Chlasaiceach agus sa mheánaois in *The Book of Memory: a Study of Memory in Medieval Culture* (156–88 go háirithe) agus ar an tsainchiall bhí leis an gcuimhne (*memoria*) sa phróiseas sin. Freagraíonn an focal Gaeilge "meabhrú", a thagann ón bhfocal Laidine agus a mbaineann réim shéimeantach leathan leis (*FGB s.v.*:1. 'commiting to memory', 'remembering', 2. 'recalling', 'reminding', 3. 'meditating', 'reflecting', 4. 'apprehending', 'perceiving', 'sensing', 'feeling'), go maith dá raibh i gceist le *memoria*. Leanadh an chéim seo céim an *lectio* agus, tríd an bpróiseas sin, dhéanadh an léitheoir a chuid féin den ábhar agus é mar chuspóir aige an t-eolas a stóráil, a nascadh le hábhar eile a bhí ina chuimhne agus a sheachadadh (ó bhéal go minic) i gcomhthéacsanna difriúla ina dhiaidh sin. Cuid tábhachtach den chumadóireacht ab ea próiseas an *memoria*.

nach cás linn anseo) ach, chomh maith leis sin, don phobal nuair is comhchuimhne a bhíonn i gceist. Dealraíonnn sé go mbíonn baint idir an cruth a bhíonn ar na comhchuimhní seo agus cúinsí láithreacha an phobail agus an tslí a samhlaítear todhchaí an phobail sin. Seo mar a deir Maurice Hallbwachs: "Depending on its circumstances and point in time, society represents the past to itself in different ways: it modifies its conventions".[6]

Bíonn dlúthbhaint idir an chuimhne a bhíonn ag pobal ar an am atá caite agus an íomhá a bhíonn aige de féin, nó a bhíonn sé ag iarraidh a chruthú de féin.[7] Baineann neamhshocracht leis an bhféiníomhá agus leis an bhféiniúlacht, bíodh is go mbronnann cuimhní ársa cuma na buaine orthu. Bíonn siad ríthábhachtach, áfach, maidir le luachanna comónta an phobail sin agus maidir lena aisling don todhchaí. Seo mar a deir Georges Duby:

> En effet, pour comprendre l'ordonnance des sociétés humaines et pour discerner les forces qui les font évoluer, il importe de prêter … attention aux phénomènes mentaux, dont l'intervention est tout aussi déterminante que celle des phénomènes économiques et démographiques. Car ce n'est pas en fonction de leur condition véritable, mais de l'image qu'ils s'en font et qui n'en livre jamais le reflet fidèle, que les hommes règlent leur conduite. Ils s'efforcent de la conformer à des modèles de comportement qui sont le produit d'une culture et *qui s'ajustent tant bien que mal, au cours de l'histoire, aux réalités matérielles* (béim agamsa).[8]

[6] Luaite ag Weissberg, in 'Introduction', *Cultural Memory and the Construction of Identity*, 15. Féach leis ibid.: "Events can be recalled only if they (or their mode of narrative) fit within a framework of contemporary interests. Society … modifies recollections according to its present needs".

[7] Féach Kearney, *On Stories*, 77–121 agus 102–17, go háirithe, mar a bpléitear an tábhacht a bhíonn ag miotais agus ag athmhúnlú fíricí na staire i gcruthú an ionnanais agus na sainiúlachta náisiúnta. Deir McCone: "(The) narrative (of the *Acallam*) presumably involves a typical enough use of mythico-historical figures from the past for the validation of contemporary aims and undertakings" ('Werewolves, Cyclopes, *Díberga*, and *Fíanna*', 1). Féach, leis, Noyes agus Abrahams, 'From Calendar Custom to National Memory', 86–8.

[8] 'Histoire sociale et idéologies des sociétés', 147–8. Léiríonn Duby go mbíonn córas luachanna ('système de valeurs') i gceist leis an tslí a samhlaíonn an pobal é féin agus go mbíonn mórthábhacht leis an gcóras sin maidir le géilleadh do rialacha agus do dhlíthe: "C'est en lui (.i. sa chóras luachanna) … que résident les principes d'une action qui prétend animer le devenir d'un corps social, que s'enracine le sens que toute société attribue à son histoire et que s'accumulent ses réserves d'espérance. Il nourrit les rêves et les utopies que celles-ci soient rejetées vers le passé, vers un âge d'or aux attraits illusoires, ou bien projetées vers le futur" (ibid., 148). Féach, leis, Erll, *Memory in Culture*, 147, mar a n-áitítear go ndéanann scéalta miotasacha an t-am atá caite a nascadh leis an am i láthair agus leis an todhchaí ar shlí a chuireann sainiúlacht phobail nó ghrúpa in iúl.

Sa chomhthéacs seo, dealraíonn sé nach ceart róbhéim a chur ar an difríocht idir an fhoinse scríofa agus an traidisiún béil. Is maith a léiríonn an méid seo ag Carruthers an gaol gairid idir an t-ábhar scríofa agus an bhéalaireacht:

> Texts need not be confined to what is written down in a document. Where literature is valued for its social functions, works (especially certain ones, of course) provide the sources of a group's memory. Societies of this sort are "textual communities" … whether those texts exist among them in oral or written form. The Latin word *textus* comes from the verb meaning "to weave" and it is in the institutionalizing of a story through *memoria* that textualizing occurs. Literary works become institutions as they weave a community together by providing it with shared experience and a certain kind of language, the language of stories that can be experienced through time.[9]

Luann Assman trí fheidhm ghaolmhara leis an gcuimhne fheidhmiúil, mar atá: dlisteanú ("legitimization"), dídhlisteanú ("delegitimization") agus sainiú ("distinction").[10] Is léir gurb é próiseas an mheabhraithe, a leanann céim na léitheoireachta agus na héisteachta, a dhéanann leibhéaladh idir an fhoinse scríofa agus an t-ábhar ó bhéal, nuair a chuirtear trí mhuileann na comhchuimhne iad.

Bheifí ag súil, dá réir sin, le léiriú (fiú más léiriú neamhchinnte féin é ar uairibh) san *Acallam* go háirithe agus san Fhiannaíocht i gcoitinne ar na feiniméin seo a leanas i gcás an phobail nó na bpobal a bhfuil an Fhiannaíocht dírithe orthu, de réir cosúlachta:

- sainiú/féiniúlacht ghrúpa nó sochaí;
- féiníomhá an ghrúpa sin;
- dlisteanú agus dídhlisteanú;
- aisling nó fortheilgean ídéalach éigin de thodhchaí an ghrúpa/na ngrúpaí sin.[11]

Measaim go mbaintear úsáid as an gcuimhne (pé acu le Caoilte, le hOisín nó le húdair anaithnid na scéalta agus na ndánta éagsúla a shamhlaítear an chuimhne sin) chun comhchuimhne a chruthú nó a athmhúnlú mar aon le comhthuiscint ar

[9] *The Book of Memory*, 12. Féach ibid., 11: "I think it is probably misleading to speak of literary culture as a version of 'literacy' at all".
[10] *Cultural Memory and Western Civilization*, 128–9. Féach an léirmhíniú ar na téarmaí "functional memory", "storage memory", "inhabited memory" agus "uninhabited memory" in ibid., 122–4.
[11] Ar ndóigh, ní féidir talamh slán a dhéanamh de gurb ionann na gnéithe sin in aigne an scéalaí/na scéalaithe agus i dtuiscint ball den phobal iarmhír.

shinsearacht chomónta agus ar luachanna comónta a threisíonn le hionnanas grúpa, a sholáthraíonn fís don am atá le teacht agus a chothaíonn an tuiscint go mbaineann buaine leis an ngrúpa sin.[12] Soláthraíonn cuimhne Chaoilte agus finnéithe eile na comhábhair as a gcruthaítear féiníomhá phrótai-naisiúnach Ghaelach.

Féachfar ar shamplaí den Fhianníocht i bprós agus i bhfílíocht a chlúdaíonn tréimhse 600 bliain nó níos mó agus ní annamh a théann préamhacha na samplaí sin siar i bhfad roimh am a scríofa.[13] Mar gheall air seo, agus mar gheall ar fheidhmneanna na cuimhne atá luaite againn, ní féidir bheith ag súil le comhleanúnachas iomlán idir na samplaí a bheidh faoi chaibidil. Rud eile: tá léirithe ag Dagenais, go raibh próiseas na léitheoireachta sa mheánaois éagsúil ar fad le cleachtas ár linne féin agus nach mbronntaí an tábhacht chéanna ar an gcomhleanúnachas agus a dhéantar inniu.[14] Dar le Dagenais, b'é ba thabhachtaí don léitheoir meánaoiseach ná leas a bhaint as ábhar léitheoireachta trín é a phróiseáil ina chuimhne, machnamh a dhéanamh air, breith a thabhairt ar an iompar a bhí á léiriú ann agus é a chur i dtaisce i gcomhad a aigne mar aon le gnéithe eile dá eispéireas féin.[15]

Sna caibdlí a leanann, déanfar iarracht ar na gnéithe sin a bhaineann leis an gcuimhne fheidhmeach a bhféadfaí an chuimhne ghníomhach, a thabhairt uirthi chomh maith, a léiriú ach féachfar, ina theannta sin, le nithe a bhrúchtann aníos anois is arís as an gcuimhne neamhghníomhach nó shuanach a thabhairt chun solais

[12] Deir Carey: "the emotional climate of the *Acallam* is largely governed by feelings about the past" agus díríonn aird ar "foreshadowings of the future" atá le fáil thall is abhus sa saothar sin ('*Acallam na Senórach*: a Conversation between Worlds', 76).
[13] Mar shampla, luann White (*Compert Mongáin*, 21) an 10ú haois le ceapadh leagan *LU* de *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán* agus measann gur ar fhoinse ón 8ú haois a bunaíodh an leagan sin. Luann Ann Connon fichidí an 13ú haois le *hAcallam na Senórach* ('The Roscommon *Locus* of *Acallam na Senórach*', 54) agus deir Ní Shéaghdha gur sa 14ú nó sa 15ú haois a scríobhadh *Agallamh na Senórach*. Déanfar tagairt anseo thíos chomh maith do chúpla sampla atá níos déanaí ná sin.
[14] *The Ethics of Reading*, 111: "When we choose 'coherence' or 'intelligibility' as the *sine qua non* for undertaking work on medieval texts, pretending that these were qualities that they once possessed but have now lost, we are simply choosing not to look at medieval texts".
[15] Ibid., xvii: "Where we tend to see our texts as webs of language, medieval readers saw a world of human action for good or ill co-existive with their own lives. Texts were acts of demonstrative rhetoric that … involved (the reader) in praise and blame, judgements about … human behaviour. They engaged the reader, not so much in the unravelling of meaning as in a series of ethical meditations and of personal ethical choices". Deir sé (ibid.): " I argue for a reversal of the old paradigm, a reversal where the reader, not the author, occupies the central position". Féach, leis, ibid., 89, mar a bpléann an t-údar ról na cuimhne maidir le hábhar na léitheoireachta a nascadh le heispéireas an léitheora agus le cúinsí láithreacha a bheatha féin.

– an chuimhne sin a ndúirt Pierre Nora fúithi go mbíonn sí "susceptible to being long dormant and periodically revived".[16]

Ní mar charachtar iomlán comhleanúnach is ceart féachaint ar Chaoilte sa réimse leathan téacsanna a bhaineann leis sa luath-thraidisiún agus ina bhfuil páirt mhór nó bheag aige, ach mar phearsa a mbaineann feidhmeanna éagsúla leis i saothair ó thréimhsí difriúla.[17] Áiteofar, áfach, gur féidir roinnt feidhmeanna atá réasúnta seasmhach a aithint i gcás Chaoilte, ainneoin easpa áirithe leanúnachais agus, go deimhin, gnéithe paradacsúla – rud atá intuigthe mar gheall ar an tréimhse ama agus ar an éagsúlacht seánraí atá i gceist. D'fhonn dul i ngleic ar bhealach praiticiúil leis an dúshlán, ó thaobh anailíse de, a bhaineann le nádúr ilghnéitheach na dtéacsanna atá i gceist, díreofar ar dtús ar an mórshaothar sin ina bhfuil an léiriú is suaithinsí agus is foirfe, dar liom, ar an bpearsa seo le fáil – *Acallam na Senórach*. Is é an saothar croíláir sin is fearr a chuimsíonn sainfheidhmeanna Chaoilte mar *revenant* atá ina urlabhraí údarásach ar aois agus ar chultúr atá imithe, mar shaoi, mar fhéinní ceannasach, mar cheannaire ardstádais agus mar idirghabhálaí tairseachúil. Ina dhiaidh sin, féachfar leis an anailís a fhorbairt i bhfianaise foinsí eile a thacaíonn leis an léiriú a dhéantar san *Acallam* nó a cháilíonn nó a bhréagnaíonn é ar shlí éigin.

[16] Luaite ag Katriel, 'Sites of Memory', 100.
[17] I gcomhthéacs an staidéir seo, ciallaíonn an téarma "luath-Fhiannaíocht" tréimhse 600 nó 700 bliain nó mar sin ó am ceaptha an tsampla is sine (White, *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán* a bhféadfadh foinse san ochtú céad a bheith i gceist leis), go dtí 'The Lay of the Smithy', a luann Murphy dáta thart faoi 1400 leis (*DF* iii, 85).

1 Agallamh Chaoilte le Pádraig: Comhéadan Dhá Shaol

De bhrí gurb í an teagmháil idir luachanna an tseansaoil phágánaigh agus saol na Críostaíochta, dá seasannn Caoilte agus Pádraig faoi seach, a sholáthraíonn an bunteannas óna gcruthaítear tuin sainiúil an tsaothair seo,[1] ní miste féachaint ar dtús ar an gcomhthéacs eaglasta a bhaineann leis an *Acallam* – go háirithe ar mhórathruithe a bhí faoi lánseol le tamall roimh am a ceaptha, maidir le gnéithe d'eagar agus de theagasc na heaglaise. Chomh maith leis sin, is gá féachaint ar Phádraig mar chomhstruchtúr cultúrtha,[2] seachas mar phearsa stairiúil.

Cúlra *Acallam na Senórach*

Baineann *Acallam na Senórach*, a ceapadh, de réir cosúlachta, thart ar dheireadh an 12ú haois, nó go luath sa 13ú haois,[3] le tréimhse ina raibh forbairtí suntasacha i gcúrsaí intleachtúla, eaglasta agus sóisialta ag tarlú ar fud na hEorpa.[4] Ní ceart, áfach, na hathruithe sin a shamhlú mar fhás aon oíche ná mar ghluaiseacht aontreo ón mór-roinn go hÉirinn. Ní mó ná sin is cóir a cheapadh gur scoite amach ar fad ó shaol intleachtúil na mór-roinne a bhí an tír seo go dtí sin, mar, leis na céadta bliain roimhe sin, bhí páirt nár bheag ag manaigh Éireannacha i dtreabhadh na hithreach as ar eascair na forbairtí sin. Bhí tionchar mór ag na manaigh sin ar fhorbairt an oideachais faoi réimeas Charlemagne agus bhí éileamh ar a gcuid léinn i réimsí éagsúla (mar shampla, an litríocht chlasaiceach agus iarchlasaiceach, an ghramadach, na scrioptúir agus an eisigéis) sa tréimhse sin.[5] Maíonn Aubrey Gwynn go raibh teagmháil shuntasach ag eaglaisigh Éireannacha leo siúd a raibh leasuithe eaglasta á gcur chun cinn acu ar an mór-roinn sa 10ú agus san 11ú haois:

> The purpose of this essay is to suggest that Ireland was very much more closely in contact with reforming churchmen on the continent in the tenth and eleventh centuries than is commonly admitted by our historians. And the contacts that can be traced show Irish monks

[1] Faightear an teannas seo chomh maith i go leor laoithe agus scéalta ar déanaí iad ná an *Acallam*.
[2] Freagraíonn an téarma seo agam do *cultural construct*. Féach Nagy, *Conversing with Angels and Ancients*, 94: "Patrick (in Muirchú's Life) … is a literary construct".
[3] Féach Dillon, *Stories from the Acallam*, ix; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, viii. De réir Anne Connon ('The Roscommon Locus of '*Acallam na Senórach*', 54), is sna 1220í a cumadh an saothar. Deir sí go ndeachaidh an anailís a rinne Anne Dooley ar chomhthéacs stairiúil na hAcallmha agus go háirithe ar thagairtí sa saothar sin do phearsana stairiúla ó Chonnachta ('The Date and Purpose of Acallam na Senórach') i bhfeidhm uirthi féin maidir leis an tátal seo aici.
[4] Dillon, *Stories from the Acallam*, xiv–xv.
[5] Holtz, 'L'enseignement des maîtres de grammaire irlandais sur le continent au IX^{e} siècle', 143–56.

> and hermits most active precisely in those districts of Central Europe in which the programme later advocated by a line of great reforming Popes was first formulated and carried into execution.[6]

Chomh maith le rannpháirtíocht na n-eaglaiseach Éireannach i saol intleachtúil na mór-roinne, léiríonn Gwynn gur mó ceannaire tuata a thug aghaidh ar an Róimh ar oilithreacht agus tá sé den tuairim gur chuir seo le tionchar na Róimhe in Éirinn san 11ú haois.[7] Measann Gwynn go raibh an tionchar sin go láidir ar an dá litir a sheol Lanfranc chuig Gofraidh, rí Lochlannach Átha Cliath agus chuig Toirdhealbhach Ó Briain, rí Mumhan i 1074 ag tathant orthu brú ar aghaidh leis na leasuithe a bhí siad ag iarraidh a chur i bhfeidhm. Deir Gwynn go raibh an Pápa Alastar II mar mhac léinn ag Lanfranc tráth agus go mbíodh Lanfranc i dteagmháil go minic le Gréagóir VII.[8] Chuir bunú na Mainistreach Móire agus mainistreacha eile faoi riail Chistéirseach nó Agaistíneach dlús le próiseas an leasaithe agus neartaigh nádúr idirnáisiúnta na heaglaise in Éirinn. Chuir an idirghníomhaíocht leis an mór-roinn lena hoscailteacht maidir le smaointeoireacht nuálach.[9] Chinntigh obair leagáidí an phápa in Éirinn ceangal láidir idir Éire agus an Róimh sa tslí gurbh fhéidir leis an bpápa tionchar a imirt ar ghluaiseacht an leasaithe in Éirinn, gluaiseacht a raibh páirt mhór ag rialóirí tuata inti.[10] Méadaíodh ar údarás agus ar thionchar na n-easpag mar gheall ar na struchtúir nua a cruthaíodh i ndiaidh shionad Rath Breasail (1111) agus b'fhusa dóibh feasta gníomhú ar bhealach comhtháite. Léiríonn an liosta a sholáthraíonn David N. Dumville de na comhairlí agus na sionaid a eagraíodh idir

---

[6] Gwynn, *The Irish Church*, 1. Féach, leis, Ó Corráin, *The Irish Church, Its Reform and the English Invasion*, 33–41, mar a gcuirtear síos go hachomair ar shaothar na n-eaglaiseach Éireannach ar an mór-roinn idir an 7ú agus an 12ú haois agus an gcumarsáid a bhí dá bharr idir Éire agus tíortha na mór-roinne.

[7] Gwynn, *The Irish Church*, 84–8. Ar na ceannairí a luaitear tá "Maelruanaid Ua Maeldoraid", rí, Sitric mac mic Amhlaoibh, rí Lochlannach Átha Cliath; Flanducán Ua Ceallaigh, rí Bhrega; Flaithbheartach Ua Néill, rí Ailech agus Donnchadh mac Briain Bóramha.

[8] Ibid., 88.

[9] Léiriú ar an nasc láidir idir an eaglais in Éirinn agus an Eoraip agus go háirithe idir í agus an Róimh is ea an méid seo ag Flanagan in 'Henry II, The Council of Cashel and the Irish Bishops', 186–7: "Gilla Críst Ua Connairche … had been appointed papal legate by pope Eugenius III … (He) was known personally to Eugenius: he had been chosen by Malachy in 1140 to be trained as a Cistercian monk at Clairvaux, where he had encountered Eugenius as a fellow monk. While Gilla Críst became the first abbot of Mellifont in 1142, Eugenius was to become the first Cistercian pope in 1145". Féach, leis, eadem, *The Transformation of the Irish Church in the Twelfth Century*, 46–9 maidir leis an tionchar a bhí, de réir cosúlachta, ag achta Shionad Clermont ar achta Shionad Chaisil. Féach, leis, Ó Corráin, *The Irish Church, Its Reform and the English Invasion*, 76–90.

[10] Tá cuntas ar shaothar na leagáidí in Éirinn sa 12ú haois le fáil in Gwynn, *The Irish Church*, 116–54. Féach, chomh maith, Ó Corráin, *The Irish Church, Its Reform and the English Invasion*, 83–6, mar a dtugtar cuntas ar an tacaíocht agus ar an maoiniú a chuir ríthe Éireannacha ar fáil do bhunú na Mainistreach Móire agus mainistreacha eile a lean an riail Chistéirseach nó Agaistíneach.

1096 agus 1201 cé chomh gníomhach is a bhí na heaglaisigh maidir le cur chun cinn na leasuithe eaglasta.[11] Seo mar a deir sé:

> what appears to have been a national council met in 1096 under the presidency of the coarb of St Patrick … This seems to mark a turning point in the history of Irish christianity (*sic*), inaugurating a century of reforming councils and synods.[12]

Ach níorbh fhéidir obair na heaglaise a chur chun cinn gan dul i muinín na polaitíochta agus tacaíocht rialóirí cumhachta a chinntiú agus níor mhó ná sin a d'fhéadfadh rí dá airde déanamh gan faomhadh na heaglaise. Tá léiriú air seo le feiceáil i rannpháirtíocht Mhuircheartaigh Uí Bhriain agus uaisle eile i gcéadshionad Chaisil agus i sionad Rath Breasail,[13] sna litreacha úd a sheol Lanfranc chuig Gofraidh agus chuig Toirdhealbhach Ó Briain, rí Mumhan, a luamar cheana, agus sa chuairt a thug Annraí II ar Lios Mór, chun plé a dhéanamh, de réir cosúlachta, le Giolla Críost Ua Conairche, leagáid an phápa.[14]

Tá gach cuma ar an scéal, ainneoin deacrachtaí a bhain le cur chun cinn polasaithe na heaglaise, agus easpa cur le chéile i gcásanna áirithe,[15] gur eagraíocht fhuinniúil údarásach mhuiníneach lenar bhain ardléann, sárchumas eagraithe, sainscileanna polaitiúla, ardstádas náisiúnta agus idirnáisiúnta mar aon le meon misniúil nuálach a bhí, ar an mórgóir, san eaglais faoi am ceaptha *Acallam na Senórach*. Tá a rian sin le

---

[11] Dumville, *Councils and Synods of the Gaelic Early and Central Middle Ages*, 38–9. Tugann Flanagan tuairisc chuimsitheach ar na leasuithe eaglasta in *The Transformation of the Irish Church in the Twelfth Century*.
[12] Ibid., 37.
[13] Gwynn, *The Irish Church*, 156 agus 180.
[14] Ibid., 135. Féach, leis, Flanagan, 'Henry II, The Council of Cashel and the Irish Bishops', 193: "Ecclesiastical endorsement arguably was as important for aspirants to the high-kingship as military success, given that the church of Armagh had played such a prominent role, both in promoting the concept of a high-kingship of Ireland and in endorsing individual high kings". Labhrann Ní Mhaonaigh ar "the pivotal role played by the royal patrons of reform" ('Pagans and Holy Men', 143).
[15] Ag tagairt di do Chadhla Ua Dubhthaigh, ardeaspag Thuama, a stiúraigh Sionad Thuama i 1172, deir Flanagan ('Henry II, The Council of Cashel and the Irish Bishops', 204): "Although Cadla was to attend pope Alexander III's Lateran Council in 1179, it did not prevent him subsequently from consecrating his nephew to succeed him in Tuam, much to the dismay of the Roman papal legate, Cardinal John of Salerno, who reported in 1201 that not only Cadla's grandfather but also his great-grandfather, had held the church of Tuam". Luann sí cás an ardeaspaig seo mar léiriú ar an deacracht a bhain, mar gheall ar an *realpolitik*, leis an iarracht a bhí á déanamh scarúint le nósanna seanbhunaithe a bhí bun os cionn leis an leasú a bhí á chur chun cinn. Dar léi go gcothaíonn an cás seo amhras faoina mhéid agus a bhí dlúthpháirtíocht agus freagracht chomónta i gceist i gcás na n-easpag faoi 1172 (Ibid., 205). Féach, leis, cuntas Flanagan ar na deacrachtaí a bhaineann le doiléire agus neamhiomláine an doiciméadachais atá ar fáil don staraí maidir le grinnthuiscint ar na leasuithe eaglasta sa 12ú haois (*The Transformation of the Early Irish Church*, 1–33).

feiceáil go forleathan san *Acallam*, dar liom. Is beag rian den eagla roimh an bpágántacht ná de ró-naimhdeas ina leith a léirítear sa chumarsáid idir Pádraig agus Caoilte,[16] ach mar a bheifí ag súil leis i bhfianaise thraidisiún an léinn agus na scileanna polaitíochta a luamar, is go lánmhuinníneach, údarásach a chuireann Pádraig a theagasc i láthair agus is go tuisceanach fulangach a thugann sé cluas do Chaoilte, agus Broccán faoi ordú aige scéalta an tseanfhéinní a bhreacadh síos d'fhonn saibhreas na hoidhreachta sin a chaomhnú do na glúinte a thiocfaidh ina ndiaidh. Feictear údarás na heaglaise i gcaidreamh Phádraig leis na ríthe a bhuaileann leis agus ní annamh teagasc á thabhairt aige a bhfuil macalla de chuid de theagasc lucht leasaithe na heaglaise le clos ann.[17] Tugann Gwynn an achoimre seo ar an sárú ar dhlí na heaglaise ar ghnáth le lucht an leasaithe aird a tharraingt air:

> The charges that (Bernard of Clairvaux) makes against the people of Connor are, without exception, the same as those that he and contemporary witnesses bring against the Irish people as a whole. There were too few priests; the sacraments were neglected; the native Brehon law had corrupted the observance of the Church's matrimonial law; the Roman liturgy was unknown; the duty of paying tithes was not recognized by either clergy or laity.[18]

---

[16] Is fíor, ar ndóigh, do Ní Mhaonaigh ('Pagans and Holy Men', 151) go ndeir Pádraig, ainneoin go mbronnann sé neamh ar Chas Corach, nach ceart ró-omós a thabhairt dá cheol siúd, agus go ndeir sé le Caoilte gur cheart dó níos mó suime a chur i nDia ná i laochra na Féinne. Luann sí chomh maith comhairle a chuireann an naomh ar Dhiarmaid mac Cearbhaill gan aird iomarcach ar thabhairt ar Chaoilte agus ar Oisín. Ach caitheann nóta na n-aistritheoirí amhras ar an bpointe deireanach seo (Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 236–7), mar go bhféadfaí a áiteamh go bhfuil an bunleagan débhríoch. Ach, fiú má ghlactar leis an léamh gur baol d'anam Dhiarmada má bhíonn sé ró-thógtha leis an mbeirt laoch, samplaí fánacha de mheon diúltach atá i gceist nach mbaineann puinn den dearcadh dearfach a léiríonn Pádraig de ghnáth i leith na Féinne. Luann Ní Mhaonaigh sa chomhthéacs seo chomh maith teagasc Anselm Canterbury a dúirt go raibh slánú le fáil ag págánaigh arbh é Dia a chruthaigh iad mar a chruthaigh Sé na Críostaithe (ibid., 152–3). Féach an plé ar áit an cheoil san *Acallam*, ag Dooley ('The European Context of *Acallam na Senórach*', 67–70), ag Carey ('*Acallam na Senórach*: 'A Conversation between Worlds', 87–9) agus ag Ó Cadhla ('Gods and Heroes', 134–5).

[17] Áitíonn Ó Corráin go láidir nach athrú chun feabhais a bhí sna leasuithe eaglasta i gcoitinne agus go háirithe maidir leis an méadú a tháinig ar chumhacht na ríthe i gcúrsaí eaglasta agus an laghdú dá réir ar neamhspleáchas na heaglaise ó Chomhairle Chaisil ar aghaidh (*The Irish Church, Its Reform and the English Invasion*, 115–22). Is beag rian de seo atá le feiceáil san *Acallam*, áfach, mar a ngéilleann ríthe go toilteanach do Phádraig ar shlí a chuirfeadh cumas Mhaol Maodhóg ar thacaíocht na ríthe a chinntiú dá shaothar i gcuimhne dhuit (ibid., 83–4).

[18] *The Irish Church*, 205. Maidir le ceist an phósta, féach, mar shampla, Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 6361–6437, mar a n-insítear gur dhiúltaigh rí Connacht do ghrá Aillenn Ilchrothach mar gheall ar ordú a thug Pádraig dó gan ach aon bhean amháin a bheith aige. Féach go ndéanann Caoilte institiúid an phósta a chosaint nuair a thagann sé i gcabhair ar an mbeirt deirféar a raibh a bhfir chéile – beirt mhac rí Fhear Muighe – chun iad a dhíbirt agus mná eile a thoghadh (Ibid., ll. 952–995). Féach, leis, an plé ar an bpósadh san *Acallam* i gcomhthéacs na leasuithe eaglasta ag Dooley in 'Date and Purpose of *Acallam na Senórach*', 25, 45,104–5, ag Carey, '*Acallam na Senórach*: a Conversation between Worlds', 86–7 agus ag Roe, "'Acallam na Senórach: the

Luann Flanagan toradh áirithe a lean an próiseas leasaithe eaglasta agus atá suimiúil, dar liom, i gcomhthéacs *Acallam na Senórach*:

> The twelfth-century reform movement undermined the unity of the clergy as a learned elite. As the reformers returned to the use of the Latin language in place of the vernacular which had predominated among the the Irish clergy from about 800 onwards, the synthesis of clerical culture was fractured … It had resulted by the thirteenth century in the emergence of two distinct learned elites, a secular vernacular learned elite and a Latin-based ecclesiastical learned elite … The pre-reform church had dominated the higher branches of secular learning in the fields of law, history and genealogy, and literature.[19]

Is léir nár glacadh go hiomlán ná go forleathan le gach gné de na leasuithe a bhí á gcur chun cinn. Léiríonn Ó Corráin go ndéantaí neamhshuim go minic d'achta na sionad, mar shampla, chomh fada is a bhain le cúrsaí pósta. Seo mar a deir sé:

> The rules governing … practices (in relation to marriage) are clearly set out in the texts of a legal tradition that goes back to the mid-seventh century – texts that were studied and glossed within church schools, in the eleventh and twelfth centuries, that is throughout the reform period, as authoritative sources of law.[20]

Confluence of Lay and Clerical Oral Traditions', 341–5. Is minic sacraimint an bhaiste á tabhairt ag Pádraig agus féach go mbaineann Caoilte úsáid as eolas diamhair dá chuid féin chun uisce a aimsiú do Phádraig chun "tuatha Breagh ⁊ Midhi ⁊ Uisnigh" a bhaisteadh (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 79–90). Is féidir macalla de cheist na ndeachúna a fheiceáil i scéal Bhrain mhic Dheirg a dhiúltaíonn "dechmad in fhiadhuigh" a thabhairt do Phádraig agus a lucht leanúna (ibid., ll. 872–929). Is cosúil, dar liom, gur ag cuimhneamh ar shaothar na gCistéirseach, agus ar leithéidí Ghiolla Críost Uí Chonairche agus Mhaol Maodhóg, ar mhór acu na leasuithe eaglasta, a bhí an t-údar nuair a rinne sé tagairt do "Mhainistir Droichit Átha" i dtosach an scéil (Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 53). Ba dheacair gan tagairt do rialú chéadshionad Chaisil maidir le pribhléid na heaglaise ("gan chíos ná cháin do ríg ná do taoisech ó'n eglais i nÉirinn go bráth", luaite ag Gwynn, *The Irish Church*, 157) agus do bhronnadh Chaisil ar an eaglais ag Muircheartach Ua Briain a fheiceáil sa chuntas ar chuairt Phádraig ar an mbaile sin (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 5389–5410).

[19] Flanagan, 'Henry II, The Council of Cashel and the Irish Bishops', 203. Féach, leis, Ní Mhaonaigh, 'Pagans and Holy Men', 145: "the organisation of learning itself underwent (complex changes) in this period, as a result of which the church, long since the cradle of all kinds of intellectual activity, gradually redefined its role. In its place, the cultivation of various branches of learning was assumed by hereditary professional families who may well descend from ecclesiastical tenants, as well as the lay nobility".

[20] *The Irish Church, Its Reform and the English Invasion*, 55. Ní in Éirinn amháin a bhí an scéal amhlaidh; féach ibid., 53, mar a ndeirtear faoi theagasc na nAgaistíneach ar an bpósadh: "by the twelfth century it had triumphed in the Western church – as an objective, not a reality".

Níorbh aon ionadh é, dá réir sin, dar liom, go mbeadh eaglaisigh áirithe ann a mbeadh leisce orthu an léann dúchais a chur i leataoibh.[21] Níl a fhios againn arbh eaglaiseach nó nárbh ea an duine a chuir an *Acallam* le chéile, ach soláthraíonn an saothar sin sampla de phósadh *par excellence* idir an léann eaglasta agus an tsaíocht traidisiúnta dhúchais. Níor dheacair a shamhlú gur eaglaiseach a bhí in údar an mhórshaothair seo mar gheall ar an tosaíocht a bhronntar i gcónaí ar Phádraig agus ar a lucht leanúna ann agus mar gheall ar phointí áirithe teagaisc ann a thagann go follasach le teagasc na sionad agus lucht leasaithe na heaglaise. Más eaglaiseach a bhí ann, is léir gur chuir sé go láidir i gcoinne cheann de na hathruithe a bhí ag teacht chun cinn lena linn agus nach raibh sé sásta, ainneoin thoil na heaglaise, neamhshuim a dhéanamh den traidisiún dúchais. Agus nach maith an ní nach raibh?

Pádraig

Cuid tábhachtach d'údarás agus de stádas na heaglaise i ré na leasuithe ab ea an forás a tháinig ar *persona* phátrun na heaglaise in Éirinn, Naomh Pádraig, le cúpla céad bliain roimh am ceaptha na hAcallmha. Léiríonn Charles Doherty an daingniú a rinne Ard Mhacha ar a ionad mar phríomhúdarás eaglasta in Éirinn sna haoiseanna a lean misean Phádraig. Dar leis, bhí baint idir cúrsaí polaitíochta comhaimseartha agus an cheannasaíocht a bhain Ard Mhacha amach maidir le cultas Phádraig sa seachtú haois:

> (Patrick) may have had his 'headquarters' in the territory of the Ulaid, possibly at Saul … Armagh could have been his chief church in the territory of the Airgialla, the people who were subject to the Ulaid. As the power of the Ulaid weakened, that of the Airgialla increased, at least until the ninth century … It can scarcely be without significance that Armagh assumes the leadership within the Patrician cult from c. 640 onwards under the direction of the Airgialla. Under these circumstances it was Armagh, aware of the rising power of the Uí Néill, that was in the best position to play the political game to her advantage in the seventh and subsequent centuries.[22]

Ag tagairt dó do *Liber Angeli*, deir Doherty go bhfuil sé le tuiscint ón saothar sin gur

[21] Féach an tagairt seo ag Ó Corráin (*The Irish Church, Its Reform and the English Invasion*, 57) do chumadh an bhansheanchais ag an eaglaiseach, Giolla Mo Duda in 1147: " he recounts the multiple and non-canonical marriages of recent and contemporary kings … without a word of reproof". Léiríonn Ní Mhaonaigh ('Pagans and Holy Men'146–8) gur diaidh ar ndiaidh a tharla an deighilt idir an léann dúchais Gaeilge agus an léann eaglasta.
[22] Doherty, 'The Cult of St Patrick', 71–2.

chuir údaráis Ard Mhacha rompu an chumhacht eaglasta ab airde in Éirinn a bhaint amach: "With the use of the word *urbs* she was describing herself as the Rome of Ireland".[23] Ní hamháin gur chinntigh an ceangal stairiúil idir Pádraig agus Ard Mhacha ardcheannas na príomhchathrach eaglasta sin, ach is ó Dhia féin, trí idirghabháil A aingil, a tháinig an t-údarás sin ar dtús:

> donauit tibi Dominus Deus uniuersas Scotorum gentes in modum paruchiae et huic urbi tuae, quae cognominatur Scotorum lingua Ardd Machae
>
> the Lord God has given all the tribes of the Irish as a *paruchia* to you and to this city, which in Irish is named Ardd Machae.[24]

Léiríonn Doherty gur oir sé d'eaglaisí neamhspleácha a bhunaigh misinéirí luatha eile in Éirinn iad féin a chur faoi choimirce agus faoi cheannas Ard Mhacha d'fhonn teacht slán ó na cogaí agus ón léirscrios a bhí ar siúl go rialta idir tuatha éagsúla ar fud Laighean agus Connacht, agus d'fhonn teacht i dtír ar an aitheantas agus ar an tsábháilteacht a bhain le rannpháirtíocht sa bhfondúireacht eaglasta ba mheasúla sa tír.[25] Sa tslí sin, rinne aspal aonair náisiúnta de Phádraig, rud a chuir gan dabht le haontas agus le cumhacht na heaglaise agus le tábhacht agus le tionchar Ard Mhacha. Tugann cuntais Tíreacháin agus Mhuirchú léargas, dar liom, ar an íosghrádu a rinneadh ar ról na luathmhisinéirí éagsúla a rinne an creideamh Críostaí a chraobhscaoileadh in Éirinn le linn Phádraig agus b'fhéidir roimhe. Is cosúil, measaim, gur réitigh an cur chuige seo ag beathaisnéisithe Phádraig an bealach don chomhtháthú a tharla idir na luathmhisinéirí sin agus pearsa an naoimh náisiúnta i seanchas agus i mbréagstair na hÉireann.[26] Dar le Doherty, chuir údaráis Ard Mhacha feachtas bolscaireachta ar bun chun a leas féin a chur chun cinn trí chur le

[23] Doherty, 'The Cult of St Patrick', 70.
[24] Bieler, *Patrician Texts*, 184–5.
[25] Doherty, 'The Cult of St Patrick', 73–4.
[26] Bieler, *Patrician Texts*, 164–7: tá sé le tuiscint ón gcuntas gairid seo gur bheag ab fhiú le Tírechán saothar Paladius i gcomparáid leis an méid a rinne Pádraig: "Paladius episcopus primo mittitur, qui Patricius alio nomine appellabatur, qui martyrium passus est apud Scottos ut tradunt sancti antiqui. Deinde, Patricius secundus ab anguelo Dei Victor nomine et a Celestino papa mittitur, cui Hibernia tota credidit, qui eam pene totam baptitzauit. [Bishop Palladius is sent first, who was named Patricius with another name, who suffered martyrdom at the hands of the Scots, as is the tradition of the holy men of old. Then Patricius is sent as second (bishop) by the angel Victor and by pope Celestine: he was believed by all Ireland, and baptized almost all of it]". Féach, leis, ibid., 72–3 mar a dtugtar cuntas fíorlom Mhuirchú ar shaothar Paladius á ra nár ghlac na Gaeil lena theagasc, gur éirigh sé as an iarracht agus gur cailleadh é sa Bhreatain.

seasamh agus le cáil Phádraig.[27] Nuair a chuir údar na hAcallmha roimhe áit lárnach ina mhórshaothar nuálach a thabhairt don phátrún náisiúnta, de réir gach cosúlachta, b'ann cheana féin, in aigne na coitiantachta, do phearsa mhórthaibhseach fhíortharraingteach, lenar bhain cáilíochtaí agus cumhacht osnádúrtha agus a bhí ina laoch aitheanta cheana féin. Dá réir sin, nuair a bhuailimid le Pádraig den chéad uair san *Acallam*, léiríonn an friotal adhmholtach trína gcuirtear i láthair é gurb é an t-údarás eaglasta náisiúnta is airde céim atá againn agus gur pearsa lena mbaineann gnéithe osnádúrtha atá i gceist.[28] Ach, nuair a chuirtear fianaise na mbeathaisnéisí sa mheá, feictear gur pearsa choimpléascach iltaobhach a bhí ann ar bhain gnéithe frisnéiseacha leis – rud a d'fhág féidearthachtaí iomadúla ag samhlaíocht chruthaitheach an údair. Is mar eiseamláir Chríostaí a chuirtear Pádraig i láthair sna beathaisnéisí,[29] agus mar dhuine a bhí in ann naimhde a thabhairt chun comhréitigh,[30] a bhronn Flaitheas Dé ar phágánaigh, agus a bhí sásta seasamh leis an mbochtán a raibh cos ar bolg á imirt go míthrócaireach air.[31] Baineann tréithe den saghas céanna chomh maith le Pádraig na hAcallmha. Ainneoin a dhúil i scéalaíocht Chaoilte, is léir gur don bheatha chráifeach a thugann Pádraig an tosaíocht agus é de shíor ag leathadh a theagaisc agus ag cur obair Dé chun cinn.[32] Osclaíonn sé Flaitheas Dé do Chaoilte agus dá lucht leanúna trí shacraimint an bhaiste.[33] Murab ionann agus Pádraig umhal an *Confessio*, is carachtar buacach gaisciúil a fheicimid go minic sna beathaisnéisí, duine atá ar comhchéim beagnach le Dia féin.[34] Tógann

[27] Doherty, 'The Cult of St Patrick', 74.
[28] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 64–6; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 5: "in t-éo flaithemhnais ⁊ in t-uaithne airechais ⁊ in t-aingil talm*aide* .i. Pátr*aic* mac Alpr*ainn* .i. apstal na nGaoidhel [Patrick, the son of Calpurn, the salmon of Heaven, the pillar of dignity and the angel on earth, he who was apostle to the Irish]".
[29] Stokes, *Tripartite Life*, 256–9: tá an t-ionracas, an tséimhe, an tsomhaiteacht, an umhlaíocht agus an trócaire ar na tréithe a luaitear leis.
[30] Féach Bieler, *Patrician Texts*, 148–9, mar a léitear cur síos Thíreacháin ar an tslí a ndearna Pádraig síocháin idir beirt dearthár a raibh troid mharfach eatarthu faoin oidhreacht a bhí ag teacht chucu óna n-athair.
[31] Stokes, *Tripartite Life*, 218–21.
[32] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 127–29; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 6–7: '"Mun budh coll crábhaidh, ⁊ mun bud maindechtnaige urnaigthi, ⁊ mun budh tréigen acallmha rígh nime ⁊ talm*an* dúind, ro bo gairit linn t'acallaimsi, a ócl*áich*,' ar Pátraic ['If our religious life were not being disrupted, our prayers neglected, and our communion with the King of Heaven and Earth disturbed, we would enjoy conversing with you, good warrior,' said Patrick]".
[33] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 317–18.
[34] Féach gurb airde Pádraig, de réir cosúlachta, in aigne Fhéicc ná an t-aingeal a chuireann Dia chuige á ordú dó cill a thógáil in áit áirithe. Diúltaíonn Fiacc é sin a dhéanamh mura mbronnann Pádraig féin an t-ionad air; féach Stokes, *Tripartite Life*, 190–2: "Dixit Fiacc frisindangel nádregad cotisad Pa*traic* dothorainn aluic leis *ocus* diacoisec*ra*d, *ocus* combed uad nogab*ad* alocc. [Fiacc said to the angel that he would not go till Patrick should come to mark out his stead with him and to consecrate it, and that it should be from him that he (Fiacc) should receive his stead]". Agus iad ag cur síos ar na difríochtaí

sé daoine agus roinnt ainmhithe, fiú, ón mbás; bíonn léamh cruinn aige ar aigne gach duine a bhuaileann leis agus is mairg don té a chuirfeadh ina choinne nó a thabharfadh an t-eiteachas dó. Ní lú ná sin a bhaineann buacacht, údarás agus cumhacht thar na bearta le Pádraig na hAcallmha: tógann sé daoine ón mbás, leigheasann na heasláin,[35] géilleann ríthe dó, cinntíonn sé réimeas do lucht na córa agus dá sliocht, agus déanann a naimhde a dhíothú.[36] Bíodh is gurb é guth na Críostaíochta é agus fear ionaid Dé, baineann gnéithe le Pádraig na mbeathaisnéisí agus na hAcallmha arbh fhusa iad a shamhlú leis an réamhChríostaíocht, agus go háirithe leis an Sean-Tiomna, ná le Críostaíocht an Tiomna Nua.[37] Is mó uair a chuirtear pionós, ní hamháin ar a namhaid ach ar shliocht an namhad sin mar gheall ar éagóir éigin a dhéantar ar Phádraig nó ar a eaglais.[38] Tá go leor samplaí sna beathaisnéisí de phionós comhchoiteann a thiteann ar shliocht an té a dhéanann an éagóir,[39] cé go ndiúltaíonn Eizicéil don choincheap seo agus go dtugann tús áite don

---

atá idir an *Confessio* agus na beathaisnéisí, deir Hanson agus Blanc: "De toute évidence, Tírechán connaît bien la *Confession*, mais si la vie de Muirchú est parée de miracles et incidents merveilleux propres à l'hagiographie, celle de Tíreachán l'est encore plus". (*Saint Patrick, Confession et lettre à Coroticus*, 13).

[35] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 711–14; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 24: "táinic rí Mum*an* co maithibh a mhuinntiri, ⁊ tuc a cenn a n-ucht Pátraic, ⁊ ro shlecht do, ⁊ ro búi-sium s*echt*main ann sin ac todhúscad mharbh ⁊ ac slánug*ud* dháine ngalair ⁊ esláinte [the king came with the nobles of his household, and put his head in Patrick's lap and did homage to him. Patrick stayed there for a week, raising the dead and curing sickness and disease and ailments of every kind]".

[36] Féach, mar shampla, go gcinntíonn Pádraig forlámhas rí Laighean, a chuaigh chun agallmha leis an naomh ainneoin go raibh a ríocht féin faoi ionsaí, agus gur ordaigh an naomh go slogfadh an talamh a namhaid agus nach mbuafadh na daoine a thiocfadh ina dhiaidh siúd choíche ar na Laighnigh (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 4504–22).

[37] Mar athMhaois a fheicimid é ag baint uisce as carraig nuair a bhuaileann sé í lena throsdán (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1324–7). Féach, leis, Bieler, *Patrician Texts*, 164–5: "In quattor rebus similis fuit Moysi Patricius [In four things Patrick was similar to Moses]".

[38] Féach gur sclábhaíocht a dháiltear do shliocht Mhilchon go brách, mar gheall ar a choir siúd: "'In fer asaerbaid aire' arse, 'ní bía rí na rígdamna uada, *ocus* isa fognam bías aṡíl *ocus* a sem*en* t*re* bithu'. ['He on whom his bane is lying', saith he, 'of him shall be neither king nor crownprince, and in bondage will his offspring and his seed abide forever']" (Stokes, *Tripartite Life*, i, 38–9). Féach chomh maith an pionós a chuirtear ar Thrían mar gheall ar an ngéarleanúint mhíthrócaireach a rinne sé ar sclábhaithe: "Asb*ert* Pat*raic*: 'dát*ri*an int*ro*iscthi fo*r*sindailig, t*ri*an fo*r*sindr*íg* *ocus* fo*r*sindun *ocus* forsintúaith. Niconbia rí na rígdamna dicl*aind* Trenai. Atbélai immuichi fadeisin *ocus* regaid anif*er*n serb sís'. [Patrick said: 'two thirds of the fasting on the rock, a third on the king and on the fort and on the district. There will be of Trían's children neither king nor crownprince. He himself shall perish early and shall go down into bitter hell']" (ibid., 218–21).

[39] Féach, mar shampla, an chríoch a d'imigh ar dhá mhíle déag de lucht leanúna Laoghaire, mar gheall ar fhearg Dé, bíodh is gurbh iad Laoghaire agus na draoithe a rinne an urchóid: "Dodeochaid iarsin ferg Dé fo*r*sinpop*ul* nécr*a*ibdech, *con*erbailt soch*aide* mor díb .i. xii milia in uno die [Thereafter God's anger fell on the impious people, so that a great multitude of them perished, to wit, twelve thousand in one day]" (Stokes, *Tripartite Life*, 58–9). Is cosúla le díoltas tíoránaigh bhuile é seo ná le gníomh de chuid Dhia na trócaire. B'fhéidir an rud céanna a rá faoin bpionós míchuibheasach a chuirtear ar Bhecán, ar a mhuintir, ar a shliocht agus ar a chuid beithíoch, mar gheall ar a dhoicheall roimh an naomh (Stokes 'Acallamh na Senórach', ll. 515–22; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 18): "'As ced limsa,' ar Patraic, 'a bhfuil aigi-sium do chrudh ⁊ do mhuinntir gan éla*ithe*ch a mbeth*aidh* amárach dhíbh,' ⁊ ro fírad an ní sin, ut dixit Patricius: Becan . ni rab ilar a

fhreagracht phearsanta mar a dhéantar sa Tiomna Nua.[40] B'fhéidir a áiteamh, mar an gcéanna, gur cóngaraí do spiorad an tSean-Tiomna ná do mheanma an Tiomna Nua an díoltas a imrítear go minic orthu siúd a dhéanann feall ar Phádraig nó a dhiúltaíonn d'achainí uaidh.

Go deimhin, uaireanta ní hamháin gurb iad luachanna an tSean-Tiomna a bhíonn in uachtar ach feicimid cúpla sampla ag Pádraig na mbeathaisnéisí d'iompar atá glan i gcoinne na móráltachta Críostaí, ba dhóigh leat. Ordaíonn Pádraig dá ara a chapaill agus a charbad a thiomáint thar Olcán de bhrí gur sháraigh seisean ordú an naoimh, de réir dealraimh, d'fhonn a mhuintir agus cimí a bhí aige a shábháil ón mbás. Murach gur dhiúltaigh an t-ara déanamh mar a dúradh leis, bheadh dúnmharú déanta ag Pádraig, de réir gach cosúlachta.[41] Ar ócáid eile, déanann Pádraig a dheirfiúr féin a dhúnmharú go brúidiúil toisc go raibh sí ciontach i bpeaca an adhaltranais.[42]

Níl áireamh ar na míorúiltí a dhéanann Pádraig trí chumhacht Dé ach is féidir, measaim, a rá faoi roinnt acu go bhfuil cuid de bhlas na draíochta neamhChríostaí le sonrú orthu. Mar shampla, tá cosúlacht nach beag, dar liom, idir gnéithe de bheathaisnéisí Phádraig agus an eachtra seo thíos ó luathscéal Fiannaíochta:

---

tredan, / oiret rabh grian ar deiseal . ni rab seiser d'óibh B*écán*. / Is ann sin ro śluic in talam uili a n-aeinḟecht Becan cona mh*uinntir* ⁊ cona mhaithi*us* idir mhíl ⁊ duini [Patrick said, 'Let not one of his livestock or of his household survive until tomorrow.' This indeed happened just as Patrick said: 'Becán, may his herd be small, / As long as the sun shall cross the sky, poor be the heirs of Becán.' At that very moment the earth swallowed up Becán, together with his household and his goods, both animals and people]". Féach nóta 36.

[40] "Ní bheidh an mac freagrach i bpeacaí an athar ná an t-athair i bpeacaí an mhic; gheobhaidh an fíréan creidiúint as a fhíréantacht féin amháin agus an drochdhuine as a urchóid" (Eizicéil, 18: 20). Sa tslí chéanna, is ar an slánú aonair atá an bhéim i bparabal na caorach a chuaigh amú (Lúcás, 15: 4–7). Táim buíoch don Dr Tom Boland a chuir na tagairtí seo ar mo shúile dom.

[41] Stokes, *Tripartite Life*, 164–7.

[42] Ibid., 234–5: "Robái baru doPat*raic* fria fiair .i. Lupait, di pecad etraid foriachtaide combu alachta de. Intan dodech*aid* Pát*raic* hisinchill anair dodech*aid* Lupaid arachinn *con*tatarligg innaslechtand arachiund incharpait … 'In carpat tairsi,' ol Pa*traic*. Dochóid incarpat tarsi coba*thri*, olnoteiged sí beos arachind. *Con*id and dochoid docum nime [Patrick was enraged with his sister, namely, Lupait, for the sin of lust which she committed (?) so that she became pregnant. When Patrick came into the church from the east Lupait went to meet him, and she cast herself down on her knees before the chariot … 'The chariot over her!' saith Patrick. The chariot went over her thrice, for she still would come in front of it. Wherefore she there went to heaven]". Cé go slánaítear anam Lupaid mar gheall ar an rud a rinne Pádraig, ba dheacair a rá nách sárú ar an gcúigiú haithne atá anseo. Ainneoin gur minic pionós trom á chur aige ar dhaoine, agus pionós an bháis féin, is ar éigean a dhéanann Pádraig aon ghníomh chomh brúidiúil seo in *Acallam na Senórach*. Féach, áfach, go dtugann sé bás gan scrupall don díbheirgeach "Dub*cr*aidi m*ac* Dubtnuthaigh" a bhí "oc eitim ⁊ oc ingreim ar Pá*traic* [raiding and stealing from Patrick]" (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 4049; liom féin an t-aistriúchán) agus go dtiteann a phionós níos troime ar lucht leanúna Laoghaire ná mar a thiteann ar an rí féin (féach nóta 39).

Luid di*diu* Derc Corra for loinges arfoēt ⁊ caill ⁊ imtighed for luirgnib oss n-allta (si uerum est) ar a ētrumai. Laa n-aill di*diu* do Find isin caill oc a cuingidh-som co n-aca Find in fer i n-ūachtar in craind ⁊ lon for a gūalainn ndeis ⁊ find-lestar n-uma for a lāimh clī, osē co n-usce ⁊ hē brecc bedcach and ⁊ dam allaith fo bun in craind ⁊ ba hé abras ind fir teinm cnō ⁊ dob*er*ed leth n-airne na cnō don lun nobīth for a gūalaind ndeis, no-ithed feisin al-leth n-aill ⁊ doicsed a uball asin lestar n-uma būi for a lāimh clī ⁊ noranda[d] i ndē ⁊ docuireth a l*eth* don dam all*aid* būi fo bun in craind. No-ithad som iarom in l*eth* n-aill ⁊ no-ibed loim fair den uisce asin lest*ur* huma būi for a lāim co mbo comōl dō frisin n-iich ⁊ a n-oss ⁊ in lon. Friscomarcar di*diu* a muinter do Finn cia bo hē hisin crunn, ar nīnathgēntar som dāigh celtair díclithe būi imbe. Is de dobert Finn a hordain ina bēolo. Addonich as eisib afrithisi fortnosna a imb*us* ⁊ dichan di*cet*al co n-eipert: <<*Con* fri lon l*eth*cno *con*tetha*in* cotith in dithraib Dercc Corra comōl fri hich ni ba filliud fabaill a uball fīn mblais cona fricarbaith m*ac* ūi co dedail Daigre. <<Dercc Corra mac hūi Daigre'>>, ol sē, '<<fil isan crund>>.

Then Derg Corra went into exile and took up his abode in a wood and used to go about on shanks of deer (si uerum est) for his lightness. One day as Finn was in the wood seeking him he saw a man in the top of a tree, a blackbird on his right shoulder and in his left hand a white vessel of bronze, filled with water, in which was a skittish trout, and a stag at the foot of the tree. And this was the practice of the man, cracking nuts; and he would give half the kernel of a nut to the blackbird that was on his right shoulder while he would himself eat the other half; and he would take an apple out of the bronze vessel that was in his left hand, divide it in two, throw one half to the stag that was at the foot of the tree, and then eat the other half himself. And on it he would drink a sip of the water (from) the bronze vessel that was in his hand, so that he and the trout and the stag and the blackbird drank together. Then his followers asked Finn who he in the tree was, for they did not recognise him on account of the hood of disguise which he wore. Then Finn put his thumb into his mouth. When he took it out again, his *imbas* illuminates him and he chanted an incantation and said: [Here follows another rhetoric in which the name of the person is revealed to Finn]. <<Tis Derg Corra son of Ua Daigre>>, said he, <<that is in the tree>>.[43]

Cuireann an gaol speisialta idir Dearc Corra agus ainmhithe, éin agus éisc, a léirítear anseo, an lé atá ag Pádraig le fianna agus le héisc i gcuimhne dhúinn.[44] Nuair a

[43] Meyer, 'Finn and the Man in the Tree', 346–9. Mar seo a aistríonn Hull, an reitric sa scéal sin ('A Rhetoric in "Finn and the Man in the Tree"', 20): "Along with drinking in common with a salmon, Dercc Corra of the desert eats jointly with a blackbird half of a nut that he cracked. It was not with a bending (?) movement (?) of it that the son of Ó Daigre split his wine-sweet apple against a sharp set of teeth".

[44] Féach Stokes, *Tripartite Life*, 230, mar a n-insítear gur bhuail eilit le Pádraig agus lena mhuintir i Sabhall agus gur órdaigh an naomh gan í a mharú: "Et prohibuit Patricius, et dixit seruiat sibi postea … [Dominus per eam …] magna mirabilia fecit [And Patrick forbade them, and said that she should serve him afterwards … and the Lord … did through her many marvellous things]". Díol suime gur *mirabilia* seachas *miracula* a úsáidtear anseo. Léiríonn Jacques Le Goff go dtagraíonn an dara téarma anseo, de ghnáth, do rud a tharlaíonn de bharr chumhacht Dé ach gur míniú págánach seachas ciall

shíleann Laoghaire ionsaí fealltach a dhéanamh ar Phádraig agus a mhuintir, imíonn siadsan saor (le cabhair Dé) mar go gceiltear iad:

> Dodech*aid* dícheltair tairsiu *con*árárdraig fer díb. Atchoncatar, im*morro*, na gentlidi batar isna intledaib ocht naige altaige dotecht secu fón sliab, *ocus* iarndóe innandegaid *ocus* gaile f*or* agúalaind.
>
> A cloak of darkness went over them so that not a man of them appeared. Howbeit, the heathens who were biding in the snares saw eight deer going past them under the mountain, and behind them a fawn with a bundle on its shoulder.[45]

Nach beag idir muintir Phádraig anois agus Dearc Corra a bhí faoi "cheltair díclithe" agus é ag imeacht "for luirgnib oss n-allta"? Agus nach cóngaraí fós dá chéile an phearsa seo ón luath-Fhiannaíocht agus an naomh nuair a chuirtear léargas Kaarina Hollo ar shiombalachas eachtra Dhearc Corra atá ina íocónagrafaíocht Chríostaí, dar léi, san áireamh? Tá sé de bhua ag an siombalachas seo, dar liom, go bhfeidhmíonn sé chomh maith céanna ar leibhéal na págántachta agus ar an leibhéal Críostaí.[46]

Siombal eile ar féidir a rá ina thaobh go mbaineann sé go dlúth leis an gCríostaíocht agus leis an réamhChríostaíocht is ea an t-uisce. Cé gurb é siombalachas na Críostaíochta agus an bhaiste a bhíonn i gceist den chuid is mó leis an uisce i gcás Phádraig, braithimid go mbíonn siombalachas eile – siombalachas págánach – faoin dromchla ar uairibh, leis. Féach, mar shampla, go raibh eagla ar leith ar dhraoi Laoghaire roimh chumhacht an uisce ag Pádraig, fiú is nach ngéillfeadh sé féin don Chríostaíocht. Cumhacht pháganach an uisce, ní foláir, a chuir sceimhle air: "Et dixit magus, 'Nolo ego ad iudicium íre aquae cum ipso: aqua[m] enim deum habet'"

Chríostaí a bhaineann, de ghnáth, le *mirabilia* ('Le Merveilleux', 21–3). Féach, leis, Stokes, *Tripartite Life*, 146–7: "Robennach im*morro* do Drobéiss dintṡochall dogénsat na ma*icc* becca friss robát*ar* ic íascach indi … Æ drobéssach cáinem dithon[n]emaib hErenn [he blessed the (river) Drobéss, owing to the kindness which the little boys who were fishing in it did unto him … A salmon of Drobéss is the finest of Irish salmon]".

[45] Ibid., 46–7.

[46] Féach Hollo, "'Finn and the Man in The Tree" as Verbal Icon', 55–61. Féach, leis, Carey, 'Two Notes on Names', 120–3, mar a bpléitear an deacracht a bhaineann le tuiscint chruinn a bhaint as an ainm "Derc Corra". Tugann an cuntas ar Dherc Corra íomhánna íocónacha eile ón bhFiannaíocht chun cuimhne: mar shampla, an bradán feasa óna bhfuair Fionn a iomas, fianna allta a mbíonn gaol speisialta idir iad agus an Fhiann (féach, mar shampla an t-ainm "Oisín" agus eacthtra na hógmhná i riocht "bhaethlaeig" dhiamhair (Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 139: "a fine fawn") a lean seisear den Fhiann ó Thoraidh go sí Shléibhe Aighi meic Iugaine (.i. Sliabh na mBan) ('Acallamh na Senórach', ll. 5005–5108) agus 'Lon Dhoire an Chairn': Ó Tuama agus Kinsella, *An Duanaire*, 40–43.

[And the wizard said, 'I am unwilling to go with him to the ordeal of water. For he hath water as a god'"].[47] B'fhéidir go bhfuil cuid den tuiscint phágánach ar an nasc idir an t-uisce agus an saol eile le feiceáil san eachtra ina mbuaileann Pádraig agus a lucht leanúna le beirt iníon Laoghaire ag tobar Chliabhaigh ar shleasa Chruachan mar go gceapann na mná óga ar dtús gur neacha ón saol eile iad na cléirigh a bhíonn rompu ann.[48] Is minic an t-uisce i gceist mar mheán chun cumhacht Dé agus Phádraig a chur i bhfeidhm san *Acallam* agus is minic, dar liom, blas na draíochta réamhChríostaí le sonrú ar na heachtraí a bhíonn i gceist. Tá feicthe againn cheana, mar shampla, gur ar Chaoilte a iarrann Pádraig tobar a aimsiú chun "tuatha Breag ⁊ Midhi ⁊ Uisnigh do baisted".[49] Ach is tobar é a bhfuil dlúthcheangal aige le domhan págánach na Féinne agus Thuatha Dé Danann mar a léiríonn na línte filíochta a thugann Caoilte uaidh ar an ócáid sin:

> A thobuir Trágha dhá bhan . álaind do bhilar barrghlan.
> ó ro tréigedh do chnuas ort . nír' léic*ed* fás dot ḟochlocht,
> Do bric ód bruach*aibh* amach . do mhucca allta it ḟásach,
> doimh do chrega cháin sealga . do láigh breacca broinddearga.
> …
> Is uait dochuadar in Ḟiann . dar' marb*ad* Coinchend coimḟial,
> dar' cuiredh ár Féinde Find . isind mhadain ós Maolghlind.
> Uait dochuaidh Fathadh na ḟledh . ba laoch do ḟuilnged imned,
> dá ḟuair rath an talma*n* toir . dar' marbhadh i cath Chlároigh.
> Táinic os cind in tobair . Blaói ingen Dheirc Dhianscothaigh…
>
> 'O spring of *Tráig Dá Ban*, lovely your bright cress sprigs;
> Since your pruning was neglected, your brooklime has multiplied.
> Trout off your banks, wild swine in your wood recesses;
> Deer on the rocks for hunting, and dappled, red-breasted fawns.
> …
> From you the *Fian* set out, when generous Coinchenn was slain,
> When Finn's *Fian* was slaughtered, in the morning above *Maelglenn*.

[47] Stokes, *Tripartite Life*, 56–7.
[48] Ibid., 98–101.
[49] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 81–83. Féach nóta 18. Féach, leis, an plé ag Muhr ar íomháineachas an uisce i gcomhthéacsanna reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha in'Water Imagery in Early Irish'.

> From you went Fothad of the feasting, a warrior who suffered sorrow;
> He found a grave in the east, when slain at the battle of *Clárach.*
> Blaí came to the head of the spring, the daughter of Derg the eloquent.[50]

Feictear tréithe i bPádraig na mbeathaisnéisí agus na Fiannaíochta nach mbaineann le húdar an *Confessio*, tréithe a fhágann cosúlacht idir é agus laochra na Féinne nó ríthe tuaithe.[51] Féach an tuin mhíleata atá ar an méid seo i ndeireadh an *Tripartite Life*, ina gcuirtear a shaothar i láthair mar choncas: "post idula *distructa* … post magicas artes *superatas* … potestate demonum *fugata* … multis quoque regibus *contemptis* (liomsa an bhéim) [after destroying idols … after the wizards' arts had been overcome … put to flight the power of the devils … also brought many kings into contempt]".[52] Ní hionadh an meon sin nuair a chuimhnítear gurab iomaí rí ar dhaingnigh sé é féin agus a shliocht ina ríocht agus gur bhris sé a lán eile acu mar aon lena muintir go deo ina ndiaidh. Ar ndóigh i sochaí na luathmheánaoise, bhí faomhadh an rí riachtanach d'aon fheachtas coinbhéartaithe a dtabharfaí faoi ina ríocht. Sna foinsí seo feicimid Pádraig mar rí os ríthe Éireann agus is amhlaidh a bheidh ag a chomharbaí go brách.[53] Géilleann Tuatha Dé Danann dó sa tslí chéanna.[54]

---

[50] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 91–101; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 5–6.
[51] Feicimid é ag bronnadh duaise (más duais spioradálta féin atá i gceist) ar fhear a mholta (Stokes, *Tripartite Life*, 246–7) agus cumann sé féin ranna ag ceiliúradh áilleacht na gcnoc agus na ngleann a thugann cuid d'fhilíocht dhúlra na Féinne chun cuimhne (ibid., 216–7: "B*ennacht* fo*r*ambenna, / fo*r*aleca loma, / be*nnacht* fo*r*anglenna, / be*nnacht* fo*r*androma / Blessing on their peaks, / On their bare flagstones,/ Blessing on their glens, / Blessing on their ridges). Féach chomh maith an dán molta aige ar Úarán Garadh, (ibid., 106–7). Bronnann Pádraig duais spioradálta ar Chas Corach agus ar lucht ceoil i gcoitinne go deireadh aimsire: rachaidh Cas Corach féin ar neamh (mar aon le formhór an lucht ceoil, de réir Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 106) agus beidh meas ríthe agus lucht cumhachta ar a n-ealaín (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3471–80). Cleachtas a shamhlaítear le ríthe is ea nós Phádraig fabhar a bhronnadh ar a lucht tacaíochta féin agus pionós amhalmhór a chur orthu siúd a chuireann ina choinne. Féach an plé a dhéanann Kim McCone ar an gclaonadh seo a fhaightear coitianta go leor, dar leis, i naomhsheanchas na hÉireann, agus a ndeir sé faoi: "this trend towards the modes of secular Irish story telling can be seen in the absorbtion, sometimes with very little modification, of secular themes into Irish saints' Lives" ('An Introduction to Early Irish Saints' Lives', 36–8). Féach, leis, Ó Riain, 'Traces of Lug in Early Irish Hagiographical Tradition', 138: '"Pagan survivals and reminescences', which are a universal feature of the christian tradition, loom largest in the record of early Irish christianity", agus Binchy, 'Patrick and his Biographers', 57: "Irish – or perhaps rather Celtic – hagiography is surely *sui generis*: the plethora of pre-Christian and sub-Christian *motifs*, the survivals of animism, heathen mythology, folklore, druidism, primitive magic and secular saga, all combine to give the Irish *legendes hagiographiques* an unenviable notoriety".
[52] Stokes, *Tripartite Life*, 262–3.
[53] Stokes, *Tripartite Life*, 196–7: "ní rí Caisil curonorddnea comarba Pa*traic, ocus* cutarda g*rá*d fair [No one is King of Cashel until Patrick's successor installs him and confers ecclesiastical rank upon him]". Déantar nasc idir údarás Phádraig agus na heaglaise agus cumhacht rí Chaisil in Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 5391–2; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 151: "ro ślechtsat dó maithi Muman uili, ⁊ tucsat crich ⁊ a fo*r*ba uili dó ⁊ a fe*r*ann ⁊ a maithi*us* ar com*us* P*átraic* [All the nobles of Munster did hommage to Patrick, and entrusted their territory and patrimony to him, and

Má dhéanann Pádraig míorúiltí gan áireamh, bíonn blas págánach, dar liom, ar chuid acu. Ar ndóigh, bhí dúil mhór ag pobal léitheoireachta agus éisteachta na meánaoise san iontas, mar a léiríonn Caroline Walker Bynum le tagairt don mhéid seo a dúirt Giambattista Marino chun an tóir a bhí ar an ngné seo sa mheánaois a léiriú: "Let him who does not know how to astonish go work in the stables!"[55] Sa chomhthéacs seo, déanann Jacques Le Goff idirdhealú idir an dá théarma *miraculum* agus *mirabilium.* Deir sé gur de bharr ghníomh Dé a tharlaíonn an *miraculum*, a mbíonn samplaí de chomh coitianta sin, dar leis, sa naomhsheanchas go n-éiríonn siad leamh tuirsiúil. Ní le hidirghabháil Dhia na Críostaíochta, áfach, is mó a shamhlaítear an *mirabilium*, atá préamhaithe, dar leis, san ildiachas. Bíonn tábhacht leis an bhfeiceálacht i gcás an *mirabilium*. Seo mar a deir sé:

> Avec les *mirabilia*, on rencontre au départ une racine *mir (miror, mirari)* qui implique quelque chose de visuel. Il s'agit d'un regard. Les *mirabilia* ne se cantonnent pas à des choses que l'homme admire avec les yeux … mais à l'origine il y a cette référence à l'oeil qui me paraît importante, parce que tout un imaginaire peut s'ordonner autour de cet appel à un sens, celui de la vision, et d'une série d'images et de métaphores visuelles.[56]

Deir Le Goff go seachnaíodh scríbhneoirí Críostaí an *merveilleux antérieur* a bhain leis an saol réamhChríostaí ar feadh i bhfad ach go bhfaightí áit sa litríocht don *merveilleux aux racines préchretiennes* níos minicí sa 12ú agus sa 13ú haois.[57] Feictear dom go bhfuil samplaí sna beathaisnéisí a bhfuil blas an *mirabilium* nó an *merveilleux antérieur* orthu. Is dóigh liom, mar shampla, go bhfuil iarracht den *mirabilium* sa taispeántas mórthaibhseach feiceálach atá i gceist sa chomórtas idir Pádraig agus draoithe Laoghaire mar gheall ar an doircheacht, ar an gceo agus ar an sneachta, agus go háirithe mar gheall ar an mbás a fhaigheann Lochru.[58]

---

put their land and wealth under his power]". Is féidir an t-údarás seo a bhronnann údar na hAcallmha ar Phádraig, agus a nglacann ríthe agus lucht cumhachta leis go toilteanach, a fheiceáil mar agóid in aghaidh laghdú chumhacht na heaglaise a lean Comhairle Chaisil. Féach nóta 17.

[54] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 5371–5379.

[55] Walker Bynum, *Metamorphosis and Identity*, 37.

[56] Le Goff, 'Le merveilleux', 18.

[57] Ibid., 19–21.

[58] Bieler, *Patrician Texts*, 88–91: "eliuatus est in aethera magus et iterum dimissus desuper uerso ad lapidem cerebro comminutus et mortuus fuerat coram eis [the druid was lifted up into the air and fell down again; he hit his brain against a stone, and was smashed to pieces, and died in their presence]". Míorúilt a mbaineann feiceálacht suntasach léi chomh maith is ea tógaint Aoidh mhic Mhuireadhaigh ón mbás: "Is ann sin tucadh loingšith*al* bhánoir chum an chléir*ig*, ⁊ a lán d'uisci innti, ⁊ coisercaidh in

Is móide ár léargas ar an *Acallam* an anailís ghrinnslítheach a dhéanann J.F. Nagy ar bheathaisnéisí Phádraig.[59] Cuireann Nagy ar ár súile dúinn gur nós le Pádraig na mbeathaisnéisí gnéithe den chultúr réamhChríostaí a thabhairt chun comhréitigh le cultúr nua na Críostaíochta trí chiall nó beatha nua a bhronnadh ar chomharthaí a bhaineann leis an seansaol.[60] Sampla den phróiseas seo san *Acallam* is ea aimsiú uisce an bhaiste ag Caoilte do Phádraig.[61] Ceann de shainbhuanna an laoich phágánaigh seo an fios atá aige ar gach tobar in Éirinn agus léiríonn an dán a thugann sé uaidh faoi thobar Thrá Dá Bhan do Phádraig gur comhartha páganach atá sa tobar seo óna dtógfar uice an bhaiste.[62] Léiríonn Nagy, leis, gur cuid de *modus operandi* Phádraig na mbeathaisnéisí tacaíocht dá mhisean coinbhéartaithe a fháil ó fhilí a bhí ina bpágánaigh tráth ach a ghlac leis an gcreideamh Críostaí.[63] Cuidíonn Caoilte, file agus saoi de chuid an tseansaoil, le Pádraig na hAcallmha sa tslí chéanna. Gné shuntasach de bheathaisnéisí Phádraig is ea an chodarsnacht idir traidisiún béil na págántachta agus an focal scríofa ar sainchomhartha den chreideamh nua é.[64] Léiríonn Nagy go mbaineann Pádraig úsáid as an gcodarsnacht sin ar shlí a chabhraíonn leis síol na Críostaíochta a chur in ithir na pagántachta agus todhchaí nua a chruthú dóibh siúd a bhaineann leis an seansaol.[65] Tá meon seo an chomhréitigh idir an creideamh nua agus saíocht an tseansaoil ina mhórthéama san *Acallam*. Baineann an méid seo ag Nagy faoin naomhsheanchas go dlúth leis an

---

t-uisqi, ⁊ tucadh a cuach fetta finnaircit an t-uisqi, ⁊ eirghis an naemchleirech ⁊ tócbais in chlupait (*sic*) caeim corcordha, ⁊ tuc trí bainne don uisqi a mbél Aedha m*ei*c Mhuiredhaig, ⁊ in treas loim tuc ina bheol ro éirigh óghshlan, ⁊ tuc a láimh dara agaidh [mar do beith a mbandail no a cuirmthigh, –*Fr.*] ⁊ do éirig asan imdha*id* amach [A long golden basin, filled with water, was then brought to Patrick. He blessed the water and placed it in a finely worked cup of white silver. The holy man then went and lifted the fair purple cowl and put three drops of water in the mouth of Áed, son of Muiredach. As the third drop reached his mouth he sat up completely cured, and put his hand over his mouth, as if waking after being with a woman or after heavy drinking, and got up from his bed]" (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1223–9; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 38).

[59] *Conversing with Angels and Ancients*, 1–134.

[60] Ibid., 103: "In the Christian system of signification, old signs are not necesssarily stripped of their authority but can be invested with new meaning".

[61] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 79–104.

[62] Féach nótaí 18, 48 agus 49.

[63] Féach *Conversing with Angels and Ancients*, 89, mar a bpléitear an chaoi ar chuir Dubhthach agus Fíacc ar a chumas don naomh dul go croílár na sochaí a bhfuil sé chun í a athrú ó bhonn.

[64] Ibid., 48–9.

[65] Nagy, *Conversing with Angels and Ancients*, 102: "the Christianization of Ireland is represented as an improvement of existing signs and their authority by means of a translation or transformation of what is already present into the form that it will take in the future". Féach, leis, Le Goff, 'Le merveilleux', 20, mar a dtráchtann an t-údar sin ar "le souci, de la part de l'Église, soit de transformer profondément en lui donnant une signification tellement nouvelle que nous ne sommes plus en face du même phénomène, soit d'occulter ou même de détruire ce qui représente pour elle un des élements peut-être les plus dangereux de la culture traditionnelle, qu'elle appelle en gros païenne".

Acallam:

> (saints) strive to engage human relics of the dimly remembered past in conversation, figures who somehow or other live long enough to tell saints and scribes of the old days … Saints seek out such ancients … not merely to convert them, but to converse with them … this order of conversational partner lets the saint explore a distinctly non-Christian past. The saint's knowledge of the past is thereby renewed and included in an ongoing process: preserving a body of cultural knowledge.[66]

Tuigtear dom ón léiriú a dhéanann na beathaisnéisithe ar phearsa Phádraig agus ar na heachtraí a luaitear leis gur bhain go leor cáilíochtaí agus gnéithe coimpléascacha frisnéiseacha leis faoi am ceaptha na hAcallmha. B'amhlaidh, a déarfainn, ab fhusa an phearsa sholúbtha ilghnéitheach sin a chur in oiriúint don mhórshaothar samhlaíoch sin a chuirfeadh an seansaol agus an saol nua, an traidisiún gona phréamhacha cianársa páganacha agus an Chíostaíocht i bhfrithshuíomh agus fiú i gcomhshuíomh báidhiúil lena chéile.

Deir Pádraig féin linn sa *Confessio* go mbíodh mic ríthe ar a dtuarastal aige á thionlacan agus é ag taisteal ar fud na tíre.[67] Áitíonn McCone go mbíodh óigfhir de shliocht uasal páirteach i ngrúpaí féinnithe,[68] agus is féidir a shamhlú, mar sin, gurbh amhlaidh, dáiríre, a bhí Pádraig na staire ag taisteal ó áit go háit i gcomhluadar grúpa óglach – fo-ghrúpa de mhór-ghrúpa Fiannaíochta – a raibh a seal i bhFiannaíocht á chur isteach acu. D'fhágfadh sin, dá mb'fhéidir glacadh leis, fasach stairiúil ag cuntas samhlaíoch na hAcallmha.

---

[66] Nagy, *Conversing with Angels and Ancients*, ix. Tuiscint nua ar an am atá thart, tuiscint a oireann don am i láthair atá i gceist. Féach an plé ar fheidhmeanna na cuimhne agus go háirithe tuiscintí Hallbwachs agus Duby, lgh. 5–9 *supra*.

[67] Stokes, *Tripartite Life*, 372: "premia dabam regibus, propter quod dabam mercedem filiis ipsorum, qui mecum ambulant [I used to give rewards to kings as well as the payment that I gave to their sons who walk with me]" (liom féin an t-aisriúchán). Féach go nasctar Pádraig leis an bhFiannaíocht i gcuntas Thíreacháin ar an muicí a thógann an naomh ón mbás agus a deir gur mharaigh "*fian maic* Maic Con [the warrior band of the sons of Mac Conn]" é (Bieler, *The Patrician Texts in the Book of Armagh*, 154–5, §40.7) (Féach, áfach, O'Rahilly, *Early Irish History and Mythology*, 202, n. 1, áit a dtaispeántar gur ceart 'fian Maicc Con' a léamh anseo). Tá léirithe ag Ó Muirigh ('Fionn, Fian and Corca Laoidhe', 25–6), go dtéann tagairtí scríofa do Mhac Con siar chomh fada le 700 nó mar sin agus go mbaineann an traidisiún sin le Corca Laoidhe, treabhchas réamhGhaelach, b'fhéidir, a raibh bunús Ceilteach nó Ind-Eorpach leo.

[68] 'Werwolves, Cyclopes, *Díberga*, and *Fíanna*', 8–10. Féach, leis, Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, xii.

2 Caoilte mar fhéinní

Cér díobh Caoilte? De réir tuairisce amháin is í Sídhe iníon Chumhaill, banfhéinní, a mháthair.[1] Bean í siúd ar bhain nádúr capaill léi, ní foláir, agus cumas eisceachtúil reatha.[2] De réir tuairsice eile, b'í Eithne iníon Thaidhg a mháthair.[3] Más é Tadhg mac Nuadhad an Tadhg seo, d'fhágfadh sin leis gur mac deirféar Caoilte d'Fhionn, arbh í Muirne iníon Thaidhg mhic Nuadhad a mháthair. Luaitear Tadhg mac Nuadhad ar phríomhcheannairí Thuatha Dé Danann.[4] Measann Nagy gur cosúil gurb ilfhoirmeacha iad Nuadha, sin-seanathair Fhinn mhic Cumhaill agus Nuadha Airgeadlámh a áirítear mar dhuine de cheannairí Thuatha Dé Danann.[5] D'fhágfadh sin pórtheastas den scoth ag Caoilte, ar thaobh a mháthar ar aon nós,[6] agus ní hionadh na buanna a thug sé leis uaithi – buanna an-luachmhara dó mar bhall den Fhiann.[7] B'é Fionn athair altrama Chaoilte.[8] Ach bhí ceangal ag Caoilte chomh maith le namhaid Fhinn, Goll Mac Morna lena raibh deirfiúr leis pósta.[9] Ní hionadh, mar sin, grád ard ag Caoilte i gceannaireacht na Féinne ar bhain struchtúr léi, dar

---

[1] *DF* ii, 102, §12.
[2] Féach gurbh iad na trí each a bhí ag triúr mac Breassa mhic Elathan ná "Athach", "Gaeth" agus "Side" (*LL* i, ll. 3910–11). Baineann athshondas saibhir le hainm mháthair Chaoilte maidir le trí shainchailíocht de chuid Chaoilte: an luas (a gcuireann ainmneacha an dara agus an tríu heach béim air), an gaol speisialta le Tuatha Dé Danann agus an lé le hainmhithe a nochtar in 'Caoilte's Mischief Making' (*DF* i, 19–21 agus 116–18). Féach an plé ag Nagy ar mháthair Chaoilte, *The Wisdom of the Outlaw*, 95–6.
[3] Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 4525.
[4] Ibid., l. 5119.
[5] Féach *The Wisdom of the Outlaw*, 236. Mar dhá phearsa ar leith a thagraítear don dá Nuadha sna samplaí seo: *LL* iii, ll. 14753–6; ll. 14915, ll. 15135–40 agus ll. 15655–6. Féach leis Céitinn, *Foras Feasa*, 48: "is do shliocht Nuadhat Neacht rí Laighean é (i.e. Fionn mac Cumhaill), táinig ó Éireamhón mac Míleadh". Féach, leis, ibid., 330. Ní rud neamhchoitianta leaganacha difriúla de ghnéithe den stair nó den ghinealach a bheith ann: féach an tagairt do Hallbwachs agus an plé ar neamhsheasmhacht na cuimhne, lgh. 5–6 *supra*. Féach, chomh maith, an plé cuimsitheach ag Carey ar an ngaol atá, de réir cosúlachta, idir Nuadha Neacht/Nuadha Airgeadlámh agus Fionn mac Cumhaill in 'Nōdons, Lugus, Windos', go háirithe ag 110. Féach, leis, ibid., 'Nodons in Britain and Ireland', go háirithe 8–10.
[6] Maidir lena athair, tugann Caoilte le fios do Dhiarmaid mac Cearbhaill nach "fer gual*ann* rígh [a man entitled to sit beside a king]" (liomsa an t-aistriúchán) é féin, murab ionann is Oisín mar gur "mac óclaich [the son of a warrior]" é (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 2361–2). Níos faide anonn sa téacs, nuair a insítear scéal faoi Dhubh mac Treoin agus a mhac, feicimid nach samhlaítear saibhreas ná féile (ceann de shainchomharthaí na huaisleachta) de ghnáth le mac óglaigh (ll. 3285–93). Thabharfadh seo le tuiscint nach bhfuil céim Chaoilte sa tsochaí shocair chomh hard, b'fhéidir, lena ghradam sa bhFiann.
[7] Féach nóta 2.
[8] Ibid., ll. 7024–5; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 197. Seo mar a chuireann Caoilte síos ar Fhionn: "mo t*hr*iath ⁊ mo thig*er*na ⁊ m'oide cáem carthanach … .i. Find [my lord, my chief, and my dear and loving foster-father, Finn]".
[9] Ibid., ll. 4111–12.

leis an gCéitinneach, a bheadh ionchurtha le struchtúr airm lena linn féin nó le harm na Róimhe sa tseanaimsir:

> Is iomdha ardthaoiseach do bhíodh fá Fhionn ar an bhFéin, mar atá caithmhileadh ós cionn chatha, amhail bhíos colonel ós cionn regiment, ceann feadhna céid, amhail bhíos caiptín anois, taoiseach caogaid, amhail bhíos lieutenant, agus taoiseach trí naonbhar, amhail bhíos corporal, agus taoiseach naonbhair, amhail bhíodh decurio ag an Rómhánach. Óir an tan do-níthí deich gcipe nó deich rangca don chéad, do bhíodh baránta ar gach rangc díobh, agus is de go gairthí taoiseach naonbhair.[10]

Tugann Eochaidh Leithdhearg, rí Laighean "ríghḟeindid" ar Chaoilte,[11] grád atá níos airde ná na cinn a luann an Céitinneach de bhrí go dtugtar an teideal sin ar Fhionn féin. Fiú más léir gurb airde gradam Fhinn ná gradam Chaoilte, léiríonn úsáid an teidil sin ag rí Laighean go measann sé go bhfuil Caoilte i measc *élite* ardcheannaireachta na Féinne. Léiríonn imeachtaí na hAcallmha gur mar sin a bhí. Feicimid Caoilte in éineacht leis an *élite* beag sin go minic: mar shampla, is iad Oisín, Diarmaid agus Caoilte a d'fhreagair an dúshlán i nGleann na Caillí,[12] agus bhí Fionn féin, Diarmaid, Oisín, Oscar agus Mac Lughach in éineacht leis nuair a thug siad cuairt ar shí Shliabh na mBan agus nuair a rinne siad lucht an tsí sin a chosaint ar ionsaithe ó Bhodhb Dearg agus a shluaite.[13] Is é a chuir dea-chomhairle ar Fhionn, mar aon le Diarmaid agus Feargus Fínbheol nuair ba dhóbair don troid idir Guaire agus Fionn Bán aighneas tromchúiseach a tharrac ar an bhFiann.[14] Is léir mar sin, dar liom, gur ball d'ardcheannaireacht na Féinne é Caoilte a bhfuil an meas is airde ag a thaoiseach agus ag a chomhcheannairí air.

Dar le Daithí Ó hÓgáin, ní mór an léiriú a dhéantar san Fhiannaíocht ar shaintréithe indibhidiúla na laochra, cé is moite d'Fhionn:

> (Fionn's) portrayal has always been highly individualistic. A review of earlier Fenian literature, however, does not lead one to believe that the other leading heroes of the cycle were

[10] Céitinn *Foras Feasa*, ii, 330–2.
[11] Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 4526.
[12] Ibid., ll. 3959–71.
[13] Ibid., ll. 5001–370.
[14] Ibid., ll. 1334–61. Ar an ócáid sin tugann Oisín "ollaim na Féinne" ar an triúr sin.

> individualised to anything like the same extent. The names occur ... but there is little surviving evidence of specific traits of character being ascribed to them.[15]

Deir sé go mbaineann a lán de na tréithe céanna leo, de ghnáth, agus a bhaineann le Fionn. Go deimhin, baineann easpa idirdhealaithe go minic leis na cuntais a thugann Caoilte air féin agus ar a chomrádaithe. Féach an tuairisc seo aige ar na príomhthréithe comónta a bhain le laochra na Féinne mar fhreagra ar cheist ó Phádraig:

> 'Cia ro choimét sibhsi mar sin,' ar Pátraic, 'in bar mbeath*aidh*?' *Ocus* ro frecair Cáilte .i. 'fírinde inár croidhedhaibh $_{7}$ nertt inár lámhaibh, $_{7}$ comall inár tengthaibh'.
>
> 'What has kept you warriors alive for all these years?' asked Patrick. Caílte replied, 'The truth of our hearts, the strength of our arms, and the constancy of our tongues'.[16]

Cloisimid an méid sin uaidh díreach i ndiaidh an dá líne adhmholtacha seo aige ar Fhionn a thugann le fios, dar liom, gur suáilce chomónta – nó, ar a laghad, idéal comónta – atá i gceist chomh maith leis an méid seo, cé gurb é Fionn, ar ndóigh, is fearr a sholáthraíonn eiseamláir agus barrshamhail na féile:

> Dámadh ór in duille donn . chuiris di in caill,
> dámad airget in gheal tonn . ro thidhluicfed Find.
>
> Were the dark leaves gold, that the trees discard,
> And the white waves silver, Finn would give away all.[17]

Feicimid go minic nach nós le Caoilte idirdhealú a dhéanamh idir é féin agus a sheanchomrádaithe. Fiú agus é ag tagairt don tsainscil sin a bhaineann leis féin go speisialta – a chumas reatha – luann sé gur bhain luas thar na bearta le laochra uile na Féinne:

---

[15] Ó hÓgáin, 'Magic Attributes of the Hero', 208–9.
[16] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 118–20; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 6. Ceann de na tréithe a bhaineann le daoine sa staid tairseachúil ná an leibhéalú nó an easpa idirdhealaithe eatarthu, dar le Turner: "Among themselves, neophytes tend to develop an intense comradeship and egalitarianism" (*The Ritual Process: Structure and Anti-Structure*, 95). Cé gurbh ait le duine, b'fheidir, "neophyte" a bheith á thabhairt ar Chaoilte, féach go ndeir Nagy faoi Fhionn gur "eternal fénnid who never attains full adulthood" atá ann (*The Wisdom of the Outlaw*, 52). Más fior sin, is amhlaidh do Chaoilte, measaim, sa tréimhse roimh chath Chomuir agus chath Ghabhra.
[17] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 116–17; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 6.

> Luas luin it*er* da muine . ’s ed robi ’sa Féind uile,
> lúas na gaeithi seoch in lon . do bi a[c] Cailti ’na aenor.
>
> The swiftness of a blackbird flying between two thickets . that is what all of the *fian* possessed
> The speed of the wind rather than the blackbird . Caoilte alone possessed
> (liom féin an t-aistriúchán seo).[18]

Déanann Caoilte ionnanú idir é féin agus an Fhiann i gcoitinne nuair a deir sé le Pádraig nach bhféadfadh an naomh gan meas a bheith aige orthusan de bhrí go bhfuil meas aige ar Chaoilte féin, cé go bhfuil sé críonna anois.[19] Feicimid go bhfuil an leisce chéanna air idirdhealú a dhéanamh idir é féin agus a chomhghaiscígh sa bhfreagra a thugann sé ar mhuintir Shí Easa Rua, a shíl nach raibh breith ag éinne riamh ar Chaoilte maidir le cumas lámhaigh, nuair a chonaic siad faoi mar a mharaigh seisean an t-éan osnádúrtha a raibh adhmhilleadh á dhéanamh aige ar an sí:

> ‘In nderna nech riam lámach budh ḟerr iná sin?’ ar Ilbreac, ‘In raibi isin Féinn,’ ar Aedh Minbreac Esa R*uaid*, ‘noch bhudh commaith lámach fritsa?’ ‘Báigimse mu bhréithir ris,’ ar Cáilte, ‘nár’ bo cóir do neoch sech araile díb bocas*a*ch do dhénam, ór do bhí a lórdhaethain lúidh 7 lám*ach* in gach ḟir dhibh, 7 do bhí indamsa, ’no,’ ar Cáilte.
>
> ‘Has anyone ever done a greater feat than that?’ asked Ilbrecc. ‘Was there anyone in the *Fían*’, asked Áed Minbrecc of Assaroe, ‘as skilful with weapons as you?’ ‘I give you my word,’ said Caílte, ‘it was not fitting for any one of them to boast beyond the other, for each man of them had plenty of warlike skills. As did I’.[20]

Mar bhall den Fhiann, mar sin, feictear i gCaoilte a lán de na tréithe a bhaineann lena thaoiseach agus lena chomrádaithe. Má scrúdaítear an liosta seo ag Mac Cana de phríomhthréithe Fhinn, feicfear go mbaineann cuid acu le laochra na Féinne i gcoitinne agus, ar ndóigh, le Caoilte:

> He is a hunter, and as such he lives much of the time in the woods and other uncultivated parts of the country; he is a warrior, a seer and a verse maker, and he practices *imbas*

[18] Stokes, ‘Acallamh na Senórach’, ll. 4041–2.
[19] Ibid., ll. 3988–94.
[20] Ibid., ll. 1648–53; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 51.

> *forosnai* and *teinm laída* … he is a wooer of women … He is credited with a number of lyric/nature poems.[21]

Ní féidir a rá go léiríonn Caoilte an t-iomas forosnai san *Acallam* chomh minic ná ar bhealach chomh suntasach agus a dhéanann Fionn ach, fós, baineann fios osnádúrtha leis agus cumas ar thairngreacht, chomh maith le bua na filíochta.[22] Ar ndóigh, is mór idir Caoilte agus a thaoiseach maidir leis an gcaidreamh a bhíonn acu le mná. Mar sin féin, nuair a chuirtear áit lárnach na filíochta i gcóras aeistéitiúil agus i misteachas na beirte acu san áireamh, is léir go bhfuil cosúlachtaí suntasacha ar an iomlán idir an bheirt. Na tréithe a chuireann Caoilte i leith Fhinn sna línte seo thíos, measaim go mbaineann siad leis féin chomh maith, fiú dá ndéarfadh sé gur suntasaí na tréithe sin i gcás a thaoisigh ná ina chás fein:

> Find m*a*c Cumaill m*ei*c T*r*énmóir,
> ar tairb*er*tach saer sluagach . ar sái amra ilbuadach.
> [Ar flaith, ar séghaind, ar sái . ar mbreithem, ar nd*r*uth, ar nd*r*ái,
> ar cend cumaing . ar slicht slóigh …]
>
> Finn son of Cumall son of Trénmór … our noble leader rich in hosts, our wonderful sage gifted in many ways, our lord, our skilled one, our seer, our judge, our wise man, our druid, our head of strength, our trail of the host.[23]

Ainneoin na gcosúlachtaí seo, áfach, tá feidhm shainiúil leis na tréithe a léiríonn Caoilte san *Acallam*, mar a gcuireann siad go follasach le forbairt príomhthéamaí an scéil. Ceann de bhuanna móra an tsaothair, dar liom, ná an tslí a ndéantar carachtar eisceachtúil indibhidiúil de Chaoilte laistigh den fhráma comónta seo a luamar. Mar bhall den Fhiann, is pearsa thairseachúil é Caoilte, is é an spás idir eatarthu an *locus* is dual dó,[24] ach, mar sin féin, níl sé teanntaithe sa spás sin. Is furasta dó gluaiseacht idir domhain difriúla mar a léiríonn an teagmháil a bhíonn aige go rialta le neacha

[21] Mac Cana, '*Fianaigecht* in the Pre-Norman Period', 84.
[22] Bhí cumas suntasach ar fhilíocht ar cheann de na critéir a bhain le ballraíocht san Fhiann, dar le Céitinn (*Foras Feasa*, ii, 332). Déanfar an bua seo ag Caoilte a phlé sa chéad chaibidil eile.
[23] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 2531–4; Nagy, *The Wisdom of the Outlaw*, 17.
[24] Féach Mac Cana, '*Fianaigecht* in the Pre-Norman Period', 92–3: "Even though it is often difficult to discriminate in the literature between elements that have to do with historical and mythical *fiana* respectively, it is clear that in both cases the *fiana* were thought of as quintessential outsiders, associated typically with the liminal areas of forest and wilderness, and owing first loyalty to the fraternity not to tribe or kingdom". Féach, leis, Nagy, 'Demne Maol', mar a léirítear an bhaint idir tairseachúlacht Fhinn agus bua an fheasa agus na filíochta aige.

ón saol eile agus na cuairteanna a thugann sé ar an sí. Feicimid i bhfíorthús an scéil go bhfuil cor úrnua á bhaint as an tairseachúlacht agus as an gcumas aistrithe seo ag Caoilte agus ag a chomrádaithe nuair a fheicimid iad ag am tairseachúil ("re fuinedh néll nóna in oidhchi sin [at the setting of the sun (that evening)]") ag teacht ón bhfásach i dtreo áite arb é malairt ghlan an fhásaigh atá ann – luibhghort.[25] Tá fós an gnáthord a bhíonn ar dhíorma beag den Fhiann orthu siúd atá faoi cheannaireacht na beirte taoiseach: "dá naonmar [two groups of nine]",[26] ach bíodh is gur mó cath fuilteach ina raibh páirt bhuacach acu lena mbeo, is deireadh ré atá i gceist le cath Chomuir agus cath Ghabhra.[27] Nuair a chloisimid go gairid ina dhiaidh sin gur ar Mhainistir Dhroichead Átha, mar a bhfuil Naomh Pádraig, atá a dtriall, tuigimid an chiall atá leis an ngluaiseacht seo ag laochra na Féinne: ar a gcúl tá saol an laochais nach raibh dá bharr sa deireadh ach tubaist agus truamhéil, le cleachtadh na draíochta, agus le taithí an fhiantais ar imeall na sochaí, agus rompu amach tá saol rialta síochánta na Críostaíochta.[28] Nuair a bhuaileann Caoilte agus Pádraig le chéile, cuirtear comhthreomhaireacht ar bun idir beirt mhórphearsa seo an tsaothair. Luaitear Fionn agus Dia in aon abairt amháin, agus tá an naomh anois san ionad ina mbíodh taoiseach na Féinne: tá Pádraig "ic etarmholadh in Dúilemhun, 7 ic bendach*adh* na rátha a roibhe Find m*a*c Cumaill .i. Raith Droma Deirc [praising the Creator, and blessing the Fortress of the Red Ridge where Finn mac Cumaill had been]" (liom féin an t-aistriúchán seo);[29] tá a lucht leanúna féin ag Caoilte agus ag Pádraig; baineann aingil le Pádraig agus deamhain le Caoilte agus lena bhuíon,

[25] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 7–10; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders,* 3. Glacaim leis gur ceart aird a thabhairt anseo ar an mbrí shanasaíoch atá le baint as 'co Lughbhartaibh Bána'. Féach *DIL* s.v. *lubgort.*

[26] Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 6. Dealraíonn sé ón aistriúchán ag Dooley agus Roe gurb é léamh atá acu ar an scéal ná gur cuid den dá naonúr iad Caoilte agus Oisín: "Sixteen of the *Fían* warriors travelled with them" (i.e. with Caoilte and Oisín). Féach gur "tri nonbair d'iarsma na Feinde ro bói iffarad Chail*ti* [twenty-seven who were all that remained, aside from Oisín and Caílte]" nuair a fuair siad bás ar Chnoc na Nónbur (is léir go raibh Oisín i láthair ach nach raibh sé i measc na laoch a cailleadh ar an ócáid sin (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 7896–902; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 222). Féach, chomh maith, gur trí dhíorma naonúir a bhí faoi cheannas Chreidne: "Trī nōnbair dī for fīantas [She had three bands of nine men with her on the warpath]" (Meyer, *Fianaigecht,* xi–xii).

[27] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1–71.

[28] Cuimsíonn an cuntas seo a lán de shainchomharthaí na Fiannaíochta agus an tsaoil atá á fhágáil ina ndiaidh ag na laochra: an chogaíocht, an dílseacht dá dtaoiseach agus dá chéile, an dúil sa tseanchas, an fhéastaíocht (cuireann Cámha "nua cacha bídh 7 sen cacha díghe [all types of fresh food and old beverages]" (liom féin an t-aistriúchán) ar fáil do na laochra faoi mar a dhéanadh fadó), an fhánaíocht agus an tseilg (a chuireann na coin mhóra a bhí lena gcois i gcuimhne dhúinn). Cuirtear iad seo i gcodarsnacht le sainchomharthaí na Críostaíochta: an mhainistir, an chantaireacht eaglasta agus an t-uisce coisricthe.

[29] Stokes, 'Acallamh na Senórach'Ibid., 59–60.

baineann teagasc Phádraig le Dia faoi mar a bhaineann scéalta agus laoithe Chaoilte lena thiarna, Fionn. Déantar an chomhthreomhaireacht seo a fhorbairt in imeacht an scéil, nuair a fheicimid go mbaineann feidhm misteach leis an uisce i saol na Féinne agus i saol na heaglaise; freagraíonn cantaireacht na manach do mhisteachas cheol na Féinne agus Thuatha Dé Danann agus tá cosúlacht nach beag idir briochtaí na pagántachta agus beannachtaí Phádraig, mar atá feicthe againn cheana. Ní miste, dar liom, an chomhthreomhaireacht seo idir domhan na Féinne agus an Chríostaíocht a fheiceáil i gcomhthéacs na gcosúlachtaí atá le tabhairt faoi deara idir saol na Féinne agus saol lucht an tsí. Mar shampla, feicimid go mbíonn siadsan tugtha don tseilg mar a bhíonn laochra na Féinne;[30] cuireann siad suim i ngníomhartha gaisce na Féinne;[31] bíonn siad ag cogaíocht lena naimhde;[32] tá siad inniúil ar cheol, ar fhilíocht agus ar fháidhiúlacht;[33] agus creideann siad i nDia.[34] Cuidíonn an chomhthreomhaireacht seo idir na domhain difriúla leis an ngaisce is mó, b'fhéidir, a dhéanann Caoilte .i. éiríonn leis na teorainneacha idir na domhain difriúla sin a tharchéimniú. Is maith, measaim, mar a léiríonn an méid seo ag Nagy an ghné seo:

> Surely the conceit of Cailte and Oisín's living on into the Christian epoch is no mere convenient contrivance of a medieval anthologist eager to cast an acceptable frame for Fenian lore, but rather the natural development of a truth tested over and over again in Fenian narrative: that transition is transcendence, that to pass from one category into another gives the passenger at least the momentary chance to be freed from categorisation altogether … It is the transcendent aspect of transition that predominates in *fiannaíocht* as a whole, not just in the *Acallam*, which so spectacularly renders the Fenian tradition (and the lives of its two Fenian heroes) open-ended.[35]

Ceann de na príomhfheidhmeanna a luann Mac Cana leis an bhFiann ná an ról cosantach a bhaineann leo go háirithe ón naoú haois ar aghaidh.[36] Deir Mac Cana gur bhain ról den chineál sin le Fionn i bhfad siar sa traidisiún.[37] Bíonn an ról sin ag

[30] Ibid., ll. 1576 agus 1580.
[31] Ibid., ll. 1648–50.
[32] Ibid., ll. 1629–30.
[33] Ibid., ll. 611–83.
[34] Ibid., ll. 1859.
[35] Nagy, 'Fenian Heroes and their Rites of Passage', 167–8.
[36] Mac Cana, '*Fianaigecht* in the Pre-Norman Period', 98–9.
[37] Mac Cana, '*Fianaigecht* in the Pre-Norman Period', 98: "In prehistoric times Fionn and Arthur … were evidently pictured as the opponents of external demonic powers in what was basically a myth of cosmic conflict between the forces of destruction and chaos and the defenders of the cosmic precinct, here particularised as Ireland in the one case and Britain in the other". Féach an cur síos seo ar Fhionn in Meyer, *Fianaigecht*, 86–7 (§32): "Find mac Cumaill in tres gin tsochuir hĒrenn ac díchuir

Caoilte go minic san *Acallam*, mar a bhfeictear é mar chosantóir ar an bhFiann, ar Éirinn agus go háirithe ar Thuatha Dé Danann. Is de bharr a shárchumais reatha, a thugann Caoilte an Fhiann slán ón dúshlán mioscaiseach a thugtar orthu i nGleann na Caillí;[38] tagann sé i gcabhair ar mhuintir iarthar na Mumhan a raibh torthúlacht na talún acu á cur ó mhaith ag éin neamhshaolta;[39] agus lena chabhair faigheann Tuatha Dé Danann an lámh in uachtar ar ionróirí cumhachta ón iasacht a bhí meáite ar shlad a dhéanamh orthu.[40] Tarlaíonn *rapprochement* idir ról cosantach Chaoilte agus ról Phádraig, fear ionad an tSlánaitheora, nuair a chomhoibríonn an bheirt acu maidir leis na héin adhmhillteacha a dhíothú: is de bharr an eolais a sholáthraíonn Pádraig a thuigtear do Chaoilte gurb indéanta na héin a dhíbirt ar an lá áirithe sin agus déanann an naomh an láthair ina mbíodh an scrios á dhéanamh a choisricean chun go mbuanófar an tairbhe a dhéanann Caoilte. Déantar an nasc idir an bheirt chosantóir a neartú tuilleadh nuair a thagraíonn Caoilte ar an ócáid chéanna do na deamhain a dhíbir an naomh as Éirinn:

> ro bói deman a ṁbun ca*ch* énḟéornin (i n-Éirinn) reomut, ⁊ atá aingel [a] ṁbun ca*ch* énḟéoirnin aniu inti. *Ocus* mo chin d'ḟeraib Eir*enn* atchichera t*us*a, ⁊ in drem nach faicfe díb thú, ⁊ is siat t'ḟerta-su ⁊ do mirbuile ḟoighen*us* dóib.
>
> For there was a demon on the bottom of every single blade of grass in Ireland before you, and there is today in Ireland an angel on the bottom of each single blade of grass. And happy the men of Ireland who will see you, and those of them that will not see you will profit from your miracles and your wonders.[41]

---

danar ⁊ díbergach ⁊ úath ⁊ arracht ⁊ ilphíast oc*us* loingsidh lánmór ⁊ gach ṅdoccamail árchena a hĒrinn [Finn son of Cumhall, the third son of comfort to Ireland, who expelled from Ireland marauders and reavers and horrible things and monsters and many beasts and full many a fleet of exiles and every other pest]". Ní mór cuimhneamh, ar ndóigh, go bhfuilimid ag plé anseo le pearsana ficsin liteartha murab ionann is na fianna stairiúla lenarbh fhéidir ról dearfach cosanta a shamhlú chomh maith: féach, Meyer, *Fiannaigecht*, ix; "their existence was even considered essential to the welfare of the community". Féach, leis, McCone, 'The Celtic and Indo-European Origins of the *Fian*', go háirithe ag 20. Féach an plé ag Sharpe in 'Hiberno-Latin *Laicus*, Irish *Láech* and the Devil's Men' ar áit n a díbheirge sa mheánaois in Éirinn, ar an défhiús agus an mídheimhneacht a fheictear uaireanta i dtéacsanna éagsula ina luaitear an feiniméan sin, agus go háirithe 90, mar a ndeir sé: "There seems … to be a substantial gulf between the clerical and lay evaluation in that grey area where the marauder and the hero become confused". Léiríonn Peter McQuillan ('Finn Fothad and Fian', 1–7 agus 10) gurb ann d'fhiana eile seachas fiann Fhinn sa luath-thraidisiún agus go mbíonn ionsaithe thar lear i gceist sa traidisiún sin.

[38] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3959–72.
[39] Ibid., ll. 6270–355.
[40] Ibid., ll. 6919–7007.
[41] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 6307–10; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 177.

Is cosúil le téama ceoil, agus é á athsheinnt, móitíf seo na fuascailte nó na cosanta tríd an scéal, agus gníomhartha Chaoilte agus Phádraig ag freagairt dá chéile – mar shampla, nuair a leigheasann Pádraig Caoilte,[42] nuair a dhíbríonn sé naonúr cailleach a bhí ag marú daoine i Muine na nAmaidí,[43] nó nuair a mharaíonn Caoilte foghlaí osnádúrtha, a iníon agus a chú a bhí ag creachadh na tíre.[44]

Is intuigthe ó chuntas Sheathrúin Chéitinn gur bhain na tréithe agus na cáilíochtaí seo a leanas le laochra na Féinne i gcoitinne: sárchumas míleata, neart, lúth, crógacht thar na bearta, filíocht, oineach agus dílseacht don rígfhénnnid.[45] Tagann cuntas gonta fileata Chaoilte ar thrí phríomhthréith na Féinne i dtosach an scéil leis an gcuntas seo.[46] Baineann na tréithe agus na cáilíochtaí sin go follasach le Caoilte san *Acallam* ach baintear cor nua astu, a chuidíonn, dar liom, le forbairt príomhthéamaí an tsaothair. Más iad gníomhartha gaisce na Féinne agus na buanna iomadúla, a rug siad riamh i gcoinne a namhad saolta agus neamhshaolta, is ábhar do sheanchas Chaoilte, tá meath agus teip na laochra fordhaonna seo ina mórthéamaí san *Acallam*. Sa chomhthéacs seo, baineann tábhacht leis an easpa idirdhealaithe a luamar sa mhéid go bhfuil sé intuigthe, ceapaim, go mbaineann cuid éigin de laige Fhinn leis an bhFiann i gcoitinne agus nach féidir le Caoilte bheith saor ó locht, má tá locht ar Fhionn. Tugann an tagairt do chath Chomuir agus do chath Ghabhra i dtús an scéil an gléasnóta agus bíonn téama seo an chloí mar a bheadh ceol cúlra le himeachtaí uile an scéil. Íslítear an ceol sin de réir mar a bhíonn eachtraí buacacha, spleodar na seilge agus aoibhneas agus suairceas an tseansaoil á ríomh, ach ní théann sé in éag ar fad choíche. Faighimid spléachadh beag ar nádúr lochtach Fhinn ó am go chéile, cé gurbh fhurasta gan aird a thabhairt ar na nótaí fánacha díchordacha seo mar gheall ar an bhfoirfeacht is gnáth á cur i leith Fhinn agus na Féinne sna cuntais adhmholtacha a thugann a bhfear taca agus a gcomrádaí dílis orthu agus mar gheall ar an iliomad gaiscí a dhéanann Caoilte féin, fiú agus é ina sheanduine.[47] Déantar clú Fhinn a pholladh nuair a nochtaítear laigí áirithe a

[42] Ibid., l l. 3997– 4008.
[43] Ibid., 6759–88.
[44] Ibid., 1896–1931.
[45] Céitinn, *Foras Feasa*, ii, 332–4. Féach O'Connell, *Airem Muinntari Finn*, 49–51, mar a léirítear an gaol idir cuntas an Chéitinnigh agus a bhfuil san fhoinse sin.
[46] Féach nóta 16.
[47] Féach, mar shampla, an bua aige ar an bhfoghlaí neamhshaolta (féach nóta 44), a ghaisce in aghaidh naimhde Thuatha Dé Danann (nóta 40) nó fiú an tslí a n-éiríonn leis an chloch faoina bhfuil taisce Sheancháin mhic Mhaolchró curtha i bhfolach a thógaint go neamhspleách cé go dteastódh slua

bhaineann leis. Agus ón uair gurb é Fionn barrshamhail na Féinne agus ionchollú na suáilcí a bhaineann leo trí chéile, *ipso facto* is í institiúid na Féinne féin a bhaintear dá bonnaibh sa tslí sin.[48] Féach gur mar gheall ar "léim baissi [leap of folly]" a chaith sé a fuair Fionn bás,[49] rud a bhaineann go suntasach den mholadh a thugann Caoilte air sa laoi chéanna dár dtagraíomar cheana.[50] Léiríonn an scéal faoi rí Alban, a d'iarr ar Fhionn a iníon Aoi Arduallach a thabhairt dó le pósadh, gur fada ó na hidéil "fírinde inár croidhedhaib" agus "comall inár tengthaibh",[51] a bhí Fionn féin mar thug sé le tuiscint nach gcuirfeadh sé iachall ar a iníon an tAlbanach a phósadh ach gur chuaigh sé siar ar a fhocal chomh luath is a fuair sé amach nach raibh sise toilteanach. Léirítear a laige is atá ceannaireacht Fhinn agus a laghad údaráis atá aige nuair a chuireann Clanna Morna, Clanna Nemhnainn agus go háirithe Clanna Baíscne – a mhuintir féin – ina choinne mar gheall air seo. Is léir nach bhfuil aird anois ag a lucht leanúna ar an móid dilseachta a ghlac siad, más fíor don Chéitinneach.[52] Ní breith chríonna a thugann sé nuair a dhaorann sé Fionn Bán chun báis agus is mar gheall ar dhea-chomhairle Chaoilte agus beirte eile de cheannairí na Féinne a dhéantar an dochar a mhaolú ar an ócáid sin. Léiríonn na heachtraí seo laigí a bheith ar Fhionn ar leibhéal na móráltachta, na síceolaíochta agus ar leibhéal a acmhainne ceannaireachta.[53]

Díol suntais an chontrárthacht idir Fionn agus Caoilte sa mhéid go mbaineann laigí Chaoilte leis an leibhéal fisiciúil amháin mar gurb í a aois mhór is bun leo, rud nach tógtha air. Bíonn béim go minic ar aois, ar laige agus ar thuirse an tseanscéalaí seo. Is furasta guth an tseanduine, a bhfuil a neart agus a bhrí tráite, a aithint sa ghearán a dhéanann sé le Pádraig faoi sheanchréacht atá á chrá agus a chuireann leochaileacht

---

fear chun é sin a dhéanamh, dar le beirt bhan mhac rí Fhear Maighe (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 949–95).

[48] Féach Nagy, *The Wisdom of the Outlaw*, 15: "Every tale … can be treated by the mythologist as a multiform of every other, just as every story, in both a thematic and a structural sense, 'flows into' every other".

[49] Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 2538; féach, leis, Power, 'Cnucha Cnoc os cionn Life', 44, §52. Féach an plé ag Geraldine Parsons ar na traidisiúin difriúla a bhaineann le bás Fhinn ('Breaking the Cycle? Accounts of the Death of Fionn').

[50] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 2532–3. Féach, leis, lch. 29 *supra*.

[51] Féach nóta 16 agus Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 6452–68.

[52] Céitinn, *Foras Feasa*, ii, 334.

[53] Srokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1334–61. Ní miste a rá, áfach, gur líonmhaire go mór na samplaí a léiríonn ardchumas, suáilcí agus stuaim Fhinn ná a mhalairt. Féach, mar shampla, an sceimhle, an t-uafás agus an déistean a chuireann an t-ár a rinneadh ar Chnoc an Bhanchuire air – agus ar Chaoilte. Cuirtear an troid seo inár láthair mar ghníomh éigiallta a tharla mar gheall ar an drochfhuil idir Fionn agus Clanna Morna (ibid., ll. 2764–854).

na beatha abhaile air. Aithníonn Pádraig go bhfuil Caoilte in ísle meanman agus molann sé dó dul ag féachaint ar an tseilg d'fhonn an ghruaim a bhaint dó. Seo mar a deir an seanlaoch:

> 'Ro ba dáil, a naemP*átraic*,' ar C*áilte*, '*acht* urchar do dib*r*aic Seiscend m*a*c Fir duib i cath Cind mara thes dam, ⁊ ní fédaim le gaeib cró in urchair sin ... ⁊ is do Rí[g] nime ⁊ tal*man* itlocharsa beith ac éist*echt* re guth cailigh an baile sea.'
>
> I am not able to because of the bitter pains caused by the spear that Seiscenn, son of Fer Dub, cast at me in the battle of *Cenn Mara* in the south ... and it is to the King of Heaven and Earth that I give thanks for being ... able to hear in this place the sound of the cock.[54]

Uair eile feicimid é ag titim i bhfanntais agus bíonn sé sínte ar feadh trí lá sara dtagann sé chuige féin i gceart.[55] Ní lúide cáil Chaoilte laige na seanaoise. Is láidrede í an cáineadh indíreach atá le léamh ar a lán dá scéalta faoi na gníomhartha gaile agus gaisce a rinne a chomhfhéinithe, nuair a bhíodar i mbarr a maitheasa.[56] Murab ionann agus Fionn agus a thuilleadh dá sheanchomrádaithe, ar éigean a luaitear aon ghníomh suarach (.i. neamhChríostaí) leis. Laoch é a raibh an ghráin aige ar an lámh láidir éagórach nó fhealltach. An méid a deirtear faoi Eochaidh Faobhardhearg mac Firghlinne, rí Uladh, is dóigh liom gur intuigthe go mbaineann sé le Caoilte chomh maith. Cuireann an rí sin a charbad féin ag triall ar Chaoilte chun é a thabhairt ina láthair agus is léir ardmheas a bheith acu ar a chéile: "ba rí uassal oir[d]nide in rí sin, uair ní airged nech cen chóir, ⁊ ní benad a bunad chenel fein do neoch [He was a noble and eminent king, for none was plundered unjustly, nor anyone's possessions taken away]".[57]

---

[54] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3995–4003; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 119. Ainneoin an chumha i ndiaidh na laethanta a raibh sé i mbarr a mhaitheasa, is suimiúil mar a dhiúltaíonn Caoilte do thairscint lucht sí Easa Rua síormharthanacht a bhronnadh air agus duine acu féin a dhéanamh de sa tslí sin. Roghnaíonn sé beatha (shíoraí) na Críostaíochta seachas óige bhuan an lucht sí nach bhfuil ann, dar leis, ach "dealbh draíochta" (ibid., ll. 7036–42). Féach an plé ag Carey ar an bpointe seo agus ar cheist chasta an ama san *Acallam* in '*Acallam na Senórach*: a Conversation between Worlds' (go háirithe 85).

[55] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 6601–3.

[56] Féach nóta 53. Ár fuilteach gan ghá atá sa chath a troideadh idir muintir Fhinn agus "Mál mac Aéil m*ei*c Domnaill Dubloingsigh" mar gheall ar bhean (ibid., ll. 4739–46).

[57] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3049–50; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 93. Is dóigh liom gur ionracas agus diúltú don bheart suarach, don mharú as éadan, atá i gceist sna línte seo ag Caoilte faoina ghníomhthartha féin mar laoch: "Bertsa mo chub*us* co grian . in c*ach* cath i ṅdeacha[d] riam / gu nar' marb*us*a ann de . *acht* m*a*c rig nó roduine [Whenever I fought I kept my oath, / And killed only men of noble birth]" (Stokes, 'Acallamh na Senórach', 4582–3; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 129).

Is fear taca creidiúnach ag Pádraig é Caoilte mar nach lochtaíonn a laige é ar phlána na móráltachta, is féidir iontaoibh a chur ina bhreithiúnas agus feictear é mar fhinné iontaofa ar shaíocht an tseansaoil. Tugann a laige agus gach laige a chuirtear i leith Fhinn agus na Féinne le tuiscint nach raibh sa seansaol, dá fheabhas é, ach gal soip. Sa tslí sin, cuirtear le téama lárnach an fháis spioradálta sa scéal agus tacaítear le bunteachtaireacht na Críostaíochta: ní féidir muinín a chur i gcumas an duine, is cuma cé chomh heisceachtúil is a bhíonn sé, ná in aon rud ach i nDia na Críostaíochta. Mar gheall ar a laige, déantar an laoch a dhaonnú. As an daonnú seo, tagann gnéithe eile a chuireann le sainbhlas an tsaothair: an truamhéil, an t-uaigneas, an caitheamh i ndiaidh saoil atá imithe gan filleadh go brách. Agus treisíonn na gnéithe seo le téama lárnach de chuid na Críostaíochta. Is tríd an laige agus trí neamhbhuaine an tsaoil dhaonna a tharlaíonn an forás spioradálta.[58] Tarchéimniú tábhachtach atá anseo: cuireann laige agus daonnacht an tseanfhéinní lena neart de bharr a dhílseachta do thiarna ar láidre é ná Fionn féin agus ná ilfhórsaí aduaine na págántachta. Ní san fhásach atá an phearsa thairseachúil seo feasta. Tá an seanduine truamhéileach seo, ar ghnáth leis riamh teorainneacha idir diminsin éagsula a thrasnú, tar éis léim mhíorúilteach a thabhairt agus an teora idir an seansaol págánach agus saol na Críostaíochta a chur de agus is intuigthe gur gearr go seolfar é isteach i réimse atá níos iontaí ná aon tír dhiamhair dár thug sé cuairt uirthi fós: Ríocht Dé. Más "fénnid cách go trebad",[59] is le teaghlach Dé a bhainfidh Caoilte feasta, rud a gcaitheann ráiteas Nagy faoin "gceannoscailteacht" a bhaineann leis an

[58] Féach Íseáia, 40:29: "Tugann sé neart don té atá tuirseach, / cuireann fuinneamh arís sa té atá lag". Féach, leis, an trách taireacht ag Victor Turner, antraipeolaí, ar an ról a bhíonn ag an té atá lag, nó suarach ar shlí éigin nó lasmuigh de chóras seasta na sochaí maidir le hathrú nó leasú chun feabhais a thabhairt i gcrích. Díol suime go luann sé áit na tairseachúlachta sa chreideamh Críostaí: "traces of the *passage* (seo tagairt do *rite de passage*) quality of the religious life remain in such formulations as: 'The Christian is a stranger to the world, a pilgrim, a traveler with no place to rest his head'" (*The Ritual Process: from Structure to Anti-Structure*, 106–11 go háirithe 107). Tréith chomónta ag saol na Féinne agus an saol Críostaí mar sin an tairseachúlacht, rud a chabhródh, is dócha, leis an gcoinbhéartú. B'fhéidir coinbhéartú Chaoilte a thuiscint mar *reintegration* (ibid., xi) – an tríú céim sa *rite* mar a chuireann Turner síos air: is é sin comhshnaidhmeadh Chaoilte leis an tsochaí (a bhfuil glactha aici leis an gCríostaíocht) tar éis tamaill fhada sa spás tairseachúil.

[59] Meyer, *The Instructions of King Cormac mac* Airt, 46, §31.10 (luaite ag Nagy, 'Fenian Heroes and their Rites of Passage', 164). Seo mar a aistríonn Nagy an frása sin: "everyone is a *fénnid* until he obtains a household" (ibid.). Mar seo atá ag Meyer: "Everyone is a roving warrior till he takes up husbandry". Féach, áfach, Murray, *The Early Finn Cycle*, 60, n. 26, mar a dtagraítear do léamh eile arbh fhéidir a dhéanamh ar an nath sin, dar le Seán Ó Coileáin: "Everyone is a champion until put to the test".

bhFiannaíocht, dar leis,[60] agus an léargas seo ag Marie-Louise Sjoestedt, dá dtagraíonn Nagy, solas air:

> An unduly neglected observation, first enunciated by Marie-Louise Sjoestedt ... is that the Fenian cycle dwells on the theme of transformation or transition – that is, on the nature of passage between opposed states or categories.[61]

Chonaiceamar cheana go ndearna pátrún "náisiúnta" nó uile-Éireann de Naomh Pádraig sna haoiseanna a lean a mhisean agus gur tugadh eaglaisigh agus *paruchiae* nár bhain leis go stairiúil faoina scáth agus faoi scáth Ard Mhacha ar chúiseanna éagsúla. Dealraíonn sé ón gcuntas ag Mac Cana ar an bhFiannaíocht sa tréimhse réamh-Normannach gur tharla a mhacasamhail sin de phróiseas i gcás na Fiannaíochta. Tá a fhios againn ó *Reicne Fothaid Canainne* agus ó iarsmaí fánacha eile, gurbh ann do thradisiúin eile Fiannaíochta seachas traidisiún Fhinn,[62] agus deir Meyer linn gur ligeadh na traidisúin scéalaíochta a bhain le fianna eile i ndearmad den chuid ba mhó, i bhfad na haimsire, de réir mar a tháinig bláthú ar thraidisiún Fhinn go dtí gur leath sé ar fud na hÉireann. Seo mar a deir sé:

> When Finn is once fully established in popular favour, all Ireland claims him as her own; pedigrees are invented for him that bring him into relation with almost all the provinces, with the most famous royal dynasties, and with Tara, until at last he becomes a national hero, and his *fiana* the *fiana Érenn*.[63]

Tagraíonn Mac Cana do phróiseas dá leithéid sin i gcomhthéacs mheon na heaglaise a bhí go mór i gcoinne chleachtadh na díbheirge agus ar bhain d'éagóir agus de pheacúlacht leis agus go ndearna siad nasc idir na díbheirgigh sin, b'fhéidir, agus pearsana ficseanúla na Fiannaíochta. Feiceann Mac Cana cosúlacht idir an comhréiteach a fuarthas maidir leis na deacrachtaí seo agus an réiteach a bhíonn uaireanta, dar leis, i saol ár linne féin ar an saorfhionntraíocht eacnamaíochta: "The solution for this martial free enterprise was the same as that often applied to modern

[60] Féach nóta 35.
[61] Sjoestedt, *Gods and Heroes of the Celts*, 81–91 (luaite in Nagy, 'Fenian Heroes and their Rites of Passage', 161–2).
[62] Meyer, *Fianaigecht*, xv agus 1–21.
[63] Ibid., xv. Tá léirithe ag Ó Muirigh ('Rangú Litríocht Mheánaoiseach na Gaeilge', 708–11) gurbh ann do thraidisiún láidir meánaoiseach a bhain le Fothadh Canainne agus go raibh páirt ag Fionn sa traidisiún sin. Tá sé den tuairim go raibh traidisiún Fhothaidh agus an ceann a bhain le Fionn neamhspleách ar a chéile ar dtús. Maíonn sé gur gá iniúchadh a dhéanamh ar an tslí ar tharla don dá thraidisiún a bheith fite le chéile ó ré na Sean-Ghaeilge ar aghaidh.

economic free enterprise: nationalisation".[64] Géilleann an Canach gur anacranas a bheadh ann labhairt faoi "náisiúnachas" sa tréimshe atá i gceist againn ach tá dealramh, dar liom, leis an áiteamh seo aige:

> D.A. Binchy has said of the Norse invasions that … 'they did evoke that sense of "otherness" which lies at the basis of nationalism', and … there can be little doubt that the events of the ninth century brought about a certain politicization of the cultural concept of nationality which coincided neatly with the (partial) historicization of the role of the *fiana* as the protectors of the land of Ireland. Moreover, this development more or less coincided in time with the propagation of the doctrine of the 'high-kingship' by which learned historians of the establishment sought to impose on behalf of the Uí Néill dynasty the notion that the king of Tara was of right the over-king of all Ireland; from the tenth century what has been described as a political fiction – 'the high-kingship' – had become virtually a historical fact. This was all part of a sequence of profound socio-political, cultural and religious change which extended from about the tenth century to the end of the twelfth, and one small element in this sequence of change was the nationalization of the *fiana*.[65]

Is léir gur pearsa "náisiúnta" é Caoilte san *Acallam*: siúlann sé Éire thuaidh, theas, thoir agus thiar, bíonn fáilte ag ríthe roimhe, aithnítear i ngach áit é mar fhoinse luachmhar seanchais agus mar údar ar an uile shaghas saíochta. Bronnann an t-aspal náisiúnta ardstádas air agus faomhadh dá réir ar an oidhreacht náisiúnta chultúrtha a thug sé leis agus cintíonn go mbeidh urraim don chultúr sin fad a mhairfidh Gaeil. Fágann sin indibhidiúlacht shuntasach ag an bhféinní – indibhidiúlacht a chruthaítear i múnla traidisiúnta na Fiannaíochta. Agus, ar ndóigh, cuireann Caoilte le stádas Phádraig chomh maith mar le dúchasú an naoimh. Is móide an dá íocón "náisiúnta" seo a gcomhthacaíocht.

Is féidir a rá faoi ról Chaoilte mar fhinné ar shaol na Féinne a roinneann na seanchuimhní atá aige le Pádraig agus le lucht na haimsire sin go gcomhlíonann sé a lán de na feidhmeanna a bhaineann leis an gcuimhne chomhchoiteann a dtragraíomar dóibh cheana.[66] Cuireann a sheanchas cruth ar an am atá thart atá inghlactha ag an naomh agus a chabhraíonn le féiniúlacht agus le féiníomhá mhuintir na hÉireann a shainiú. Trína chuairteanna ar fuaid Éireann uile, cuidíonn

[64] Mac Cana, '*Fiannaigecht* in the Pre-Norman Period', 98.
[65] Ibid., 98–9.
[66] Féach lgh. 5–9 *supra*.

Caoilte leis an bprótai-náisiúnachas díreach mar a dhéanann Pádraig féin a ndéantar aspal náisiúnta de. Bunaítear tuiscint chaoinfhulangach ar an saíocht réamhChríostaí, aithnítear an t-ionad tábhachtach atá aici i saol intleachtúil agus cultúrtha na hÉireann, agus leagtar síos aeistéitic a bhronnann dlisteanú ar an gcultúr sin gona phréamhacha réamhChríostaí. Baineann cuntas Chaoilte ar an bhFiann le haisling do na haoiseanna atá fós le teacht. Sainchomharthaí is ea na gnéithe sin de phobal atá lánmhuiníneach as féin.

3 Caoilte mar *Revenant*: Saíocht, Draíocht agus Ceol

Mar *revenant*, baineann Caoilte na hAcallmha le cineál ar leith pearsa a bhfeictear samplaí éagsúla di i seanlitríocht na Gaeilge. Má thugann sé air féin, dá réir sin, tréithe agus feidhmeanna a bhaineann i gcoitinne leis an bpearsa aircitíopúil sin, fós, baineann sainiúlacht lena phearsa agus lena ról san *Acallam*.[1] Déanfar iarracht anseo ar chuid dá mbaineann de thréithe agus d'fheidhmeanna comónta an *revenant* le Caoilte a chíoradh agus ar na sainghnéithe a bhaineann leis agus an ról sin aige a phlé agus a chur i gcomhthéacs na mórfheidhme atá aige mar fhile, mar shaoi agus mar idirghabhálaí tairseachúil. Mar bhuille scoir, déanfar iniúchadh ar 'Caoilte's Urn', laoi a thugann na snátha éagsúla sin le chéile go healaíonta.[2]

Is dóigh liom go bhféadfaí glacadh leis, maidir leis na tréithe seo a luann Emma Nic Cárthaigh le Fionntán Mac Bóchra, gur tréithe iad a bhaineann leis an *revenant* i gcoitinne: "(Fintan) indicates … that he is noble, well versed, wise, sensible, intelligent, eloquent, truthful, famous or aged".[3] B'fhéidir a chur leis sin, dar liom, gur pearsa lánúdarásach thairseachúil a sheasann lasmuigh den ghnátham saolta – nó a théann isteach agus amach as – a bhíonn i gceist, de ghnáth. Is é príomhchuspóir an *revenant* eolas nó *coimgne* a chur ar fáil. Eolas é seo ar a mbíonn an-tóir acu siúd a mhaireann san am i láthair, toisc é a bheith imithe as cuimhne na ndaoine nó ceilte orthu.

Léiríonn Eleanor Hull go bhfaightear scéalta faoi neacha fadsaolacha coitianta i dteangacha éagsúla ar fud an domhain agus luann samplaí ó na *Jataka* a bhaineann, dar léi, leis an gceathrú haois roimh Chríost. Díol suime é go nasctar an ghaois leis an bhfadsaolaí neamhchoitianta sna scéalta sin mar a dhéantar i scéalta na hÉireann.[4]

---

[1] Is é an téacs is sine ina bhfeicimid Caoilte agus ról an *revenant* aige ná: White, *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*, a measann White go bhféadfadh foinse san ochtú haois a bheith ag an leagan scríofa is sine de (ibid., 21). Sa scéal sin, filleann Caoilte ón mbás chun eolas a sholáthar faoi mharú Fhothaidh Airgdhigh. Tá fócas i bhfad níos leithne ag Caoilte in Power, 'Cnucha Cnoc os cionn Life': tráchtann sé ar an bhFiann, ar ríthe, ar chathanna éagsúla agus ar Phádraig agus tugann fáistine faoina bhás féin. Ní hamhlaidh a fhilleann Caoilte ón mbás sa scéal sin ach tá ar marthain i bhfad i ndiaidh aimsir na Féinne, faoi mar atá san *Acallam*.
[2] *DF* i, 34–45. Thart ar 1200 a cumadh é seo, dar le Murphy, *DF* iii, 36.
[3] Nic Cárthaigh, 'Surviving the Flood', 45.
[4] Féach Hull, 'The Hawk of Achill', 383–6 agus Power, 'Cnucha Cnoc os cionn Life', 40: tuigtear ó mhéid ábhalmhór Chaoilte go mbaineann sé le ré chianársa; bíonn flosc ar thaoisigh, ar fhilí agus ar aos ceoil ag iarraidh léargas a fháil uaidh ar stair agus ar sheanchas atá caillte le fada.

Mar gheall ar an aois mhór a bhíonn aige, agus mar gheall ar a cháil, is ea a thuilleann an *revenant* meas an phobail. Is móide an meas sin an taithí dhoshéanta a bhíonn aige ar na nithe agus ar na himeachtaí is ábhar don fhianaise a sholáthraíonn sé, rud a dhéanann finné iontaofa de i súile a lucht éisteachta.

Is mar fhinnéithe cianaosta a mhair le linn na haimsire lena mbaineann a gcuid scéalta a labhrann Fionntán Mac Bóchra agus Seabhac Acla. Cé nach róbhuíoch atá Fionntán den seabhac agus nach go rómhaith a chaith seisean le Fionntán tráth, aithníonn gach duine den bheirt sin an uaisleacht agus an t-ionracas a bhaineann leis an duine eile, agus go háirithe tábhacht an eolais atá acu beirt, agus a bheadh ceilte ar an saol murach iad. Is mar chomhartha measa a luann Fionntán aois mhór an tseabhaic i dtosach a n-agallamha agus tréaslaíonn an t-éan a fhadsaolaí agus a ghaois mhór le Fionntán:

> [Fintan]
> Ársaidh sin, a eoúin Accla . innis dúinn adbur t'echtra
> atá accam co séghda . h'acallam a hénbérla
>
> [In t-én]
> Gé thusa nochu n-óg ort . is fada ó do chael do chorp
> i nDún Tulchu fa ticc muir . a Ḟinntain, a Ḟir eóluigh.
>
> [Fintan]
> Relate now, O Bird of Achill,
> Tell us the substance of thy adventures;
> I am able finely
> To converse with thee in bird-language.
>
> [The Bird]
> Though there are no signs of youth upon thee
> It is long since thy body became shrunken
> In Dun Tulcra (*sic*) washed by the sea,
> O Fintan, O wise man.[5]

[5] Meyer, 'The Colloquy between Fintan and the Hawk', 24, §§1–2 agus Hull, 'The Hawk of Achill', 392, §§1–2.

Uaireanta, bíonn an *revenant* gar don bhás nó, go deimhin féin, faigheann sé bás tar éis dó a theachtaireacht a sheachadadh. Is gnáthach go bhfaightear léiriú ar laige nó ar uaigneas na seanaoise i scéalta dá leithéid. Seo mar a tharla do dhuine de lucht leanúna Bhrain chomh luath agus a leag sé cos ar thalamh na hÉireann:

> Amal con-ránic-side fri talmain inna hÉrenn, ba ló(i)thred fo chétóir amal bid i talam no-beth tresna hilchéta blíadna
>
> As soon as he touched the land of Ireland, he became ashes immediately as if he had been in the earth for hundreds of years.[6]

Labhrann Fionntán faoin gcumha atá ar a chroí agus deir gur mór an t-ionadh é bheith beo fós: "Mó iss inganta mo bheith beó . tainic ar mo chraidhe ceó [The greater the wonder that I am alive, / … Darkness came over my heart]",[7] agus deir arís: "crín anocht mo chalann chain [Tonight my beautiful body is old]".[8] De réir mar a claochlaíodh Tuán, agus a thug sé riochtaí éagsúla air féin, chuir sé an óige de agus tháinig críonnacht air arís agus arís eile. Seo mar a tharla, mar shampla, agus é i bhfoirm toirc: "Doluid críne form sa 7 ba toirrsech mo menma [Age came upon me, and my mind was sorrowful]".[9] Cuireann Seabhac Acla síos d'Fhiontán ar laige a bhuail é agus é críonna: "donínn scíth fa chorp in luin. fo thrí ocus fo chethair [I would get weary carrying a blackbird / Three or four times]".[10] Ní taise do Chaoilte é, a leagtar béim ar a aois mhór go minic san *Acallam* agus ar an gcumha atá air i ndiaidh na laethanta atá imithe. Is go "dubach domhenmnach" a bhíonn Caoilte agus a chomrádaithe nuair a fheicimid ar dtús iad.[11] Tugann Pádraig an scamall atá ar Chaoilte faoi deara agus comhairlíonn dó a aigne a dhíriú ar Dhia seachas ar na seanlaochra, rud nach furasta do Chaoilte a dhéanamh:

> IS annsin adub*airt* P*átraic* re C*áilte*: 'Is t*r*uagh in nuall cuma duitsiu b*eit*h marsin taréis t'f*é*indi, 7 ní haml*aid* sin is coir duitsiu do creidem do b*eit*h f*es*ta,' ar Pa*traic*, '*acht*, isin firDia *for*orda ro cruth*aig* nem 7 tal*main*.' 'Maith a anam, a naemclérigh, da mad aithníd

[6] Mac Mathúna, *Immram Brain*, 45 agus 58, §65.
[7] Meyer, 'The Colloquy between Fintan and the Hawk', 25, §3 agus Hull, 'The Hawk of Achill', 392, §3.
[8] Meyer, 'The Colloquy between Fintan and the Hawk', 29, §33 (liom féin an t-aistriúchán).
[9] Carey, 'Scél Tuáin', 102, l. 50 agus 106.
[10] Meyer, 'The Colloquy between Fintan and the Hawk', 39, §111 agus Hull, 'The Hawk of Achill', 401, §111. Is é tuiscint a bhainim féin as an méid seo ná go mbíodh ar an seabhac, agus é críonna, sos a ghlacadh go minic agus rud nach gcuireadh stró dá laghad air agus é óg á dhéanamh aige.
[11] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 9–10.

> duitsiu an Fiand dobérta g*r*ad doib in t*r*ath is misi is inmain let, ⁊ me ar taircsin mo luith ⁊ mo lámaigh.'
>
> Patrick said to Caílte at that time, 'Sad is your sorrowful lamentation for your departed *Fían*, but you should not trust in such things now, but in the true and glorious God who created heaven and earth.' 'Well, my holy cleric, if you had known the *Fían* you would love them as you love me, who has now become useless in martial skill and weapon-handling'.[12]

Mar gheall ar a aois, bíonn eolas ag an *revenant* ar nithe a chonaic sé féin, ach a bhíonn ceilte orthu siúd a mhaireann san am i láthair agus, dá réir sin, aithnítear gaois mhór a bheith ag baint leis. Cuirtear béim láidir ar an nasc idir fad saoil agus gaois i *Suidigud Tellaich Temra* nuair a dhiúltaíonn an cúigear saoi an bhreith a lorgaíonn an rí Diarmaid mac Cearbhaill orthu a thabhairt fad is atá duine atá níos sine ná iad féin ar fáil chun an cheist chasta atá ag déanamh buartha don rí a réiteach:

> Roráid iarum cech fer don chóicer sin a chuimne, ocus ba hed roráidset, ní bo dú dóib Temair cona tellach do chomroind heret nobeith a sindser ⁊ a n-aiti diblínib in nHérind re dáil an-echtair … (i.e. Fintan mac Bóchra).
>
> Then each of the five related what he remembered, and this was what they said, that it was not proper for them to partition Tara and its manor so long as their senior and fosterer in Ireland (i.e. Fintan mac Bóchra) were without the assembly.[13]

Is é Pádraig is túisce a aithníonn tábhacht an tsaibhris atá le tabhairt uaidh ag Caoilte, an seanfhear ionraic feasach a bhaineann le ré agus le saol atá imithe le fada ("uair nír' lucht coimhré na comhaimsire dóibh iatt [for they were not people of the same time as themselves])".[14] Cuireann sé ceist a sholáthraíonn deis do Chaoilte an tréith ab uaisle a bhain lena thaoiseach Fionn a léiriú agus príomhphearsa a scéil a chur i láthair i bhfilíocht mar *entrée en matière*:

> Dámadh ór in duille donn . chuiris di in caill
> dámad airget an gheal tonn . ro thidhluicfed Find.

[12] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3988–94; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 119.
[13] Best, *The Settling of the Manor of Tara*, 128–9, §6.
[14] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 62–3 agus Harmon, *The Dialogue of the Ancients of Ireland*, 2.

> Were the dark leaves gold, that the trees discard,
> And the white wave silver, Finn would give away all.[15]

Léiríonn an freagra sin agus freagra na ceiste eile ó Phádraig a leanann í go mbaineann féile agus uaisleacht leis an bhFiann i gcoitinne (mar gurb é Fionn barrshamhail agus ionchollú suáilcí na Féinne) agus tuigimid gurb é a eolas féin ar imeachtaí na mórlaochra sin a bheidh faoi chaibidil sa bhfianaise a thabharfaidh Caoilte ar an saol sin atá anois ligthe i ndearmad:

> ‘Cia ro choimét sibhsi mar sin,’ ar Pátraic, ‘in bar mbeath*aidh*?’ *Ocus* ro freacair Cáil*te* .i. ‘fírinde inár croidhedhaibh ⁊ nertt inár lámaibh, ⁊ comall inar tengthaib’.
>
> ‘What has kept you warriors alive for all these years?’ asked Patrick. Caílte replied, ‘The truth of our hearts, the strength of our arms, and the constancy of our tongues’.[16]

Is é a bheidh ina lán de scéalta Chaoilte ná léiriú ar na tréithe sin a bhain le Fionn agus leis an bhFiann i gcoitinne – daoine a raibh togha na haithne aige orthu agus a bhfuil stór fairsing eolais aige ar a ngníomhartha.

Mar gheall ar an saibhreas a bhíonn le roinnt ag an *revenant*, bíonn fáilte roimhe agus flosc orthu siúd a bhuaileann leis ag iarraidh an tsaíocht nach bhfuil le fáil ach uaidh sin amháin a chlos. Feicimid, mar shampla, an dúil mhór atá ag Fionntán san eolas atá le fáil ón seabhac: “Atú ar tí t’faicsina ríam [Thou that I have ever been fain to see]”.[17] Diúltaíonn Tuán ar dtús stairsheanchas na hÉireann a insint d’Fhinnia toisc gurbh fhearr leis éisteacht lena theagasc siúd ná dul i mbun scéalaíochta ar an Domhnach. Ní ghéilleann Tuán d’achainí an naoimh go dtí go mbagraíonn seisean agus a lucht leanúna troscadh a dhéanamh ina choinne.[18] Tar éis don rí Diarmaid mac Cearbhaill fáilte chroíúil a chur roimh Chaoilte agus Oisín, tógann Pádraig ceann den spéis mhór a léiríonn an rí i gcaint na seanlaochra agus faighimid an cuntas seo ar ábhar an tseanchais acu:

---

[15] Stokes, ‘Acallamh na Senórach’, ll. 116–17; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 6.
[16] Ibid., ll. 118–20; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 6.
[17] Meyer, ‘The Colloquy between Fintan and the Hawk’, 25, §4 agus Hull, ‘The Hawk of Achill’, 392, §4. Féach nóta 3.
[18] Carey, ‘Scél Tuáin’, 101, ll. 15–16 agus 105.

> Is annsin ro fersat fir Eirenn fáilti re Cáilte, ⁊ ferais in rí fáilte fo trí ris … Ní héitir a indissin na a aisneis neoch ro indissetar do denam dóib féin do morgnimaib gaile ⁊ gaiscid ⁊ do maithib na Féine, re táeb dindsenchais ca*ch* cnuic ⁊ ca*ch* ḟeraind ro ḟiarfaigetar fir Eir*enn* díb.
>
> Then the men of Ireland welcomed Caílte and the king gave him a triple welcome … It is impossible to relate the great deeds of valour and prowess that they and the other nobles of the Fian performed in addition to the place lore of every hill and region that the men of Ireland asked about.[19]

Ní hamháin go mbíonn tóir ag ríthe agus ag cléirigh naofa ar shaíocht agus ar ghaois Chaoilte, tagann an t-ardcheoltóir neamhshaolta, Cas Corach, chuige ag foghlaim "ḟessa ⁊ ḟíreolais" uaidh,[20] ainneoin go gceapfá go mbeadh eolas gan teora aige cheana féin, de bhrí gur de Thuatha Dé Danann é féin. Ní hamháin go bhfáiltítear roimh ghaois an *revenant*, ach mar gheall ar na cáilíochtaí speisialta a bhíonn aige, féachtar air mar bhreitheamh nó mar dhuine a bhfuil réiteach aige ar chruacheisteanna:

> Roferad failti mór re Findtan i tig midchuarta, ⁊ robo fáilid re cách a riachtain do cloistin a bríathar ⁊ a senchasa. ⁊ atrachtatar remi huile, ⁊ roráidset ris suidi hi cathair bretheman.
>
> A great welcome was given to Fintan in the banqueting house, and all were glad at his coming to hear his words and his stories. And they all rose up before him, and they bade him sit in the judge's seat.[21]

Fiafraíonn Diarmaid mac Cearbhaill de Chaoilte arbh fhearr Cormac mac Airt ná Fionn agus arbh fhearr Cairbre Lifeachair ná Oisín. Láithreach, tugann Caoilte breith údarásach i bhfilíocht, lena mbaineann *nuance* caolchúiseach, dar liom, á thabhairt le tuiscint de bharr an oird ina luaitear na pearsana sin gur fearr an chéad bheirt ná an tarna péire ach go bfhuil Cormac agus Fionn ar comhchéim mar atá Oisín agus Cairbre:

> Dar in Rígh ḟuil ós mo chinn . nír' ḟerr Cormac iná Find,
> 's nír' mesa Oisín co mblaidh . iná Cairbre Lifechair.

[19] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 2366–437 agus Harmon, *The Dialogue of the Ancients of Ireland*, 60–61.
[20] Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 98. Féach, leis, go mbailíonn lucht ceoil timpeall ar Chaoilte in Power, 'Cnucha Cnoc os cionn Life' ag éisteacht lena sheanchas (ibid., 40).
[21] Best, 'The Settling of the Manor of Tara', 128–9, §8.

> By the King who is above my head, Cormac was not better than Finn,
> Nor famous Oisín less than Cairbre Lifechair.[22]

Gné a bhfuil dlúthbhaint idir í agus an ghaois agus an fheasacht is ea an tairseachúlacht agus bíonn an ghné seo i gceist de ghnáth leis an *revenant*. Cuireann an saol a chaith an seabhac i bhfásach Acla saol, *locus operandi* agus filíocht na Féinne i gcuimhne dhúinn:

> Soillsi a haeóir caoimi a cúan . tess a fidbaidhe nach fúar
> torthaighe a sealg sáire a sreab . ocus úaignighe a hinber
> A Ḟinntain ni rabu ríam . áenadhaigh i nAccaill tíar
> nach fuighinn mo ṡáith lem threóir . d'iascc iss d'ḟiaduch is d'oisḟeoil.
>
> Lightsome its air, gentle are its havens,
> Warm are its thickets, they are not cold;
> Fruitful its chase, noble its streams,
> Lonesome its estuaries.
>
> O Fintan, never was there
> A single night west in Achill
> When I got not my fill by my vigour
> Of fish and wild game and venison.[23]

Áiteanna fiáine, sceirdiúla, leis, a chleacht Fionntán agus é seal ina éan, agus seal ina bhradán fáin sa bhfarraige, in inbhir, in aibhneacha agus i locha na hÉireann. B'amhlaidh leis do Thuán agus é i riochtaí éagsúla ag taisteal cnoic agus coillte na hÉireann ar feadh na gcéadta bliain.[24] Chaith Bran tamall mór fada ar fán ar an bhfarraige idir dhá shaol i ndiminsean osnádúrtha nárbh é am an tsaoil seo a bhí i réim ann. Bhain sé fós leis an saol eile sin nuair a d'fhill sé ar chósta na hÉireann, áit ar aithníodh é mar phearsa i seanscéal faoin saol a bhí imithe le fada agus mar fhinné

[22] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 2388–9; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 74. Féach gur aithin Fionn agus an Fhiann Caoilte mar dhuine arbh fhéidir muinín a chur ina bhreithiúnas, agus gur ghéill Fionn dó fiú nuair a chuir sé breith an bháis a thug sé féin i gcás Fhinn Bháin ar neamhní. (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1354–61).
[23] Meyer, 'The Colloquy between Fintan and the Hawk', 25, §§5–6 agus Hull, 'The Hawk of Achill', 393, §§5–6.
[24] Carey, 'Scél Tuáin'.

a bhí in ann faisnéis luachmhar a sholáthar. D'inis sé a chuid eachtraí agus d'imigh leis arís:

> Ad-fét íar sin Bran a imthechta ó thossuch cotici sin do lucht ind airechtais, ocus scríbais inna rundnu-so tre ogum, ocus celebrais dóib íar sin, ocus ní-fessa a imthechta ónd úair sin.
>
> Then Bran related all of his adventures from the beginning until that time to the people of the gathering, and wrote these quatrains down in Ogam; and thereafter he bade them well, and his adventures are not known from that time.[25]

Ón saol iarbháis – ó shaol eile na Críostaíochta – a fhilleann Cú Chulainn chun fírinne theagasc Phádraig a chruthú do Laoghaire.[26] In *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*, tagann Caoilte ar ais ón mbás chun cuntas ar mharú Fhothaidh Airgdhigh a thabhairt.[27] Scéalta iad seo ina dtrasnaítear an teora idir an saol seo agus an saol eile, d'fhonn deimhniú a thabhairt ar phointe a rabhthas in amhras faoi nó faisnéis a bhí ceilte a thabhairt chun solais. Gné shuntasach sna scéalta ar fad a luamar is ea ról lárnach an *revenant* mar fhinné tairseachúil ach lániontaofa agus ní taise do Chaoilte.

Uaireanta, baineann bua na fáistine leis an revenant. Ní hamháin go bhfuil Fionntán in ann eolas a sholáthar faoi chianstair na hÉireann, is féidir leis, chomh maith, léamh ar an am atá le teacht:

> Am mebrach-sa ém, ollse, i sreathaib senchusa hÉ*rend* indus robas indte cosin n-uair-se, 7 indus bether indti béos co bráth.
>
> "I remember truly," said he, "the progression of the history of Ireland, how it has been therein until now, and how it will be also until doom".[28]

Tá sé le tuiscint go mbaineann an bua seo le Tuán, leis: "robsa fáith [I was a prophet]".[29] Ar ndóigh, bua é seo a bhfuil nasc doscaoilte idir é agus bua na

[25] Mac Mathúna, *Immram Brain*, 45 agus 58, §66.
[26] Best agus Bergin, 'Siaburcharpat Con Culaind', ll. 9220–565.
[27] White, *Scél as-a m:Berar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*, 73–4 agus 80–1. Is ón uaigh, leis, a thugtar Fergus chun scéal *Táin Bó Cuailgne* a bhí ligthe i ndearmad a thabhairt d'fhilí Éireann (*LL* v, l. 32892).
[28] Best, 'The Settling of the Manor of Tara', 138–9, §13.
[29] Carey, 'Scél Tuáin', 102, l. 74 agus 106.

filíochta,[30] dhá bhua a bhaineann go follasach le Caoilte agus le Fionn. Féach go maíonn Caoilte go raibh a fhios aige féin agus ag an bhFiann go dtiocfadh Pádraig go hÉirinn. Is trí fháidhiúlacht Fhinn a fuair siad an fios sin, agus ní miste a rá nach minic a fheicimid Caoilte ag tabhairt réamheolais ar rudaí atá le teacht san *Acallam*.[31] Ach fillfimid arís ar an bpointe seo.

Féachaimis anois ar na gnéithe sin a thaispeánann gur leagan nuálach, sainiúil de ról an *revenant* atá i gceist i gcás Chaoilte san *Acallam*. Ar an gcéad ásc, b'fhéidir a áiteamh nach mar a chéile is ceart an téarma *revenant* a thuiscint sna cásanna éagsúla ar thugamar spléachadh orthu seo go dtí seo. Tagann Cú Chulainn, Fergus agus Caoilte (in *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*) ar ais ón mbás chun a dteachtaireachtaí a thabhairt. Filleann Bran ar shaol an daonnaí tar éis dó bheith i ndiminsean neamhshaolta eile. Ach ní filleadh atá i gceist i gcás Fhiontáin cé go raibh sé tamall fada ina chodladh; ní fhilleann Seabhac Acla ná Tuán: is amhlaidh a bhí siadsan fadsaolach – chomh fadsaolach sin gur bhain siad le haoiseanna éagsúla atá imithe gan tuairisc agus go bhfuil siad, dá bhrí sin, ina dteachtairí ós na haoiseanna sin. Ach oiread leo sin, ní thagann Caoilte na hAcallmha ar ais ón uaigh agus is cóngaraí, mar sin, a chás do chás an triúir sin. Saghas ar leith *revenants*, mar sin is ea an ceathrar sin.[32] Níl Caoilte in aon ghaobhar, áfach, do bheith chomh críonna leis an mbeirt eile agus, murab ionann is iad, ní labhrann sé ach faoi ré amháin .i. aimsir Fhinn agus na Féinne. Fócas níos cúinge atá ag Caoilte, mar sin, ainneoin gur fairsingí go mór an t-eolas a thugann sé uaidh ná mar a dhéanann éinne eile de na *revenants* a luamar. Is fiú, b'fhéidir, féachaint ar cheist na hinchreidteachta a d'fhéadfadh a bheith i gceist i gcás spriocphobal na meánaoise anseo. Má chuimhnítear gur ceapadh gur céad fiche bliain d'aois a bhí Pádraig nuair a cailleadh é,[33] ní bheadh sé dochreidte ar fad, b'fhéidir, go bhféadfadh na seanlaochra bheith beo fós in aimsir Phádraig.[34] Féach

[30] Nagy, *The Wisdom of the Outlaw*, 21–5. Féach, leis, Ó hÓgáin, *An File*, 15 agus Henry, *Saoithiúlacht na Sean-Ghaeilge*, 41.
[31] Tugann Caoilte réamheolas ar a bhás féin, áfach, in Power, 'Cnucha Cnoc os cionn Life', 44, §63. Féach nóta 1.
[32] Féach *Oxford Dictionary of Englis*h (Third Edition, 2010), s.v. *revenant*: "a person who has returned, especially supposedly from the dead".
[33] Stokes, *Tripartite Life*, i, 258–9.
[34] Féach Carey, '*Acallam na Senórach*: a Conversation between Worlds', 79: "Some passages suggest that two or three generations have passed since the disbanding of the *fian*". Tugtar le tuiscint go raibh

go raibh an daonnachtaí, Seathrún Céitinn toilteanach, timpeall le cúig chéad bliain níos déanaí, géilleadh don traidisiún a bhain le Tuán mac Cairill agus le Caoilte.[35] Ach mar atá léirithe ag John Carey, baineann údar na hAcallmha úsáid an-samhlaíoch as coincheap an ama ina shaothar sa tslí nach miste do léitheoir na linne seo ceann a thógaint den tsolúbthacht chruthaitheach a bhaineann leis an gcoincheap sin aige. Dá réir sin, is mar theachtaire ó dhiminsean ama na Féinne nach féidir talamh slán a dhéanamh de gurb ionann é agus an t-am in aimsir Phádraig mar a chuirtear i láthair san *Acallam* é, is ceart, dar liom, féachaint ar Chaoilte ar an gcéad ásc.[36] Ach bhí Caoilte in ann dul isteach i ndiminsean ama eile fós in imeacht na hAcallmha, agus in aimsir Fhinn .i. diminsean neamhbhásmhar Thuatha Dé Danann. Fágann sin, measaim, gur mór idir ról an *revenant* i gcás Chaoilte agus an ról sin i gcás éinne de na *revenants* eile a ndearnamar iniúchadh orthu.[37] Ciallaíonn sé seo chomh maith go mbaineann iltairseachúlacht leis sa mhéid go mbaineann sé leis an teora idir domhan na Féinne agus an sí, agus idir an dá dhiminsean sin agus an saol lena mbaineann Pádraig agus an pobal a bhfuil sé ag saothrú ina measc. Ní hamháin go gcuireann sé domhan na Féinne i láthair a lucht éisteachta ach tugann sé iadsan agus an t-aos sí i láthair a chéile. Is dóigh liom go gcabhraíonn an méid seo ag Barbara Adam linn tús tuisceana a bhaint as ceist chasta seo an ama san *Acallam*:

> The mythological stories operate simultaneously at three different temporal levels: the human level, which includes both individuals and society, the cosmic level of stars, planets and the universe, and the spiritual level which encompasses the otherworld of deities and dead spirits, heaven and hell, paradise and nirvana. It is the human level which is the most

muintir na linne fadsaolach: buaileann Caoilte le lánú atá dhá chéad bliain d'aois agus a bhain le seanmhuintir Chairbre Lifeachair (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1874–8).

[35] Céitinn, *Foras Feasa ar Éirinn*, iv, 150–3: "ní abraim nach raibhe duine críonna cianaosda ann ria dteacht Phádraic go hÉirinn, agus gur mhair sé iomad do chéadaibh bliadhan, agus gach nídh budh cuimhneach leis gur fhaisnéidh do Phádraic é … agus measaim go raibhe a shamhail sin do sheanóir ann d'á ngairthí Tuan Mac Cairill do réir droinge re seanchus, agus do réir droinge eile Ruanus, eadhon Caoilte mac Rónáin, do mhair tuilleadh agus trí chéad bliadhan, agus do nocht mórán seanchusa do Phádraic, amhail is follus i n-Agallaimh na Seanórach". Díol suime leis, measaim, na cúiseanna atá aige le diúltú do scéal Fhiontáin: de réir theagasc na heaglaise, níor tháinig slán ón díle ach Naoi agus a mhuintir a bhí san áirc, agus dá mairfeadh Fionntán chomh fada sin, a deir sé, bheadh cuntas air ag daoine éagsúla ar fud na hEorpa (ibid., 146–50). Féach, leis, Nic Cárthaigh, 'Surviving the Flood', 62–3 agus Power, 'Cnucha Cath os Cionn Life', 55, n. 54, mar a dtagraítear d'fhoinsí éagsúla ina luaitear aois an-mhór a bheith ag baill den Fhiann. Dar le Caoilte, 230 bliain d'aois a bhí Fionn nuair a fuair sé bás (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 537–9).

[36] Féach Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 226, n. 5, mar a gcuirtear in iúl gur comhartha is ea méid na seanlaochra go mbaineann siad le ré eile nó leis an saol eile.

[37] Féach an plé a dhéanann Carey ar chastacht cheist an ama san *Acallam*, in '*Acallam na Senórach*: a Conversation between Worlds', 76–89. Tarraingíonn Carey aird *inter alia* ar an neamhsheasmhacht a bhaineann leis an léiriú a dhéantar ar aois Chaoilte: "while Caílte repeatedly bemoans the feebleness of his old age, he is still unequalled in feats of strength and skill" (ibid., 79).

> explicitly bound by the finitude of earthly time. The cosmic level is marked by cycles of eternal return and renewal, while the spiritual level is beyond time – it precedes and transcends earthly time. Meaningful life, the myths suggest, is one that is integrated into these three realms of being and that manages to connect the associated times of existence.[38]

Dá réir seo, b'fhéidir a rá gurb é Fionntán is fearr ar na samplaí atá feicthe againn a fhreagraíonn do na "cycles of eternal return and renewal" mar gheall ar a athionchollú i riocht ainmhithe, iasc agus éan. Tacaíonn an méid a insíonn Fionntán faoin "cráeb thoraidh" a thug Tréfhuilngid leis go hÉirinn le téama seo na hathnuachana.[39] Baineann am an tsí – an t-am nach dtéann caitheamh air – leis an leibhéal spioradálta, is dóigh liom. De bhrí gur naomh a mbaineann cumacht leathdhiadha leis é Pádraig, agus gur i ndlúthpháirtíocht leis atá Caoilte, is intuigthe go mbeadh siadsan ag feidhmiú i ndiminsin éagsúla agus nach mbeidis teanntaithe ag "the finitude of earthly time".

Is iomaí cath agus aighneas a gcuireann Caoilte síos orthu san *Acallam*, ach feictear dom go dtéann an ról atá aige mar idirghabhálaí idir domhan págánach na Féinne agus an Chríostaíocht i bhfeidhm ar an léiriú a dhéanann sé ar na himeachtaí sin do Phádraig agus dá lucht comhaimsire. Má chuirtear scéalta Chaoilte i gcomparáid le cuntas Sheabhac Acla ar na cathanna fuilteacha atá feicthe aige féin, feicfear gur minic gné an uafáis a bhaineann leis an gcogaíocht agus leis an marú maolaithe go mór ag Caoilte. Baineann ardréadúlacht, áfach, le cuntas an tseabhaic sna línte seo, mar shampla:

> Tarrla chucum-sa cenn Cet . tar éis a ghona 's a ghlecc
> do bud grim dásachtach dhamh . tarmmuirt a ṡúil mo thachtadh
>
> Do chaithius fa hanba a mét . corpán Monodhair meic Cécht

[38] Adam, *Time*, 18. Caitheann an méid seo ag Brisson faoi phearsa mhiotasach na litríochta clasaicí, Teiresias, solas ar cheist na ndiminsean ama i gcás Chaoilte agus na *revenants* eile a luamar: "(la) double médiation entre le présent et le passé, et entre le présent et le futur constitue l'une des caractéristiques essentielles de la divination. Par définition, le devin transcende les divisions temporelles primordiales: passé, présent et futur. Pour lui, passé, présent et futur se télescopent, puisqu'il considère le temps d'un point de vue intemporel: celui des dieux … la longue vie de Tirésias, qui s'étend sur sept générations … (lui permet) de jouer ... le rôle de médiateur entre les générations … cette longévité s'accorde parfaitement avec son statut de devin" (*Le Mythe de Tirésias*, 43).

[39] Meyer, 'The Colloquy between Fintan and the Hawk', §§33, 68 agus 82–84, agus Vendryes, *Airne Fíngein*, ll. 44–66.

fúarus mór corp druimm ar dhruimm . ó láim choscuraig Chonuill.

The head of Cet fell to me
After his wounding and his struggle;
It was for me a desperate mouthful,
His eyes were like to choke me.

I ate, enormous was his size,
The body of Monadhar mac Cecht;
I found many bodies back to back,
From the victorious hand of Conall.[40]

Is mór idir cur chuige an tseabhaic maidir lena chuntas ar na heachtraí scanrúla uafásacha seo agus an cruth a chuireann Caoilte, Críostaí agus fear taca Phádraig, ar scéal Gharaidh agus mná na Féinne.[41] Ag tagairt dó do leagan déanach de scéal Garaidh,[42] deir Carey: "the story of Garad Mac Morna and the women of the *fian*, elsewhere portrayed as a misogynistic massacre, is here transformed (at some cost to narrative clarity) into an exemplary narrative of prudent self-restraint".[43]

Chonaiceamar cheana go mbaineann gnéithe na tairseachúlachta agus na fáistine go minic le pearsa an *revenant* mar aon leis an ngaois a fhágann ardstádas breithimh nó teagascóra den chéad scoth aige. Is dóigh liom go mbaintear cor nua as na téamaí seo i gcás Chaoilte a chuireann le sainiúlacht a róil mar *revenant*. Ach is i gcomhpháirtíocht le Pádraig agus a aingil choimhdeachta a chomhlíonann sé an ról sin: cuirtear ráiteas na tairngreachta i mbéal an naoimh ach is é Caoilte a sholáthraíonn an t-ábhar fáidhiúil.[44] Is í an ghné is suntasaí agus is nuálaí, dar liom, a bhaineann le feidhm fháidhiúil Chaoilte ná an chaoi a dtiomnaíonn sé – i bpáirt le

[40] Meyer, 'The Colloquy between Fintan and the Hawk', §§92–93 agus Hull, 'The Hawk of Achill', 399, §§92–93.
[41] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1364–468.
[42] Gwynn agus Lloyd, 'The Burning of Finn's House'.
[43] Carey, '*Acallam na Senórach*: a Conversation between Worlds', 77. Féach, leis, Connon, 'The Roscommon *Locus* of *Acallam na Senórach*', 39–40; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 234, n. 43.
[44] Cé gur i mbéal an naoimh is minice a bhíonn an tairngreacht, féach go bhfuil an bua sin ag Caoilte é féin chomh maith: Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 7533–7; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 210: '"tre breith[ir] naemP*átraic* comṁbia oll*amnacht* Éir*enn* aicci (.i. ag Cas Corach) fa dered, ⁊ cuirfid T*úaith* dé D*anann* ind-étnaib cnocc ⁊ carrac *acht* muna ḟaice trú tadhal tal*man* do thaidbsi, *acht* madh in t-airfidech so' ['Through the decree of holy Patrick he (i.e. Cas Corach) will eventually be the Chief Sage of Ireland. Patrick will put the *Túatha Dé Danann*, except for this minstrel, into the steep slopes of hills and rocks, though you may occasionally see, in an apparition, one of the doomed visiting earth']".

Pádraig – caighdeán aeistéitice comhaontaithe do litríocht na Gaeilge, caighdeán a mbíonn glacadh, ní hamháin ag ríthe agus ag eaglaisigh chomhaimseartha araon leis, ach a sheasóidh ina ndiaidh go brách. Léiríonn an abairt sin a chloisimid arís agus arís eile ó Phádraig faomhadh an chaighdeáin aeistéitiúil sin: "Adrae b*uaid* ₇ b*ennach*t, a C*háilte*".[45]

Ní féidir géilleadh do Chaoilte nuair a deir sé le hUaine iníon Fhéil mhic Dhuibh nach file é féin: "Ní fer-dana missi ám [I am certainly not a poet myself]".[46] Bréagnaíonn an scéal a insíonn Caoilte faoin teagmháil a bhí idir é féin agus an bhean sin an cuntas seo aige air féin nuair a fheicimid gurb é an t-aon duine é ar féidir leis an leathrann a thugann sise uaithi a chríochnú agus a mhíniú don lucht éisteachta. Níl i mbua seo na filíochta ag Caoilte ach gné amháin den tsaíocht a bhaineann leis. Tugann Daithí Ó hÓgáin léargas ar an ildánacht a bhí i gceist riamh leis an tuiscint ar bhua na filíochta i dtraidisiún na Gaeilge agus is léir go mbaineann buanna ildánacha le Caoilte san *Acallam*. Léiríonn sé arís agus arís eile an spontáineacht agus an sárchumas cainte, a luann an tÓgánach, nuair a chuireann sé a lucht éisteachta faoi dhraíocht le feabhas a chuid scéalaíochta.[47] Cé gur buanna iad seo a bhaineann le filí go minic, is cuma cén teanga atá i gceist, is leithne ná sin réimse na gcáilíochtaí atá i gceist i gcás Chaoilte. Is maith a oireann an cuntas seo ag an Ógánach ar an intinn fhileata do Chaoilte:

---

[45] Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 261 *et passim*.

[46]Ibid., l. 3259 ; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 99 agus 239, n. 99. Is é is dóichí gur le teann uirísleachta a deir Caoilte an méid seo mar ní gnáth leis bheith maíteach; féach, mar shampla, go ndiúltaíonn sé glan don ardmholadh ag lucht an tsí air féin nuair a chuireann siadsan i gcomórtas le Fionn é: '"ní ḟaccamar-ne riam óclach bud ḟerr anaissiu ar tonnchlar in tal*man*, ₇ dar lind nír' ḟerr Find féin anáissiu.' 'Truag, no sin!' ar Cail*te*, 'damad hé Find do chífed sibsi dob*ér*adh sibh in drong daenna uile ina ḟaisneis' ['Never have we seen on the surface of the world a better warrior than you. It seems to us that not even Finn was better than you.' 'Sad is that then!' said Caílte. Had you seen Finn you would have lost interest in all the rest of mankind']" (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 7246–50; Dooley agus Roe, 203). Féach chomh maith go ndeir Caoilte le hIlbhreac nárbh fhearr é féin i mbun lámhaigh ná laochra eile na Féinne (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1650–3). Luaitear an neamh-mhaíteacht leis chomh maith i gceann de lámhscríbhinní na bProinsiasach: Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 901–3 ; Dooley agus Roe, *Tales of the* Elders, 29: '"ro mharb óclach don F*héinn* (Líath na tri mbenn), ₇ as mise in t-ócl*ach* (í sein, ₇ ní da bladh b*reithr*i ad*er*im sin', ar C*áilte* – *Fr.* 13[b)] ['a warrior of the *Fian* killed him (i.e. 'The Grey One of the Three Points'). I was that warrior, and I do not say it to boast']".

[47] Féach Ó hÓgáin, *An File*, 5–15, mar a luaitear an spontáineacht, an deisbhéalaí, bua na cainte, an líofacht, eolas ar sheanchaint agus ar "chruachaint" i measc saincháilíochtaí na bhfilí. Is léir go mbaineann gach ceann acu sin le Caoilte. Tá an méid a deir Ó hÓgáin faoi fhilí a bheith ag freagairt a chéile i "ndubhfhocail dhiamhara" (ibid., 21–2) *ad rem* anseo .i. go mbíonn baint ag a leithéid le "hionannú na filíochta agus an fheasa".

> Bhí … bua faoi mar a bheadh spontáineacht dhiamhair san fhile chun gach saghas tuisceana agus gach saghas foghlama. Tá sé le tuiscint … go bhfuil intinn an fhile faoi mar a bheadh taiscumar eolais agus go mbíonn an file ábalta ar lear den eolas sin a scaoileadh amach nuair is maith leis.[48]

Cé gur minice a shamhlaítear an fios diamhair seo le Fionn, baineann an bua sin le Caoilte chomh maith agus cuireann sé chun tairbhe é de réir mar is gá. Féach, mar shampla, gur ghairid an mhoill air uisce an bhaiste a aimsiú do Phádraig, uisce a bhí folaithe ar chách ach air fein,[49] agus gur aithin sé láithreach na luibheanna a thug Oisín dó ar ócáid eile:

> Lán duirn do bhiror $_7$ fothl*acht* búi i láim Oisín tuc a láim Cáilti. 'Biror $_7$ fothlacht na Flesce so,' ar Cáilte.
>
> Oisín gave the bunch of watercress and of brooklime that was in his hand to Caílte. 'This is watercress and brooklime from the Bright Flesk,' said Caílte.[50]

Cuid shuntasach den bhua seo is ea an fháidhiúlacht agus léiríonn Caoilte an fhéith seo a bheith ann féin, mar shampla, nuair a dhéanann sé an deireadh a bheidh leis an bpiast a gineadh as inchinn Mhes Gegra a thuar.[51] Bua osnádúrtha is ea bua ilghnéitheach seo an fheasa ag Caoilte. Seo mar a chuireann Ó hÓgáin síos ar an tuiscint a bhí ar an ngné seo i dtraidisiún na Gaeilge:

> Mar bhua nár bhain leis an saol seo a tuigeadh an bua a bhí ag an bhfile riamh anall sa tsibhialtacht Ghaelach. Bhí feidhm an fhile measctha le feidhm an draoi ag tréimhse an-luath ar fad – sa tréimhse Ind-Eorpach féin, de réir gach dealraimh.[52]

---

[48] Ó hÓgáin, *An File*, 6. Féach *Corpus Iuris Hibernici*, ii, 348.25-31: "suad filed, .i. i*n* sui file da fursan*n*adand *nó* da faillsigend imad a sofesa *co n*denand rand can smuained, int oll*am* fil*ed* iarna uirdned [ag rig tuath] .i. do fuarascaib a soas [The chief poet, i.e. the learned poet who explains or demonstrates the great extent of his knowledge who composes a quatrain without thinking, the *ollam* after his appointment by the king of a *tuath*, i.e. that is who displays his knowledge]" (liom féin an t-aistriúchán).
[49] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 84–90.
[50] Ibid., ll. 2368–9.
[51] Ibid., ll. 2393–8.
[52] Ó hÓgáin, *An File*, 15. Féach an méid seo, leis, ag Henry, *Saoithiúlacht na Sean-Ghaeilge*, 41: "Bua fáistine is minice á lua leis na draoithe, rud is léir ó na hainmneacha *propheta* agus *magus* orthu". Caitheann an méid seo ag Henry (ibid., 42) solas ar an lé atá ag Caílte agus ag an bhFiann i gcoitinne leis an dúlra, dar liom: "Cuireann an seanchas faoi Mhug Ruith abhaile orainn cé chomh dlúth is a bhí baint an draoi leis an dúlra".

Ní hamháin go bhfuil gaol speisialta ag Caoilte le Tuatha Dé Danann, tá ardmheas ag lucht an tsí air agus fáiltíonn siad roimhe mar cheannaire agus mar fhuascailteoir arb airde a chumhacht diamhair ná a gcumhacht féin. Tá comhthreomhaireacht fhollasach, dar liom, idir marú an éin neamhshaolta, a raibh eirleach á dhéanamh aige ar lucht Shí Easa Rua, agus an t-éacht a rinne Fionn nuair a shábhail sé Teamhair agus é fós ina bhuachaill óg.[53] Mar gheall ar an stádas seo atá ag Caoilte, ní hionadh ar bith eisean a bheith eolach agus inniúil ar dhraíocht – an ealaín sin arbh iad Tuatha Dé Danann na máistrí aitheanta uirthi.[54] Mar gheall ar thábhacht na Críostaíochta san *Acallam*, is dócha, ní chuirtear draíocht Chaoilte chun tosaigh rómhór,[55] ach fós feicimid roinnt samplaí follasacha di agus bíonn blas na draíochta ar mhórán mór de na gaiscí a dhéanann sé. Dealraíonn sé go bhfeictear d'Eochaidh Leithdhearg, rí Laighean, go mbaineann draíocht speisialta le gaibhneacht Chaoilte nuair a iarrann sé air "feth fithṡnaissi [a magical finish]" a chur ar a shleá, rud a dhéanann Caoilte dó le fonn.[56] Is minic an lámh in uachtar aige ar neacha a mbaineann cumhacht osnádúrtha leo agus ba dheacair a shamhlú gur trína chumas daonna amháin, dá fheabhas é, a bhíonn an bua aige. Agus é ina sheanfhear, maraíonn sé an "Mhuc tṠlángha" – ainmhí doghonta lena mbaineann cumhacht

[53] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1628–53 agus 1676–1761. Déantar an dá eachtra a nascadh nuair a bhronnann Ilbhreac an tsleá lenar mharaigh Fionn namhaid neamhshaolta Theamhrach ar Chaoilte tar éis dó an t-éan a mharú. Tá cosúlacht idir na heachtraí seo agus an eachtra ina maraíonn Caoilte, Cas Corach agus Fear Maise mac Eoghabhail trí fhiach nach raibh cosaint ag muintir Shí Easa Rua orthu le fada roimhe sin (ibid., ll. 7045–71). Tá gaol Chaoilte le lucht Shí Easa Rua inchurtha leis an gcaidreamh a bhí ag fuascailteoir mór eile le Tuatha Dé Danann – Lugh, sa mhéid gur ón taobh amuigh a thagann siad araon chucu agus go dtugann Tuatha Dé Danann ceannasaíocht dóibh beirt san am is géire a ndainséar ó naimhde atá rómhaith dóibh. Ar ndóigh, ar nós Fhinn nuair a mharaigh sé Ailléan, is le cabhair na draíochta a éiríonn leis an mbeirt fhuascailteoir eile an bua a bheith acu ar na hócáidí sin.

[54] Féach Stokes, 'The Second Battle of Moytura', 56–7, §1: "[B]at*ar* Tuathai De Danonn i n-indsib tuasc*er*tachaib an dom*uin* aig foglaim fesa ⁊ fithnas*acht*a ⁊ druide*cht*ai ⁊ amaid*echt*ai ⁊ amains*ech*ta, combtar f*or*tilde f*or* suthib c*er*d ngentl*icht*æ [The Tuatha De Danonn were in the northern isles of the world, learning lore and magic and druidism and wizardry and cunning, until they surpassed the sages of the arts of heathendom]".

[55] Tá léiriú ar an teannas idir an Chríostaíocht agus ealaín phágánach in úsáid na haidiachta "gentl*icht*æ" ag tagairt do dhraíocht Thuatha Dé Danann san abairt a luaitear i nóta 54 thuas.

[56] Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 4894; Dooley agus Roe 136. Bhí an fhithnasacht ar cheann de na healaíona a bhain le Tuatha Dé Danann, mar atá feicthe againn (nóta 54); féach *DIL* s.v. *fithnais* "apparently some kind of sorcery or malefic magic". Féach *DF* ii, 2–15, mar a bhfeicimid go dtuilleann Caoilte/Daolghus meas na gceardaithe neamhshaolta mar gheall ar a fheabhas is a oibríonn sé ina gceárta. Féach, leis, Mac Cana, *Celtic Mythology*, 32–5, mar a dtráchtar ar ardstádas cheard na gaibhneachta sa mhiotaseolaíocht Cheilteach. Féach leis Eliade, *The Forge and the Crucible*, 97–108, mar a gcuirtear síos ar an nasc idir ceird mhisteach an ghabha agus an seamanachas, an leigheas, an ceol agus an fhilíocht. Féach, chomh maith, an ceangal a dhéantar idir an ghaibhneacht agus ealaín an fhile agus saothar an bhreithimh (aistrithe ag Bergin mar "critic") in Bergin, 'The Empty School', 159–60 agus 286, §§4–8.

osnádúrtha.[57] Tá blas na draíochta ar a chumas reatha,[58] bua trína bhfuasclaíonn sé a chompánaigh ó mhórdhainséar nuair a fhreagraíonn sé dúshlán thar ceann na Féinne, in éineacht le hOisín agus Diarmaid, agus nuair a bhuann sé ar an "amuit chailligi corrluirgnigi círdhuibhi [bow-legged, jet-black hag of a witch]" sa rás.[59] Tá eolas ar luibheolaíocht aige, mar a oireann do shaoi agus úsáideann sé an bua speisialta seo chun luibheanna draíochta a aimsiú agus a úsáid chun leasa beirte ban a raibh a bhfir chéile chun iad a dhíbirt ar mhaithe le mná eile.[60]

Saoi é Caoilte a bheireann dea-chomhairle go neamhspleách neamheaglach mar a dhéanfadh breitheamh fónta, mar a chonaiceamar cheana i gcás na cabhrach a thugann sé do mhuintir Shí Easa Rua. Comhairle mheasarthachta a chuireann sé ar Fhionn nuair a theastaíonn a leithéid, mar a léiríonn eachtra Fhinn Bháin ar thug Fionn ordú a mharaithe go taghdach. Cuireadh an bhreith sin ar ceal, áfach, agus cinntíodh síocháin idir lucht tacaíochta Fhinn Bháin agus muintir Fhinn mhic Cumhaill nuair a cuireadh an scéal faoi bhráid Chaoilte agus beirte eile den Fhiann a raibh teist na gaoise orthu chomh maith.[61] Is mar fhear comhairle agus mar fhear

[57] Seo mar a deir Caoilte féin linn faoin muc seo "ní ḟetait coin na dáine ní di [neither dogs nor men can harm her]" (Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 2220; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 68). Cuireann eilimintí eile sa chur síos ar an muc a nádúr neamhshaolta in iúl: a méid neamhghnách (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 2231–4), an chuma fhíochmhar atá uirthi agus an eagla a bhraitheann laochra na Féinne féin roimpi (ibid., ll. 2224–8).

[58] Ibid., ll. 1614–15 agus Harmon, *The Dialogue of the Ancients of Ireland*, 42: "Luid Finn d'imluad an eich duibh . gusin tráigh ós Berramuin, / is teichimse dí fo trí . or baam luaithi aná gach ní [Finn tested the black horse on the strand beyond Berramain / three times I drew away from him because I was faster than anything]".

[59] Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 3963; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 118. Féach an plé atá ag Nagy ar mhóitíf an dúshláin reatha le céile comhraic atá "female, old, and magical or druidic – characteristics that the volatile challenger shares with Finn's fosterer Bodbmall" (*The Wisdom of the Outlaw*, 106–7). Féach, leis, Meyer, *Cath Finntrágha*, lch. x, mar a maítear gur iasacht ón Rúraíocht is ea an traidisiún gur rugadh Caoilte do Shí, deirfiúr Fhinn, tar éis di siúd rás a rith i gcoinne chapall an rí. Féach Gilla in Chomded, 'A Rí Richid reidig dam', *LL* iii, ll. 18089–98. Luann Nagy an chosúlacht idir scéal Mhacha i *Noínden Ulad* agus an scéal faoi bhreith Chaoilte. Deir sé (*The Wisdom of the Outlaw*, 96): "these women (i.e. Sí, máthair Fhinn agus mná áirithe eile san Fhiannaíocht) … are both human and supernatural or they are both human and animal", rud a mhíneodh, is dócha, an cumas neamhchoitianta a léiríonn Caoilte maidir le hainmhithe a ionramháil agus a smachtú (Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 3615; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 110: "ro tinóilius dom rith . lánam*ain* gach fiadha ar bith [A pair of each beast I captured in my run]". Féach, leis, *DF* i, 20–21, mar a bhfaightear cuntas níos iomláine ar an ngaisce áirithe sin a rinne Caoilte nuair a thiomsaigh sé ainmhithe agus éin fhiáine agus sheol le chéile iad go Teamhair.

[60] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 952–95; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 31. Lusanna "sídhe sainemhla [fine magic herbs]" .i. luibheanna a raibh cumhacht draíochta ag baint leo, a bhailigh Caoilte ar an ócáid seo.

[61] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1347–61. Féach go gcuirtear síocháin ar bun idir Diarmaid mac Cearbhaill agus mic Bhrógáin tar éis do Chaoilte a ladar a chur isteach sa scéal. Is amhlaidh a bhí siadsan ag creachadh na dúiche agus iad ar a gcoimeád de bharr aighnis idir iad agus an rí (Power, 'Cnucha Cnoc os cionn Life', 40).

molta rí a fheicimid Caoilte nuair a bhronnann sé faomhadh ar Uaine i láthair rí Uladh mar gheall ar a shaibhreas siúd a bhronnadh.[62] Dhá mhórfheidhm iad seo a bhain leis na filí proifisiúnta sna céadta a lean am ceaptha *Acallam na Senórach*.[63]

Tá áit lárnach i saoldearcadh Chaoilte ag an dúlra: cnoic, sléibhte, coillte, aibhneacha, toibreacha, locha, éin agus ainmhithe. Ach baineann misteachas leis an dúlra – misteachas a thugann sainbhlas don *Acallam*: samhlaítear uisce agus luibheanna le fios, le draíocht agus le leigheas, samhlaítear an saol eile agus eachtraí neamhshaolta leis na cnoic agus leis na gleannta agus is minic osnádúrthacht ag baint leis na dúile beo. Ní annamh an saol seo agus an saol eile ag rith isteach ina chéile agus ní hiad lucht an tsí amháin a mhaireann sa diminsean eile sin mar is ann d'ainmhnithe agus d'éin chomh maith sa saol eile, mar a léiríonn an scéal faoin "bhfiadh side [a deer of the *síd*]" ba thrúig báis do "Shálbhuide mhic Fheidleacair".[64] Tugann Henry léargas maith, dar liom, ar an ngné seo d'fhileatacht Chaoilte agus deir go bhfuil a leithéid de dhearcadh le feiceáil i seancheard na ndraoithe, sinsir na bhfilí.[65] Luann sé sampla de dhán Amhairghin ón *Leabhar Laighneach*, dán atá, dar leis, ina "bhriocht gabhála" agus atá líon lán de thagairtí don dúlra agus ina ndéanann an file a chumas draíochta féin a ionnanú le fórsaí diamhra an dúlra.[66]

Is deacair an ceol agus an fhilíocht a dheighilt óna chéile i dtradisiún na Gaeilge agus, ar nós gnéithe eile den tsaíocht, tá diminsean follasach neamhshaolta i gceist leis an gceol san *Acallam*. Is iad Cas Corach agus Cnú Dearóil príomh-mháistrí na healaíne sin – ealaín a n-aithnítear gur le Tuatha Dé Danann í ó cheart, bíodh is gur féidir le daonaithe í a fhoghlaim agus a chleachtadh chomh maith.[67] Cé go bhfuil sé

[62] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3327–8; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 101: "cubaid do rig Ula*d* com*us* a tṡét ₇ a máine duit re tindlucud [it is fitting that the King of Ulster allows you to give away his jewels and treasure]".
[63] Féach, mar shampla, Bergin, 'On a Peace Conference, in 1603', *Irish Bardic Poetry*, 27–30 agus Knott, 'Ó Domhnuill', *Tadhg Dall*, i, 10–18.
[64] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1082–7; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 35. Féach, leis, nóta 60 faoi na luibheanna draíochta a bhailigh Caoilte, agus féach na héin mhioscaiseacha ón saol eile a bhuaileann linn sa scéal, rudaí a thaispeánann go bhfuil domhan malartach ann nach bhfuil ach teora mhídheimhneach idir é agus domhan na ndaonnaithe. Is cuí go mbeadh Caoilte – saoi agus file – in ann gluaiseacht idir an dá dhomhan seo.
[65] Féach nóta 52.
[66] Henry, *Saoithiúlacht na Sean-Ghaeilge*, 44–5.
[67] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 650–51; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 22: "Doratad cuigi (.i. chuig Cnú Dearóil) málle . *cúic* oirfitig na F*éinne* / cur' ḟogluimset ceol síde [the *Fían's* five

le tuiscint go mbaineann an ceol le healaín Chaoilte mar chumadóir agus mar reacaire laoithe, mar a bhaineann de ghnáth le filíocht na Gaeilge, is é an ceol sí *apogée* nó barrshamhail gach ceoil. Tá ceangal ar leith ag Caoilte leis an gceol neamhshaolta seo mar gurb é a thugann Cas Corach i láthair Phádraig agus a chintíonn *entrée*, aitheantas agus ardstádas don cheoltóir neamhshaolta agus dá ealaín i gcanóin an chultúir iarphágánaigh.[68] Déanann Ann Dooley an *Acallam* a shuíomh i gcomhthéacs Eorpach agus tagraíonn sí do "Celtic turn" i litríocht na hEorpa sa 12ú haois déag rud, dar léi, ar chabhraigh an ceol leis.[69] Sa chomhthéacs seo, ar ndóigh, ní mór cuimhneamh gur ceard leathan ilghnéitheach í ceard an fhile Ghaelaigh, mar atá feicthe againn. Tugann fianaise inmheánach na hAcallmha le tuiscint gurb í an bharrshamhail aeistéitiúil ná saíocht ildánach lena mbaineann eilimintí comhghaolmhara comhtháite mar atá: scéalaíocht agus seanchas, dinnseanchas, filíocht, ceol, fios, faidhiúlacht agus gaois, briochtaí agus orthaí, agus go bhfuil an draíocht agus an neamhshaoltacht mar snátha ceangail idir na heilimintí seo.[70] Ceann de bhuntéamaí na hAcallmha is ea athlonnú buntuiscintí traidisiúnta na haeistéitice i gomhthéacs na Críostaíochta ag am a raibh an creideamh Críostaí agus ar bhain leis tar éis ionad daingean agus stádas ardmheasúil a bhaint amach in Éirinn. Faoi am ceaptha na hAcallmha, is cosúil go raibh maolaithe go mór ar pé dainséar nó éiginnteacht a bhain leis an gcoimhlint idir an saol págánach agus an saol Críostaí. Tagraíonn Ó hÓgáin don "uileghnéitheacht" a bhain leis an léann sa heánaois agus luann tagairt do Ghearóid Iarla Mac Gearailt in Annála Ríochta Éireann don bhliain 1398 – timpeall le 175 bliana tar éis cheapadh na hAcallmha,

---

musicians were brought to him (i.e. to Cnú Dearóil) together; / to learn that fairy sound]". Daonnaithe, de réir cosúlachta, ab ea triúr iníon rí Ó gCinsealaigh a bhíodh ag soláthar ceoil do na mná a bhíodh ag déanamh éadaí don Fhiann faoi cheannas bhean Oscair. Bhí acu sin leis an "céol sirrachtach sídhe [the beguiling music of the *síd*]" (Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 5553; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 155). Oireann an ceol osnádúrtha seo i gcomhthéacs eilimint na draíochta atá le tuiscint, b'fhéidir, le ceardaíocht na mban a rabhthas ag seinnt dóibh (féach nóta 56).

[68] Féach Dooley, 'The European Context of *Acallam na Senórach*', 69–70: "The endorsement of (Cas Corach's) art by Patrick … implies an assertion of the validity of his mixed, and by implication, Fenian performance art. Such figures, drawn into ecclesiastic or regional kings' retinues … imply a widening of the pool of literary patronage before the relegation of Fenian performers to a lesser status by the thirteenth century".

[69] Ibid., 67: "nowadays we have difficulty in thinking about the transfer from one culture to another of linguistic products. However, in an earlier world, as in the world of contemporary pop culture, language difference and plurality is accepted more readily if music accompanies it. Tagraíonn Connon do thionchar cheol agus litríocht na hÉireann sa Bhreatain Bheag agus do thábhacht an cheoil agus laoithe na Briotáine in Impireacht Anjou.

[70] Baineann uileghnéitheacht den chineál céanna le Lugh (Samhildánach) atá ina shaor, ina ghabha, ina chruitire, ina fhile, ina sheanchaí, ina dhraoí (*corrguinech*), ina lia agus ina phrásaí. Ar nós Chaoilte is fuascailteoir é ag Tuatha Dé Danann (Gray, *Cath Maige Tuired*, §§56–67 agus 135).

má ghlactar le tuairim Anne Connon maidir le dáta a cumtha.[71] Luann sé sa chomhthéacs céanna tagairt chomhaimseartha do Ghearaltach eile – Dáibhí Dubh (†1581). Cuirtear béim sa dá thuairisc ar uileghnéitheacht na beirte sin: sháraigh Gearóid Iarla a lucht comhaimsire féin "i ndán, agus i seanchus amaille re gach foghlaim eile da raibe aicce", agus, de réir an chuntais a tugadh ar Dháibhí Dubh, "a civilian, a maker in Irish, not ignorant of musike, skilfull in physike, a good and general craftsman" ab ea é. Deir an tÓganach ansin:

> Is é atá laistiar de na cuntais liteartha chomhaimseartha ar an mbeirt Ghearaltach seo ná an bharrshamhail mheánaoiseach den duine uasal cultúrtha. Bhí an bharrshamhail seo den uasal mar fhile, mar cheoltóir, agus mar fhear ealaíne i gcoitinne mar fhaisean ag cuid mhaith de ríthe agus de mhaithe na hEorpa ag an am.[72]

Déantar nasc cinnte idir an ceol agus gnéithe éagsúla eile den tsaíocht san *Acallam*. Sa chuntas a thugann Caoilte ar ealaín Chnú Dhearóil, luann sé feabhas a mheabhrach agus an cumas a bhí ann gach rud a chloiseadh sé a bheith aige de ghlanmheabhair; luann sé feabhas a ghlóir agus bua na fáistine aige chomh maith le binneas neamhchoitianta a chuid ceoil a chuireadh aoibhneas ar an lucht éisteachta.[73] Déantar nasc idir an ceol agus an ealaín uileghnéitheach atá i gceist ag Ó hÓgáin nuair a luaitear cumas an cheoil ar thinneas dá dhonacht a leigheas agus ar an lucht éisteachta a chur a chodladh leis an mbinneas thar meon a bhíonn ann – cáilíocht draíochta, ar ndóigh. Mar shampla, bhí de bhua ag ceoltóir Bhoidb Dheirg go bhféadfadh a chuid ceoil faoiseamh ó chréachta an chatha a thabhairt do laochra agus pianta tuismidh ban a chur ar neamhní.[74] Mar an gcéanna, bhain sé le duine den triúr ón Ioruaith a bhí mar chosantóirí ag Fionn agus ag an bhFiann go dtabharfadh a chuid ceoil faoiseamh ó gach galar .[75] Bíonn idir chumhacht dhearfach agus chumhacht dhiúltach ag an gceol mar a bhí i gceol Ailléin a chuir ar a chumas Teamhair a loisceadh gach bliain, ainneoin laochra na Féinne a bheith á cosaint. Ní hionadh, mar sin, an meas atá ag Caoilte ar na carachtair osnádúrtha a mbíonn an ealaín seo acu, mar baineann an ceol go dlúth leis na healaíona éagsúla a chleachtann sé féin. Cé nach seinneann Caoilte uirlis cheoil mar a dhéanann ceoltóirí

[71] Connon, 'The Roscommon *Locus* of *Acallam na Senórach*', 54.
[72] Ó hÓgáin, *An File*, 411–12.
[73] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 630–83.
[74] Ibid., ll. 430–34.
[75] Ibid., ll. 6099–101.

eile – an chláirseach, an "timpán" nó an "fead" – creidim mar sin féin gur ceart é a aithint mar cheoltóir chomh maith leis na ceoltóirí uirlise. Ar an gcéad dul síos, ba nós leis féin agus lena chomrádaithe an dord fian a sheinnt,[76] ceol de shaghas ar leith a bhí chomh suaithinseach sin gur tháinig mac rí Mumhan in aimsir Phádraig go dtí Caoilte d'fhonn an ealaín sin a fhoghlaim uaidh.[77] Is deacair, dar liom, a rá le cinnteacht cad a chiallaíonn na nathanna éagsúla a úsáidtear chun laoithe Chaoilte san *Acallam* a chur inár láthair, mar shampla , "do ráidh Cáilte in láidh", "Cáilte cecinit" nó "adub*air*t Cáilte in l*áid*".[78] Is é a thuigfí de ghnáth, measaim, le "Cáilte cecinit", ná gurbh é Caoilte a chum, dar leis an scríobhaí. D'fhéadfadh ceachtar den dá bhrí: "d'aithris Caoilte gan guth a chur leis", nó "dúirt Caoilte agus guth á chur aige leis" a bhaint as an dá nath eile agus as nathanna eile mar iad, a fhaightear san *Acallam*. Ach i bhfiadhnaise an mhéid a deir Cas Corach .i. gurbh é cuspóir a bhí aige agus é ag teacht faoi dhéin Chaoilte ná "d'ḟoglaim ḟessa ⁊ ḟireolais ⁊ scélaigechta ⁊ mórgnim gaiscid na Féinne ó Chail*ti* m*a*c Ronain [to learn knowledge and true lore, storytelling and the great deeds of valour of the *Fían* from Caoilte, son of Rónán]",[79] is é is dóichí, dar liom, gur i bhfoirm laoithe a bheidh cumtha aige féin agus a mbeidh ceol leo a shamhlaíonn an sárcheoltóir an toradh a bheidh ar a chuid foghlama nó ar a laghad go mbeidh a leithéid i gceist i measc foirmeacha eile a d'fhéadfadh sé a roghnú – aithris le tionlacan cruite, mar shampla, ach gan guth a chur leis na focail. Rud eile, dealraíonn sé ón gcaint sin aige go dtuigtear do Chas Corach go bhfuil a dhiongbháil féin d'ealaíontóir aige i gCaoilte. Nach luíonn sé le réasún, mar sin, go samhlóimis gur ag déanamh ceoil a bhíonn Caoilte nuair a thugann sé laoi uaidh? Is inchosanta, dar liom, Caoilte a fheiceáil mar cheoltóir, a chuireann guth leis an bhfilíocht a thugann sé uaidh, ar chúiseanna eile, leis. Tá fianaise dhoshéanta ann go gcuirtí guth le laoithe Fiannaíochta anuas go dtí ár linn féin,[80] agus is i bhfoirm amhrán a dhéantaí a lán den fhilíocht a sheachadadh anuas

[76] Stokes, 'Acallamh na Senórach'll. 760–61.
[77] Ibid., ll. 879–81.
[78] Ibid., ll. 339, 444, 629. Ar ndóigh, nós coitianta sna lámhscríbhinní dánta agus laoithe a chur i mbéal an duine a cheap, dar leis an scríobhaí, mar shampla, *LL* i, 241–2: "Un*de* Gilla Coemain c*ecinit*" *et passim*. Léiríonn Nagy go mbaineann Caoilte le cineál faoi leith pearsan a fhaightear sa litríocht Cheilteach: an laoch fadsaolach a théann le filíocht d'fhonn nach rachadh cuimhne ar ghníomhartha glórmhara an ama atá thart in éag. Seo mar a deir sé: "the hero, if he escapes the heroic plight of dying young, becomes a poet, bequeathing his versified past to posterity" ('Introduction; The Singing Warrior', 17).
[79] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3354–5; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 101.
[80] Féach, mar shampla, *DF* iii, 132 agus O'Curry, *Manners and Customs*, iii, 392. Féach, leis, an plé ar sheachadadh na laoithe Fiannaíochta déanacha agus samplaí de nodaireacht an cheoil a bhí ag

go dtí an fichiú haois,[81] agus go deimhin, níl an nós sin imithe i léig fós mar a léiríónn traidisiún bisiúil na lúibíní, na gceapóg agus na n-amhrán saothair atá beo beathach sa lá atá inniu ann.[82] Faighimid léiriú fíorálainn ar nádúr comhtháite na saíochta Gaelaí gona hilghnéitheacht i ndán a chum Fear Flatha Ó Gnímh sa 17ú haois – dán a chuimsíonn faoi ealaín na cruitireachta a lán de na gnéithe a luamar maidir le saíocht Chaoilte.[83]

Ní miste saghas eile ceoil a lua a mbaineann tábhacht leis san *Acallam* – ceol an dúlra – i bhfianaise a mhinice a fhaightear an téama sin i bhfilíocht na Sean-Ghaeilge agus go háirithe mar gheall ar an méid a deir Henry faoi ionad an dúlra in ealaín na ndraoithe.[84] Tugann an cuntas ar theacht Lí Ban faoi dhéin Chaoilte ceol an dúlra, an ceol sí agus focail na filíochta le chéile ar bhealach a chuidíonn leis an gcoincheap gur feiniméan uileghnéitheach neamhshaolta is ea an tsaíocht. Féach an nasc idir an ceol agus focail fhileata sna línte seo ag Caoilte faoi cheol na toinne: "bind a torman 'sa cúan cas . is fuar in comrad canas [Sweet its garbled sound in the steep inlet, but cold the song that it sings]".[85] Ar an ócáid chéanna, léiríonn Lí Ban an bhaint idir an saol eile agus ceol na farraige agus an chumhacht dhiamhair a bhaineann leis an gceol sin:

> "I am Lí Bán 'the White', daughter of the king of Ireland, Eochaid, the son of Eogan, son of Ailill. I drowned in this wave three hundred years ago and have been riding it to this time. The waves of Ireland and Scotland battle against me but are unable to harm me". "This then," said the King of Ulster, "is the reason for the resounding music of the *síd* that comes

gabháil leo in Gwynn agus Lloyd, 'The Burning of Finn's House' agus in Breatnach, *Ceol agus Rince na hÉireann*, 88–92. Tráchtann Breandán Ó Madagáin ar chantaireacht Eoghain Mhóir Uí Chomhraí (athair Eugene O'Curry) agus tá den tuairim go gcuirtí an ceol céanna le laoithe Fiannaíochta, le hiomainn, le caointe agus le marbhnaí lenar bhain meadaracht shiollach ('Ceol a Chanadh Eoghan Mór Ó Comhraí', 78). Tugann sé sampla de nodaireacht cheoil den saghas sin ó láimh George Petrie. Is cosúil, a deir an Madagánach, gurbh é foinse a bhí ag Petrie ná Eoghan Mór – fear a bhí "gafa le seanoidhreacht na Gaeilge" … agus ar chuaigh a shaolré féin siar "i dtreo thraidisiún na scoileanna nó, ar an gcuid is lú, go dtí beochuimhne ar an traidisiún sin" (ibid., 77).

[81] Féach Ní Shíocháin, *Amhráin Mháire Bhuí*, 152–72, mar a léirítear an próiseas cruthaitheach a bhaineann le seachadadh beo na n-amhrán.

[82] Féach Ó Morónaigh, *Agallaimh na hÉigse*, 54–76.

[83] Bergin, 'On a Blind Harper', *Irish Bardic Poetry*, 112–14 ina luitear Craiftine, Cas Corach, Bláthnaid agus Fionn.

[84] Féach nóta 52.

[85] Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 3233; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 98. Tá foclaíocht le tuiscint ó úsáid an fhocail "comrad". Féach aistriúchán Harmon, *The Dialogue of the Ancients of Ireland*, 81: "sweet its murmur in the rounded bay / cold is the sound that it utters". Bhí sé i ndán don choincheap seo a bhaineann le nasc idir an fhilíocht, an saol eile, an draíocht, an ceol agus an dúlra maireachtaint go dtí ár linn féin. Mar shampla, féach mar a bhfítear na heilimintí seo go léir le chéile in *tour de force* an Athar Peadar Ua Laoghaire in *Séadna* mar a gcuirtear síos ar an gceol sí, 204–7.

> from the wave". "It is indeed," she said, "for from the day that the Lord Finn died I have not put my head above the wave until today, but everyone has heard the resounding music of the *síd* that I made, that caused the warriors and the strong men of the land to nod in sleep".[86]

Ceol an dúlra nó an fhásaigh sin arb é an t-ionad tairseachúil a bhí ag Caoilte agus ag an bhFiann, atá i gceist go príomhdha sa dán a rinne Áine chun Mannanán a bhréagadh – dán nár dheacair draíocht a shamhlú leis, mar gheall ar an gcuspóir cealgach atá leis.[87] Is dóigh liom gur maith a léiríonn aistriúchán Dooley agus Roe ar na focail "fascnamh fedain feda faind" – "the lure of faint forest piping" (féach *DIL*, s.v. *ascnam*) nach aon rud neodrach neamhbheo atá sa cheol seo ach rud lena mbaineann toil mheallta. Féach, leis, gur féidir an tuiscint a bhaint as an líne sin go bhfuil ceol uirlise daonna – nó osnádúrtha b'fhéidir – i gceist agus nach bhfuil teora dhocht idir na fuaimeanna "nádúrtha" agus an ceol daonna/osnádúrtha. Feicimid nádúr uileghnéitheach na healaíne arís san eachtra ina leigheasann Bé Bhinn agus mná eile de Thuatha Dé Danann, Caoilte: bíonn baint ag ceol Chais Choraigh agus ceol éanlaithe Thír Tairngire, ag uisce agus ag luibheanna leis an bpróiseas chomh maith.[88]

Cuireann saíocht uileghnéitheach Chaoilte teorainneacha éagsúla ar neamhní sa mhéid go gcuimsíonn sí i gcóras misteach comhtháite: an fhilíocht, an ceol, an cheardaíocht, an fios, an fháidhiúlacht, an draíocht, an leigheas, an duine daonna, na dúile beo eile, neacha neamhshaolta, an saol seo agus an saol eile. Nuair a chuirtear gnéithe éagsúla den chóras seo i bhfrithshuíomh le gnéithe den Chríostaíocht, bíonn béim dar liom, ar an idirdhealú idir an dá chóras. Is minic ceol an tseansaoil i gcodarsnacht le cantain na n-eaglaiseach nó le ceol na gclog. Mar shampla, is i gcomhthéacs an cheoil a ghabhadh mná uaisle na seanaimsire a chuireann Caoilte an

---

[86] Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 97 (Ní thugann Stokes an méid seo). Tá cosúlacht áirithe idir an scéal seo agus an seanchas a bhaineann le 'Port na bPúcaí' (féach Ó Dubhshláine, *Inis Mhic Uibhleáin*, 162–7). Sampla suntasach de bhean neamhshaolta a bhuaileann linn san *Acallam* is ea Ailleann an banphrionsa sin de Thuatha Dé Danann a phósann Aodh rí Connacht le faomhadh Phádraig – bean a bhfuil gaol aici le spéirmhná na n-aislingí déanacha. Seo mar a deir Carey faoi Ailleann: "Perhaps the saint is depicted as granting legitimacy to the idea – age-old, but destined to survive into the modern period – that a king's true spouse is the supernatural personification of the land.

[87] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3674–81; Dooley agus Roe *Tales of the Elders*, 111–12. Ag tagairt do na saghsanna ceoil a bheidh le clos, deir Áine go mbeidh "it*er* éol *ocus* anéol [notes both familiar and strange]" i gceist, rud a threisíonn, dar liom, leis an tuiscint go bhfuil gnéithe den draíocht nó den osnádúrthacht i gceist.

[88] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 7138–245.

t-aoibhneas a bhain le cantain na n-eaglaiseach ar Loch Daimh Dheirg in iúl: tá an chuma ar an scéal gur ar comhchéim le ceol na mban úd nó, go deimhin, ar chéim níos airde atá ceol na heaglaise, dar le Caoilte:

> IS ann sin tangad*ur* tri m*ai*c ecalsa do muintir na cleirech, ⁊ do chuirset a curach amach do gabail éisc, ⁊ iat ac denam a n-uird ⁊ a *t*rath, ⁊ atconnairc Cailti iat, ⁊ ro bói icc á n-eistecht, ⁊ adubairt in laid:
>
> Ba hannam re hó mo chind . cloistecht re léigind os lind,
> Ba minca lim ro bói than . eistecht re dordan degban.
> Gebé nech ica ṁbiad pend . fada do biad 'ga sc*r*ibenn,
> is truag mar atussa bos . is mor d'ingantaib fuar*us*.
> Mall mo thur*us* ó T*hr*áig Lí . fada atú 'ga f*ur*naidí,
> liubair léighind, mór in mod . a n-eistecht lem ba hannam.

The three 'sons of the Church' of the household of the clerics had put their coracle into the water to catch fish, and were, at the same time, performing their rituals and hours. Caílte saw them and listened to them and … recited the following verse:

> Seldom have my ears heard chanting by a lake,
> Though I often listened to noble ladies' songs.
> One with a pen could write it at length.
> Sad am I now, such wonders have I found.
> Slowly from Tralee I came, and have tarried long.
> Reading from books, a noble sound, seldom have I heard.[89]

Is dóigh liom gur leor cúpla sampla chun an chomhthreomhaireacht atá san *Acallam* idir Caoilte agus Pádraig agus idir misteachas an tseansaoil agus spioradáltacht na Críostaíochta a léiriú. Feictear Pádraig ag gabháil timpeall na hÉireann i dteannta le grúpa dá lucht leanúna ag craobhscaoileadh theagasc na Críostaíochta agus ag iarraidh ar a lucht éisteachta creidiúint i nDia. Fáiltíonn daoine cumhachtacha roimhe agus glacann go fonnmhar lena theagasc. Is mar sin, leis, do Chaoilte ach amháin go mbaineann a theagasc siúd le saíocht na seanaimsire níos mó ná leis an gcreideamh Críostaí; is é Fionn croílár a sheanchais agus is é siúd barrshamhail agus

[89] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 2888–97; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 88. Tá an chuid d'aistrúchán Dooley agus Roe nach bhfreagraíonn do leagan Stokes fágtha ar lár. Ní hamháin go gcuirtear an chodarsnacht idir an phágántacht agus an Chríostaíocht i láthair anseo trí bhíthin an cheoil ach tá an chodarsnacht idir cultúr béil an tseansaoil agus léann scríofa na heaglaise i gceist chomh maith. Féach go n-admhaíonn Pádraig féin go bhfuil ceol Chais Choraigh beagnach chomh hálainn le ceol Rí Nimhe (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3481–4).

eiseamláir gach suáilce. Más léir go mbaineann laige nó fabht uaireanta leis siúd (mar shampla, nuair a thugann sé breith san éagóir i gcás an aighnis le Fionn Bán mar a chonaiceamar cheana, nó nuair a mharaíonn sé féin agus a bhuíon trí chéad dá lucht tacaíochta féin trí dhearmad),[90] nach amhlaidh a chuireann sé sin le ceann de mhórthéamaí na hAcallmha .i. gurb é Dia na Críostaíochta is fearr agus nach bhfuil luachanna an tsaoil phágánaigh, dá fheabhas iad, in aon ghaobhar don fhoirfeacht? Mar sin féin, éiríonn an teora idir an Chríostaíocht agus phágántacht doiléir nó dofheicthe ar uairibh díreach faoi mar a bhíonn pearsana áirithe sa scéal dofheicthe nó do-aitheanta ar ócáidí áirithe.[91] Mar atá feicthe againn, tá páirt lárnach ag an uisce i misteachas págánach an scéil mar atá aige sa spioradáltacht Chríostaí agus ba dhóigh leat go dtugtar an dá chóras i dtreo a chéile go minic; mar shampla, nuair a aimsíonn Cas Corach tobar Ailbhe a bhí folaithe faoi "fhiad d*raid**echt*a [druidic mist]" le cabhair uisce coisricthe chun tinneas cinn a bhí ar Eachna, iníon rí Connacht a leigheas.[92] Cuireann dhá ghné eile den eachtra sin le doiléire na teorann idir an phágántacht agus an Chríostaíocht: feicimid Caoilte ag feidhmiú anseo mar a rinne Pádraig nuair a bhain sé uisce as carraig,[93] agus labhrann sé thar ceann an naoimh nuair a dhéanann sé tairngreacht faoi Thuatha Dé Danann a bheith le díbirt ag Pádraig trí chumhacht Dé.[94] Ní mó ná go mbíonn malartú rólanna i gceist idir Pádraig agus Caoilte uaireanta agus leas á bhaint acu as cumhacht ar measc*á*n den phágántacht agus den Chríostaíocht is bun léi, ba dhóigh leat. Is in ainm Chaoilte a chuireann Pádraig mallacht ar fhear a ghoid uaidh féin, mallacht a thugann bás don ghadaí.[95] Díol suime é gur i bhfilíocht atá an mhallacht seo, rud a chuireann cumas

[90] Stokes,'Acallamh na Senórach', ll. 7866–72.
[91] Féach, mar shampla, Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 5235–40; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 145–6, nuair nach bhfaca a bheirt mhac féin agus beirt mhac Fhinn Caoilte agus beirt de Thuatha Dé Danann a bhí á thionlacan, mar gheall ar "fia fiad [a magic mist]" a bhí á gceilt. Féach go mbaineann móitíf na do-aitheantachta leis an gCríostaíocht chomh maith, mar is léir ón gcuntas ar an mbeirt deisceabal ag dul go hEamáus in Lúcás, 24: 15–16: "dhruid Íosa féin leo agus shiúil lena gcois; ach bhí a súile coinnithe chun nach n-aithneoidis é".
[92] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 7497–509; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 209.
[93] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1324–7.
[94] Ibid., ll. 7535–7.
[95] Ibid., ll. 4049–53. Seo mar a deir Dooley agus Roe faoin eachtra sin: "the point of Patrick's curse is not clear but it seems that the author sees no problem in invoking Caílte's name and fearsome reputation in the service of the saint's curse, these being sufficient cause to bring about the robber's death" (*Tales of the Elders*, 240, n. 120). Feicimid iompar den saghas céanna aige nuair a dhéanann sé an bhagairt thromchúiseach seo ar Ailleann: '"Oc*us* da tucair-si adhmilled láe nó áidchi ar in ríg no ar in mnái,' ar Pat*r*aic, 'millfet-sa t*us*a nac*h* fá hail let mathair *nó* lé t'athair *nó* ret buimme *nó* ret t'aiti t'ḟeicail'. ['But if you bring harm, by day or by night, to the king or to his wife,' said Patrick, 'I shall disfigure you so badly that your mother or your father or your foster-mother would not wish to see you']" (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 6411–13; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 180).

na bhfilí ar dhochar a dhéanamh i gcuimhne dhúinn.[96] Bíonn Caoilte ar scaradh gabhail sa tslí chéanna idir an dá chóras mhisteacha: le faomhadh Phádraig agus in ainm na Tríonóide, úsáideann sé ortha a bhfuil a lán de bhlas na draíochta uirthi chun ealta éan a raibh scrios á dhéanamh acu ar bharraí agus ar thorthaí na tíre a ruaigeadh.[97]

Tá dlúthbhaint idir ildánacht Chaoilte agus a thairseachúlacht agus tá feidhm lárnach ag an dá thréith sin maidir le forbairt na mórthéamaí san *Acallam*. Mar dhuine atá ar thairseach an tseansaoil agus an tsaoil nua, tá sé in ann an dá chultúr a thabhairt i dtreo a chéile, ainneoin na coimhlinte eatarthu. Ní hann do theora nach féidir leis a thrasnú agus, de bharr fhairsinge a shaíochta féin agus dhoimhneacht a mhisteachais, féadann lucht na haoise ina maireann Pádraig teagmháil a bheith acu le saibhreas agus le luachanna an tsaoil lenar bhain Caoilte agus an Fhiann. Mar gheall ar fheabhas an léirithe a dhéantar ar an saibhreas agus ar na luachanna sin, ní féidir neamhshuim a dhéanamh díobh ná iad a chaitheamh i dtraipisí. Ní gá córas amháin a roghnú agus diúltú don chóras eile mar is é toradh atá ar an agallamh idirchultúrtha ná comhréiteach. Ní shin le rá go bhfuil an Chríostaíocht agus an phágántacht ar comhchéim agus ar comhluach, áfach; is é bun agus barr an chomhréitigh ná go n-aithnítear stádas agus fiúntas a bheith ag saíocht Chaoilte – ag an gcultúr dúchasach gona phréamhacha réamhChríostaí – ach fós go ngéilltear don chreideamh nua, bíodh is go bhfuil féith shuntasach den phágántacht i gCríostaíocht Phádraig mar atá feicthe againn. Ní hamhlaidh a dhéantar gach ar bhain leis an gcosmeolaíocht réamhChríostaí a dhíothú; glacann Pádraig leis an gcosmeolaíocht sin chomh fada is go nglactar leis nach bhfuil sí ar comhchéim leis an gCríostaíocht. Má bhíonn an bua ag Pádraig sa mhéid go nglactar lena theagasc gurb é Dia na Críostaíochta atá in uachtar, beireann Caoilte bua suntasach cultúrtha mar déantar an tsaíocht dúchais a dheimhniú, bíodh is go mbeidh rian na Críostaíochta uirthi feasta. Is cineál Janus é Caoilte,[98] a choinníonn cuimhne ar gach ar tharla nuair a bhí an Fhiann i mbarr a maitheasa, ach a dhéanann todhchaí an chultúir Ghaelaigh a thuar, agus a leagann síos, le cabhair agus le faomhadh Phádraig, aeistéitic na filíochta agus ról an fhile Ghaelaigh do na haoiseanna a thiocfaidh. Ceann de na hathruithe a bhfuil sé

[96] Féach Kelly, *A Guide to Early Irish Law*, 43–4.
[97] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 6331–47.
[98] Raeburn, *Ovid, Metamorphoses: A New Verse Translation*, 698: "Jánus a god of transitions with two faces pointing in opposite directions".

rannpháirteach iontu ná teacht chun cinn na litríochta scríofa. Soiléiríonn teachtaireacht na n-aingeal do Phádraig gur sa chultúr béil atá scéalta Chaoilte agus Oisín préamhaithe agus gur mithid anois seanchas na Féinne a thabhairt ón gcultúr béil isteach i réimse na litríochta scríofa agus faomhadh an lucht léinn is airde céim a bhaint amach dó:

> 'A anum, a naeimhchléirigh!', ar siat, 'ní mó iná trian a scél innisit na senlaeich út ar dáigh dermait ₇ dichuimhne [orra – *Fr.*]. *Ocus* scríbhthar [na scéla sin – *Fr.*] letsa i támlorguibh fil*ed* ₇ i mbriat[*h*]raibh oll*am*an'.
>
> 'Dear holy cleric,' they said, 'these old warriors tell you no more than a third of their stories, because their memories are faulty. Have these stories written down on poets' tablets in refined language'.[99]

Beidh saíocht Chaoilte mar "g(h)airdiug*udh* do dronguibh ₇ do degdáinibh deridh aimsire [entertainment for the lords and commons of later times]". Ach níl sainghné an chultúir bhéil, .i. an guth beo, curtha de dhroim seoil ar fad, mar is ag "éisdecht frisna scéluib sin" a bheifear, seachas á léamh go príomháideach os íseal.[100] Is mar gheall ar thairseachúlacht Chaoilte, a bhfuil gaol speisialta aige le Tuatha Dé Danann, a bhronntar faomhadh oifigiúil ar cheol Chais Choraigh – ar an gceol "sirrachtach sídhe" – san aeistéitic Ghaelach ainneoin gurb í an Chríostaíocht a bheidh in uachtar feasta:

> 'Nem duit,' ar P*átraic*, '₇ corub hí in t*r*es eladha ar a fagaib nech a lessug*ud* fa d*er*idh a nEir*inn* hí, ₇ cid mor in doichell bias roim ḟir th'eladhan, *acht* co ṅderna airfided ₇ go nindsi scela, gan doichell reime,' ar P*átraic* '₇ f*er* lephtha ríg t*r*e bithu re t'eladain, ₇ soirbius dóib *acht* na d*er*nat leisce'
>
> 'You shall have Heaven,' said Patrick, 'and may this be one of three arts in which one may find profit until the end in Ireland. Though a man of your art may encounter great inhospitality, if he make music and tell tales, the inhospitality will disappear,' said Patrick,

[99] Stokes, 'Acallamh na Senórach' ll. 297–300; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 12.
[100] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 301–2; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 12. Féach, leis, Nagy, *The Wisdom of the Outlaw*, 2: "Celticists are now also acutely aware of the complex synergy between literary and oral traditions that has been operative throughout the history of Irish literature", agus an tagairt aige (ibid., 225, n. 2.) do thuairim Edgar Slotkin gurb ann i lámhscríbhinní áirithe, b'fhéidir, do "transitional text [i.e. between oral and literary]".

> ‘and men of your art will be bedfellows of kings through eternity, and will prosper provided they are not slothful’.[101]

Faomhadh cáilithe a fhaigheann an ceol osnádúrtha nach ceart “rochreidim” a chur ann sa tslí gur ag an gcreideamh Críostaí a bheidh an tosaíocht i gcónaí. Mar sin féin, bronntar céim an-ard ar ealaín an cheoil sa chóras luachanna atá á leagadh síos ag Caoilte agus ag Pádraig. Féach, áfach, nach ndéantar an ceol agus an scéalaíocht a dheighilt óna chéile anseo.[102] Tá an ceol ina shnáth ceangail idir na gnéithe éagsúla den tsaíocht traidisiúnta, rud a léiríonn an méid seo ag Nagy go paiteanta: “Culturally valuable truth, according to archaic Irish ideology, is normally incarnated in a poeticomusical form”.[103]

Sa chuid eile den chaibidil seo, féachfar ar ‘Caoilte’s Urn’, laoi ina mbaintear úsáid as an *ekphrasis* chun cuimhne an tseansaoil agus ar bhain leis a chur i láthair Phádraig mar aon le léiriú ar thréithe agus ar cháilíochtaí Chaoilte féin.[104] Cuid mhór d’fheidhm an dáin seo ná pictiúr agus tuiscint chomhaimseartha den tradisiún réamhChríostaí a chruthú a oireann don aois Chríostaí, a thacaíonn le féiníomhá an phobail agus a chothaíonn meas ar a n-oidhreacht chianaosta. Is go hindíreach a chuirtear na gnéithe sin in iúl tríd an tsíothal ar siombal í a thugann íomhá stílithe de cháilíochtaí a húinéara. Is ar éigean a ghlacann Caoilte féin páirt ghníomhach sna himeachtaí a ríomhtar anseo. An cur síos nósmhar seo ag Oisín ar a sheanchomrádaí, is léiriú é, sílim, ar thréithe géineasacha a bhaineann le laochra na Féinne i gcoitinne, le Fionn, agus go háirithe le Caoilte:

> Mo teisd ar ua Rónáin réidh . sech gach fer do bhí sa fféin
> gonach taraill talamh nó tuinn . aoínfer mar Caoilte cruinn
> …
> Diamadh ór cruinn is clacha . sa mbeth ar breith na flatha
> ba hé glór aderadh ris . is do chách uile d’foighéindis

[101] Stokes, ‘Acallamh na Senórach’, ll. 3475–8; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 106. Le Cas Corach a deir Pádraig an méid seo.
[102] Stokes, ‘Acallamh na Senórach’, ll. 3469–86.
[103] *The Wisdom of the Outlaw*, 24.
[104] Féach nóta 2. Féach, leis, Joseph Flahive, ‘Revisiting the Reeves *Agallamh*’, 179–83, mar a ndéantar comparáid idir leagan *DF* agus an insint a fhaightear ar scéal na síothaile i bprós agus i bhfilíocht in Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach*, iii, 21–42.

> My witness for Ronan's courteous scion above any man that was in the Fian: that never came on land or wave a man like accurate Caoilte … Were it shapen gold and stones, and that my prince had their bestowal, this is the speech he would speak thereunto – that they should serve all men else.[105]

Feictear dom go ndéanann Oisín ionnanú idir an tsíothal agus Caoilte nuair a fháisceann sé an soitheach luachmhar ársa lena chroí:

> Iadfadsa lé mo chroidhe truagh . in sithil áloinn fhionnfhúar
> uch nac é Caoílte in chara . tárla sunn mar ad rala
>
> I will clasp to my sad heart the lovely, clear, cool urn: ah! that it were my beloved Caoilte that had come here as thou hast come.[106]

Freagraíonn an fheidhm agus na cáilíochtaí a luann Oisín leis an tsíothal go soiléir, dar liom, don léiriú a fhaighimid ar Chaoilte san *Acallam*. Seoid is ea í a thugann léiriú ar shaibhreas an tsaoil réamhChríostaí agus ar an misteachas a bhain leis, díreach mar a dhéanann Caoilte san *Acallam*. Tá macalla sa chur síos seo ar an tsíothal de chuid de shiombalachas lárnach na Fiannaíochta a fhaightear go minic san *Acallam* nuair a bhíonn béim á cur ar fhiúntas, ar uaisleacht agus ar fhéile laochra na Féinne, agus cuirtear na híomhánna sin i gcomhshuíomh le tagairt d'uaisleacht Chaoilte – rud a neartaíonn, dar liom, an t-ionnanú idir é agus an tsíothal:

> Déutt is ór is gloine gorm . gidh bé do iarr a fius orm
> Fionndruine $_7$ airgiott bán . siothal Chaoílte in flath-mhacámh

[105] *DF* i, 38 agus 140. Tugtar an rann adhmholtach seo ag Caoilte ar Fhionn chun cuimhne: "Dámadh ór in duille donn . chuiris di in caill, / dámad airget in gheal tonn . ro thidhluicfed Finn [Were the dark leaves gold, that the trees discard, / And the white wave silver, Finn would give away all]" (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 116 –17; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 6). I gcomhthéacs an chomhréitigh idir págántacht na Féinne agus an Chríostaíocht atá ina mhórthéama san *Acallam* agus i 'Síothal Chaoilte', oireann an bhéim seo ar an bhféile, a luaitear mar cheann de phríomhshuáilcí na Críostaíochta go minic sna scrioptúir: féach, mar shampla, Seanfhocail 11: 24–25, Lúcás 6: 38, Gníomhartha 20: 35. Tacaíonn an fios a fuair Fionn gurbh ann do Dhia (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1453–80), agus tairngreacht Fhinn faoi theacht na Críostaíochta go hÉirinn (*DF* i, 45 agus 148–9) leis an tuiscint go mbaineann gnéithe den phrótai-Chríostaíocht le Fionn agus leis an bhFiann.

[106] *DF* i, 38 agus 140. Féach go ndeir Liam Breatnach: "The metaphorical use of a container for a person is quite a common one" ('The Caldron of Poesy', 47–8). Tugann *DIL* "a body" mar bhrí mheafarach ar "síthal". Féach meafar an taiscumair ag tagairt d'aigne an fhile ag Ó hÓgáin (nóta 48).

> Ivory and gold and blue glass (whosoever has sought to know of me), pale bronze and white silver was the urn of Caoilte, the princely youth.[107]

Déantar dlúthcheangal idir an tsíothal a bheireann "a rogha dighe … da gach ríghfhéindidh [what drink he chose … it gave to every king-*féinnidh*]",[108] agus féile Chaoilte. Tabhartas do Chaoilte ón saol eile ab ea an tsíothal agus is tabhartas í do lucht comhaimseartha Phádraig (agus dóibh siúd a thiocfaidh ina ndiaidh) a thugann léargas ar oidhreacht álainn ársa an tseansaoil, díreach mar a dhéanann Caoilte féin trína chuid scéalta agus laoithe in *Acallam na Sénórach*. Nasc idir an Fhiann agus Tuatha Dé Danann ab ea an tsíothal – feidhm a bhíonn go minic ag Caoilte san *Acallam* mar atá feicthe againn. Agus, ar nós Chaoilte, ní hamháin go dtrasnaíonn an tsíothal an teora idir saol eile na págántachta agus saol na Féinne ach, ina theannta sin, tugtar í go míorúilteach isteach in aimsir Phádraig agus i saol na Críostaíochta, tar éis di bheith ar iarraidh ar feadh tamaill fhada, mar a bhí Caoilte féin agus é ar fán san fhásach sarar seoladh faoi dhéin an Aspail Náisiúnta é. Chomh maith le faomhadh agus beannacht Phádraig a chinntiú dó féin agus don seansaol, déantar fear taca de chuid an naoimh de Chaoilte san *Acallam*. Ní taise don tsíothal é, iarna tíolacadh mar thabhartas don saol Críostaí: deirtear linn go mbeidh páirt tábhachtach aici, trí bhíthin an chlaochlaithe, i gcur chun cinn agus i ndearbhú fhiúntas na Críostaíochta.[109]

---

[107] *DF* i, 38 agus 140. Baineann athshondas saibhir leis an siombalachas seo mar is minic ór, airgead agus fiondruine ina siombail iltoiseacha san *Acallam* ag seasamh *inter alia* don uaisleacht, don fhéile, don fhoirfeacht, don aeistéitic agus don phléisiúr.

[108] Ibid. Díol suntais is ea an t-úll arb é barr áilleachta na síothaile é, de réir cosúlachta, agus a mbaineann feidhm draíochta leis chomh maith maidir le deochanna míorúilteacha a sholáthar. Tá blas na draíochta mar an gcéanna ar shiombal an úill san *Acallam* mar a bhfaightear é i dteannta tagairtí do chumhacht dearfach draíochta: bhí "baladh abhallguirt chubra [the odour … of a fragrant orchard]" ón gcú a thug triúr mac rí na hIorua d'Fhionn mar chosantóir ar gach olc a d'fhéadfadh a naimhde a bheartú ina choinne. Féach go ndéantar siombal an úill a nascadh le siombal an mhiotail luachmhair anseo leis, faoi mar a dhéantar sa laoi atá faoi chaibidil againn: bhí "slabrad druimnech d*er*góir [a ribbed chain of red gold]" ar an gcú sin (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 6189–205, Dooley agus Roe, *Tales of the Elders,* 174). Faightear siombal an mhiotail luachmhair agus siombal an úill i gomhshuíomh lena chéile, leis, i gcuntas Chaoilte ar na dúin a bhí ag triúr mac Bhoidhbh Dheirg: "ro ba lis ballach breicd*er*g in lis-so … d'ublaib aille órbuidhe [this place was then a dappled, speckled-red enclosure with … apple trees of golden yellow beauty]". Deir Caoilte linn go raibh "t*r*i *coeca* uingi fa t*r*i [(thrice) one hundred fifty ounces]" i dtaisce faoi chloch san ionad céanna (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 2738–44; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders,* 84). Ar ndóigh, cuimhnítear ar an úll ón saol eile in McCone, *Echtrae Chonnlai*, 123 §8 agus 161.

[109] Féach Heffernan, 'Ekphrasis and Representation', mar a dtaispeántar an úsáid pharadacsúil is féidir a bhaint as *ekphrasis* chun scéal lena mbaineann athrú, forbairt, agus peirspictíochtaí difriúla ama a ríomh bunaithe ar shampla den amharc-ealaín a léiríonn staid sheasta, dho-athraithe, reoite san am. Ag tagairt dó d'"Ozymandias" Shelley (309–12), taispéanann Heffernan go bhféachann an file siar agus ar aghaidh ó staid láithreach na deilbhe atá ag titim as a chéile agus á slogadh ag an ngaineamhlach agus léiríonn go mbréagnaíonn teachtaireacht íorónta na deilbhe mar atá sí anois an

Cé go ngéilleann Caoilte go toilteanach do theagasc Phádraig san *Acallam*, is aighne fíoréifeachtach é a dhéanann cultúr an tseansaoil a chosaint agus a chinntíonn áit i saol na Críostaíochta do na luachanna cultúrtha agus don aeistéitic a bhain leis an saol réamhChríostaí. Is trí mheán a chuid scéalta, agus a chuid laoithe agus tríd an léargas a thugann sé ar cheol an tseansaoil gona phréamhacha diamhra i ndraíocht na págántachta a dhéanann sé é sin. Baineann feidhm dá leithéid sin leis an tsíothal chomh maith, mar, bíodh is gurb é Oisín a insíonn an scéal do Phádraig agus a thugann léargas dó ar fheabhas an cheoil neamhshaolta, is í an tsíothal a sholáthraíonn ócáid agus *point de départ* don chuntas sin aige. Ach is dóigh liom go dtugann an tsíothal féin a leithéid sin de theachtaireacht chomh maith.

Soláthraíonn 'The Caldron of Poesy', saothar nach déanaí é ná lár an naoú haois de réir gach cosúlachta,[110] agus go háirithe an tráchtaireacht ghéarchúiseach ag Liam Breatnach air, léargas a chabhraíonn linn maidir le léamh a dhéanamh ar 'Síothal Chaoilte'. Ní hamhlaidh atáthar ag áiteamh go bhfuil comhthreomhaireacht fhollasach idir an dá shaothar, ach, mar sin féin, tá cosúlachtaí áirithe i gceist maidir le hionramháil chuid de na bunsmaointe meafaracha iontu. Féachfar anois ar roinnt de na cosúlachtaí sin, a chuireann lenár léargas ar an laoi Fiannaíochta. Soithigh atá i gceist sa dá chás a mbaineann feidhm iltaobhach mheafarach leo. Baineann na trí choire leis an bhfios a fhaigheann an file – fios a dháileann sé trína chuid filíochta ar dhaoine eile. Sa chomhthéacs seo, cuirtear in iúl dúinn gur talann agus saíocht indibhidiúil a bhíonn i gceist ar an gcéad ásc i gcás an fhile, mar nach mar a chéile aon bheirt. Seo mar a deir Breatnach:

---

teachtaireacht a síleadh a thabhairt léi. Ní léiriú ar mhéid chumhacht Ozymandias atá sna blúirí scaipithe den dealbh amhalmhór atá fágtha anois ach a mhalairt. Ábhar éadóchais do lucht na cumhachta atá sa saothar mórthaibhseach, ar ndóigh, seachas ábhar móriontais mar a bhí i gceist, ní foláir, nuair a breacadh an inscríbhinn ar bhunchloch na deilbhe: "Look on my works, ye Mighty and despair!" Ní seasmhacht agus buaine a léiríonn dán Shelley ach neambhuaine agus beag is fiú an tsaothair dhaonna. Baineann peirspictíochtaí ar an am atá caite, ar an am i láthair agus ar an am atá le teacht leis an tsíothal chomh maith ach, murab ionann agus dealbh Ozymandias, ní lobhadh agus dul i ndearmad atá i ndán don tsíothal ach claochlú agus forás. Baineann léargas Putnam (*Virgil's Epic Designs*, 4) ar fheidhmeanna an *ekphrasis* san *Aeneid* le hábhar anseo: "Ekphrasis, like the art it describes, is both static and in motion". Deir Putnam go dtugann an *ekphrasis* léargas dúinn nach mbíonn ag an *protagonist* (ibid., 6) agus go dtarlaíonn sé, de ghnáth, i saothar Virgil "at moments of friction – between narrative modes … or at instances where the plot is readied for a dramatic turn of events" (ibid., 14). Baineann "friction" leis an teagmháil idir an saol págánach agus an Chríostaíocht agus na dioscúrsaí a bhaineann leo, agus "dramatic turn of events" is ea an comhréiteach idir an dá chosmeolaíocht.

[110] Breatnach, 'The Caldron of Poesy', 52.

> The uniqueness of our text lies … not in its use of the metaphor of the cauldron, but rather in the development of this metaphor into a complex model to account for various levels and various kinds of learning.[111]

Sa tslí chéanna, mar atá feicthe againn, tá nasc dlúth idir an tsíothal agus Caoilte, is soitheach í as a n-ólann an laoch féin gan amhras ach leagtar béim ar an bhfreastal a dhéanann Caoilte ar dhaoine eile nuair a dháileann sé deoch as an tsíothal.[112] Cosúlacht shuntasach idir an dá shaothar is ea an t-íomháineachas a bhaineann le líonadh, doirteadh agus taoscadh iontu.[113] I gcás 'The Caldron of Poesy', tabhartas don fhile is ea líonadh an tsoithigh a chuireann ar a chumas, trí bhua na filíochta atá aige, toradh a ionsparáide, a oiliúna agus a chuid feasa, a dháileadh ar an bpobal i ndán – focal arb é a bhrí bhunaidh, de réir *DIL*, ná: "a gift, bestowal, endowment, present, translating Lat. donum, donatio". Is é an léamh a dhéanaimse ar 'Síothal Chaoilte', ná go bhfuil a leithéid sin d'fheidhm chomh maith leis an soitheach sa laoi sin. Cuimhnítear gur ó Thuatha Dé Danann a tháinig an tsíothal go dtí Caoilte agus gur ón bhfoinse neamhshaolta sin a thagann an fios agus an fhilíocht, de réir na tuisceana traidisiúnta.[114] Ní mór cuimhneamh gur saíocht a bhíonn i gceist ag an bhfile ar leithne a ciall ná an ghnáthbhrí a bhaineann leis an bhfocal "filíocht" lenár linn fein.[115] Is fearr sa chomhthéacs seo, measaim, gan idirdhealú ró-dhocht a dhéanamh idir gnéithe éagsúla den tsaíocht ar a bhfuil scéalaíocht, dinnseanchas,

---

[111] Breatnach, 'The Caldron of Poesy', 52.
[112] *DF* i, 38. Féach nóta 108.
[113] Féach "Ubhall deargóir ar a lár . go n-úaithnedhoibh d'airged bhán / da leith clí do cuirrthi sin . ba lais uisge on síthil / Mar do cuiredh da leith deis . in t-uball cuanna coimdheis / fosdadh in t-ubhall beg bán . sa n-uisce go mbíodh lomlán [An apple of red gold in its middle, with pillars of white silver: on its right (*sic*, *recte* left) side when this was set, it let forth water from the urn. When on its right side was put the ingenious shapely apple, the little white apple would stay in the water till the urn was full]" (ibid.), agus "Coire Goiriath, is é-side gainethar fóen i nduiniu fo chétóir. / Is as fo-dáilter soas [The Cauldron of *Goiriath*, it is that which is generated upright (*sic*) in a person from the first; out of it is distributed knowledge]". De bhrí go luaitear "airchetal [poetic art]" agus "soas [knowledge]" in 'The Caldron of Poesy" (64 agus 65), is léir go mbíonn na coirí ag dáileadh ar an duine feasach é féin agus ar an bpobal, ar a mbíonn sé ag freastal trí bhíthin na saíochta a roinneann an file leo. Sin mar a bhíonn, leis, i gcás na síothaile, mar atá feicthe againn.
[114] Féach gur de bharr teagmhála ag doras leasa le bean sí a raibh "escra fliuch [a dripping vessel]" ina láimh aici, tar éis di deoch a dháileadh as, a fuair Fionn an t-iomas de réir tuairisce amháin (Meyer, 'Find and the Man in the Tree', 344–7). Foinse neamhshaolta a bhí leis an mbua feasa aige, leis, de réir na tuairisce a fhaighimid in Meyer, 'Macgnimartha Find', 201. Féach, leis, gurb é ceol neamhshaolta Thuatha Dé Danann, ar féidir le daonaithe é a fhoghlaim, barrshamhail gach ceoil, de réir *Acallam na Senórach* (féach nóta 67). Féach an plé ar éabhlóid na dtuiscintí ar ionsparáid an fhile ag Carey in 'The Three Things Required of a Poet'. Féach, leis, an plé ag Jackson in 'Tradition in Early Irish Prophesy', ar thábhacht na fáidhiúlachta ar measadh sa luath-thraidisiún gur scil riachtanach í de chuid an fhile.
[115] Féach nóta 48.

ealaín agus ceardaíocht.[116] Tugann *Acallam na Senórach*, spléachadh ar chumas Chaoilte maidir leis na gnéithe eagsúla sin.[117] Sampla *par excellence* den cheardaíocht ealaíonta, a bhí faoi ardmheas de réir na haeistéitice traidisiúnta, is ea an tsíothal féin.

Cuirtear an cheist seo in 'The Caldron of Poesy': "Cairm i tá bunadus ind airchetail i nduiniu; in i curp fa i n-anamain? [Where is the source of poetic art in a person; in the body or in the soul?]".[118] Freagra casta a thugtar ar an gceist sin ina n-aithnítear dhá thuairim a bheith ann maidir le foinse na filíochta ach ní dhiúltaítear ar fad d'aon cheann acu. Seans maith gur iarracht ar theacht ar chomhréiteach dioplómaitiúil atá i gceist ina dtugtar aitheantas do dhá thaobh an scéil. Seo mar a deir Breatnach:

> the author cites two views on the source of poetic ability and learning. One of these is that it is in the soul, as the body does nothing without the soul; this would seem to be the attitude of the ecclesiastic. The other view is that it is inherited; it is hardly unreasonable to take it that this is the attitude of the native learned classes … It seems to me … that the purpose of the author was to provide a comprehensive model to supersede the conflicting views of the native learned classes and the ecclesiastics.[119]

Comhréiteach idir dearcadh na heaglaise agus an dearcadh traidisiúnta atá le léamh ar an laoi Fiannaíochta, leis, sa mhéid go gcuirtear an tsíothal i seirbhís na Críostaíochta ach fós nach ndiúltaítear in aon chor do shaol na Féinne agus Thuatha Dé Danann, lena mbaineann an soitheach suaithinseach – adhmholadh ar fheabhas an tsaoil sin agus na luachanna a bhain leis atá sa chuid is mó den saothar. Is

---

[116] Deir údar 'The Caldron of Poesy' linn go "sernar dliged cach dáno [the law of every art is set out]" sa Choire Sofìs (Breatnach, 62 agus 63).
[117] Cé gur léiriú cuibheasach teoranta a dhéantar san *Acallam* ar chumas Chaoilte maidir leis an gceardaíocht, is léir go n-aithnítear sainscileanna a bheith aige sa réimse sin agus is léir go bhfuil ardstádas ag an gceardaíocht sa chóras aeistéitiúil a léirítear ann. Féach, mar shampla, an méid seo a dúirt Eochaidh Leithdhearg le Caoilte agus an freagra a fuair sé uaidh: '"atchuala-sa na raibhe a nEir*inn* na a nAlbain c*r*annaigi budh f̂err anaissiu.' 'Ad*er*im riut,' ar Cail*te*, 'in crann sleige nach fétadais fir [Éirenn] do dénam is missi ro f̂étfad ní de ['I have heard that none in Ireland or in Scotland is better with spearshafts than you.' 'I say this to you,' said Caílte, 'if no man in Ireland were able to finish a spearshaft, I would do it']" (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 4895–8; Dooley agus Roe, '*Tales of the Elders*, 136). Féach go léiríonn Caoilte ardchumas ar ghaibhneacht agus é ag obair le ceardaithe neamhshaolta in *DF* i, 10–13, §§31–5. Maidir le stádas na ceardaíochta ealaíonta, féach dán Chaoil do Chréide, (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 783–95; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 26).
[118] Breatnach, 'The Caldron of Poesy', 64 agus 65.
[119] Ibid., 51.

amhlaidh a thiocfaidh claochló ar an tsíothal nuair a úsáidfear an t-ór agus an t-airgead ann chun "bachla bána . is cluig is ceólána / agus soisgela sgriobhtha [white croziers … and bells and *ceolâns* and gospels of writing]" a mhaisiú.[120] Féach go dtéann na coirí, leis, trí phróiseas athraithe de réir mar a théann an file i bhfoirfeacht. Tá macalla den aitheantas a thugtar in 'The Caldron of Poesy' don chreideamh traidisiúnta maidir le sealbhú an iomais sna línte seo a thuarann teacht na síothaile go dtí Pádraig:

> Mar beinneochus in sreibh sláin . Patraic mac Calproinn dá láimh
> tiucfaidh bradán borb go mbladh . is tóigeabhaidh in tsithal.
>
> As he is blessing the perfect stream, Patrick, son of Calpurn, with his hand, an untamed glorious salmon will come and will fetch up the urn.[121]

Tá targhabháil tábhachtach i gceist anseo agus claochló ar leibhéal an tsiombalachais a fhreagraíonn go maith, dar liom, don ionramháil a dhéantar ar shiombalachas an uisce san *Acallam*.[122] Feicimid siombalachas réamhChríostaí an uisce agus an bhradáin ag feidhmiú anois mar shiombalachas Críostaí. Chonaiceamar cheana go dtugtar siombalachas págánach agus Críostaí an uisce i dtreo a chéile ar shlí a chuidíonn leis an gcomhthuiscint idir an dá chosmeolaíocht sin san *Acallam*. Ní hamhlaidh a chuireann beannú an uisce ag Pádraig sna línte seo thuas an chosmeolaíocht phágánach de dhroim seoil ach is amhlaidh a thugann sé an traidisiún dúchasach agus an Chríostaíocht chun comhréitigh – comhréiteach ar móide a éifeacht an t-athsondas a bhaineann le siombalachas an uisce agus an éisc sa dá chosmeolaíocht.[123] Díreach faoi mar a léiríonn údar 'The Caldron of Poesy' ról

---

[120] *DF* i, 45 agus 149.
[121] *DF* i, 45 agus 149. Féach an méid seo in 'The Caldron of Poesy', 66 agus 67 mar léiriú ar ghné amháin den lúcháir dhaonna a bhíonn mar fhoinse ag an bhfilíocht: "fáilte fri tascor n-imbais do-fuaircet noí cuill cainmeso for Segais i sídaib, conda.thochrathar méit moltchnaí. iar ndruimniu Bóinde frithroisc [joy at the arrival of *imbas* which the nine hazels of fine mast at Segais in the *síd*'s (*sic*) amass and which is sent upstream along the surface of the Boyne, as extensive as a wether's fleece]". Deimhníonn an dá shaothar seo nach mbaintear an chosmeolaíocht phágánach dá bonnaibh le teacht na Críostaíochta mar go n-aithnítear fós an nasc idir an fhilíocht agus an fios mistéireach atá mar bhunús aici agus a bhfuil a bhfoinse sa chosmeolaíocht réamhChríostaí.
[122] Féach lgh. 21–3 *supra*.
[123] Cuimhnítear anseo, ar ndóigh, ar an mbradán feasa a bhain Finnéiceas as uisce na Bóinne agus a bhfuair Fionn bua an fheasa agus na fáidhiúlachta uaidh (Meyer, 'Macgnimartha Find', 201) agus ar shiombalachas ilghnéitheach an uisce agus an éisc sa traidisiún Críostaí.

na lúcháire diadha i nginiúint na filíochta,[124] aithnítear feasta an pháirt atá ag Dia na Críostaíochta sa phróiseas, cé go nglactar le heilimintí tábhachtacha den tseantuiscint pháganach fós. Tugann an tsíothal an t-athrú seo i gcrích ar shlí a fhreagraíonn go maith don tarchéimniú a dhéanann Caoilte san *Acallam*, agus don chomhréiteach a tharlaíonn dá bharr.

Nuair a fhéachtar ar 'Shíothal Chaoilte', i gcomhthéacs *Acallam na Senórach*, 'Macgnimartha Find' agus 'The Caldron of Poesy', measaim gur féidir a rá gur gléas liteartha atá sa tsíothal trína ndearbhaítear feidhm a bheith ag Caoilte a fhreagraíonn go maith don ról fáidhiúil atá aige san *Acallam* maidir leis na gnéithe seo a leanas: dearbhú stádas thraidisiún na Fiannaíochta ainneoin chomhthéacs na págántachta a bhaineann léi, comhréiteach agus comhghéilleadh idir luachanna liteartha na seanré agus luachanna na Críostaíochta, agus dearbhú na haestéitice cultúrtha a bhain leis an ré réamhChríostaí. Má ghlactar leis gurb é Caoilte féin gona chuid saíochta agus gona luachanna atá á léiriú go siombalach tríd an tsíothal, is mar idirghabhálaí cumasach ar féidir leis gach teora a tharchéimniú is mó a fheictear an laoch neamhchoitianta sin anseo. Sampla *par excellence* atá sa laoi seo d'ionramháil sin na cuimhne trína ndéantar léamh ar an am atá thart a oireann don am i láthair, a chabhraíonn le sochaí na freacnairce féiníomhá tharraingteach a chruthú, mar aon le hidéil don am atá le teacht agus creideamh ina buaine féin.[125]

[124] Breatnach, 'The Caldron of Poesy', 66 agus 67: "Atáat dano dí ḟodail for fáilti ó n-impoíther (An Coire Érmai) i Coire Soḟis, .i. fáilte déodae ₇ fáilte dóendae [There are, then, two divisions of joy through which it (i.e. the Cauldron of Érmae) is converted into the Cauldron of Knowledge, i.e. divine joy and human joy]".
[125] Féach lgh. 5–9 *supra*.

4 Turasanna ar an saol eile

Déanfar iniúchadh anseo ar thrí laoi: ‘Find and the Phantoms’, ‘The Headless Phantoms’ agus ‘The Lay of the Smithy’, agus ar scéal próis neamhiomlán a chuireann síos ar chuid de na himeachtaí a ríomhtar sa chéad dá laoi.[1] Dhá leagan den scéal céanna atá in ‘Find and the Phantoms’ agus ‘The Headless Phantoms’; is sine agus is foirfe an chéad cheann acu sin ná an dara ceann, dar le Murphy. Measann seisean, ar bhonn na bhfoirmeacha teanga iontu, gur i ndiaidh an dara leath den 12ú haois a scríobhadh ‘The Headless Phantoms’, ach luann sé blianta tosaigh an chéid sin mar dháta scríofa le ‘Find and the Phantoms’.[2] Ceapann sé gur san 11ú nó sa 12ú haois a cumadh an scéal próis.[3] Sa dá laoi, ‘The Headless Phantoms’ agus ‘Find and the Phantoms’, insítear mar a fuair Fionn, Oisín agus Caoilte iad féin ar chnoc gan éinne eile den Fhiann ina dteannta, agus mar a seoladh iad go dtí teach aduain i ngleann sceirdiúil. Cuirtear síos ar an sceimhle a fuair siad agus ar an ionsaí nimhneach a rinne neacha neamhshaolta orthu sa teach sin.[4] Ní mhaireann an eachtra ach oíche amháin mar, le héirí an lae, leánn an teach agus an líon tí diamhair a bhí ann agus dúisíonn an triúr féinní slán sábháilte. Níos iontaí fós, faightear capall Fhinn, a maraíodh sa teach aduain, beo beathach arís nuair a dhúisíonn na féinnithe. Freagraíonn na himeachtaí a ríomhtar i leagan próis Stern cuibheasach cruinn dá bhfuil i gceist sa dara leath den dá leagan véarsaíochta – tosaíonn an scéal próis agus na féinnithe sa teach aduain cheana féin (i.e. líne 113 agus §24 in ‘Find and the Phantoms’ agus ‘The Headless Phantoms’ faoi seach). Faightear tuairisc ar eachtraí eile i ndeireadh an scéil phróis nach bhfuil aon bhaint acu leis an turas ar an teach neamhshaolta.[5] Measann Murphy gur thart ar 1400 a scríobhadh ‘The Lay of the Smithy’.[6] Sa laoi sin, tagann cuairteoir neamhshaolta chuig Caoilte, Fionn agus

[1] Stokes, ‘Find and the Phantoms’; *DF* i, 28–30 agus 127–30; *DF* ii, 2–15; Stern, ‘Le manuscrit irlandais de Leide’ agus Ó Síocháin, ‘Translating *Find and the Phantoms*’. Tugann Murphy faisnéis faoi leaganacha éagsúla de scéal ‘The Lay of the Smithy’, in *DF* iii, 85–89.
[2] *DF* iii, 24–5. Féach, áfach, Carey, ‘Remarks on Dating’, mar a n-áitítear go bhféadfadh na dataí a luann Murphy i gcásanna áirithe le dánta *DF* bheith ródhéanach.
[3] Ibid., 26.
[4] Féach an tagairt ag Borsje do na neacha a chuirtear inár láthair sna foinsí atá faoi chaibidil anseo agus an plé aici ar fhuatha/uatha i seanlitríocht na Gaeilge agus i bhfoinsí bíobalta agus eaglasta in ‘The Terror of the Night’.
[5] Stern, ‘Le manuscrit irlandais de Leide’, 7–12, mar a dtugtar cuntas ar eachtraí a insítear in ‘Snám Dá Én na éoin dia tá’ (*LL* iv, ll. 28323–551. Féach Gwynn, *Metrical Dindshenchas*, iv, 350–67; féach, leis, 184–5 *infra*). Fágann seo fócas níos cúinge ar Chaoilte sa scéal próis, go háirithe chomh fada agus a bhaineann le téama an tseamanachais.
[6] *DF* iii, 85.

grúpa beag dá gcomrádaithe lá agus iad ar chnoc, agus tugann sé orthu é a leanúint go dtí ceárta neamhshaolta. Cé go mbíonn scanradh agus dainséar i gceist ar dtús, is fearr a chaitear leis na féinnithe sa cheárta ná mar a caitheadh leo sa teach aduain. Léiríonn Caoilte an t-ardchumas gaibhneachta atá ann féin, agus faigheann sé aitheantas dá réir ó lucht na ceárta. Lá arna mhárach le héirí na gréine, dúisíonn na féinnithe agus bíonn na hairm a bhronn lucht na ceárta neamhshaolta orthu lena n-ais. Ainneoin na ndifríochtaí follasacha idir 'The Lay of the Smithy' agus an dá dhán eile, baineann na heilimintí comónta seo leo:

- bíonn dream beag den Fhiann, ar a bhfuil Fionn agus Caoilte, ar chnoc i bhfad óna ngnáthchomhluadar;
- tarlaíonn teagmháil osnádúrtha;
- seoltar iad go dtí ionad neamhshaolta;
- caitheann siad gabháil trí dhainséar agus cruatan;
- ina dhiaidh sin ar fad, dúisíonn siad slán sábháilte an mhaidin dár gcionn san áit ina raibh siad sarar tharla an chéad teagmháil scanrúil.

Áiteofar anseo gur féidir na laoithe sin agus, ar shlí níos teoranta, téacs Stern a léamh mar chuntais ar thurasanna seamanacha. Déanfar trácht ar thréithe de chuid Chaoilte ar cáilíochtaí iad a bhaineann leis an seamanachas i gcoitinne nó, ar a laghad, a bhfuil cosúlacht mhór agus gaol gairid idir iad agus comharthaí sóirt an tseamanachais. Chuige sin, déanfar tagairt do ghnéithe den seamanachas mar a léiríonn Mircea Eliade agus údair eile iad. Déanfar trácht, chomh maith, ar an bhfeidhm atá le móitífeanna agus le híomháineachas a bhaineann leis an seamanachas sna dánta sin.

Sna trí laoi feicimid go roghnaítear Caoilte ar shlí speisialta chun tabhairt faoi thuras ar áit sceirdiúil agus gur cuairt ar an saol eile atá i gceist.[7] Shílfeá ar dtús gur ar

[7] Féach Eliade, *Shamanism*, 31–2, mar a léirítear na bealaí éagsúla trína ndéantar an seaman, an fear leighis agus nithe áirithe a mbaineann cáilíocht nó cumhacht draíochta speisialta leo a roghnú. Seo mar a deir sé: "What is important to note … is the parallel between the singularisation of objects, beings, and sacred signs, and the singularisation by 'election,' by 'choice,' of those who experience the sacred with greater intensity than the rest of the community". Féach leis, Moréchand, 'Les chamans', 208: "Le chaman est un élu, le chamanisme, une «vocation», un appel". Faightear a leithéid seo de "ghairm" go forleathan sa traidisiún Críostaí: mar shampla, glaoch ó Íosa a thug ar Pheadar agus ar Aindrias, ar Shéamas mac Zeibidé agus ar Eoin an Tiarna a leanúint (Matha, 4:18–22). Tá a leithéid sin de choincheap i gceist leis an bhfrása "gairm chun na sagartóireachta" atá coitianta sa chaint inniu féin.

Fhionn go príomhdha atá an cuairteoir neamhshaolta ag díriú nuair a bheannaíonn sé dósan a chéaduair sna línte seo ó 'The Lay of the Smithy':

> Ar ttea*cht* dhó ar in tulaigh
> adub*airt* ar ttoigheacht chugainn
> gur beannachaid na dée
> duit féin a mheic Cumhaill
>
> When he had come upon the hill, having approached us, he said "May the gods bless thee, son of Cumhall".[8]

Ach is gearr go bhfeicimid gur suim leis an gcuairteoir neamhchoitianta na compánaigh atá i dteannta Fhinn, chomh maith, nuair a thugann sé dúshlán reatha dóibh. Ar an ngrúpa go léir atá an fócas ag an bpointe seo:

> D'iarr*aidh* coimreatha cubhaidh
> tanac chugaibh ón Bheirbhe
>
> 'To seek an even race I have come to you from Bergen'.[9]

Nuair a bhaintear an cheárta neamhshaolta amach, áfach, is léir gur ar Chaoilte a bhí an teachtaire neamhshaolta ag díriú i rith an achair mar is é a bhíonn ag obair le Lon mac Líomhtha féin agus is ar ghaisce Chaoilte a chuirtear an bhéim. Bhí sé chun tosaigh ar a chomrádaithe sa rás, agus anois is é is mó a dhéanann gaisce gaibhneachta sa cheárta dhiamhair. In 'The Headless Phantoms', tá "glaoch" de shaghas eile i gceist. Is é an t-each dubh a thugann Fionn, Oisín agus Caoilte go dtí an teach neamhshaolta.[10] Is é Caoilte in "The Headless Phantoms" a deir lena chomrádaithe gur cheart dóibh an "glaoch" a fhreagairt agus dul go dtí an teach diamhair a bhuail leo le titim na hoíche, cé go raibh amhras orthu, ní foláir, nárbh aon teach a bhain leis an saol seo a bhí ann:

> Is ann adubhairt Cáoilte . aithesc tenn narbo maoídhte
> gus anocht ní fhaca tech . san glionn so gidh um eólach
> Eirg uainn ar Cáoilte día fios

[8] *DF* ii, 6–7.
[9] Ibid.
[10] *DF* i, 28–9 agus 128.

> Then said Caoilte a stout saying that was no matter for boasting: 'Till this night I have never seen a house in this valley though I know it well.' 'Let us start off,' quoth Caoilte, 'and visit it'.[11]

Ar Chaoilte, atá an fócas sna línte seo ar shlí a thugann le tuiscint go bhfuil sé á roghnú go speisialta ag na fórsaí osnádúrtha agus go bhfuil sé ag glacadh leis an gcuireadh sin.

Sa staidéar aige ar ghnéithe a bhaineann leis an seamanachas ar fud na cruinne, léiríonn Eliade an fheidhm faoi leith atá ag an gcapall. Seo mar a deir sé:

> Pre-eminently the funerary animal and psychopomp, the "horse" (i gcásanna áirithe is capall bréige a bhíonn i gceist) is employed by the shaman, in various contexts, as a means of achieving ecstasy, that is the "coming out of oneself" that makes the mystical journey possible … the horse is a mythical image of death … The horse carries the deceased person into the beyond.[12]

Baineann siombalachas den saghas céanna leis an gcapall i mbéaloideas na hÉireann, mar a samhlaítear é le Donn, dia an bháis.[13] Ní deacair a shamhlú gur

---

[11] *DF* i, 29 agus 128. Freagraíonn an méid atá i leagan eile den scéal seo, Stokes, 'Find and the Phantoms' (296–7) go maith do leagan *DF*. Is é Caoilte a mholann dá chomrádaithe go rachaidis go dtí an teach, ainneoin a ndeir Fionn: "Atrubairt Find flaith na fían: / 'assiut tech nach *f*acca riam: / a Chailti, ni chuala thech / isin glind-sea cid am eolach'. / 'IS ferr dúin dula dia *f*iss / … a m*ai*c Cumaill, a airdrí!' [Said Find, the prince of the champions: '*There* is a house I never saw before! / O Chailte (*sic*), I never heard of a house / In this glen, though I am knowing' / 'We had better go and find out … O son of Cumall, O overking!']". Anseo is é Fionn, a bhfuil bua feasa aige, a thugann le tuiscint nach aon teach saolta atá rompu. Ní deir sé, áfach, nár cheart dóibh dul ann, rud a thabharfadh le tuiscint go dtuigeann sé gurb é rogha Chaoilte an "glaoch" a fhreagairt nó nach féidir a mhalairt a dhéanamh. Ní shamhlaítear diúltú ná cúlú leis an "nglaoch" seo, mar a léiríonn Moréchand: "Le futur chaman est choisi par ses esprits auxiliaires. Il est rare que cette élection ne s'accompagne pas de souffrances … Tourmenté, réticent, le futur chaman sera en principe entraîné malgré lui dans cette voie hors du commun …. Non seulement les goûts personnels de l'individu n'ont théoriquement aucune part dans cette décision de se faire chaman, mais ils sont vivement niés" ('Les chamans', 208).

[12] Eliade, *Shamanism*, 467.

[13] Féach Ó hÓgáin, *The Lore of Ireland*, 178–81, mar a luaitear Cnoc Fírinne i gContae Luimnigh le Donn. Díol suime é sa chomhthéacs seo go luaitear an t-each dubh a tugadh mar bhronntanas d'Fhionn le ceantar Loch Goir (*DF* i, 28 agus 127 agus "Find and the Phantoms", 290–91) mar a n-insítear fós sa bhéaloideas áitiúil go gcloistear uaireanta torann crúb capaill nuair a bhíonn duine tar éis báis. (Táim buíoch do Thríona Ní Shíocháin faoin bhfaisnéis seo a sholáthar dom). Tá Cnoc Fírinne agus Loch Goir timpeall le 18 míle óna chéile. Faightear tagairtí do chapall neamhshaolta, leis – capall Dhónall na nGeimhleach – in Ó Cróinín, *Seanchas Amhlaoibh Í Luínse*, 168, agus in Ó Cróinín, *Leabhar Sheáin Í Chonaill*, 270, agus in 'Na Bearta Crua' le Máire Bhuí Ní Laeire (Ní Shíocháin, *Bláth is Craobh na nÚdar*, 184). Measann Ó hÓgáin go mb'fhéidir go bhfuil nasc idir cuid den seanchas a bhaineann le Dónall na nGeimhleach agus an traidisiún a bhain le Donn (*Myth, Legend and Romance*, 339–40). Tacaíonn léamh Krappe ar scéal an Ghiolla Dheacair, agus go

thuig Fionn go maith gur chapall neamhshaolta a bhí aige – *psychopomp* – agus gur go lánfheasach a rinne sé a mhac agus a dhalta a thionlacan ar an turas misteach seo. D'fhágfadh seo gur mar threoraí nó mar mháistir ba cheart Fionn a fheiceáil anseo, agus é ag tionlacan na nóibhíseach ar thuras insealbhaithe, dála na "ritual elders" a bhíonn i gceannas ar an gcéim thairseachúil, dar le Victor Turner,[14] sa *rite de passage* lena mbaineann na céimeanna aitheanta: deighilt, idirthréimhse agus comhshnaidhmeadh.[15] Más le Donn is ceart an capall seo a shamhlú, luíonn sé le réasún gur go domhan na marbh a thabharfadh sé na féinnithe. Bheadh sé seo ag teacht go hiomlán le tuiscint Eliade a deir gurb é cúram an chapaill mhistigh an seaman a thabhairt go dtí an saol eile.[16] Deir van Gennep, leis, go bhfaigheann an seaman bás misteach agus go dtugann sé cuairt ar an saol eile mar a bhfaigheann sé fios a chuireann ar a chumas an t-olc a chur ar gcúl agus an mhaith a dhéanamh nuair a athshaolaítear é agus nuair a fhilleann sé ar an saol abhus.[17]

Freagraíonn gnéithe eile de thuras neamhshaolta na bhféinnithe don aistear seamanach mar a chuireann Eliade síos air. Faoi na bealaí seo trínar féidir leis an seaman an saol eile a shroicheadh, deir seisean: "Stairs are … one of the numerous symbolic expressions for ascent; the sky can be reached by fire or smoke, by climbing a tree or *a mountain*" (liomsa an bhéim).[18] Téann Caoilte agus a chomrádaithe in airde ar chnoc sara mbuaileann siad leis an gcuairteoir ón saol eile in 'The Lay of the Smithy', 'The Headless Phantoms' agus in 'Find and the Phantoms'. Is minic a bhíonn íomhánna a bhaineann le heitilt i gceist sna cuntais idirnáisiúnta ar thurasanna seamanacha.[19] Cé nach ndeirtear linn go n-eitlíonn na

---

háirithe ar ról an chapaill ann mar aon leis an trácht a dhéanann sé ar fheidhm an "animal chthonien par excellence" sin i seanlitríocht na Gréige agus na Peirse, leis an tuairim gurb é capall dhia an bháis atá anseo againn. Díol suime i gcomhthéacss chapall Loch Goir agus chapall Dhónaill na nGeimhleach an tagairt aige don traidisiún Peirseach ina dtagann capall rí na marbh as loch ('La poursuite du Gilla Dacker et les dioscures celtiques', 101–8).

[14] Féach Turner, *The Ritual Process*, 96.

[15] Tagraíonn van Gennep (*The Rites of Passage*, 21) do "preliminal rites", "liminal (or threshold) rites" agus "postliminal rites" nó arís "rites of separation, transition and incorporation" (ibid., 94). Glacann Turner leis an leagan amach seo ar na deasghnátha aistrithe saoil.

[16] Eliade, *Shamanism*, 467.

[17] *The Rites of Passage*, 108–9; féach, leis, Lewis, *Ecstatic Religion*, 170.

[18] Eliade, *Shamanism*, 490. Ní miste a rá, áfach, go mbíonn an cnoc nó an sliabh mar ionad tairseachúil go minic i litríocht na Gaeilge nuair a bhíonn teagmháil neamhshaolta i gceist nach mbaineann le seamanachas.

[19] Ibid., 477–82 *et passim*. Meabhraíonn Eliade dúinn, áfach, nach le seamain amháin a luaitear an cumas eitilte ach, chomh maith leis sin, le reimse pearsan a mbaineann scileanna fordhaonna leo, mar shampla: draoithe, lucht leighis agus naoimh sna traidisiúin Chríostaí agus Islamacha.

féinnithe, tá an ghluaiseacht mhear a bhíonn fúthu agus iad ar a mbealach go dtí saol eile gaolmhar le heitilt, dar liom. Seo saintréith a shamhlaítear go speisialta le Caoilte i dtraidisiún na Fiannaíochta i gcoitinne.[20] Féach an rann seo ag cur síos ar ghluaiseacht Loin agus na bhféinnithe:

> Lingidh uainn m*ar* ghaoíth n-earr*aigh*
> ag dol tar beannaibh sl*eibhe*
> gur leanam*ar* é in uairsin
> beagán d'uaisliph na Féine
>
> He leaps from us like a spring wind going over mountain tops. We followed him forthwith, a few of the nobles of the Fian.[21]

Luaitear luas osnádúrtha agus léim in 'The Headless Phantoms' agus in 'Find and the Phantoms' chomh maith agus tuigtear dúinn gur aistear an-fhada agus an-achrannach a bheadh ann dá mba ag rith ar dhromchla na talún a bheifí.[22] Ag tagairt dó do na léimeanna móra a chaitheann pearsana tairseachúla áirithe i litríocht na Gaeilge, agus don tuiscint a bhain James Carney as na léimeanna sin .i. gur ardú maighnéadach nó *levitation* a bhí i gceist, deir Pádraig Ó Riain:

> The question arises as to where a line is to be drawn between extraordinary leaping and levitation. I would suggest that the line is an academic one, and that we are dealing in effect with the power to make extraordinary leaps, an achievement which no doubt lent itself, on occasion, to interpretation as flying.
>
> In what appears to be an early poem of prophesy, a certain *builedach* – the native term corresponding to *geilt* according to Carney – is associated with a *léim* or leap "from [to?] Heaven, a leap from [to?] earth" and this evidence tends to confirm the power of making enormous leaps as a traditional characteristic of the madman.[23]

---

[20] Féach Ó hÓgáin, *The Lore of Ireland*, 64–6.
[21] *DF* ii, 6 agus 7.
[22] *DF* i, 28–9 agus 128; 'Find and the Phantoms', 294–7.
[23] Ó Riain, 'A Study of the Irish Legend of the Wild Man', 197. Féach Meyer, 'Baile Bricín', 454, §38: "Bīaid da*no* in builedach Tailchi Tuirbe re tri .xx. blīa*dna*, bos de sunn lam alailiu, lēm a nem, lēm a tal*main* [Now the frenzied one of Turvey Hill will be for three score years with one of his palms here and a hand elsewhere (nó sometimes here sometimes beyond?) a jump to heaven, a jump to earth]." Ní léir dom brí iomlán na línte sin ach, de réir an Rianaigh, dhealródh sé go bhfuiltear ag tagairt d'fhear buile nó do ghealt a bhfuil ar a chumas dul de léim suas ar neamh nó ó neamh go talamh. Tacaíonn sé sin leis an tuairim go bhfuil an cumas seo an-chóngarach don chumas eitilte a luann Eliade le seamanachas – b'fhéidir gurb ionann an dá rud sa chomhthéacs seo. Féach, leis, go luaiter "baetheitill [a frenzied flight]" le Bolcán, rí na Fraince, ar bhuail gealtacht é ag cath Fionntrá (O'Rahilly, *Cath Finntrágha*, l. 453). Díol suime an nasc idir an ghealtacht agus an cumas seo sna foinsí Gaelacha i gcomhthéacs an mhéid a deir Eliade faoin gceangal idir an ghealtacht nó galair nó

Baineann sceimhle agus dainséar mór leis an insealbhú agus leis an turas seamanach,[24] agus ní taise don turas a dtugann na laochra Gaelacha faoi. Cuma aduain scanrúil ar fad atá ar Lon mac Líomtha nuair a fhoilsítear dóibh é agus tuigtear láithreach do na féinnithe gur baolach dóibh:

> ba lór do gabadh dhúine
> sgath a laime 'sa ghruamdha*cht*
>
> The shadow of his hand and his gloom were sufficient danger for us.[25]

Comhluadar fíorscanrúil a bhíonn ag na laochra nuair a théann siad isteach sa teach neamhshaolta in 'The Headless Phantoms' agus in 'Find and the Phantoms' agus is go doicheallach bagrach a chaitear leo ann. Nuair a mharaíonn an t-aitheach capall Fhinn, ní foláir nó labhrann Caoilte go borb, dána leis. Ach léiríonn Fionn, fear nach samhlaítear eagla de ghnáth leis, an scanradh atá anois air nuair a dhéanann sé iarracht ar fhearg Chaoilte a chosc:

> "Bí tost, a Cháilti mar tái!"
> ar Find fein cen immargái
> "maith lind dia ndama dúin féin,
> damsa *ocus* duitsiu is d'Ossín".
>
> "Be silent, O Chailte (*sic*), as thou art!"
> Saith Find himself without falsehood.
> "Well for us if he grant (life) to us,
> To me and thee and Ossín".[26]

---

machailí eile agus an seamanachas agus an draíocht: *Shamanism*, 23–9. Féach an cuntas ag Eliade ar ghealt a chaitheann léimeanna eisceachtúla, ibid., 239, go háirithe n. 66. Féach, leis, an tagairt ag van Gennep don ghealtacht (*The Rites of Passage*, 109). Féach, chomh maith, *DIL* s.v. *baile*: "vision; frenzy, madness (originally arising out of super-natural revelations)" agus s.v. *geilt*: "one who goes mad from terror; a panic-stricken fugitive from battle; a crazy person living in the woods and supposed to be endowed with the power of levitation; a lunatic".

[24] Eliade, *Shamanism*, 482–3; idem, *The Forge and the Crucible*, 84; Lewis, *Ecstatic Religion*, 168.

[25] *DF* ii, 4 agus 5. Ní mór don té a bheidh ina sheaman gabháil tríd an uafás agus an dainséar chun go mbeidh máistreacht aige ar an anord. Seo mar a deir Lewis: "In rising to the challenge of the powers which rule his life and by valiantly overcoming them in (the) crucial initiatory rite … which reimposes order on chaos and despair, man reasserts his mastery of the universe and affirms his control of destiny and fate … And this hard-won control … is re-enacted in every shamanic séance" (*Ecstatic Religion*, 169).

[26] Stokes, 'Find and the Phantoms', 300 agus 301. Féach Stern, 'Le manuscrit irlandais de Leide', 6 agus 15: '"Bidh hi tost!' for Fintt, 'is buide linn die coigle dunn feisin; is beg fonn im*orro* imthus ar

Tugann na trí dhán agus an scéal próis cuntas ar an sceimhle agus ar an gcallshaoth a bhaineann leis an gcéim thairseachúil ach tá difríocht tábhachtach idir eispéireas Chaoilte sa cheárta agus sa teach aduain. In 'The Lay of the Smithy' is sara sroichtear an cheárta is mó a bhíonn an scanradh i gceist.[27] Sa cheárta, déanann Caoilte gaisce agus is ag cabhrú le Lon mac Líomhtha a bhíonn sé. De dheasca fheabhas na hoibre a dhéanann sé, faigheann sé moladh agus tabhartas. Is geall le giolla é ag Lon – giolla atá chomh maith leis an máistir – chomh hoilte leis leis an "ollamh gabhonn" féin, geall leis,[28] agus is léir gur le teann measa air a ghlaoigh Lon ar Chaoilte chun cabhrú leis féin. Tá cosúlacht, mar sin, idir Lon agus na seanseamain a dtugann na daoine a fhaigheann an glaoch chun an tseamanachais cuairt orthu i ndomhan na marbh,[29] nó ceann de na "helping spirits",[30] a gcuireann an nóibhíseach aithne orthu. Is mó a chuirfeadh an t-eispéireas sa teach aduain na físeanna uafásacha ar dlúthchuid leis iad d'oiliúint an tseamain, i gcuimhne dhuit.[31] Treisíonn doicheall tomhaiste na sprideanna sa teach neamhshaolta le hatmaisféar an uamhain, an uafáis agus an dainséir. Is i gcodarsnacht leis an bhféasta a cuireadh ar fáil don triúr laoch i dteach Chathaoir is ceart doicheall an líontí neamhshaolta a fheiceáil: malairt ghlan na hócáide sin agus na luachanna sibhialta a bhain léi is ea an méid a tharlaíonn sa teach osnádúrtha. Is iad an nimh agus an bhagairt atá i réim sa teach sin agus beart sacrailéideach is ea an "béile" a chuirtear ar fáil. Ní hamháin go maráitear each Fhinn ach iarrtar air féin agus ar an mbeirt eile an fheoil amh a ithe, rud, ar ndóigh, a chuireann alltacht orthu. Dar le Claude Lévi-Strauss, baineann siombalachas ar leith leis an bhfeoil amh seachas an fheoil bheirithe, sa mhéid go seasann an chócaireacht sa smaointeoireacht phrimitíbheach don aistriú ón nádúr go

---

n-ech' ['Sois tranquille!' dit Finn, 'nous nous félicitons de ce qu'il nous épargne nous-mêmes; car peu importe le cheval']".

[27] *DF* ii, 4–7.

[28] Ibid., 10–13.

[29] Eliade *Shamanism*, 84: "The souls of dead shamans put him (an té atá le bheith ina sheaman) in relation with spirits, or carry him to the sky (cf. Siberia, the Altai, Australia etc.)".

[30] Ibid., 88–95.

[31] Ibid., 86 –7 mar a luann an t-údar an cuntas seo a fuarthas ó sheaman a bhain le ceantar Lower Murray na hAstráile: "When you lie down to see the prescribed visions, and you do see them, do not be frightened, because they will be horrible … Some of them are evil spirits … Do not be frightened … You may see dead persons walking towards you, and you will hear their bones rattle". Míníonn an seaman ina dhiaidh sin gur láidrede agus gurb éifeachtúlade an seaman feasta an teagmháil osnádúrtha seo. Deir an t-údar go mbaineann an fear leighis leas as na sprideanna a fheiceann sé chun breoiteacht a leigheas.

dtí an cultúr.[32] Dá réir sin, nuair a chuireann áitritheoir an tí neamhshaolta blúire d'fheoil amh os comhair na bhféinnithe, is féidir an gníomh sin a fheiceáil mar ionsaí ar dhaonnacht na gcuairteoirí, ar an tsochaí agus ar an gcultúr lena mbaineann siad. B'ionann agus filleadh ar ais ar staid bhunaíoch réamhshóisialaithe ina mbeidís ar comhchéim le hainmhithe an bia sin a ithe.[33] Ach is féidir gné shiombalach eile a fheiceáil i marú an chapaill a bhíonn ina bheathaidh arís an lá dár gcionn. Níl i gceist ach bás sealadach mar a bhíonn i gceist le seamain a théann ar thuras go domhan na marbh ach a fhilleann ar ais uaidh arís.[34] Maidir leis an doicheall agus an dímheas a léirítear i leith na gcuairteoirí saolta, baineann tábhacht, chomh maith, leis an dá shaghas adhmaid a ndéantar tagairt dóibh. Ní maith chun dóite an trom, tá droch-cháil air sa traidisiún Gaelach agus is fada ó bheith oiriúnach don chócaráil atá na beara caorthainn ar a ndéantar iarracht ar fheoil an chapaill a róstadh.[35] Murab ionann agus 'The Lay of the Smithy', tugann an dá dhán eile le tuisint gur laige Caoilte agus Oisín go mór ná a dtaoiseach agus nach dtiocfaidís slán ón ordéal

[32] Féach *Anthropology and Myth*, 39: "(Cooking) is symbolic in indigenous thought of the transition from Nature to Culture".

[33] D'fhill Mis ar staid réamhshóisialaithe den chineál sin, rinne saghas ainmhí di, d'fhás fionnadh ar a corp agus d'itheadh sí feoil amh. Díol spéise an pháirt a bhí ag an mbia bruite, ag an "gcócaráil" a rinneadh uirthi féin nuair a níodh san anraith í agus ag an gceol (ealaín neamhshaolta a bhfuil cumhacht leighis ag baint léi agus a bhfuil Caoilte féin mar a bheadh patrún uirthi in *Acallam na Senórach*) i slánú agus in athdhaonnú Mhis (Ó Cuív, 'The Romance of Mis and Dubh Rois'). Ar an taobh eile den scéal, baineann tábhacht ar leith le hainmhithe i ndeasghnátha insealbhaithe seamanacha (Eliade, *Shamanism*, 92–5 *et passim*; van Gennep, *Rites of Passage*, 108). Féach go bhfaightear téama ainmhíoch in 'The Lay of the Smithy' (4–5), leis, mar a léitear go raibh "cochall … do sheiche fíadha [a cloak of deerskin]" á chaitheamh ag Lon.

[34] Féach nóta 17.

[35] Féach *DIL* s.v. *nenaid*: "As a mark of deserted habitations freq. in maledictions: trí comartha láthraig mallachtan .i. tromm, tradna, nenaid" agus Meyer, *The Triads of Ireland*, 129: "Three tokens of a cursed site: elder, a corncrake, nettles". Ní haon mholadh a bhí ag Iubhdhán air ('Aidedh Ferghusa', 245). "Fid na ndruad" a thugann seisean ar an gcaorthann agus tagraíonn *DIL* (s.v. "trom") don drochbhlas atá ar an dá shaghas adhmaid, rud a d'fhágfadh go mbeadh beara caorthainn agus an t-ábhar tine mí-oiriúnach ar fad chun feoil a chócaráil. Ní hamháin go bhfuil drochbhlas ar an gcaorthann, tá drochbholadh uaidh chomh maith. Féach go raibh baint ag an gcaorthann leis an truailliú a rinneadh ar thigh Airt mhic Coinn nuair a thug "Eochuid Fúath nAirt" ceann duine mhairbh ar chleith chaorthainn isteach ann, gníomh mioscaiseach ar díbríodh Eachuid mar gheall air (Meyer, 'An Old-Irish Parallel to the Motive of the Bleeding Lance', 157–8). Is cuimhin liom féin gur measadh i dtraidisiún na tuaithe gur bhain mí-ádh leis an gcaorthann agus, dá réir sin, go raibh sé coiscithe slat chaorthainn a úsáid dá mbeifeá ag tiomáint beithíoch agus nár cheadmhach duine ná ainmhí a bhualadh lena leithéid de shlat. Ar ndóigh, is i gcodarsnacht leis an gceol binn a sheinnfí ag féasta is ceart an scréachaíl uafásach a thuiscint. Fágann sé seo go léir go bhfuil rialacha na féile agus an dea-iompair, ar sainchomharthaí iad den sóisialú, iompaithe bun os cionn ar fad sa teach aduain, mar chuid d'ordéal na bhféinnithe. Cuireann sé seo an "topsyturviness" a bhaineann, dar le Turner, le deasghnátha ardaithe nó aistrithe stádais i gcuimhne dhúinn (*The Ritual Process*, 201). Féach, leis, nóta 4.

murach é: “ba ro mharbh sinne dhe . muna bheith Fionn na Féinne [slain outright were we, but for Fionn of the Fian]”.[36] Ach fillfimid arís ar an bpointe seo.

Baineann céasadh, cruatan agus pian go minic le céim na tairseachúlachta sna *rites de passage*, mar atá feicthe againn. Orthu sin, tá saghas amháin a bhaineann go speisialta leis an seamanachas agus a thugann léargas ar chuid den íomháineachas sa dá dhán a chuireann síos ar chuairt na bhféinnithe ar an teach neamhshaolta: de réir cuntas ó sheamain éagsúla, gearrtar corp an nóibhísigh i bpíosaí agus cuirtear le chéile arís é mar chuid de phróiseas athnuachana. De réir cuntais amháin, is ón ordéal sin a thagann bua an leighis a bhíonn ag an seaman.[37] Cé nach dtarlaíonn sin do na féinnithe, féach féin go maraítear capall Fhinn, go ngearrtar a chorp i bpíosaí le tua agus go ndéantar iarracht ar an bhfeoil a chócaráil.[38] Is suimiúil, leis, an t-íomháineachas a bhaineann le scoilteadh nó le réabadh atá sna línte seo ag cur síos ar an gcéasadh a d’fhulaing na féinnithe agus iad ag éisteacht le ceol na sprideanna:

> In ceol ro chansattar dhuinn . do duisgeóchadh mairph a húir
> suaill nar sgoilt cnámha ar ccinn . nírbé an coigedal ceóilbhinn
>
> The song they sang for us would have wakened dead men out of the clay: it well nigh split the bones of our heads: it was not a melodious chorus.[39]

[36] *DF* ii, 30 agus 129. Féach, leis, Stokes, ‘Find and the Phantoms’, 302–3: “ropsar marba, mór in mod, meni beth Find a oenor [We had been dead, great the deed, / Had it not been for Find alone]”. Cuntas níos teoranta ar an troid a fhaightear sa scéal próis.
[37] Eliade, *Shamanism*, 36–7.
[38] *DF* i, 29 agus 129. Tá léamh an-suimiúil ag Nagy ar mharú an chapaill: ionadaí is ea é a ghlacann áit na bhféinnithe i ndeasghnáth ar a bhfuil cuma deasghnátha insealbhaithe: maraítear é, déantar é a chócarail, itear é beagnach agus athshaolaítear é: “in a word (it is) *processed* – in the other world” (‘Shamanic Aspects of the *Bruidhean* Tale’, 310). Tá léargas fiorspeisúil ag Nagy (‘Liminality and Knowledge in Irish Tradition’, 136 agus 140), ar an siombalachas tairseachúil a bhaineann le cócaráil agus le bia amh míchuí nach n-itear, i gcomhthéacs bhua an iomais: “Finn is between the categories of cook and cooked, consumer and consumable; as such he acquires knowledge” (ibid., 140). Is mar sin don triúr laoch san eachtra seo chomh maith.
[39] *DF* i, 29 agus 129. Caitheann an tuairim seo ag Nagy solas ar eispéireas na laochra sa saol eile: “The state of possessing supernatural powers and the state of being possessed by them are simultaneously operative for a shaman, and it this paradox which we see reflected in the *bruidhean* tale. Finn is both the guest and the victim of his supernatural host and the powers which the host represents; the otherworld manipulates Finn, who in turn can manipulate and exploit it … Finn emerges both strong and weak in the face of the supernatural” (‘Shamanic Aspects of the *Bruidhean* Tale’, 321–2). Ní taise do Chaoilte é.

Sna trí leagan den scéal, dúisíonn an triúr lá arna mhárach slán sábháilte. Is geall le haiséirí ón mbás nó le hathshaolú an dúiseacht sin. Seo mar a bhíonn ag an seaman i dtraidisiúin éagsúla, dar le van Gennep:

> The shaman dies (ar bhealach misteach) and his soul departs to the land of the spirits, the gods, or the dead. There he learns its topography and acquires the knowledge necessary to subdue the evil spirits and obtain the assistance of the good ones. The shaman then returns to life, is reborn … The important but not distinctive fact of shamanism is that in all the shaman's ceremonial actions one finds the recurring series of trances, death, voyages of the soul to the other world, return and application of the knowledge acquired … to a particular case (illness, etc.). It is a precise equivalent of the classical sacrifice.[40]

Cé nach ndeirtear in aon cheann de na laoithe, ná sa scéal próis, gur chuir éinne den triúr an fios a fuair siad sa saol eile i bhfeidhm láithreach i gcás ar leith tar éis dóibh filleadh ar ais ón saol eile,[41] tá fianaise feicthe againn cheana san *Acallam* ar an taithí atá ag Caoilte ar an saol eile agus ar a chumas maidir le húsáid luibheanna draíochta.[42]

Luamar roimhe seo an tagairt san *Acallam* d'ardchumas gaibhneachta Chaoilte. In 'The Lay of the Smithy', tugtar tús áite don chumas sin aige agus cuireann a ghaisce sa cheárta dhiamhair agus an t-aitheantas a fhaigheann sé ó na ceardaithe osnádúrtha é chun tosaigh ar na féinnithe eile agus ar Fhionn féin. Cuirtear lena stádas i súile áitritheoirí an tsaoil eile – stádas a léirítear arís agus arís eile san *Acallam*. Fágann sé seo nasc idir é féin agus triúr mórphearsa eile a bhfuil an ghaibhneacht i measc na scileanna iomadúla acu – Lugh, Gaibhne a rinne airm Thuatha Dé Danann, agus go háirithe Fionn.[43] Treisítear an ceangal idir Caoilte agus Fionn ar shlí eile: tá Caoilte (arbh ainm dó "Dáolghus" go dtí sin) mar a bheadh giolla ag Lon mac Líomhtha a raibh a chuid siúd d'obair na ceárta fós gan déanamh:

---

[40] van Gennep, *Rites of Passage*, 108–9.
[41] Féach tuairim Nagy maidir leis an bhfoghlaim a bhaineann leis an gcuairt ar an saol eile: "It is as if the otherworldly revelation granted to Finn in the *bruidhean*, and to the audience of the *bruidhean* tale, concerns primarily the nature of human society, which is being defined by contrast with the otherworld" ('Shamanic Aspects of the *Bruidhean* Tale', 309).
[42] Féach lgh. 28 agus 56–7, *supra*.
[43] Gray, *Cath Maige Tuired*, §§58, 97 agus 122. Féach, leis, an tagairt seo d'Fhionn, *DF* i, 34 agus 135: "Ba sáor ba cherdghobha glan . ba brethemh ághmhar úrlam / mairg do bhiodh ar a cionn a bfeirge . bá saoí gacha saoír-cheirde [He was a craftsman, an excellent metal-wright, a happy ready judge: woe to him that met him in anger: he was a master of every free craft]". Déantar nasc idir Lugh agus Fionn sa laoi seo: baineadh úsáid as adhmad ón gcrann coill ar ar chuir Lugh ceann Bhalair chun sciath a bhí ag Fionn níos déanaí a dhéanamh (*DF* i, 34–5 agus 135–6).

Ro ráidh Lon féin …
Mo chuidsi so 'na hénor
gan denamh dona harmoibh
…
do-rinne in gabha is Dáolghus
urlaighi fháobhrach udmall
Da ord mora ag in ghabha
& teanchair thailc tháobhglas
…
is maith do freagair Dáolgus

Lon himself said … "this alone is my portion of the weapons yet unmade". … the smith and Daolghus carried out some keen and nimble hammering. The smith had two great sledgehammers and a strong graysided tongs … Daolghus responded well.[44]

Cuimneofar gur chaith Fionn cuid dá óige in éineacht le Lóchán gabha,[45] tréimhse a bhí ina cuid tábhachtach dá oiliúint, dar le Nagy:

The gilla, like the fili, becomes a possessor of esoteric knowledge … In the text of the *Boyhood Deeds* … (Finn) goes to the smith Lóchán. It is not explicitly stated in our text (.i. 'Macgnimartha Find') that Find is employed as a servant by Lóchán, but in Scottish oral tradition the young Finn serves a smith as his gilla – that is, as his apprentice – during the period of his exile and search for identity. The smith, like other craftsmen in Celtic culture, is tinged with the magical. The figures of the druid and the smith are sometimes closely related to one another in Irish narrative.[46]

Agus é ag tagairt don phósadh idir Fionn agus iníon Lócháin, deir Nagy: "The mystery and danger surrounding the fugitive Finn's emerging identity are acceptable

[44] *DF* ii, 10 agus 11. Sáraíonn pearsa eile de chuid na Féinne Fionn ar uairibh mar le gaisce nó le misneach: is mó é gaisce Ghoill ná gníomhartha Fhinn i gcath Chruinnmhóna (*DF* i, 10–14 agus 106–110), sábhálann Goll an Fhiann agus Éire nuair a theipeann ar mhisneach na Féinne in 'Goll's Tomb and the Coming of Magnus' (*DF* ii, 318–29), agus tugann Goll coimirce Fhinn air féin nuair a bhíonn eagla ar an rífhéinní roimh laochra Thuatha Dé Danann (Joynt, *Feis Tighe Chonáin*, ll. 50–1). Ach is i gcomhthéacs mórphearsana na miotaseolaíochta Gaelaí agus Clasaicí (féach nóta 51 *infra*) agus i gcomhthéacs chumhacht dhiamhair na gaibhneachta agus an tseamanachais a chuirtear Caoilte chun tosaigh ar Fhionn anseo, rud a dhéanann pearsa ríthábhachtach de chuid na Fiannaíochta de.
[45] Meyer, 'Macgnimartha Find', 200. Tugtar "flaithgobae" ar Lóchán, téarma atá an-chóngarach do "ollamh gabhonn [master smith]" (*DF* ii, 6, §6; liom féin an t-aistriúchán), a úsáideann Lon mac Líomhtha agus é ag tagairt dó féin.
[46] Nagy, *The Wisdom of the Outlaw*, 147.

to the smith, who as a craftsman is a figure of mystery and anomaly himself".[47] Tá tábhacht leis an tagairt seo ag Nagy do "Finn's emerging identity": cuirtear féiniúlacht an nóibhísigh faoi chois le linn tréimse na tairseachúlachta agus go minic tugtar ainm nua air mar chomhartha ar a fhéiniúlacht nua nuair a bhíonn an tréimshe sin curtha de aige. Tugtar ainm nua ar Dhaolghus anseo ag freagairt dá stádas nua díreach mar a tugadh Cú Chulainn ar Shétanta agus Fionn ar Dhemne, nuair a bhí siad ag fágáil staid an linbh agus a bhféiniúlacht laochta ag teacht chun cinn.[48] Ach tá baint ag timpeallacht na ceárta agus ag ceird na gaibhneachta leis an bhféiniúlacht nua seo chomh maith. Léiríonn Eliade go bhfuil gaol gairid idir an seaman agus an gabha atá ina máistrí ar an tine ar nós an ailceimiceora agus an photadóra. Measadh go raibh cumhacht diamhair dhraíochta acu sin – cumhacht chruthaitheach – trínarbh fhéidir athrú suntasach a dhéanamh ar an domhan nádúrtha.[49] Tagraíonn sé don chreideamh i dtraidisiúin éagsúla i ndia-ghaibhne ("smith-gods") a raibh páirt acu i gcruthú an domhain agus deir: "the smith is … the architect and artisan of the Gods".[50] Tá an chuma ar an scéal go mbaineann nádúr diaga le Lon mac Líomhtha mar is mac iníne é do Bholcán.[51] Luaitear athnuachan (nuair a deir sé gur cheart Erichthonius a dhéanamh óg arís) agus íonadh leis siúd,[52] gnéithe a bhíonn i gceist

---

[47] Ibid.

[48] Féach Turner, *The Ritual Process*, 106–8: cuirtear na comharthaí sóirt a bhaineann leis an tairseachúlacht agus leis an gcóras stádais i gcodarsnacht lena chéile anseo. Baineann "anonymity" leis an staid tairseachúil ach baineann "systems of nomenclature" leis an gcóras stádais. Tarraingíonn Turner aird ar na cosúlachtaí idir deasghnátha insealbhaithe primitíbheacha agus deasghnátha a bhaineann le hoird eaglasta: "the novices are 'stripped' of their secular clothing … they are 'levelled' in that their former names are discarded". Féach Strachan, *Stories from the Táin*, 10, maidir le hathainmniú "Sétanta" agus Meyer, 'Macgnimartha Find', 199, mar a dtugtar ainm nua ar "Demne". In 'Find and the Phantoms' agus in 'Le Manuscrit Irlandais de Leide', cuirtear béim ar stádas Chaoilte mar nóibhíseach nuair a deir Fionn leis bheith ina thost – riail lena gcaitheann nóibhísigh cloí le linn a dtréimhsí tairseachúla (féach nóta 26).

[49] Eliade *The Forge and the Crucible*, 79–81: "The alchemist, like the smith, and like the potter before him, is a 'master of fire'. Fire … could … do something other than what already existed in Nature. It was therefore the manifestation of a magico-religious power which could modify the world … in certain cultures the smith is considered to be equal if not superior to the shaman". Cuireann a ainm nua béim ar an gcáilíocht seo ag Daolghus, fiú más ceadmhach bheith amhrasach faoin sanasaíocht. Féach, leis, an ceangal idir an ghaibhneacht agus cumas an cheoil agus na cruthaitheachta i dtraidisiúin áirithe, ina measc an traidisiún Seimíteach: "The identification of smith-craft with song is clearly indicated in semitic vocabulary" (ibid., 98–9). Tá feicthe againn cheana gur saincháilíocht de chuid Chaoilte is ea an cumas ceoil (Féach lgh. 60–64 *supra)*. Sainchumas de chuid an tseamain, leis, is ea an chantaireacht: féach nóta 66 *infra*.

[50] Eliade, *The Forge and the Crucible*, 98.

[51] *DF* ii, 6 agus 7. Mar gheall ar an gcomhthéacs, luífeadh sé le réasún gurbh é an dia clasaiceach atá i gceist, cé nach minic an dia sin á lua i seanlitríocht na Gaeilge: níl ach dhá thagairt do in *DIL* – s.vv. *Bolcán* agus 1. *fúath*.

[52] Seo cuid den nóta mínithe atá ag David Raeburn (*Ovid, Metamorphoses: a New Verse Translation*, 723: "Vúlcan *god of fire who made the gods' weapons, husband of Venus, son of Jupiter and Juno*"). Is é a rinne carbad na gréine (ibid., ii, l. 106), agus airm Aicill (ibid., xiii, ll. 288–90) is é a íonaigh

leis an gcéim thairseachúil i ndeasghnátha a bhaineann le seamanachas agus i ndeasghnátha eile a bhaineann le haistriú saoil. Gnéithe iad seo atá gaolmhar leis an athshaolú tar éis báis mhistigh, ar coincheap lárnach é sa seamanachas.[53] Pearsa mhisteach is ea an gabha,[54] agus bíonn baint díreach idir an ghaibhneacht agus teas agus tine na ceárta agus an t-athchruthú nó an t-athmhúnlú bíonn i gceist le deasghnátha insealbhaithe.[55]

Ní miste teagmháil mhisteach Chaoilte agus na bhféinnithe eile le neacha neamhshaolta a fheiceáil i gcomhthéacs mhisteachas Phádraig – an t-éisteoir ar a bhfuil na scéalta seo dírithe. Chonaiceamar cheana go bhfuil cosúlachtaí nach beag idir gnéithe de mhisteachas agus de chumhacht Phádraig agus buanna den chineál céanna a bhaineann le Caoilte: tá féith na fáidhiúlachta iontu beirt, bíonn siad araon i dteagmháil le gníomhairí osnádúrtha, ruaigeann siad neacha mioscaiseacha. Tugtar an dá chóras misteach a seasann Pádraig agus Caoilte dóibh i dtreo a chéile sa tslí, dá bhféachfaí ar Phádraig trí shúile an phágánaigh, go mb'fhéidir é a fheiceáil mar mhórsheaman nó mar dhraoi ríchumasach. Tá difríocht fhíorthábhachtach idir an bheirt, áfach, sa mhéid seo: baineann Pádraig le cultúr buacach na Críostaíochta, leis an gcóras atá in uachtar, agus fiú má chaitheann sé go cineálta caoinfhulangach le Caoilte agus leis an saol dá seasann sé, is léir gur le córas Phádraig atá an lá agus go gcaithfidh an seansaol géilleadh. I bhfocail eile, baineann Caoilte le córas misteach

---

corpán Earcail lena chuid lasracha (ibid., ix, ll. 262–3) agus a d'áitigh gur cheart Erichthonius a dhéanamh óg arís (ibid., ix, ll. 423–4). Déanaim talamh slán de, i ngeall ar chomhthéacs na gaibhneachta anseo, nach é Bolcán *Cath Fionntrágha*, ná Bolcán mac Neimhid a ndíbríonn Caoilte a chlann as Éirinn (Stokes, 'Acallamh na Senórach', l. 6337) atá i gceist sa chás seo. Féach nóta 23. Más é an dia clasaiceach atá i gceist anseo, d'fhágfadh sin Caoilte i gcomhluadar diaga den aicme is airde (ach féach *DF* iii, 346: ní thugann Murphy d'eolas faoi Bholcán ach a bhfuil sa laoi seo). Is cinnte, áfach, go gceanglaítear Caoilte le mórphearsana sa traidisiún dúchais: Lugh agus Gaibhne (féach nóta 43).

[53] Féach van Gennep, *The Rites of Passage*, 108–9.

[54] Féach van Gennep, 'Essai d'une théorie des langues spéciales', 330: "(les forgerons) occupent dans nombre de sociétés une position intermédiaire entre le monde profane et le monde sacré".

[55] Tugann Eliade (*Shamanism*, 41–2) cuntas ar dheasghnáth insealbhaithe ina seoltar fear atá le bheith ina sheaman ar thuras go dtí ceárta ina mbaineann gabha osnádúrtha corp an fhir as a chéile, déanann sé é a bheiriú agus athmhúnlaíonn arís é sa tslí go mbíonn sé feasta ina sheaman cruthanta. Féach, leis, an cuntas aige (ibid., 470–4) ar an ngaol gairid idir an ghaibhneacht agus an seamanachas. Faightear sampla de théama an athmhúnlaithe agus na hathnuachana i scéal déanach béaloidis sa Ghaeilge: scéal Ghabha an tSuic in Marstrander, 'Deux contes irlandais', 371–86. Sa scéal sin, insítear mar a rinne gabha, a raibh cumhacht diamhair aige, na cosa a bhaint de chapall chun cruite a chur fúthu agus na cosa a chur ar ais faoin gcapall arís. Rinne an gabha céanna beirt sheanbhan a dhó i dtine na ceárta agus rinne sé bean óg amháin as cnámha na beirte. Léiríonn Marstrander go bhfaightear móitíf an ghabha a bhfuil cumhacht diamhair aige san iliomad tíortha san Eoraip (ibid., 392–486).

imeallach atá faoi bhagairt. Fiú nuair a bhí Caoilte agus an Fhiann in ard a réime, grúpa fánach imeallach ab ea iad ar thairseach an dlí agus na sochaí seasta. Baineann tábhacht sa chomhthéacs seo leis an idirdhealú a dhéanann I.M. Lewis idir córais mhisteacha imeallacha agus córais lárnacha. Tráchtann seisean ar an tslí a gcleachtaítear dhá reiligiún le hais a chéile i measc pobal áirithe, agus tugann sampla phobal *Macha* a mhaireann san Aetóip agus ar cuid de náisiún *Oromo* iad. Ní in achrann lena chéile atá an creideamh dúchasach agus an Chríostaíocht i gcás phobal *Macha*, a gcleachtann mórán díobh an Chríostaíocht. Is amhlaidh, a deir sé, atá "loose syncretic relationsip" idir an Chríostaíocht agus an creideamh traidisiúnta i measc an phobail sin agus deir: "to many Macha … they must appear as parts of a single continuum rather than as discrete contradictory faiths".[56] I gcásanna áirithe aithníonn an pobal lena mbaineann córas misteach lárnach go mbaineann bailíocht agus feidhmeanna áirithe le sprideanna an chórais imeallaigh ar shlí a thugann cumhacht áirithe don aicme lag. Mar léiriú air seo, tagraíonn Lewis do shampla Malabar mar a bhfeidhmíonn dhá chóras mhisteacha i dteannta a chéile uaireanta, cé go mbaineann siad le dhá cheast ar leith. I gcás *Nayars* Malabar, sainaicme ardstádais, a bhfuil cultas sprideanna a sinsear go láidir ina measc, tuigtear gur féidir le sprideanna a bhaineann le ceast íseal, a bhfuil na *Nayars* ina máistrí orthu, dochar a dhéanamh dóibh. Ar an ábhar sin, síleann na *Nayars* fearg na sprideanna sin a mhaolú trí shearmanais a stiúraíonn duine den aicme íseal ar a son.[57] Measann Lewis go mbaineann cumhacht mhóralta de ghnáth le córais mhisteacha lárnacha ach gur neacha dímhórálta a bhíonn de ghnáth i sprideanna an chórais imeallaigh i gcásanna ina bhfaightear an dá chóras seo le hais a chéile.[58] Murab ionann agus Dia na Críostaíochta agus aingil Phádraig, ní bhaineann údarás mórálta leis na neacha neamhshaolta a mbíonn teagmháil ag Caoilte leo, agus go deimhin féin, ní ag

[56] *Ecstatic Religion*, 139: "the Virgin Mary and and a number of leading saints from the Christian tradition as well as certain figures from Islam, including even the Prophet Mohammad, have … been assimilated to refractions of *Waka* … Hence, if this ecstatic religion voices the local cultural nationalism of the Macha, it does so … in a manner which … admits of a gradual movement towards the assimilative culture and religion of the dominant Amhara". Tá cosúlacht nach beag idir é seo agus cás Haiti, áit a maireann an misteachas traidisiúnta, a bhfuil a phréamhacha san Afraic, i measc cuid mhór den phobal ach a bhfuil mórán gnéithe de Chríostaíocht an *small westernized ruling elite* tugtha isteach sa *vodoo* (ibid., 94–6).

[57] Ibid., 102–3. Féach gurb é an seanbhriocht, 'Sén na n-én', a úsáideann Caoilte (le faomhadh Phádraig agus i láthair an naoimh) chun éin mhioscaiseacha a ruaigeadh agus go gcuireann Pádraig a bheannacht ar an láthair mar chosaint ar dhrochsprideanna (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 6337–55. Féach an plé againn thuas (lgh. 18–26 *supra*) ar shlite ina bhfítear eilimintí den Chríostaíocht agus den chreideamh réamhChríostaí ina chéile sa tsaothar sin agus i mbeathaisnéisí Phádraig).

[58] Lewis, *Ecstatic Religion*, 27–9, 104 agus 111.

iarraidh tionchar mórálta a imirt ar na daonaithe a bhíonn siad. Mar sin féin, ní gan éifeacht a bhíonn a theagmháil leo. Chonaiceamar go bhfuil nasc, de réir cosúlachta, idir Lon mac Líomhtha agus *elite* na ndéithe clasaiceacha agus go gcaitheann sé go hómósach le Caoilte. Fágann sé seo stádas ard ag Caoilte, rud atá riachtanach sa mhéid go bhfuil sé mar chóimheáchan do Phádraig san *Acallam*, agus go gcuirtear an saol a bhfuil sé ina urlabhraí ar a shon ar comhchéim beagnach leis an gCríostaíocht i slite áirithe san *Acallam*. Cuireann an nasc seo idir Caoilte agus an litríocht ársa chlasaiceach lena sheasamh mar údar ar chúrsaí ealaíne agus aeistéitice – gné atá pléite againn cheana.[59] Cé nach bhfuil an léiriú a dhéantar ar Chaoilte sa dá dhán a bhaineann leis an gcuairt ar an teach neamhshaolta sa ghleann chomh dearfach, moltach leis an gcuntas a fhaighimid air in 'The Lay of the Smithy', mar sin féin, léirítear ann gnéithe tábhachtacha den ról agus den fheidhm atá aige sa bhFiannaíocht. Is mar fhear óg nó mar ghiolla, b'fhéidir, nach bhfuil barr foirfeachta bainte amach aige fós, a shamhlaím é agus é ar cuairt sa teach aduain.[60] Ach cuid dá oiliúint ag an seaman Fionn agus ag na sprideanna imeallacha atá i gceist – oiliúint trína mbainfidh sé máistreacht amach ar ball. Léiríonn an eachtra seo go siombalach an ról atá ag Caoilte mar phearsa thairseachúil atá ina idirghabhalaí idir an saol seo agus an saol eile agus mar chosantóir ar Éirinn i gcoinne fórsaí seachtracha de gach saghas a bhíonn de shíor ag bagairt.

An féidir a rá le cinnteacht gur seaman é Caoilte? Is deacair freagra deifnídeach a thabhairt ar an gceist seo, dar liom, mar, ainneoin gaol gairid a bheith idir an ghaibhneacht agus an seamanachas mar atá feicthe againn, ní hionann iad,[61] cé go mbaineann a lán de na cumhachtaí céanna leis an dá aicme.[62] Sa chultúr Gaelach go háirithe, ní i gcónaí a bhíonn deighilt ghlan idir ceirdeanna agus ealaíona éagsúla agus, mar atá feicthe againn, is saoi ildánach é Caoilte. Is maith mar a áitíonn Nagy gur seaman é Fionn,[63] rud a thabharfadh ort ceist a chur: ar sheol an t-oide a dhalta

[59] Féach, mar shampla, 66–8 *supra*.
[60] Murab ionann agus Fionn, ní ar muin capaill atá sé, agus nuair is crua dóibh sa troid, is é Fionn a thugann é féin agus Oisín slán ó ionsaí na sprideanna.
[61] Eliade, *Shamanism*, 470: "The craft of the smith ranks immediately after the shaman's vocation in importance. 'Smiths and shamans are from the same nest' says a Yakut proverb".
[62] Ibid., 470: "smiths (in certain traditions) have power to heal and even to foretell the future"; ibid., 473: "In some cases we even find a symbiosis between smiths and shamans or medicine men".
[63] 'Shamanic Aspects of the *Bruidhean* Tale'.

ar an mbóthar sin? Tugann Nagy liosta an-úsáideach de na saintréithe a bhaineann leis an seaman – liosta a bhunaigh sé ar shaothar Eliade agus Lewis:

1. Is féidir leis an seaman gluaiseacht ar a thoil idir an domhan seo agus domhain eile – go háirithe, is féidir leis taisteal go dtí domhan na marbh. Feictear an seaman ag eitilt, ag dreapadh nó ag imeacht ar muin capaill go dtí an saol eile.
2. Is é príomhfheidhm an tseamain an pobal saolta a chosaint ó dhochar seachtrach. Is féidir leis naimhde osnádúrtha a ruaigeadh. Seolann sé daoine eile isteach agus amach as an saol eile.
3. Toisc go mbíonn sé ar cuairt ar dhomhain éagsúla, bíonn fios as an gcoitiantacht aige agus roinneann sé an fios atá aige ar na domhain sin le daoine eile.
4. Bíonn an seaman in ann teagmháil a dhéanamh leis an saol eile agus fórsaí an tsaoil eile a ionramháil ar mhaithe leis an tsochaí, ach tarlaíonn go ndéanann na fórsaí sin é siúd a ionramháil chomh maith. Sa teagmháil tionscantach a bhíonn aige leis an saol eile, fulaingíonn sé féin céasadh. Ní mór dó foghlaim conas fórsaí an tsaoil eile a smachtú agus bheith inghlactha ag na fórsaí sin sara mbíonn sé ina sheaman cruthanta, lánchumasach.[64]

Is dóigh liom go bhfuil feicthe againn go sásaíonn Caoilte gach ceann de na riachtanais seo. Dar le Eliade, bíonn dhá shaghas oiliúna i gceist i gcás an tseamain:

> (1) Ecstatic (dreams, trances, etc.) and (2) traditional (shamanic techniques, names and functions of the spirits, mythology and genealogy of the clan, secret language etc.). This twofold course of instruction, given by the spirits and the old master shamans, is equivalent to an initiation.[65]

Ní heol dom aon chuntas sa mhéid den traidisiún atá tagtha anuas chugainn ar theagasc den tarna cineál thuas a bheith á thabhairt do Chaoilte ag seaman aitheanta. Ach níorbh aon ionadh é dá gcuirfeadh a athair altrama oiliúint den sórt sin air. Rud eile, dealraíonn sé nach gá go mbeadh gné na foghlama faoi theagasc seamain

[64] Ibid., 303.
[65] Eliade, *Shamanism*, 13.

aitheanta i gceist ar bhealach struchtúrtha i gcónaí. Luann Lewis Knud Rasmussen, taiscéalaí agus eitneagrafaí ón Danmhairg a rinne staidéar fairsing ar an seamanachas i measc bundúchasaigh an Artaigh, agus an cuntas aige siúd ar fhear ar tháinig cumas an tseamain chuige gan chabhair ó mháistir daonna ar bith, agus é ar fán san uaigneas.[66]

Is léir, mar sin, go bhfreagraíonn tréithe agus iompar Chaoilte agus Fhinn do chomharthaí sóirt an tseamanachais mar atá siadsan le feiceáil sna samplaí idirnáisiúnta atá pléite againn. Ach más seamain féin iad, ní mór cuimhneamh gur mó agus gurb ilghnéithí ná sin iad: is laochra, ceannairí, filí, scéalaithe agus sealgairí iad chomh maith.[67] Ní bheadh sa seamanachas, mar sin, ach gné amháin, nó feidhm amháin a bhainfeadh leo. Deir Nagy gur seaman de shaghas an file Gaelach go minic:

> He knows about the past and future history of society and also about the other worlds which surround it. The *fili* can function as a *kind of shaman* (liomsa an bhéim); he has access to realities beyond the experience of most other members of society and can reveal those realities to them through his poetry.[68]

Más fíor i gcás na bhfílí, *a fortiori*, is fíor i gcás Chaoilte.

Cé go n-áitím gur féidir na dánta a ndearnadh staidéar anseo orthu a léamh mar chuntais ar thurasanna seamanacha, is é an rud is tábhachtaí sa deireadh ó thaobh na litríochta de ná an chaoi a bhfeidhmíonn an t-íomháineachas agus na móitífeanna a bhaineann leis an draíocht agus leis an osnádúr iontu. Tá an t-íomháineachas sin saibhir agus iltoiseach agus cuireann sé go mór leis an léiriú a dhéantar ar phearsana na scéalta agus ar an tírdhreach misteach ina bhfeidhmíonn siad. Is maith a léiríonn na híomhánna scanrúla a bhaineann leis an gcuairt ar an teach sa ghleann sceirdiúil

[66] Lewis, *Ecstatic Religion*, 32. Is féidir a leithéid sin de thuiscint a bhaint chomh maith as an méid seo ag Moréchand .i. nach gá oiliúint ó sheaman i gcásanna áirithe: "Lorsque les signes (na comharthaí go bhfuil an ghairm faighte aige) ont été reconnus, le futur chaman doit découvrir par quels *neeb* il a été appelé. Il lui est indispensable, pour cela de se faire aider par un chaman si l'appel n'a pas été assez puissant et assez clair pour le faire trembler spontanément et chanter un *txheev neeb* (appel des *neeb*) de sa propre initiative" ('Les Chamans', 208).
[67] Tá difríocht shuntasach idir Fionn agus Caoilte agus na seamain a gcuireann Eliade agus Lewis síos orthu: sna cuntais a thugtar orthu sin, is ar éigean a chloisimid aon rud faoi ghnéithe ar bith dá saol seachas a gcleachtais seamanacha.
[68] Nagy, 'Liminality and Knowledge in Irish Tradition', 135.

an dainséar agus an tsíorbhagairt ón saol eile agus ón saol seo ar a gcaitheann Caoilte, Fionn agus na féinnithe aghaidh a thabhairt go rialta, agus an mhíshocracht a bhaineann lena ról mar phearsana tairseachúla agus mar idirghabhálaithe idir domhain difriúla. Oireann íomhánna a bhaineann le gaibhneacht go speisialta do Chaoilte mar gheall ar an athshondas a bhaineann leo. Mar atá léirithe go paiteanta ag Eliade, tá nasc idir ceird misteach an ghabha agus an seamanachas, an leigheas, an ceol, an fhilíocht, an tseilg agus an t-insealbhú i gcás *Männerbünde* ar nós na Féinne.[69] Baineann sé leis an iomháineachas fileata nach i gcónaí is féidir an chiall atá le baint as a shainiú ná a theorannú. Ach measaim go gcuimsíonn íomháineachas na laoithe seo agus an scéil phróis atá pléite againn a lán de shaintréithe Chaoilte agus de mhisteachas na Fiannaíochta. Is dócha nach beag sin.

[69] Eliade, *The Forge and the Crucible*, 97–108.

5 Fuascailteoir Cleasach[1]

Déanfar iniúchadh anseo ar cháilíochtaí a chuireann ar a chumas do Chaoilte bheith ina fhuascailteoir éifeachtach agus ar an bparadacsa agus ar an défhiús a bhaineann leis an ról sin aige. Tabharfar spléachadh ar aircitíopa an chleasaí, de réir mar a fheictear é i dtraidisiúin éagsúla, agus áiteofar go mbaineann tréithe agus caílíochtaí de chuid an aircitíopa sin le Caoilte, mar a bhaineann le carachtair eile san Fhiannaíocht agus sa litríocht idirnaisiúnta trí na haoiseanna.

Is iomaí riocht ina bhfeictear an cleasaí i dtraidisiúin éagsúla ach, ainneoin na ndifríochtaí suntasacha a bhíonn i gceist ó áit go chéile agus ó aois go haois, is féidir roinnt tréithe agus cáilíochtaí seasta a aithint i gcás na pearsan sin. Mar shampla, faightear léiriú suimiúil ar thréithe agus ar iompar an chleasaí i scéal Iacóib agus Lábáin sa Sean-Tiomna. Is de bharr cleasaíochta agus draíochta, agus de bharr an mhargaidh chliste a dhéanann sé lena mháistir a éiríonn Iacób saibhir. Iarrann Iacób, a bhí mar aoire ag Lábán, go dtabharfaí dó, mar thuarastal, na caoirigh agus na gabhair i dtréad Lábáin a bhí "dubh ballach nó breac". Síleann Lábán bob a bhualadh ar Iacób agus seolann sé chun siúil na hainmhithe sin a gheall sé dó. Ach imríonn Iacób cleas a dtarlaíonn dá bharr go saolaítear líon mór uan agus mionnán agus iad riabhach, ballach nó breac. Bíonn siadsan sláintiúil láidir agus bíonn na hainmhithe bána ina locarthaigh.[2] Cé gur thuill Lábán díoltas Iacóib mar gheall ar a chuid caimiléireachta, is léir gur bhain camastaíl le Iacób chomh maith, mar chuir an gliceas foclaíochta a bhain leis an margadh dallamullóg ar a mháistir agus bhí seisean thíos go mór leis an socrú sa deireadh. Pearsa thábhachtach i dtraidisiún na Críostaíochta is ea Iacób, ach, fós féin, féach go mbaineann défhiús leis san eachtra seo.

Pearsa dhéfhiúsach is ea an cleasaí, chomh maith, i dtraidisiún bundúchasaigh Mheirceá Thuaidh, dar le Paul Radin.[3] Ní go maith a théann a chuid eachtraí

[1] Úsáidim an aidiacht seo agus an t-ainmfhocal "cleasaí" ag tagairt d'aircitíopa an *Trickster* (féach Radin, *The Trickster*).
[2] Gein. 30: 25–43.
[3] Radin, *The Trickster*, ix: "Trickster is at one and the same time creator and destroyer, giver and negator … He knows neither good nor evil, yet he is responsible for both".

aisteacha dó i gcónaí, bíonn sé ina amadán nó ina cheap magaidh agus baineann greann *burlesque* lena chuid eachtraí mí-ámharacha ar uairibh.[4] Luann Alan Harrison na tréithe seo a leanas a bhaineann go minic le pearsa an chleasaí nó an drúith i litríocht na hÉireann: féadann sé bheith ina mhisteach, ina sceilpín gabhair, ina chleasaí, ina fhile, ina fhear feasa, ina oirfideach agus ina fhear siamsa agus deir sé ansin: "he changes continually, wearing all or some of these hats at the same time".[5]

I seanlitríocht na Gréige, luaitear an chleasaíocht go minic le Hermes go háirithe, ach baineann an tréith sin, chomh maith, le mórcharachtair eile sa traidisiún sin. Seo mar a deirtear faoi Hermes: "(Maia) bore a child of many a wile and cunning counsel, a robber, a driver of the kine, a captain of raiders … a thief of the gates".[6] Agus é ag tagairt do ghoid eallach Apalló ag Hermes, deir Norman O. Brown nach ndamnaítear an gníomh sin mar choir: "Nowhere is moral disapproval expressed".[7] Bíonn Zeus páirteach i gcleasaíocht Hermes agus baineann sé leas as a chumas siúd ar cheilt agus ar ghanfhiosaíocht nuair a chuireann sé a mhac cleasach go dtí an Traí chun cabhrú le Priam agus é a thabhairt slán trí champa an namhad chomh fada le puball Aichill: "So off you go now and conduct lord Priam to the Greeks' hollow ships in such a way that not a single Greek sees and recognizes him until he reaches Achilles".[8] Cáilíocht iltaobhach is ea cleasaíocht Hermes agus tá míniú le fáil sa tréith sin aige ar na príomhfheidhmeanna a shamhlaítear leis. Léiríonn Brown go mbaineann Hermes le teorainneacha agus le hionaid imeallacha agus go bhfuil sé ina mháistir, dá réir sin, ar gach a mbaineannn le tairseachúlacht agus le trasnú teorainneacha – trádáil, ceardaíocht, taidhleoireacht agus idirghabháil. Toisc gur bhain searmanais draíochta riamh i seanchultúr na Gréige agus áiteanna eile nach í

[4] Tumann Trickster isteach san uisce agus gortaíonn sé a cheann agus é ag iarraidh teacht ar phlumaí a bhfeiceann sé a scáil san uisce (Radin, *The Trickster*, 28). Uair eile, titeann sé ar charn dá chac féin (ibid., 27).
[5] Harrison, *The Irish Trickster*, 26. Léiríonn Harrison go bhfuil gaol gairid idir an drúth agus an cleasaí, agus go mbaineann tréithe comónta leo. Ach deir sé (ibid., 78) go dtagann athrú ar an bpearsa seo, de réir mar a athraíonn an tsochaí agus de réir an fhoráis a thagann ar an litríocht.
[6] Lang (aistr.), *The Homeric Hymns*, 134–5. Gheobhfar cuntas ar chleasaíocht Prometheus agus Zeus in Wender, 'Hesiod, Theogony', 39–41.
[7] Brown, *Hermes the Thief*, 75. Féach go léiríonn Zeus féin nach gcuireann bradaíl chleasach Hermes ná a chuid bréagadóireachta alltacht air (Lang, *The Homeric Hymns*, 154–5): "But Zeus laughed aloud at the sight of his evil-witted child, so well and wittily he pled denial about the kine").
[8] Jones agus Rieu, *Homer: The Iliad*, xxiv, ll. 336–8.

le trasnú teorainneacha agus le teagmháil le stróinséirí, tá Hermes inniúil ar dhraíocht – saghas ar leith cleasaíochta:

> The magic practices surrounding intercourse with strangers were naturally associated with the god of the boundary stone … The magic art of dealing with strangers is well calculated to inspire the concept of the trickster-magician; the stranger represents a hostile force which must be outmanoeuvred or tricked. Spellbinding, oath-making, sexual seduction, and other forms of trickery reported in the myths of Hermes are in fact various manifestations of his magic power to control strangers.[9]

Léiríonn Brown go raibh Hermes ina phatrún ar lucht trádála agus ar cheardaithe – daoine ar ghá dóibh taisteal thar teorainneacha agus an fásach dainséarach a thaithiú.[10] Mar gheall air seo, rinne laoch cultúir de Hermes agus nascadh a ainm leis an rath.[11] Baineann luas osnádúrtha le Hermes faoi mar a bhaineann le Trickster Radin.[12]

Cleasaí cruthanta is ea Iúpatar de réir mar a léirítear é in 'Amphitryo', a bhfuil an cheilt, an chleasaíocht agus an ghanfhiosaíocht ar na huirlisí a úsáideann sé chun a mhian chollaí a shásamh.[13] Ach murab ionann agus cleasaithe eile, maolaítear gné na mioscaise ina chás siúd agus, mar is gnáth sa choiméide, tagann gach éinne go

---

[9] Brown, *Hermes the Thief*, 34–5. Féach, leis, ibid., 38–43.
[10] Ibid., 38–9.
[11] Ibid. Féach, leis, Lang, *Homeric Hymns*, 134: "Of Hermes sing, O Muse … the fortune-bearing Herald of the Gods". Seo mar a chuireann Mercury síos air féin agus é ag caint leis an lucht féachana (Watling, 'Amphitryo', 228): "All people here that would have me prosper their affairs and bring them gain in the buying and selling of merchandise or any other business … have the goodness to listen to this play attentively". Féach, leis, van Gennep, *The Rites of Passage*, 15–38, mar a dtráchtar ar na tabúnna agus ar na deasghnátha a bhaineann le trasnú teorainneacha agus le teagmháil le stróinséirí in áiteanna éagsúla ar fud na cruinne agus ar an mbaint atá ag bronntanais agus ag caidreamh gnéis leis na deasghnátha sin. Tráchtann Nagy (*Mercantile Myth in Medieval Celtic Traditions*, 4–8) ar an easpa iontaofachta, ar an gcleasaíocht agus ar an gcealg a shamhlaítí leis an gceannaí chomh maith lena chumas ar idirbheartaíocht sa domhan Clasaiceach agus sa litríocht Cheilteach.
[12] Jones agus Rieu, *Homer: The Iliad*, xxiv, 339–42: "the slayer of Argus … bound under his feet his lovely sandals, golden and imperishable, that carried him with the speed of the wind over the water and the boundless earth"; Radin, *The Trickster*, 11: "by this time (Trickster) had run over the whole earth and he was now approaching the place where the sun rises, the end of the world".
[13] Féach Clancy, 'Fools and Adultery in Some Early Irish Texts', 105–9, mar a léirítear an dlúthbhaint atá i seanlitríocht na hÉireann agus i dtraidisiún meánaoiseach na hEorpa idir an chleasaíocht, an bhuile agus an grá ainmhianach. Féach, go háirithe, an méid seo: "Folly and adultery or illicit love are connected both linguistically and symbolically. The word *drúth*, for instance, is originally an adjective meaning 'wanton, unchaste' related to the abstract noun *drús*, meaning amorous desire or lust. The adjective developed two substantive meanings, *drúth*, 'loose woman, harlot', and *drúth*, 'jester, buffoon, idiot'" (ibid., 106).

maith as an gcleasaíocht sa deireadh.[14] Gliceas, mioscais, cruas croí agus cealg is mó a shamhlaítear le Renart, a n-éiríonn leis an dubh a chur ina gheal ar ainmhithe agus ar dhaoine agus a leas féin a dhéanamh go míthrócaireach, neamhscrupallach. Is ar éigean a bhaineann dea-thréithe de shaghas ar bith leis.[15] Is iomaí craiceann curtha de ag an gcleasaí ó aimsir Hesiod, Homer, agus Geinisis go dtí ár linn féin. Mar a deir Radin:

> The Trickster myth is found in clearly recognisable form among the simplest aboriginal tribes and among the complex. We encounter it among the ancient Greeks, the Chinese, the Japanese and in the Semitic world. Many of the Trickster's traits were perpetuated in the figure of the medieval jester, and have survived right up to the present in the Punch-and-Judy plays and in the clown.[16]

Ní cás a lua go bhfuil lorg an chleasaí go láidir ar mhórán mórphearsan liteartha meánaoiseacha agus iar-mheánaoiseacha, mar shampla: Nicolas an scoláire,[17] Sganarelle,[18] Figaro,[19] "Cetharnach úi Dhómnaill",[20] Alphonse an cat,[21] agus Jimín Mháire Thaidhg.[22]

Cé gurb iomaí riocht ina nochtann an cleasaí é féin, agus cé nach mar a chéile aon dá ionchollú den mhiotas, is féidir na cáilíochtaí agus na tréithe is suntasaí a bhaineann leis a liostáil mar seo:

- féadann sé bheith ina phearsa dhiadha, leathdhiadha nó dhaonna;
- pearsa imeallach is ea é, a thaithíonn an spás idir eatarthu;

---

[14] Féach Watling, 'Amphitryo'. D'fhonn luí le bean daonna, cuireann Iúpatar cruth a fir siúd air féin agus cruth searbhónta ar Mercury agus cuireann sé fad leis an oíche d'fhonn cur lena bpléisiúr. Ach nochtann Iúpatar ag deireadh an dráma nach féidir milleán ar bith a chur ar an mbean mar gur cheap sise gurbh é a fear féin a bhí aici nuair a luigh sí le hathair na ndéithe, agus tuarann sé go dtuillfidh an mac a gineadh an oíche sin clú dá mháthair agus dá fear.
[15] Paris, *Les aventures de Maître Renart*. Féach, leis, Pauphilet, 'Le Roman de Renart', *Poètes et Romanciers du Moyen Âge*, 511–44.
[16] Radin, *The Trickster*, ix. Féach, leis, Turner, *The Ritual Process*, 108–11, mar a gcuirtear síos ar an ról a bhíonn in áiteanna san Afraic ag pearsana áirithe a mbaineann stádas íseal leo agus a mbíonn ról acu atá ionchurtha le ról an "court jester" i dtraidisiún na hEorpa. Deir Turner go mbaineann "the powers of the weak" leosan agus gur cuntraphointe do phearsana ardchumhachta iad: "these figures … appear to symbolize the moral values of communitas as against the coercive power of supreme political leaders".
[17] Chaucer, 'The Miller's Prologue and Tale'.
[18] Molière, *Le Médecin Malgré Lui*.
[19] de Beaumarchais, *Le Mariage de Figaro*.
[20] O'Grady, *Silva Gadelica*, 276–89.
[21] Aymé, *Les Contes du Chat Perché*.
[22] Ó Siochfhradha, 'Jimín', in idem, *Seoda an tSeabhaic, Jimín agus an Baile seo Againne*.

- bíonn sé ina idirghabhálaí;
- féadann sé bheith dímhórálta nó ainmhianach;
- féadann sé an mhaith agus an t-olc a dhéanamh;
- is minic é ag cothú an anoird agus ag tabhairt dúshlán chóras aitheanta na cumhachta;
- féadann sé bheith cruálach, míthrócaireach;
- bíonn eolas aige ar dhraíocht;
- bíonn sé inniúil ar dhaoine a ionramháil ar mhaithe lena chuspóirí féin;
- bíonn sé mí-ádhmharach ar uairibh agus ní annamh é ina ábhar magaidh *burlesque*.

Sa bhreis ar an méid sin, is fiú ról an arailt ag Hermes a lua mar aon le bua na ceardaíochta agus an cheoil aige.[23] Mar a mhíníonn Brown, tá nasc idir na buanna sin agus an draíocht. Maidir le ról an arailt, deir sé gur searbhónta de chuid an rí ab ea an t-aralt in aimsir Homer ach, sa bhreis air sin, gur chuid de dhualgas an arailt freastal ar an rí go háirithe ag féastaí, agus go mbíodh cúraimí uirísle le déanamh aige, mar shampla, freastal ag bord agus folcadán an rí a ullmhú. Ach bhain feidhm thábhachtach dheasghnáthach leis an aralt, chomh maith: "They are functionaries in sacred ceremonies, such as sacrifices and the ritual of divination by lottery; even the royal banquets at which they minister are in essence sacred meals".[24] Ina theannta sin, léiríonn Brown nasc idir ceard an arailt agus ceard lucht feasa, lucht leighis, siúinéirí agus filí chomh maith.[25] Mar atá feicthe againn, ní gnáth go mbaineann gach ceann de na sainchomharthaí leis an gcleasaí ach is féidir pearsa a aithint mar chleasaí ach rogha nó cnuasach de na cáilíochtaí sin a bheith ag roinnt leis.[26]

Tráchtfar anois ar dhornán laoithe ina bhfeictear go mbaineann roinnt de cháilíochtaí an chleasaí le Caoilte. Thart ar 1200 a cumadh 'The Battle of the Sheaves', dar le

[23] Féach Lang, *Homeric Hymns*, 135–7: baineann idir chleasaíocht agus cheardaíocht oilte leis an tslí a ndearna Hermes an lir. Léiríonn an méid seo ag Brown (*Hermes the Thief*, 23–4) a mhéid atá nasc dlúth idir na buanna éagsúla ag Hermes: "In the classical period the noun *κέρδος* was the regular word for economic gain or profit … In Homeric usage, however, the meaning of words of this root oscillates between 'gain', 'trickery', and 'skill'. The basic meaning of the root is 'skill at making or doing things'; it is related to the Sanskrit *krtya*, meaning 'a doing' especially a magic practice, and to the Irish *cerd*, meaning a 'craft' or 'craftsman', with special reference to the craft of the smith and of the poet".
[24] Brown, *Hermes the Thief*, 26.
[25] Ibid. Féach, leis, nóta 23.
[26] Féach nóta 5.

Murphy,[27] dán ina bhfeictear Caoilte agus ról an fhuascailteora aige.[28] Lá dá mbíonn Fionn agus an Fhiann ag seilg, leanann siad giorria,[29] ach téann an t-ainmhí sin i bhfolach uathu i ngort arbhair. Ordaíonn Fionn dá lucht leanúna an t-arbhar a bhaint d'fhonn teacht ar an ainmhí agus gar a dhéanamh san am céanna do bhean Chaoilte, ar léi an t-arbhar. Tagann bean Chaoilte i láthair agus tugann sí cuireadh chun a tí d'Fhionn, ach ní ghlacann seisean leis an gcuireadh sin. Agus le linn dóibh bheith ag baint an arbhair, bíonn bean Chaoilte ag gabháil síos suas ina carbad agus ceoltóir in éineacht léi ag seinm. Is gearr go n-ionsaíonn arm Lochlannach an Fhiann atá (don chuid is mó) gan airm lena gcosnóidís iad féin. Téann Caoilte ag triall ar na hairm, tugann sé chun na Féinne iad agus bíonn an bua acu ansin. I leagan Albanach den scéal céanna, a bailíodh ó bhéalaithris Donald Cameron i mbliain a 1865, faighimid leagan gairid den eachtra chéanna: cloisimid faoin ionsaí a rinneadh ar an bhFiann agus iad ag baint arbhair, agus faoi ghaisce Chaoilte, a shlánaigh a chomrádaithe a bhí i mbaol a mbáis, ach ní chloisimid faoin tseilg in aon chor ná ní mhínítear cén fáth a raibh an Fhiann ag baint an arbhair. Dá bhrí sin, caillteár cuid den diminsean diamhair, neamhshaolta a bhaineann le leagan *Duanaire Finn.*[30]

Tá dílseacht Chaoilte mar théama in 'The Battle of the Sheaves' sa mhéid go léiríonn seisean a dhílseacht dá thaoiseach agus dá chomrádaithe tríd an gcleas gaisciúil a dhéanann sé chun iad a shábháil. Ach fágtar gnéithe áirithe den eachtra gan mhíniú agus bíonn amhras ar an léitheoir nach bhfuil fírinne iomlán an scéil á nochtadh dó, agus go mb'fhéidir go bhfuil scéal eile faoi cheilt faoi dhromchla an scéil a insítear. Ní léir conas is ceart páirt an ghiorria, a théann i bhfolach san arbhar, a thuiscint, ach chaithfeadh an léitheoir nó an t-éisteoir bheith in amhras gur neach

[27] *DF* iii, 48. Féach, áfach, Carey, 'Remarks on Dating', ina n-áitítear gur cosúil go raibh na dátaí a luaigh Murphy le dánta an chnuasaigh seo ródhéanach i gcásanna áirithe.
[28] *DF* i, 55–7 agus 162–5. Luann Jung cáilíocht an tslánaitheora i measc tréithe an chleasaí ('On the Psychology of the Trickster Figure', 195).
[29] Tugtar "eissen", "fiadh" agus "míol moighe" (56, §§7, 8, 11) ar an ainmhí seo sa dán. Ní furasta a rá go cinnte cén t-ainmhí atá i gceist. Deir Murphy (*DF* iii, 260), gur cosúil gur giorria atá ann agus, cinnte, d'fhéadfadh an bhrí sin a bheith le haon cheann de na trí théarma seo (féach *DIL*, s.v. *es(s)én;* 2 *fíad* agus 1 *míl*). Aistríonn MacNeill na trí théarma sin, faoi seach, mar "fawn", "deer" agus "wild beast of the plain". Maidir le comhthéacs an scéil, déarfaí, is dócha, gurbh fhusa do ghiorria ná d'eilit dul i bhfolach i ngort arbhair, ach b'ait leat go gcuirfeadh an Fhiann dua orthu féin ar mhaithe le giorria ach amháin mura ligfeadh an t-uabhar dóibh a admháil go raibh aon ainmhí rómhaith dá gcoin.
[30] Campbell, *The Fians*, 172–4.

neamhshaolta nó duine i riocht ainmhí atá i gceist.[31] Deimhníonn bean Chaoilte go bhfuil eolas aici faoin ainmhí nach bhfuil, de réir dealraimh, ag an bhFiann,[32] nuair a thugann sí le tuiscint d'Fhionn gur ainmhí diamhair nó osnádúrtha, b'fheidir, atá á leanúint acu, mar nach bhfuil cú ar domhan a bhéarfadh air:

> Ní ffuil tarbha dhaoíbh uile . a ffíadhach in mhíl mhoighe
> nir taisdil in domhan dron . cú nó fíadh nach fuicfedhsan
>
> It is in vain for you all to hunt the wild beast of the plain: never trod the level world hound or deer but it would leave behind.[33]

Dealraíonn sé, mar sin, nach trí sheans a sheolann an t-ainmhí seo Fionn agus a mhuintir go dtí an áit áirithe sin agus tá an chuma ar an scéal nach ar thaobh Fhinn go hiomlán atá bean Chaoilte. Ní dhéanfaí ionadh ar bith den chuireadh chun a tí a thugann sí d'Fhionn, taoiseach agus athair altrama a fir, ach b'ionadh leat gur le linn na seilge, seachas ina diaidh, bheadh sí ag iarraidh é a thabhairt léi. An ag iarraidh an tseilg a chur ó mhaith atá sí chun go n-imeodh an t-ainmhí saor? Ina theannta sin, ní mór bheith in amhras gur luíochán ar an bhFiann atá i gceist mar go dtagann na Lochlannaigh aniar aduaidh orthu agus gan airm a gcosanta acu. Cothaíonn iompar bhean Chaoilte amhras chomh maith, agus í ag gabháil síos suas ina carbad agus Daighre, ceoltóir de chuid Clanna Morna,[34] naimhde Fhinn, in éineacht léi ag soláthar ceoil do lucht bainte an arbhair – amhras nach ag taobhú go hiomlán le Fionn agus lena lucht leanúna, ar díobh a fear céile féin, atá sise. Má táimid in amhras faoin mbean, an ceart dúinn dílseacht Chaoilte a cheistiú leis? Tar éis an tsaoil, dhealródh sé go mbaineann cuid den nádúr ainmhíoch leis féin, faoi mar a

[31] Ní annamh san Fhiannaíocht a thugann fia osnádúrtha an Fhiann ar eachtra dhainséarach. Féach, mar shampla, Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 5005–106, mar a n-insítear gur thug bean óg de Thuatha Dé Danann, agus í i riocht eilite, Fionn, Caoilte agus grúpa beag den Fhiann go dtí sí Shliabh na mBan chun cabhrú leis an lucht sí. Feicimid mná agus fear de Thuatha Dé Danann i riocht fia in 'The Enchanted Stag', *DF*, i, 30–2. Féach, leis, an plé ar an ngaol idir na féinnithe agus na hainmhithe in Nagy, *The Wisdom of the Outlaw*, 44, 95–97 agus 107. Tá an gaol gairid seo idir na hainmhithe fiáine agus an Fhiann i gceist chomh maith in 'The Sleep-Song for Diarmaid' (*DF* i, 84), áit a ndeirtear linn nach gcodlaíonn na hainmhithe ná na héin mar gheall ar an mbaol ina bhfuil Diarmaid.

[32] Níorbh aon ionadh é, ar ndóigh, dá mbeadh an t-eolas sin ag Fionn, ach nár theastaigh uaidh é a thabhairt dá lucht leanúna.

[33] *DF* i, 56 agus 163.

[34] Féach *DF* iii, 357.

bhain lena mháthair, Sí, is cosúil,[35] nádúr a léirítear nuair a thiomsaíonn sé na hainmhithe ar fhaiche na Teamhrach, mar a insítear in 'Caoilte's Mischief-Making'.[36] Ba dheacair gan a cheapadh go bhfuil uisce faoi thalamh de shaghas éigin i gceist anseo nó défhiús.[37] An cleas go hiomlán atá sa tseilg seo agus, más ea, cé hiad na daoine atá ar an eolas faoi agus cé tá ina bhun? An amhlaidh atá Caoilte i ngalar na gcás anseo maidir lena dhílseacht dá bhean agus d'Fhionn agus don Fhiann? Seo é an t-atmaisféar éiginnte ina ndéanann Caoilte cleas suaithinseach a shábhálann a chomrádaithe ón mbaol marfach ina bhfuil siad:[38] de bharr a chumais reatha osnádúrtha, féadann sé filleadh ar Theamhair agus airm uile na Féinne a iompar ar ais go dtí an Fhiann sara mbíonn an t-am ag na Lochlannaigh éinne de na laochra Gaelacha a mharú. Faightear cur síos an-suimiúil sa leagan Albanach den scéal seo ar ghaisce Chaoilte, cuntas a bhfuil iarracht den *grotesque* ann a chuirfeadh an tslí a gcuireann Trickster Radin a chorp as a riocht uaireanta i gcuimhne dhuit.[39] Tugann fear faire trí chuntas ar Chaoilte agus é ag teacht leis na hairm. I bhfoirm comhrá idir Fionn agus an fear faire a thugtar na cuntais seo:

> "Tha mar gum biodh coille lomain ar a ghuallainn."

---

[35] Féach Meyer, *Fianaigecht*, 48–9, agus Meyer, *Cath Finntrágha*, x. Féach, leis, Nagy, *The Wisdom of the Outlaw*, 95–6: "although (Side) is not really an animal … she can run as fast as a horse".
[36] *DF* i, 19–21.
[37] Féach, áfach, an léamh atá ag Nagy ('The Significance of the *Duanaire Finn*', 48) ar ionad bhean Chaoilte san eachtra seo. Measann seisean gur cosúil gur cuireadh ise níos déanaí le cibé leagan bunaidh den scéal a bhí ann sarar cumadh an laoi. Dar leis, níl sé iomlán inchreidte go mbeadh bean Chaoilte i mbun feirmeoireachta: "it is hard to imagine this inveterate *fian* member and hero's side-kick as having a spouse at home, tending the crops. As if her presence in the story and importance in its action did not present us with sufficient evidence of innovation, Ainnear arrives and supervises the proceedings in that most un-Fenian of venerable Irish props: a chariot". Ar an taobh eile den scéal, ní monagamach a bhí na féinnithe mar is léir ó 'Find and the Jester Lomnae' (Meyer, *Fianaigecht*, xix), áit a ndeirtear go mbíodh bean ag Fionn i ngach áit in Éirinn ina dtéadh sé ag fiach. Deirtear faoi na mná sin: "Bātir banbrugaid son ₇ bat*ar* maithi do imfulung na fīan, ar nolethad a n-anae tar na tīrib conā laimed nech olc friu [They were female landowners, and they supported the *fiana* well, for their riches were known throughout the land and so, nobody dared to do them harm]" (liom féin an t-aistriúchán). Más mar sin a bhí ag Fionn, luífeadh sé le réasún gurbh amhlaidh a bheadh, leis, ag maithe móra na Féinne. Mná ar bhain fuaimint, rachmas agus neamhspleáchas leo ab ea mná Fhinn, de réir na tuairisce seo – ar nós bhean Chaoilte a bhfuil capaill, carbad agus oirfideach aici agus talamh faoi churadóireacht. Maidir leis an gcarbad, díol suime é go luaitear "Cailte Cosluath cairpdech [Swift-footed Caoilte of the chariots nó Swift-footed Caoilte, charioteer]" (liom féin an t-aistriúchán) in *LL* i, l. 7038. Féach, leis, Meyer, 'Reicne Fothaid Canainne', 6–7: "Fothad Cairpthech [of the chariots]".
[38] Pearsa dhéfhiúsach, liom leat is ea an cleasaí primitíbheach. Féach nóta 3.
[39] Radin, *The Trickster*, 18–19: baineann Trickster a bhall fearga dá chorp agus cuireann i mbosca é; ina dhiaidh sin cuireann sé an ball sin ag snámh uaidh féin trasna locha. Ar ócáid eile (ibid., 32–5), tagann sé ar chnámharlach fia mhairbh, sánn a cheann isteach sa bhlaosc agus greamaítear inti é. Ceapann na daoine a fheiceann é gur sprid atá ann.

["He is as if he had bare wood (*i.e.* wood stripped of leaves) on his shoulder"].[40]

"Tha e mar go mbiodh trì chinn air"
"Tha mo leanabh aig làn astar, sin agad a chasan dol co ard ri mullach a chinn, a 'tighinn."
["He is as though he had three heads on."
"My child is at full speed, that is, his feet going as high as the top of his head as he comes."]

"Am bheil astar fodha?"
"Tha gu leòir."
["Is he making any speed?"
"Yes, enough."].[41]

Agus an dá leagan den scéal seo a thógaint le chéile, mar sin, tá againn anseo cnuasach de cháilíochtaí a luaitear leis an gcleasaí i dtraidisiúin éagsúla, mar atá feicthe againn: cleasaíocht a bhfuil cuma na draíochta uirthi, luas cuítheach, cumas fuascailte, eilimint *grotesque* agus défhiús.

I ré na Meán-Ghaeilge i ndiaidh lár an 12ú haois a cumadh 'Caoilte's Mischief-Making',[42] dar le Murphy.[43] Ta dhá leagan déanacha den scéal sin againn chomh maith .i. 'Corr-Imirce Chaoilte' agus 'Chaidheam tosg a dh'fhuasgladh Fhinn'.[44] Sna trí leagan, insítear mar a ghabh Cormac Fionn, mar a rinne Caoilte scrios ar fud na tíre agus mar a thug sé aghaidh ar Chormac i dTeamhair, agus é gléasta mar ghiolla de chuid an rí. Cloisimid faoin margadh a rinne sé le Cormac go saorfaí Fionn dá dtabharfadh sé féin péire de gach ainmhí in Éirinn go Teamhair.[45] Déanann Caoilte an gaisce sin agus saortar Fionn. Déanann Nessa Ní Shéaghdha aois na leaganacha éagsúla de scéal na hagallmha a phlé agus is dóigh léi gur "sa cheathrú haois déag nó sa chúigiú haois déag" a cumadh an leagan a chuir sí féin in eagar.[46] Deir sí go bhfuil an leagan sin "níos sia, níos iomláine agus níosa bheachte 'na lán slighte ná *Agallamh* Stokes",[47] agus is amhlaidh do 'Corr-Imirce Chaoilte' ina

[40] Is é brí a bhainim as seo ná go bhfuil ualach chomh mór sin de shleánna fuinseoige scumhaite ar a ghualainn ag Caoilte go gceapfá gur coill atá á hiompar aige.
[41] Campbell, *The Fians*, 172–3. Scríobhadh an scéal seo ó bhéalaithris in 1865.
[42] Féach nóta 36.
[43] *DF* iii, 17–18. Féach nóta 27.
[44] Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach*, iii, 67–83; McLauchlan agus Skene, *The Dean of Lismore's Book*, i, 62–70 agus ii, 42–9.
[45] I leagan *DF*, liosta teoranta ainmhithe atá i gceist.
[46] Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach*, i, lch. xxxi.
[47] Ibid., xxv.

dtugtar sonraí nach bhfaightear i leagan *Duanaire Finn* agus ina bhforbraítear an scéal ar bhealach níos loighciúla. Faightear ‘Chaidheam tosg a dh’fhuasgladh Fhinn’ in *The Dean of Lismore’s Book*, lámhscríbhinn a grafadh sa 16ú haois. I nGaeilge na hAlban atá an dán seo ach ní hí gnáthortagrafaíocht na Gaeilge a d’úsáid an scríobhaí. In eagrán McLauchlan, tugtar leagan sa ghnáthortagrafaíocht chomh maith le hortagrafaíocht an scríobhaí.

Má chothaíonn láimhseáil théama na dílseachta in ‘The Battle of the Sheaves’ amhras in aigne an léitheora, tá ‘Caoilte’s Mischief-Making’ agus na leaganacha eile den scéal sin ina mothar ceart ón taobh sin de. Tugann leagan Ní Shéaghdha cúlra leis an eachtra nach dtugtar sna leaganacha eile agus a mhíníonn cén fáth ar ghabh Cormac Fionn. Sa leagan sin, déantar forbairt níos iomláine ar théama na dílseachta, a bhfuil feidhm lárnach aige sna leaganacha go léir. I leagan Ní Shéaghdha, bíonn Fionn dílis dá fhocal agus don mhargadh gan chiall a rinne sé le Donn mac Aonghusa, nuair a d’aontaigh sé go bhfaigheadh seisean pé luach saothair a d’iarrfadh sé nuair a bheadh a thréimhse seirbhíse faoi Fhionn istigh. Iarrann Donn ar an rífhéinní an rún is tromchúisí dá bhfuil aige a ligean leis féin. Déanann Fionn amhlaidh agus insíonn do Dhonn go bhfuil sé féin agus an Fhiann meáite ar Chormac a bhriseadh as a ríocht. Ach tugann sé an fhaisnéis sin uaidh ar choinníoll nach luafaidh Donn le héinne í. Glacann Donn leis an gcoinníoll sin ach briseann sé a fhocal agus nochtann sé rún Fhinn do Chormac.[48] Mar gheall ar a dhílseacht d’Fhionn, cuireann Caoilte roimhe a thaoiseach a fhuascailt, tar éis don rí é a ghabháil. Tugann Caoilte ruathar nimhneach faoin tír, déanann mioscais agus dúnmharú, loiteann muilte agus áitheanna, scaoileann na gamhna go dtí na ba bainne, agus náiríonn agus maslaíonn an rí go trom. Dhealródh sé gur coincheap défhiúsach paradacsúil den dílseacht atá ag Fionn agus ag a fhear taca, arb é a ndualgas an rí agus an tír a chosaint, rud a dhéanann siad go cumasach cróga, de ghnáth. Cé go mbeifeá go mór in amhras go raibh fios éigin faighte roimh ré ag Donn ar rún Fhinn agus gur le teann drochintinne a bhain sé an fhírinne as, d’fhonn aimhleas an rífhéinní a dhéanamh, is ionraice é ná Fionn agus Caoilte mar cuireann sé a dhualgas don rí chun tosaigh ar a dhílsecht dá gheallúint don fheallaire. Comhlíonann Cormac a mhargadh le Caoilte, leis, agus scaoileann Fionn saor,

[48] Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach*, iii, 68–9.

ainneoin fianaise chinnte a bheith aige nach féidir iontaoibh a chur ann ná ina lucht leanúna a thuilleadh mar chosantóirí aige féin agus ag a ríocht. B'fhéidir a áiteamh, mar sin, go bhfuil an rí féin mídhílis don dualgas sollúnta atá air leas na tíre a dhéanamh. Fágann sé seo go léir gur tonn ar bogadh is ea tírdhreach mórálta an scéil seo. Tá sé seo bun os cionn leis na luachanna a fhaightear san Fhiannaíocht i gcoitinne,[49] ach, mar sin féin, ní féidir a rá go bhfuil sé eisceachtúil ar fad. Is iomaí sampla den mhístuaim, den droch-chroí agus den easpa dílseachta atá le fáil i gcorpas na Fiannaíochta trí chéile agus ní taise do *Duanaire Finn* é. Ba mhístuama an mhaise d'Fhionn Gráinne a iarraidh mar bhean, nuair ba léir nach raibh fonn uirthi siúd glacadh leis, agus, go deimhin, déanann sé ceap magaidh de féin trí ról an "tseanduine dhóite" a thabhairt air féin.[50] An t-uabhar, agus an t-éad, is dócha, is cúis leis an drochfhuil a léiríonn Fionn nuair a cheapann sé seilg thorc Bhinne Gulban, ainneoin na síochána eatarthu, d'aon ghnó, de réir cosúlachta, chun go marófaí Diarmaid agus, cé gurbh fhéidir leis Diarmaid a leigheas ach deoch uisce as a bhosa a thabhairt dó, diúltaíonn sé trí huaire é sin a dhéanamh.[51] Léirítear an chiotrúntacht agus an ghuagacht nó an luaineacht a bhaineann leis an bhFiann i gcoitinne in *Duanaire Finn*, leis. In 'Fionn's Foray to Tara', éiríonn idir Cormac agus Fionn, agus is léir gur as an sean-naimhdeas a théann siar go dtí aimsir chath Chnuca a eascraíonn an troid.[52] Is léir ó laoithe eile sa chnuasach sin, go bhféadfadh an rud is lú an lasóg a chur sa bharrach agus sléacht agus marú a tharraingt idir na féinnithe féin. Féach, mar shampla, 'The Lay of Airrghean the Great, son of Ancar'

[49] Féach Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 119–20; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 6, mar a luann Caoilte príomhthréithe na Féinne: "fírinde inár croidhedhaibh ₇ nertt inár lámhaibh ₇ comall inár tengthaibh [the truth of our hearts, the strength of our arms, and the constancy of our tongues]". Féach, leis, *DF* ii, 'Caoilte's Sword', 138–9, §53: "Maith ríghe Corm*a*i*c* is Finn / mairg fuil na ndíaigh a nÉi*r*i*nn* / ba hé bleaghan g*ach* bó abhus / lán a sreabhainn ré a tomhus [Good was the kingship of Cormac and Fionn: woe for him who is in Ireland after them: every cow here milked the measured full of her udder]".

[50] Féach Meyer, 'Finn and Grainne', 458–61. Léiríonn Gráinne nach mian léi Fionn a phósadh nuair a iarrann sí mar "thindscra" uaidh péire de gach ainmhí in Éirinn. Anseo leis, is é Caoilte a bhailíonn na hainmhithe le chéile. I leagan déanach den scéal sin, taobhaíonn taoisigh mhóra le rá de chuid na Féinne, agus Oisín agus Oscar ina measc, le Diarmaid agus Gráinne agus déanann gach dícheall Fionn a chur as a bhuille agus é ar thóir na beirte leannán; féach mar shampla, Ní Shéaghdha, *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*, ll. 288–320 agus 339–41.

[51] Ní Shéaghdha, *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*, ll. 1529–30 agus ll. 1565– 672. Nuair a ligeann Fionn do Dhiarmaid bás a fháil, éiríonn Oscar chuige agus murach comhairle Oisín, bhainfeadh sé an ceann den rífhéinní (ibid., ll. 1676–84). Tá cuntas ar ghníomh suarach seo Fhinn, leis, in 'The Daughter of Diarmaid' agus ar an gclaonadh tubaisteach chun féinmhillte atá san Fhiann (*DF* i, 45–7).

[52] 'Finn's Foray to Tara', *DF* i, 4–6 agus ii, 336–61. Is ó chath Chnucha, leis, a eascraíonn an naimhdeas idir Clanna Morna agus Fionn (*DF* i, 4 agus ii, 340–43).

mar a n-insítear faoin dáir a tháinig ar Chaoilte agus ar laoch eile nuair a dhearmad Fionn cuireadh chun fleá a thabhairt dóibh:

> Arna ndearmad fan ól
> in días láoch fa dhóigh linn
> tug m*a*c Cronnchair is Aille úr
> freiteach blíadhna re m*úr* Finn
>
> When those two heroes … had been forgotten as regards the drinking, they, the son of Cronnchar and Aille the Generous, forswore Fionn's walled fort for a year].[53]

Mar gheall ar an masla a ghlacann siad, fágann an bheirt sin Éire agus caitheann bliain le rí Lochlann. Feicimid, in 'Caoilte's Sword', dán a thugann pictiúr suaithinseach de chultúr an laochais agus na cogaíochta, cé chomh furasta is a bheadh sé achrann fuilteach a tharraingt idir na comrádaithe sin. Tá claíomh luachmhar le tabhairt uaidh mar bhronntanas ag Fionn ach, d'fhonn achrann a sheachaint, ní mór an scéal a chur faoi bhráid Aillbhe atá ina ceartbhreitheamh, dar le cách. Molann sise comórtas reatha a chur ar bun agus an claíomh a thabhairt mar dhuais don bhuaiteoir. Sa rás, is comhbhuaiteoirí iad Caoilte agus Fionn. Cé go raibh Fionn sásta an claíomh a thabhairt uaidh ó chianaibh, anois ón uair go bhfuil comórtas i gceist, éilíonn sé an duais dó féin. Nuair a labhrann Aillbhe, tugann sí léiriú maith ar an gclaonadh dainséarach chun imris atá san Fhiann:

> Do-ghén bar gceart ar Aillbhe
> sol deachus sibh a rogairge
> breith dháor oraibhse ré headh
> is mairg duine do ber*adh*
>
> "I shall decide between you," said Aillbhe, "before you grow too violent: woe to the person who should now give judgement against you".[54]

Measaim gur fusa an défhiús mórálta a bhaineann le Fionn agus le Caoilte a thuiscint má aithnítear go bhfuil móitífeanna a bhaineann le miotas ársa uilíoch an chleasaí le feiceáil sna scéalta atá faoi chaibidil anseo. Níltear ag áiteamh gur cleasaí go huile agus go hiomlán é Caoilte (ná Fionn), mar is ilghnéithí go mór ná sin iad,

[53] *DF* ii, 'The Lay of Airrghean the Great, son of Ancar', 362–5.
[54] Murphy *DF* ii, 'Caoilte's Sword', 128–33.

ach measaim gur ceanglaíodh gnéithe, nó téamaí nó iarsmaí áirithe a bhaineann leis an miotas cianársa sin leo.

In ‘Caoilte’s Mischief-Making’, léiríonn Caoilte go mbaineann a lán de shainchomharthaí an chleasaí leis. Déanann sé scrios mioscaiseach agus marú neamhscrupallach. Is pearsa imeallach é, ar nós Fhinn agus na Féinne i gcoitinne. Tá an ghné imeallach sa treis sa dán seo go speisialta mar a léiríonn eachtra na caonaí a thug Caoilte leis ó Sheascann Uairbheoil. Tugann Eoin Mac Néill léargas dúinn ar an siombalachas a bhaineann leis an áit seo, ionad tairseachúil nach bhfuil go hiomlán ina thalamh tirim ná ina uisce, agus a mbaineann teist an dainséir leis sa tseanlitríocht.[55] Léiríonn Caoilte an mháistreacht atá aige ar an bhfásach agus a nádúr tairseachúil féin nuair a thiomsaíonn sé na hainmhithe agus nuair a sheolann sé go Teamhair iad, mar a d’iarr Cormac. Ba dhóigh leat ón eachtra sin go mbaineann cuid den nádúr fiáin leis féin.[56] Mar is dual don chleasaí, cothaíonn sé anord agus é ar a ruathar mioscaiseach ar fud na hÉireann, mar atá feicthe againn.[57] Déanann sé gníomh dúshlánach easumhal a bhaineann de stádas ríoga Chormaic nuair a chuireann sé a chlaíomh féin i dtruaill an rí, gníomh arbh fhéidir anfhorlann gnéis a shamhlú leis. Is minic a bhaineann gníomhartha gnéis ainrialta leis an gcleasaí,[58] agus féach go dtugann Caoilte ar fhir agus ar mhná uaisle na Teamhrach adhaltranas a dhéanamh.[59]

---

[55] Eoin Mac Néill, ‘Seiscenn Uarbeoil of the Sagas’, 12. Luann Mac Néill foinsí éagsúla sa luathlitríocht ina ndéantar tagairt don áit seo agus glaonn “a place of evident celebrity in the ancient sagas” air. Deir sé: “I suggest that its celebrity was due to its being a known place of resort for outlaws and freebooters”. Siombal é, mar sin, den fhásach dainséarach neamhrialta nach ngéilleann do dhlí an rí agus *locus* tairseachúil ónar féidir bheith ag súil le hionsaí agus le mioscais shaolta nó neamhshaolta – fritéis údarás an rí ach an cineál áite ar a bhfuil taithí mhaith ag na féinnithe. Chaith Fionn é féin tamall san áit sin i dtigh Fhiacail mhic Codna agus é ina bhuachaill óg agus é ar a choimeád ó naimhde a athar (Meyer, ‘Macgnimartha Finn’, 199, §7). Féach gur mar gheall ar an gcumhacht diamhair a bhain léi a thug Caoilte caonach na seascainne leis: “Uime sin tugas bhó des . mór dob áil liom a aimhleas / is do radus liom dom dhéoin . caonnach Seasgainn aird uairbheóil [To this end I brought southward – greatly I desired its harmful power – and I brought with me with full intent the moss of high Seasgann Uairbheoil]” (*DF* i, 20 agus 117). Ar ndóigh, tá eilimint *burlesque* anseo atá ag teacht leis an ngáirsiúlacht a fhaightear i scéalta ele a bhaineann leis an gcleasaí. Féach Radin, *The Trickster*, 16–18 agus 25–7, agus Harrison, *The Irish Trickster*, 73.

[56] Féach nóta 31.

[57] Baineann scrios na tíre ag Caoilte, agus baint an arbhair ag an bhFiann in ‘The Battle of the Sheaves’ leis an téama céanna .i. torthúlacht na talún ar sainchomhartha í ar fheabhas agus ar oiriúnacht an rí chirt (Féach Mac Cana, *Celtic Mythology*, 119). Is féidir, dar liom, an scrios seo ag Caoilte agus an díobháil a rinne Tuatha Luchra agus Luprachán i ríocht Uladh, agus iad ag iarraidh a rí féin, Iubhdhán, a fhuascailt (O’Grady, ‘Aidedh Ferghusa’, 247), a fheiceáil mar iarracht ar dhea-cháil agus ar údarás an rí dhleathaigh a chur ar neamhní.

[58] Radin, *The Trickster*, 19–20. Is ag déanamh de réir an nádúir a bhíonn Trickster nuair a bhíonn caidreamh gnéis aige le bean agus is gníomh collaí amháin atá i gceist gan aon phioc den daonnacht

"Caoilte na moirchealg" a ghlaoitear ar dhalta Fhinn in 'Fionn's Foray to Tara',[60] agus ní miste sin a thabhairt air i bhfianaise a ghníomhartha mar chleasaí. Baineann raon séimeantach leathan leis an bhfocal "cealg": *guile, deceit, treachery*, ach baineann an chiall *beguile, allure, deceive,* leis chomh maith, nuair a úsáidtear mar bhriathar é.[61] Saintréithe de chuid an chleasaí iad sin go léir.[62] Léiríonn Caoilte *guile*, *deceit* agus *treachery* sa rúid a thugann sé faoi Éirinn agus sa bhob a bhuaileann sé ar Chormac, agus tá go leor fianaise ar an ngné mhealltach tharraingteach a bhaineann leis in *Acallam na Senórach*. Eascraíonn gnéithe eile a bhaineann le Caoilte ó ghné seo na ceilge: an mhioscais, an t-éitheach, an ghoid, agus an cur i gcéill nuair a chuireann sé air féin éadaí an dóirseora agus nuair a áitíonn sé ar Chormac gurb é féin coinnleoir an rí, d'fhonn dul isteach ina chúirt agus bob a bhualadh air. Is í buaic na ceilge agus an fhill aige cleas táir na caonaí san fhiailteach, cleas trína dtugann sé ar an rí a gheasa a shárú, cleas trína náirítear an rí agus a fhágann smál ar a dhínit daonna agus ríoga.[63] Ach baineann feidhm eile leis an mbeart seo ar an leibhéal deasghnáthach. Is i mbréagriocht searbhónta nó giolla a thagann Caoilte i láthair an rí.[64] Cuirtear béim ar an stádas íseal a bhaineann leis an bpearsa sin nuair a deir Fionn mar fhreagra ar an rí, a bhfuil amhras air gurb é Caoilte atá aige in éadaí searbhónta:

---

ann. Féach Clancy, 'Fools and Adultery in Some Early Irish Texts', 117, mar a luann sé samplaí ó luathlitríocht na Gaeilge ina ndéantar nasc idir an t-adhaltranas agus an nádúr.

[59] Mac Néill, *DF* i, 20 agus 117, §§13 agus 14.

[60] *DF* ii, 356–7, §74. Deir Murphy (*DF* iii, 161) gur "poor modernized version of poem II, published in Part I of Duanaire Finn" atá sa dán seo agus go bhfuil an rann ina bhfuil an cuntas seo ar Chaoilte ar na ranna a cuireadh leis an seanleagan. Féach, leis, Meyer, *Fianaigecht*, 48–9, §19: "Is d'athair Chāilte na celg . bo ainm Lethi Lethancherd [The father of Cáilte of the wiles was called Lethi Lethancherd]".

[61] Féach *DIL s.v celgaid*: "(b) In favourable sense: cealgaidh a ṡúil mhall maighdin beguiles, IGT Verbs ex. 986". Féach, leis, *DIL*, s.v. *celgaire*: "deceiver, trickster". Féach, chomh maith, DINN agus *FGB* s.v. *cealg* agus *cealgaim*, mar a leirítear go mbaineann a leithéid sin de raon séimeantach leis an ainmfhocal agus leis an mbriathar sa Nua-Ghaeilge.

[62] Féach Harris, *The Irish Trickster*, 24 agus 71; Radin, *The Trickster*, 14–16; Jung, 'On the Psychology of the Trickster Figure', 195, mar a dtugtar achoimre ar a mbaineann de thréithe an chleasaí le Mercury. I measc na dtréithe a luann Jung, is féidir na cinn seo a shamhlú le Caoilte mar a fheicimid é in 'Caoilte's Mischief-Making': "A curious combination of typical trickster motifs can be found in the alchemical figure of Merurius; for instance his fondness for … malicious pranks, his dual nature half animal, half divine, his exposure to all kinds of tortures and – last but not least – his approximation to the figure of a saviour". Ar ndóigh áibhéil a bheadh ann a rá gur leathainmhí agus leathdhia é Caoilte ach, mar atá feicthe againn, tá lé aisteach aige le hainmhithe agus tá gaol gairid aige ar thaobh a mháthar le Tuatha Dé Danann.

[63] Féach nóta 55.

[64] Is geall le saobhleagan de ról an arailt a ndearnamar trácht cheana air gníomhartha Chaoilte anseo. Féach nóta 24.

> Ní hé sin aignedh Caoilti . sech gach fer dot locht laoídhthe
> ní fhoirshenadh coinniol chain . ar a ffuil d'ór ad comhraidh
>
> That is not Caoilte's mind, beyond any man of thy folk of songs: he would not carry a shapely candle for all the gold in thy coffer.[65]

Chuirfeadh náiriú seo an rí ag duine ar stádas íseal, gné de dheasghnáth ardaithe stádais, a gcuireann Turner síos air, i gcuimhne dhuit. Baineann an cuntas seo a leanas le taoiseach nuathofa sa Ghabún nárbh eol dó fós gurbh é féin a bhí roghnaithe ag seanóirí an bhaile chun bheith i gceannas ar a mhuintir:

> Some spat in his face; some beat him with their fists; some kicked him; others threw disgusting objects at him; while those … who stood on the outside, and could reach the poor fellow only with their voices, assiduously cursed him, his father, his mother, his sisters and brothers, and all his ancestors to the remotest generation.[66]

Tá léargas an-suimiúil ag Harris ar an méid seo. Agus é ag tagairt do ról an drúith in *Cath Maige Mucraime*, luann sé an méid sin thuas ag Turner agus deir sé:

> Is there a close connection between the representative of law and order and the jester who thrives on chaos and confusion? ... Researches in modern primitive societies can … help us understand the combination of opposing forces to strengthen the institution of leadership … (The jester) was a continual reminder to the leader and his subjects of the leader's raised status.[67]

Dá réir sin, b'fhéidir náiriú Chormaic ag Caoilte a fheiceáil mar dhaingniú ar an údarás ríoga ar bhealach deasghnáthach, go háirithe i bhfianaise chríoch an scéil mar a dtuigtear dúinn go bhfilleann na carachtair ar a n-ionad ceart sa tsochaí agus go gcuirtear an t-ord ceart i bhfeidhm an athuair .i. Cormac ina rí agus Fionn agus an Fhiann ina gcosantóirí. Baineann gné eile leis an eachtra seo a threisíonn leis an tuiscint go bhfuil eilimint deasghnáthach i gceist inti. Sna trí leagan den scéal atá faoi chaibidil againn, is iad súile Chaoilte a aithníonn Cormac nó, ar a laghad,

---

[65] *DF* i, 20 agus 117.
[66] Turner, *The Ritual Process*, 171.
[67] Harris, *The Irish Trickster*, 28. Féach, leis Turner, *The Ritual Process*, 176: "Cognitively, nothing underlines regularity so well as absurdity or paradox. Emotionally, nothing satisfies as much as extravagant or temporarily permitted illicit behaviour. Rituals of status reversal accommodate both aspects. By making the low high and the high low, they reaffirm the hierarchical principle".

fágann na súile sin amhras air gurb é Caoilte atá chuige.[68] In 'Corr-Imirce Chaoilte' luaitear a ghlór so-aitheanta chomh maith.[69] Níos déanaí, de réir dhá leagan den scéal, aithníonn Cormac boladh chneas Chaoilte.[70] Cén tuiscint is féidir linn a bhaint as an méid seo? Cad ina thaobh nár aithin an rí Caoilte láithreach, laoch agus ceannaire mór le rá a bhí feicthe aige go minic cheana, gan dabht, fiú má bhí feisteas giolla air? Ní fhéadfadh ach ceann amháin de thrí mhíniú a bheith air seo, dar liom: (i) bhí draíocht curtha ag Caoilte air, (ii) bhí claochló de bharr draíochta ar Chaoilte nó (iii) bhí masc á chaitheamh aige, cé nach luaitear sin in aon cheann de na trí leagan. Má bhí draíocht curtha ag Caoilte ar an rí nó má bhí cruth eile seachas a chruth féin ar an bhféinní, ba dhóigh leat nach mbeadh na súile, an glór ná an boladh fós so-aitheanta. Ach sin iad díreach na rudaí nach gceilfeadh masc agus malairt éadaigh. Luífeadh sé le réasún go mbeadh masc á chaitheamh aige, dá mbeadh gné dheasghnáthach i gceist leis an dúshlán seo ag Caoilte ar an rí, agus ceapaim go bhfuil. Léiríonn Arpad Szakolczai na feidhmeanna éagsúla a bhaineann leis an masc i gcomhthéacs deasghnáthach. *Inter alia*, deir sé:

a. go bhfuil baint idir caitheamh an mhaisc agus *rites of passage*, go mbaineann gné thairseachúil dá réir leis an gcleachtas agus go mbíonn feidhm eadránach aige;
b. go mbaineann défhiús leis an masc sa mhéid go mbaineann uaireanta lúcháir agus sceimhle le chéile leis, go gceileann sé an duine agus go bhfágann sé folús ina áit ach, ag an am céanna, go méadaítear cumhacht agus tábhacht an duine a bhíonn faoi cheilt;
c. go bhfaightear an cleachtas go háirithe in áiteanna ar fud an domhain ina bhfaightear an cleasaí sa bhéaloideas nó sa mhiotaseolaíocht;
d. go bhfuil cur i gcoinne an mhaisc i gcultúr an iarthair, go háirithe i gcás reiligiún aondiach, ina bhféachtar air mar cheilt, mar éitheach agus mar ainimhiú gnúise – ball den chorp a fheictear mar *imago dei*.[71]

D'fhágfadh pointí (a) go (c) go mbeadh masc oiriúnach i gcomhthéacs na teagmhála dúshlánaí idir Caoilte agus Cormac, agus mhíneodh (d), b'fhéidir, cén fáth a

[68] Tá cosúlacht nach beag idir an eachtra seo agus eachtra sa 'Bhórama' (Stokes, 'The Boroma', 82–3, §89), mar a gcuireann Brandubh spiaire go dtí campa a namhad agus é i mbréagriocht lobhair. Mar sin féin, aithnítear gur cleas atá i gceist agus deir ceannaire na namhad nuair a fheiceann sé é: "Da ṡúil churad i cind in chlaim atas-cím [Two hero's eyes in the leper's head, I see them]".
[69] Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach*, iii, 75.
[70] Ibid., 76 agus McLauchlan agus Skene, *The Dean of Lismore's Book*, i, 65 agus ii, 45.
[71] Szakolczai, 'Masks and Persons: Identity Formation in Public', 172–8.

bhfágfaí tagairt don mhasc ar lár i gcomhthéacs na meánaoise in Éirinn. Tá mar a bheadh macalla de ról an arailt mar idirghabhálaí agus mar fhear gnó, mar a chonaiceamar é i gcás Hermes, sa mhargaíocht idir Caoilte agus an rí, is é sin nuair a shocraíonn siad go saorfar Fionn, má éiríonn le Caoilte na hainmhithe a thabhairt chuige, rud a dhéanann Caoilte. Ach chuimhneofá ar ghliceas an mhargaidh trínar bhuail Iacób bob ar Lábán: comhlíonann Caoilte téarmaí litriúla an mhargaidh, tugann sé na hainmhithe i láthair ach ní raibh sé sa mhargadh, in aon chor, go bhfágfadh sé ann iad; mar sin, ligeann sé dóibh scaipeadh soir siar arís, chomh luath is a bhíonn saoirse Fhinn bainte amach. Cleas dúbailte é seo aige: gaisce dochreidte is ea é na hainmhithe a thabhairt leis go Teamhair ach cleas eile is ea an margadh a rinne sé agus a cheadaigh dó ligint do na hainmhithe go léir scaipeadh arís, rud a fhágann nach bhfuil tairbhe ar bith don rí san eachtra agus go bhfuil sé ina cheap magaidh ag fear atá níos cliste ná é. Baineann greann agus áibhéil leis an ngaisce seo agus déantar na gnéithe seo a fhorbairt in 'Corr-Imirce Chaoilte' agus go háirithe in 'Chaidheam tosg a dh'fhuasgladh Fhinn', mar a gcloisimid gur thug sé leis *inter alia* dhá eascann agus dhá mhuc mhara i dteannta na n-ainmhithe, na n-éan agus na n-iasc go léir a thiomsaigh sé. Mar is dual don chleasaí, baineann anró lena ghaisce agus bíonn sé féin ina ábhar grinn ropánta:

> Do chúaidh in fiach uaim bodhess . mar dob áil liom a aimhleas …
> Do chúaidh an lacha uaim fan lágh . nochar ffurus a gabhail
> tar bhrúach na Berbha braisi . tar sgairbh Inbhir Dubhghlaisi
> Is annsin rom-fagaibh in gheilt . in tan roba d'éis mo neirt
> Ar lár rátha Féine Finn . no gur gabus a gCruimghlinn …
> Gach a ffuarus d'olc leó . tiucfaidh liom gein bam beó
>
> The raven went southward from me – greatly I desired its harm … The duck went from me through the mire, it was not easy to catch her, over the banks of the swift Barrow, over the shallow of Inbhear Dubhghlaise. Where the wild man left me, when I was at the end of my strength, was in the middle of the rath of the Fian of Fionn, but I captured him in Crumlin … All the hardship I met with them will come against me as long as I live.[72]

[72] *DF* i, 20–1, §§24–9 agus 118. Is minic a bhaineann greann ropánta le heachtraí an chleasaí: féach, mar shampla, Radin, *The Trickster*, 19–20 agus Harris, *The Irish Trickster*, 78. Reathaí neamhchoitianta é cleasaí Radin (féach nóta 12), agus bíonn sé ag caint leis na hainmhithe (ibid., 40 *et passim*). Pearsa thairseachúil a chónaíonn san fhásach agus a bhíonn cosúil le hainmhí nó le héan is ea an ghealt. Féach lgh. 124–5 *infra*.

Baineann diminsean osnádúrtha le héacht Chaoilte mar, ar an tréad a thiomsaíonn sé, tá ainmhithe a bhaineann leis an saol eile:

> Dā chadhla a Síth G*h*abhrāin g*h*il,
> dī mhuc do mhucoibh mic Lir;
> reithe is caora chorcra chas
> do-radus leam ō Aonghus.
> Tuccas leam each 7 láir
> do ghroidh mhaisigh Mhanannāin
>
> Two goats from bright Síth Gabhráin
> two pigs of the pigs of the son of Lir
> a ram and a purple curly ewe
> I brought with me from Aonghus.
> I brought with me a horse and mare
> of the beautiful stud of Manannán.[73]

Cén fáth a n-iarrann Cormac ar Chaoilte na hainmithe a thiomsú agus a thabhairt chuige? Is féidir, ar ndóigh, é seo a fheiceáil mar chleas aige: iarrann sé ar an bhféinní rud dodhéanta a dhéanamh agus, nuair a theipfidh airsean, ní bheidh air Fionn a scaoileadh saor. Ach tá brí shiombalach i gceist chomh maith, mar seasann na hainmhithe fiáine don fhásach agus do dhomhan aduain dainséarach na Féinne. Is féidir mian Chormaic a léamh mar iarracht ar dhomhan bagrach na Féinne a cheansú agus a thabhairt faoina smacht féin. Cuireadh an baol ina raibh sé ón domhan tairseachúil sin abhaile air nuair a shín Caoilte an chaonach chuige san fhiailteach. Taispeántar dó nach bhfuil sé indéanta aige an bhagairt sin a chur ar neamhní nuair a scaoileann Caoilte na hainmhithe chun fáin, a luaithe agus a bhíonn siad ar fhaiche na Teamhrach aige. Níl forlámhas ag éinne ar an limistéar sin ach ag Caoilte agus ag Fionn agus a lucht leanúna. Iadsan amháin atá in ann an rí agus a ríocht a chosaint ó na fórsaí diamhaire a bhaineann leis na críocha sceirdiúla sin. Feictear an fásach agus na hainmhithe fiáine go minic i gcodarsnacht leis an tsochaí sheasta agus le réim dhleathach an rí i litríocht na hÉireann agus bíonn caidreamh speisialta leis na hainmhithe ag an daonnaí a thaithíonn an fásach. Uaireanta ní féidir an duine a

[73] Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach*, iii, 80 (liom féin an t-aistriúchán).

aithint nuair a bhíonn sé sa staid sin.[74] Tagraíonn Claude Lévi-Strauss don chodarsnacht idir an nádúr agus an cultúr go minic ina shaothar,[75] agus tugann cuntas ar an bpáirt atá ag an gcodarsnacht sin i miotaseolaíocht bhundúchasaigh Mheirceá Thuaidh. Léiríonn Philippe Descola, nach ndéanann Lévi-Strauss idirdhealú absalóideach idir dhá cheann na meá seo,[76] agus, go deimhin, is minic a léiríonn na hachoimrí a thugann Lévi-Strauss ar scéalta a bailíodh ó bhundúchasaigh Mheirceá Thuaidh nach bhfuil deighilt shoiléir i gceist agus gur féidir an teora idir an nádúr agus an cultúr a thrasnú.[77] Fágann sé seo gur mar *continuum* is fearr an ais seo nádúr/cultúr a fheiceáil. Caitheann trácht Lévi-Strauss ó pheirspicíocht na ndifríochtaí idir cultúir solas ar an gceist seo. Seo mar a deir sé:

> On sait … que la notion d'humanité, englobant, sans distinction de race ou de civilisation, toutes les formes de l'espèce humaine, est d'apparition fort tardive et d'expansion limitée … pour de vastes fractions de l'espèce humaine et pendant des dizaines de millénaires, cette notion paraît être totalement absente. L'humanité cesse aux frontières de la tribu, du groupe linguistique, parfois même du village; à tel point qu'un grand nombre de populations dites primitives se désignent d'un nom qui signifie les "hommes" … impliquant ainsi que les autres tribus, groupes ou villages ne participent pas des vertus – ou même de la nature – humaines.[78]

---

[74] Féach Meyer, 'Finn and the Man in the Tree', 346–9. Agus é ar a choimeád ó Fhionn san fhásach, taithíonn Dearc Corra comhluadar na n-ainmhithe, agus ba dhóigh leat go luíonn sé isteach go breá leis an gcomhluadar sin, mar bíonn caidreamh speisialta aige leo agus baineann iompar ainmhíoch leis agus é ag imeacht "for luirgnib oss n-allta [on shanks of deer]". Rud eile, ní aithníonn a sheanchomrádaithe é agus é sa riocht sin agus ní mór d'Fhionn féin a ordóg feasa a chur ina bhéal agus leas a bhaint as bua an fheasa atá aige sara bhfoilsítear dó gurb é Dearc Corra atá aige. Áitíonn Kaarina Hollo gur féidir dhá léamh shiombalacha chomhcheangailte a dhéanamh ar an *tableau* a léiríonn caidreamh an fhir ar an gcrann leis na hainmhithe: mar shiombal den Eocairist agus mar léiriú ar ghaol idéalach idir an chumhacht tuata agus údarás na mainstreach sa mhéid nach maraíonn Fionn an fia ná Dearc Corra féin atá mar a bheidís i dtearmann slán. ('"Finn and the Man in the Tree" as Verbal Icon'). Léiríonn Carey cé chomh casta is atá sé léamh iontaofa a dhéanamh ar an scéal seo, go háirithe toisc an éiginnteacht a bhaineann le brí an ainm "Dercc Corra" ('Two Notes on Names', 120–23). Féach, leis, Ó Cuív, 'The Romance of Mis and Dubh Rois', mar a ndéanann saghas ainmhí de Mhis – fásann fionnadh ar a corp, déanann sí seilg mar a dhéanfadh ainmhí agus itheann feoil amh go dtí go ndéanann Dubh Rois athchultúrú agus athshóisialú uirthi. Bíonn páirt mhór ag dhá chomhartha sóirt a bhaineann leis an gcultúr daonna sa phróiseas athshlánaithe seo .i. an chócaireacht agus an ceol. Féach lch. 84, n. 33 *supra*.

[75] Féach, mar shampla, Lévi-Strauss, *Structural Anthropology*, 356–7; *The Raw and the Cooked*, 142, 164–5, agus 169–70, agus *Anthropology and Myth*, 39–40.

[76] Descola, 'The Two Natures of Lévi-Strauss', 109.

[77] Féach, mar shampla, Lévi-Strauss, *The Raw and the Cooked*, 66–73, mar a dtugtar scéalta faoi conas a fuair na bundúchasaigh an tine agus an chócaráil ar dtús. Is ón *jaguar* a fhaigheann siad iad seo agus tá an t-ainmhí sin pósta le daonnaí. Féach, leis, Lévi-Strauss, *Anthropology and Myth*, 18: "modern anthropology can no longer be content with making a radical separation between the natural and cultural orders".

[78] Lévi-Strauss, 'Race et Histoire', 20–21. Tugann an méid seo a leanas léargas dúinn ar an ionnanú a dhéantar idir an duine atá lasmuigh den tsochaí sheasta (m. sh. Dearc Corra agus Mis) agus an

De réir mar a théitear i dtreo cheann an nádúir ar an ais, is ea is mó a bhíonn éiginnteacht, dainséar, sceimhle agus ainriail i gceist; baineann ceann eile na haise le rialtacht, le seasmhacht, le húdarás cinnte agus le dlí. Ach baineann an chruthaitheacht leis an spás idir eatarthu: ó fhoinsí tairseachúla a thagann an ceol is fearr agus an fhilíocht, mar atá feicthe againn cheana.

Is fiú liom cúpla sampla fánach eile a lua d'iompar nach dtagann, ba dhóigh leat, le carachtar agus le stádas Chaoilte, mar a léirítear iad de ghnáth, agus a bhfuil míniú orthu, nó cuid de mhíniú, b'fhéidir, le fáil ina mbaineann de nádúr an chleasaí leis. Luamar cheana gur chuid de ról an arailt i dtraidisiún na Gréige bheith ina fhreastalaí ag féastaí, ar bhain feidhm dheasghnáthach leo,[79] agus féach go bhfuil ról dá leithéid sin ag Caoilte in 'The Adventure of the Men from Sorcha', mar a n-eagraíonn Fionn féasta do Chormac:

> Ro bhoí Ráighne fer go gceill . deghmhac oile dFionn budhéin
> 7 Cáoilte fer go rath . duinn ag frestal na n-ardflath
>
> Raighne, a man of wisdom, another good son of Fionn himself, and Caoilte, victorious man, serving the high princes for us.[80]

In 'The Adventure on Slieve Gullen with Dubh son of Díorfadh and the Prowess of Osgar',[81] feicimid Caoilte faoi sholas diúltach agus iompar aige atá bun os cionn ar fad leis an léiriú a dhéantar air, de ghnáth. Díreach agus fathach scanrúil ar tí an Fhiann a ionsaí, agus an tír i mbaol, labhrann Caoilte go borb le hOscar agus maslaíonn sé Oisín. Iarrann Oisín ar Oscar ligint dó féin díoltas a agairt ar Chaoilte, teitheann Caoilte ach tagann Oisín suas leis agus tugann sé Caoilte ar ais faoi náire mar a bhfuil an Fhiann. Cuirtear an scéal faoi bhreith Fhinn, a chuireann iachall ar Chaoilte cúiteamh i bhfoirm cuacha, corn agus claimhte a thabhairt d'Oisín. Is deacair léamh ar iompar Chaoilte anseo. B'fhéidir léiriú a fheiceáil ann ar

---

domhan ainmhíoch: "il est probable que le mot barbare se réfère étymologiquement à la confusion et à l'inarticulation du chant des oiseaux opposées à la valeur signifiante du langage humain; et sauvage qui veut dire "de la forêt" évoque aussi un genre de vie animale, par opposition à la culture humaine" (ibid., 20).

[79] Féach nóta 24.

[80] *DF* i, 62, §16 agus 171.

[81] *DF* ii, 288–97.

neamhsheasmhacht, ar mhioscais agus ar iompar áiféiseach an chleasaí, dála Trickster Radin,[82] nó Cheithearnaigh Uí Dhómnaill, a deir faoi féin: "bím lá binn is lá serb [one day I'm sweet and another I'm sour]"[83] nó arís: "is duine siublach suarach saobnósach mé [a poor rambling shambling flighty loon am I]",[84] Cuid de chomhthéacs an dáin is ea an cáineadh a dhéanann Pádraig ar an bhFiann agus, dá bhrí sin, níl sé mí-oiriúnach go mbeadh béim anseo ar laigí agus ar lochtanna na Féinne. Deir Pádraig leis an scéalaí:

> A Oisín ní shirfe mé
> neamh do mac Cumaill ná da Féin
> 's gur binne leo gotha con
> nó bheith ag guidhe an Duil*imh*
>
> Oisín, I will not seek Heaven for the son of Cumhall nor his Fian, seeing that they preferred the voices of hounds to supplication of the Creator.[85]

Cleasaí amháin i measc cleasaithe eile na Féinne is ea Caoilte, mar cleasaithe is ea Fionn, Diarmaid agus Conán Maol, leis, mar shampla.[86] Níl sa chleasaíocht ach gné amháin – gné imeallach b'fhéidir – de charachtar Chaoilte, ach bronnann an cháilíocht sin an tsolúbthacht is gá air chun an réimse leathan feidhmeanna atá leis a chomhlíonadh i gcorpas ilghnéitheach na Fiannaíochta trí na haoiseanna. Dála

---

[82] B'fhéidir, áfach, gurbh fhearr iompar Chaoilte anseo a fheiceáil mar léiriú ar an acmhainn easaontais agus ar an easpa cur le chéile a bhaineann leis an bhFiann, cáilíocht atá i gceist go mór sa laoi seo agus ar thagraíomar di cheana. In am an ghátair agus iad faoi ionsaí ó namhaid fíochmhar, éiríonn idir Fionn agus Conán agus, níos faide amach sa dán, cloisimid faoi achrann idir Oisín agus Fionn. Deir Murphy (*DF* iii, 143) gur deacair dáta cruinn a chur leis an laoi seo agus go bhfuil an chuma ar an scéal gur i bhfoirm thruaillithe atá an téacs tagtha anuas chugainn. Ní ag plé le téacs comhleanúnach atáimid anseo. Féach go ndeir Dagenais: "Manuscript culture takes up its physical residence in the … world of variation, imprecision and error" (*The Ethics of Reading in Manuscript Culture*, 16).

[83] O'Grady, *Silva Gadelica*, i, 277 agus ii, 315.

[84] Ibid., i, 282 agus ii, 318.

[85] *DF* ii, 'The Adventure on Slieve Gullen with Dubh son of Díorfadh and the Prowess of Oscar', 296–7.

[86] Cleasaíocht atá ar bun ag Fionn in 'Caoilte's Mischief-Making' nuair a áitíonn sé ar Chormac nach mbeadh Caoilte sásta choíche é féin a ísliú tré ghnó searbhónta a thabhairt air féin (*DF* i, 20, §10, agus 117). Ceap magaidh is ea Conán nuair a éilíonn sé bia agus deoch agus é ceangailte i mBruidhean Chaorthainn agus nuair a bhíonn ar Dhiarmaid an bia a chaitheamh chuige agus dul in airde ar dhíon an tí chun an deoch a dhoirteadh anuas isteach ina bhéal. Mar bharr ar a mhí-ádh, fágann Conán cuid de chraiceann a choirp ina dhiaidh agus é greamaithe den talamh. (Mac Piarais, *Bruidhean Chaorthainn*, 27–33). Cleasaí cruthanta is ea Diarmaid faoi mar is léir ón tslí a mbuaileann sé bob ar lucht leanúna rí-fhéinnithe Mhara nIocht. Ní aithníonn siadsan é; déanann Diarmaid cleasa dainséaracha le claíomh, le sleá agus le bairille agus maraítear a lán díobhsan agus iad ag iarraidh na cleasa sin a dhéanamh (Ní Shéaghdha, *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*, ll. 546–657).

Hermes, is aralt agus searbhónta ardstádais é: is é a dhéanann eolas faoin seansaol a chraobhscaoileadh ar fud na hÉireann; is idirghabhálaí é a thugann an Phágántacht agus an Chríostaíocht chun comhréitigh. Thar aon duine eile den Fhiann, b'fhéidir, is searbhónta dílis d'Fhionn é, fiú nuair a iompaíonn an Fhiann i gcoinne a dtaoisigh mar gheall ar na maslaí a chaith sé leo nuair a d'imir "Dairenn" iníon Bhoibh Dheirg cleas draíochta air.[87] Dála Hermes, tugann sé an cheardaíocht, an ceol agus an fhilíocht le chéile ar bhealach comhtháite agus baineann an ghné mharsantach leis, mar shampla, nuair a éilíonn sé ciste a bhí i bhfolach faoi chloch mar dhíolaíocht ó mhná ríthe Fhear Maighe, ar chabhraigh sé leo grá a bhfear céile, a bhí meáite ar iad a dhíbirt, a athmhúscailt.[88] Ceann de mhórlochtanna na Féinne is ea an ghuagacht agus, mar gheall ar nádúr an chleasaí ann, ní théann Caoilte saor ón nguagacht sin – cáilíocht atá de dhlúth agus d'inneach sa domhan tairseachúil lena mbaineann sé.

[87] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 4940–79. Féach, leis, go seasann sé le Fionn nuair is crua dó agus Éachtach, iníon Dhiarmada, ar tí é a mharú i gcomhrac aonair ('The Daughter of Diarmaid', *DF* i, 47, §§26–28, agus 151.
[88] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 952–98.

6 Caoilte Cosluath

Baineann an luas mar shainchomhartha le haircitíopa an chleasaí, mar atá feicthe againn cheana, ach is leithne ná sin an réimse feidhmeanna a bhaineann leis an móitíf sin san Fhiannaíocht i gcoitinne agus i gcás Chaoilte, go háirithe. Tá an bua sin ar cheann de na cáilíochtaí is suaithinsí a luaitear le Caoilte san Fhiannaíocht i bprós agus i bhfilíocht ón meánaois anuas go dtí ár linn féin. Díol suntais é sin i bhfianaise na tréimhse fada lena mbaineann traidisiún na Fiannaíochta. Ní hé Caoilte an t-aon duine amháin a luaitear an cháilíocht sin go seasta leis le linn an ama sin – tréimhse breis agus míle bliain – agus, go deimhin, faightear móitíf an luais minic go leor i scéalta laochais in Éirinn agus sa litríocht idirnáisiúnta, faoi mar atá feicthe againn. Áiteofar anseo gur íomhá iltaobhach atá i gceist agus tráchtfar ar na feidhmeanna éagsúla a bhíonn ag an íomhá sin i gcás Chaoilte.

Uaireanta, agus go háirithe sna samplaí luatha, faightear aidiacht aonair nó comhfhocal aidiachtach a chuireann béim ar an gcáilíocht seo ag Caoilte ach ní dhéantar forbairt ar an móitíf sin ná ní luaitear an bunús atá le cáil an luais atá air. Is mar shamplaí den idirthéacsúlacht a shamhlaímse na tagairtí seo, amhail is go mbeadh eachtra á lua ag an scéalaí ina raibh léiriú níos suaithinsí ar an gcáilíocht sin ach go ndéanfaí talamh slán de go raibh an scéal sin ar eolas cheana ag an éisteoir nó ag an léitheoir. An comhfhocal "cosluath" a bhíonn i gceist go minic.[1] Ar éadroime na gcos a bhíonn an bhéim ar uairibh – cáilíocht atá gaolmhar sa chomhthéacs seo leis an luas. Is i gcomhthéacs na seilge a luaitear an cháilíocht seo le Caoilte in 'The Bathing of Oisin's Head',[2] a cumadh go luath sa 12ú haois, dar le Murphy.[3] Chonaiceamar cheana go mbíonn luas Chaoilte i gceist san *Acallam* faoi mar a

[1] Féach an sampla seo ón 10ú haois (Meyer, *Fianaigecht*, xxiii): "La Cáilte coslúath cairpdech . docer Fothad Findairgdech [Fothad Findairgdech fell by swift-footed Cáilte of the chariots]" (liom féin an t-aistriúchán). Féach, leis, Meyer, 'Mitteilungen aus irischen Handschriften' (1912) 118, §18, "Cāilte coslūath gilla Find, / hi cath Ollorba cen meth . rongeguin Fothaid Airgtech [it was swift-footed Cáilte, Find's young follower who slew Fothaid Airgtech without fail in the battle of Ollorba]" (liom féin an t-aistriúchán]. Cuirtear an dán ina bhfaightear na línte seo i leith Fhlainn mhic Mhaol Mhaodhóg († 977); measann Sims-Williams, áfach (*Irish Influence on Welsh Literature*, 174) go mbaineann sé leis an 11ú céad. Tá sé le tuiscint sna cásanna seo go raibh baint ag luas Chaoilte lena fheabhas mar laoch. In de h-Íde, 'Caoilte na gCos Fada', 190, scéal béaloidis de chuid na Nua-Ghaeilge a foilsíodh i 1933, cloisimid gur éalaigh Caoilte óna naimhde toisc go raibh sé "ró ghlic agus ró chos-luath" agus gur imigh sé uathu "mar an teintreach". Díríonn a ghliceas aird ar a nádúr cleasach.

[2] *DF* i, 14, §5.

[3] *DF* iii, 14.

bhíonn sé i gceist in *Agallamh na Seanórach* le Ní Shéaghdha. Mar a luadh cheana, léirítear an luas neamhchoitianta a bhaineann le Caoilte, leis, in 'Caoilte's Mischief-Making', 'The Battle of the Sheaves' agus 'The Lay of the Smithy', a luann Murphy an 12ú haois, dáta thart ar 1200, agus dáta timpeall 1400 leo, faoi seach.[4] Tá luas Chaoilte i gceist chomh maith in 'Bodach an Chóta Lachtna', scéal a bhaineann le ré na Nua-Ghaeilge Moiche.[5] Saincháilíocht de chuid an ghaiscígh is ea an cumas seo mar is léir ón méid seo ag Oisín faoi Chaoilte agus é i ndeireadh a shaoil agus an óige agus an fuinneamh laochta tráite:

> "Uch! a Chaoilte ghrinn mhic Rónáin / ba thréan lúth, gaisce agus gliadh
> dob éadrom rith agus comh-rás
>
> Alas o steadfast Caoilte son of Rónán, strong and agile were you in deeds of valour and in battle, and light-footed as you ran and raced".[6]

Tá tagairt d'aclaíocht Chaoilte, cáilíocht atá gaolmhar leis an luas, in *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*.[7] Luann White ré na Sean-Ghaeilge le ceapadh an scéil sin agus is dóigh léi gur leis an 8ú haois a bhaineann an bunscéal ónar tháinig leagan *Leabhar na hUidhre* agus na leaganacha sna lámhscríbhinní eile atá tagtha anuas chugainn.[8] Ach fillfimid arís ar an scéal sin. Is léir, mar sin, go mbaineann an luas/aclaíocht mar cháilíocht sheasta le Caoilte ó aimsir na Sean-Ghaeilge anuas go dtí na samplaí is déanaí againn den Fhiannaíocht sa Nua-Ghaeilge.

Mar iarracht ar na feidhmeanna liteartha a bhaineann le móitíf sin an luais i gcás Chaoilte a aithint agus a chomhthéacsú, tabharfar spléachadh anois ar roinnt samplaí ó litríocht na hÉireann agus ó thraidisiúin eile. Mar shampla, baineann tábhacht leis an móitíf sin i gcás Euphemus, ar de shliocht na ndéithe é agus a bhí ar dhuine de na hArgónátaigh, mar a insítear i scéal a scríobhadh sa Ghréig sa tríú haois roimh Chríost. Bhain luas míorúilteach agus éadroime leis sin:

---

[4] *DF* iii, 17–18, 48 agus 85.
[5] Féach O'Grady, 'Bodach an Chóta Lachtna', 290. Luann O'Grady (*Silva Gadelica*, i agus xiii–xiv) gur lámhscríbhinn pháipéir de chuid an 19ú haois (Egerton 154) a bhí mar fhoinse aige don scéal seo.
[6] An Seabhac, 'Caoi Oisín i ndiaidh na Féinne', in *Laoithe na Féinne*, 234 §86 (liom féin an t-aistriúchán). Ar bhonn na bhfoirmeacha teanga iontu, ceapaim féin go mbaineann na dánta sa chnuasach seo le ré na Nua-Ghaeilge Moiche mura déanaí ná sin iad.
[7] White, *Compert Mongáin and Three Other Early Mongán Tales*, 74, §10.
[8] Ibid., 17–21, 25 agus 27.

> from Taenarus came Euphemus whom, most swift-footed of men, Europe, daughter of mighty Tityos, bare to Poseidon. He was wont to skim the swell of the great sea, and wetted not his feet, but just dipping the tips of his toes was borne on the watery path.[9]

Baineann luas agus éadroime, chomh maith, leis an mbanghaiscíoch Camilla, atá chomh héadrom sin ar a cosa agus í ag rith nach mbainfeadh sí an drúcht den gheabhar:

> there came from the Volscian nation Camilla
> Leading a cavalry column …
> To face the horrors of battle and to catch up with the winds.
> She could have skimmed along the blades of an unmown corn-crop
> Without so much as bruising their tender ears as she ran:
> She could have flitted over the waves of a swelling sea
> Without so much as wetting the quicksilver soles of her feet.[10]

Luaitear éadroime den chineál céanna le duine de na laochra scanrúla a dtugann Cú Chulainn aghaidh orthu:

> "Foichle in fer n-aile dano," ol in t-ara. "Fannall a ainm-side. Ní trummu do[n]essa in n-usce oldás ela nó fandall.
>
> "Beware of the next man," said the charioteer. "Fannall (Swallow) is his name. He skims over the water as lightly as a swan or a swallow".[11]

---

[9] Apollonius Rhodius (ed. R.C. Seaton), *The Argonautica with an English Translation*, i, 15.
[10] Lewis, *The Aeneid*, vii, 219. Virgil é féin a chum an phearsa seo bunaithe ar na banghaiscígh mhiotasacha (ibid., 432, n. 803). Tugtar "the godlike Camilla" uirthi (ibid., xi, 349) agus insítear mar a thoirbhir a hathair don bhandia Diana í agus mar a thóg sé í agus é ar a choimeád san fhásach "in the thickets, the tangled coverts where wild beasts prowled" (ibid., xi, 345), áit ar tugadh bainne lárach di le n-ól. Léiríonn na sonraí seo a chóngaraí is atá sí don dúlra agus don nádúr ainmhíoch. Taispeántar an bhaint atá ag a cumas reatha lena gníomhartha gaisce sa chath nuair a leanann sí ar cois fear atá ag teitheadh uaithi ar muin capaill: "Camilla ran, swift as a bush-fire after him" (ibid., xi, 351). Tá meafar an airgid bheo suimiúil: bíonn boinn a cos geal glan mar is ar éigean a theagmhaíonn siad leis an talamh agus í ag rith, agus, dá bharr sin, ní shalaítear iad.
[11] O'Rahilly, *Táin Bó Cuailgne: Recension I*, ll. 741–2 agus lch. 146. Bhain O'Rahilly úsáid as *Leabhar na hUidhre* agus as *Leabhar Buí Leacáin* agus an téacs seo á ullmhú aici. Deir Bergin (Strachan agus Bergin, *Stories from the Táin*, v) faoi theanga na Tána sna lámhscríbhinní sin gur Sean-Ghaeilge i riocht Meán-Ghaeilge atá inti agus is dóigh leis nach sine na buntéacsanna ná an 9ú haois. Féach gur bhain cailíocht an luais chomh maith leis an "elpoid" a tháinig, agus drochfuadair faoi, le teachtaireacht scanrúil go dtí Baile mac Buain i scéal Meán-Ghaeilge (Meyer, 'Scél Baili Binnbérlaig', 222, ll. 15–17).

De réir ‘Airem Muintiri Finn’, déantar an fhilíocht, an aclaíocht, an luas agus an éadroime a nascadh le chéile mar ghnéithe de shainchumas laochta na Féinne: de réir na gcoinníollacha earcaíochta a bhain leis an bhFiann, níor mhór don iarrthóir sárchumas fileata a léiriú, bheith ábalta ar é féin a chosaint agus naonúr ag caitheamh sleánna leis, bheith in ann éalú ó na féinnithe de bharr a chumais reatha, bheith chomh héadrom sin ar a chosa agus é ag rith tríd an gcoill is nach mbrisfeadh sé cipín faoina chois, agus teacht trí dhiantástálacha eile aclaíochta.[12] Is mar cháilíocht laochta a fheictear an luas agus is ar pháirc an chatha nó i gcomhrac aonair a léirítear tábhacht an bhua sin, a chuireann ar chumas na laoch a naimhde a chloí. Deirtear faoi Fhionn: “Fá míleadh mór mear / fá lúthmhor ar leirg [A champion great and swift, nimble on a battlefield]”.[13] Bíonn móitíf an luais le feiceáil go coitianta sna meafair a úsáidtear ag cur síos ar an troid. Deirtear an méid seo faoi Oscar i gcath Ghabhra:

> Ní luaithe eas abhann,
> Ná seabhac ré h-ealtaibh,
> ná ríoghbhuinne srotha
> ná Osgar san chath-sain
>
> Not swifter is a river’s cascade, or a hawk swooping upon a bird-flock, or a mighty rushing stream than Oscar in that fight.[14]

Féach an cuntas seo ar Fhionn Bán agus é ag prapáil chun troda: “ann sin tuc Fionn bán lám tapaid deglaoich tar a lethanarmaib [Then Fionn Bán with swift hands seized his broad weapons]”.[15] Is mar chleas a fheictear an luas cuítheach uaireanta: seo cur síos ar chomhrac Roighne le Dearg mac Drochuil:

> Dob iomdha cleasa gaile / do bhí san iorghail eatarra
> gur ceangladh, gidh cruaidh an céim / Roighne ró-fhada le luathbhéim.
> “Gidh mór an gníomh ’s an deabhadh / duit sinn-ne araon do cheangal,

[12] O’Grady, *Silva Gadelica*, 92–3. Féach, leis, Comyn agus Dinneen, *Foras Feasa ar Éirinn*, ii, 332–4 agus O’Connell ‘*Airem Muinntari Finn* and *Anmonna Oesa Fedma Find*: Manuscripts, Scribes and Texts’, mar a bhfuil eagrán nua den ábhar seo.
[13] Ross, *Heroic Poetry*, XXVIII, 190, §4. Ní gá, dar liom, tagairt do pháirc an chatha a fheiceáil san fhocal “leirg” anseo, mar go n-oirfeadh sé chomh maith céanna don tseilg. Ní sine, dar liom, ná ré na Nua-Ghaeilge Moiche teanga na ndánta ón gcnuasach seo, a ndéanaim tagairt anseo dóibh.
[14] Ibid., XXII, 150–51, §8.
[15] O’Grady, ‘In Gilla Decair’, 259 (liom féin an t-aistriúchán). Ní sine, dar liom, ná ré na Nua-Ghaeilge Moiche teanga an scéil seo.

scaoil ár gcuibhreach go beacht / is beir leat sinn id choimhdeacht."

> Many valorous tricks were performed in the fight between them until – it was a cruel outcome – tall Roighne was bound at one swift stroke. (Roighne said:) "Though it be a great deed and a great battle for you to bind us both, loose our bonds entirely and take us with you".[16]

Is minic focail a bhaineann le luas agus le haclaíocht in úsáid i gcomhthéacs na troda agus an chatha, mar shampla: "lúth",[17] " meardha", "mear",[18] "dian",[19] "deabhadh",[20] rud a thaispeánann go bhfuil an luas agus an aclaíocht go hard i measc na gcáilíochtaí a chinntíonn cumas troda an laoich. Díol suime i bhfianaise an mhéid sin úsáid an fhocail "calma" ag Oisín agus ag Caoilte agus iad ag insint d'Fhionn go raibh Cúldubh, a bhain le Tuatha Dé Danann, róthapaidh dóibh. Is amhlaidh a ghoid seisean muc a bhí á róstadh ag Oisín d'Fhionn agus, cé gur lean Oisín é, d'éalaigh an gadaí uaidh isteach sa lios. Fiafraíonn Fionn cá bhfuil an mhuc agus seo é an freagra a thugann Oisín air: "Rosfucc fer is calmu inás[u] [some one bra[v]er than I has taken it]". An lá dar gcionn arís, agus Caoilte i mbun na cócaireachta, goideann Cúldubh an mhuc atá á róstadh agus ní éiríonn le Caoilte breith air, cé gur fada an cúrsa ó ionad na cócairechta go dtí an lios. Ceistíonn Fionn Caoilte agus seo é an freagra a fhaigheann sé uaidh: "Nidam calmu 'nás intí o rug*ad* ané [I am not braver than he from whom it was taken yesterday]".[21] Feicimid ionannú anseo ag beirt d'ardlaochra na Féinne agus rúnchairde Fhinn idir coincheap an luais agus an misneach agus an neart laochta.[22]

---

[16] An Seabhac, 'Laoidh an Deirg mhic Drochuil', 133, §35–36 (liom féin an t-aistriúchán).
[17] Féach Ross, *Heroic Poetry*, IV, 8, §2: "gan deabhaidh gan déanamh *creach*, / gan bheith ag foghlaim chleas lúidh [with no fighting, no raiding, no learning of athletic feats]" agus XXVIII, 196, §28: "Fionn flath an t-sluaigh / [ ] ar a lúth [Fionn the prince of the host [ ] by his vigour]".
[18] An Seabhac, 'Laoidh an Duirn', 149, §35: "an comhrac meardha mear [the swift and vigorous battle]" (liom féin an t-aistriúchán]. Féach, leis, O'Grady, 'Bodach an Chóta Lachtna', 289: "in taonóglách mór míleta merchalma [the remarkable warlike, swift, brave warrior]" (liom féin an t-aistriúchán). Ní sine, dar liom, ná ré na Nua-Ghaeilge Moiche teanga an scéil seo.
[19] An Seabhac, 'Laoidh an Duirn', 149, §45: "tigeas Goll ar ais go dian, / do bhuail a sciath go lom loiscneach [Goll came back quickly, he struck his shield right fiercely]" (liom féin an t-aistriúchán). Féach, leis, Ross, *Heroic Poetry*, 64–5, X, §18 mar a ndeirtear faoi Gholl go bhfuil sé "iorghalach dian [battlesome and swift]".
[20] Féach nóta 17. Féach, leis *DIL*, s.v. *debuith* V.
[21] Meyer, 'Two Tales about Finn', 245–7. Baineann an téacs seo leis an 9ú haois, dar leis an eagarthóir (*Fianaigecht*, xix).
[22] Tugann *DIL*, s.v. *calma*: "strong, brave, valiant" mar mhíniú ar an bhfocal seo agus is léir ó DINN nár athraigh brí an fhocail ó aimsir na Sean-Ghaeilge.

Cineál eile aclaíochta atá gaolmhar leis an gcumas reatha agus leis an éadroime neamhchoitianta is ea an léim ghaisciúil a bhfaightear an iliomad samplaí di san Fhiannaíocht.[23] Seo mar a dhéanann Caoilte agus é ag triall ar dhún Mhongáin d'fhonn an argóint idir an rí agus Forgoll file a réiteach agus Mongán (ar athionchollú d'Fhionn atá ann) a fhuascailt ón gcruachás ina bhfuil sé féin agus a bhean, de bharr gur bhréagnaigh an rí cuntas an fhile ar bhás Fhothaidh Airgdhigh:

> Ad:fócarar fer dund ráith andess. A brat hi forcipul imbi ocus dícheltir inna láim nadbu érbec. To:ling frissa crann-sin tarsna téora ráthai co:mboí for lár liss, di suidiu co:mboí for lár ind ríthaige, di suidiu co:mboí etir Mongán ocus fraig forsind adart.
>
> A man is announced (coming) to the enclosure from the south. His cloak (was) folded around him and (there was) a spear-shaft in his hand that was not very small. By that shaft he leaps across the three ramparts so that he was on the floor of the enclosure, from that so that he was on the floor of the royal house, from that so that he was between Mongán and the wall on the pillow.[24]

Braithimid go bhfuil gné láidir chinniúnach sna léimeanna a chaitheann Dearc Cora, giolla de chuid Fhinn, thar an tine: tarraingíonn sé aird mná óige atá ag Fionn air féin, tugann sise grá gan chúiteamh dó agus bíonn air dul faoin gcoill ar a choimeád ón rífhéinní, atá meáite ar dhíoltas a agairt air. Téann sé leis an saol fiáin nádúrtha agus bíonn caidreamh aisteach aige leis na hainmhithe, sa tslí go ndéanann saghas ainmhí de féin agus é ag imeacht "for luirgnib oss n-allta".[25] Baineann sé staid diamhair amach, mar nuair a thagann an Fhiann suas leis, ní bhíonn sé so-aitheanta ag éinne ach amháin ag Fionn, a bhfoilsítear dó cé atá ann nuair a chuireann sé a ordóg feasa ina bhéal.[26] Tagann athrú suntasach ar Fhionn nuair a chaitheann sé léim

[23] Féach, mar shampla, O'Grady, 'Bodach an Chóta Lachtna', 289: "atchonnarcadar in taonóglách … ac éirghe d'urlannaib a shleg ocus do chrannaib a chraoisech nó gur ghab leithed a dhá bonn do'n tráig ghelghainmide [they saw the remarkable warrior … vaulting on the shafts of his spears and on the hafts of his javelins so that he landed square on his two feet on the bright sandy beach]" (liom féin an t-aistriúchán). D'úsáid Diarmaid Ó Duibhne a leithéid sin de chleas, leis, agus é ag éalú ón bhFiann i nDoire Dá Bhaoth (Ní Shéaghdha, *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*, ll. 447–54). Nua-Ghaeilge Mhoch atá i dteanga an scéil seo, dar leis an eagarthóir, ach deir sí (ibid., x) go bhfuil sé préamhaithe i scéal de chuid an 10ú haois, atá caillte anois, ach a luaitear i liostaí scéal sa *Leabhar Laighneach* (iv, l. 24971) agus in Byrne, *Airec Menman Uraird Maic Coisse* (45).
[24] White, *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*, 74 agus 80, §§9–10.
[25] Féach an plé ag Carey ar na tuisicintí éagsúla arbh fhéidir iad a bhaint as ainm an ghiolla seo ('Two Notes on Names, *Éigse* 35 (2005), 120–3). Deir Carey áfach: "the name's real meaning may no longer be recoverable" (ibid., 123).
[26] Meyer, 'Finn and the Man in the Tree', 344–9. Dar le Meyer (*Fiannaigecht*, xviii), baineann an scéal seo le deireadh an 8ú nó tús an 9ú haois.

na Brice Bloighe, faoi mar a léimid in *Feis Tighe Chonáin Chinn Shleibhe*. Agus é ina ógánach, tugann Fionn léim ó chnoc amháin go dtí cnoc eile, ainneoin go bhfuil "faill dhoimhinn dhuaibhseach ath-fhuathmhar agas gleann sgeó-ghaothmhar gráineamhail eadtorra [a high terrific precipice on each side, and a windy, formidable valley between]". Is amhlaidh a bhí bean de Thuatha Dé Danann, "Donait", ar an taobh eile den ailt sin. Bhí Séadna mac Cairrill i ngrá le "Donait" ach dúirt sise nach bpósfadh sí é mura dtabharfadh sé léim na hailte sin gach bliain. Ní raibh sé de mhisnech ag Séadna áfach tabhairt faoin dúshlán. Léiríonn Fionn misneach mór agus ardaclaíocht nuair a chaitheann sé an léim dhainséarach sin. De bharr an ghaisce sin, éiríonn leis teagmháil a bheith aige le bean de Thuatha Dé Danann, a bhronnann éadaí nua air agus a thugann léi chun a leapa féin é an oíche sin. Leagann sí mar dhualgas ar Fhionn an léim sin a thabhart gach bliain.[27] Is féidir an eachtra seo a thuiscint ar leibhéil éagsúla: léiríonn Fionn an aclaíocht agus an misneach neamhchoitianta a bhaineann leis na féinnithe, fágann sé laethanta na leanbaíochta ina dhiaidh, déanann fear lánfhásta aibidh de agus éiríonn leis an teora idir an saol seo agus an saol eile a thrasnú. Seo mar a deir Nagy faoin eachtra seo:

> Finn not only wins Donait but also enters her world … Finn literally sheds his rough-hewn identity as the Lad of the Skins and puts on the clothes of the otherworld, given to him by his lover … Finn can cross over the gap between this world and the otherworld; he can even cross the gap between childhood and adulthood. But he can cross back over them as well. Finn belongs not so much on either side of the gap as within the gap itself.[28]

Ach feicimid go bhfuil dlúthbhaint idir an léim agus cinniúint Fhinn mar ceanglaíonn Athnaid/Donait air an léim sin a thabhairt gach bliain agus tuarann go bhfaghaidh sé bás an bhliain a dteipfidh air an gaisce sin a dhéanamh.[29] Fíortar an

---

[27] O'Kearney, *Feis Tighe Chonain Chinn-Shleibhe*, 128–33. Féach, leis, Joynt, *Feis Tighe Chonáin*, ll. 144–204: "Athnait" is ainm don bhean sí in eagrán Joynt. Ní sine, dar liom, an teanga in aon cheann den dá leagan seo ná ré na Nua-Ghaeilge Moiche.

[28] Nagy, *The Wisdom of the Outlaw*, 120–21. Féach, leis, an plé atá ag Nagy ar shiombalachas na léime agus ar an dainséar a bhaineann leis an ngníomh sin i gcás Dheirc Chora (ibid., 132–3): "This feat brings to mind the various tests for swiftness and agility that the fían candidate, as described by Keating, had to pass. The gilla's leaping over a fire serves as a vivid symbol of initiation and passage, to which all of the various demonstrations of mobility in the Fenian tradition ultimately refer … Derg Corra's leaping over the pit … symbolizes his going from raw to cooked, from nature to culture, from childhood to adulthood – transitions at the heart of the related states of gillacht and fénnidecht".

[29] Airímid mar a bheadh macalla den scéal seo in Joynt, *Feis Tighe Chonáin*, ll. 1428–41, mar a n-iarrann Aoife iníon Neoid, a fuair Fionn le pósadh óna hathair, ar an rífhéinní breith ar lon áirithe agus é a thabhairt chuici agus mar a gcuireann sí de gheasa air an cleas céanna a dhéanamh gach bliain. An bhliain nach n-éireoidh leis sin a dhéanamh, sin í bliain a bháis, a deir sí. Éilíonn Éadaoin

tairngreacht agus Fionn ina sheanfhear, mar maraítear é agus é ag iarraidh léim thar an mBóinn.[30] Léiríonn na heachtraí seo go mbaineann an léim mhíorúilteach agus an aclaíocht fhordhaonna go dlúth le nádúr agus le féiniúlacht na bhféinnithe, go bhfuil dlúthcheangal idir é agus na saincháilíochtaí laochta, fileata agus draíochta a bhaineann leo. Ní beo iad in éagmais an bhua dhiamhair sin – bua a rialaíonn a mbeatha ar bhealach docht cinniúnach.

Ní annamh ceangal idir an luas cuítheach agus fórsaí an nádúir – an ghaoth, tonnta na farraige, sruth na habhann, tine nó an saol ainmhíoch. Is "mar tharbh tuinne sratha [like a fierce resistless wave in a stream]" a thugann Oscar ruathar faoi dhéin Chairbre i gcath Ghabhra.[31] Cuireann Loingseachán luas eitilte nó léimní Shuibhne i gcomparáid leis an ngaoth nuair a deir sé leis: "At lúaithe na gaoth thar glenn [Thou art fleeter than the wind across the valley]",[32] agus cuirtear saol Shuibhne san fhásach – mar a dtagann cruth éin air féin – agus a chaidreamh leis na hainmhithe i gcodarsnacht le saol na cúirte agus na sochaí seasta. Seo mar a deir Suibhne:

> A ellteóg, a luirgnechóg,
> fuarus-[s]a do g*h*reim,
> misi ort ag marcaighecht
> as gach beinn a mbeinn

Sléibhe Caoin mar "choibhche" ó Fhionn go dtabharfadh sé léim thar charraig áirithe agus cloch mhór ina lámha aige. Mar a rinne na mná eile, cuireann sí Fionn faoi gheasa an gaisce sin a dhéanamh gach bliain agus deir go bhfaighidh sé bás an bhliain a dteipfidh air sa triail sin (ibid., ll. 1453–80).

[30] Meyer, 'The Death of Finn Mac Cumaill', 464–5. Leis an 10ú haois a bhaineann an scéal seo, dar le Meyer (*Fiannaigecht*, xxii–xxv). In O'Kearney, *Feis Tighe Chonain Chinn-Shleibhe*, 130, n. 6, ní taobh leis an mBóinn a fuair Fionn bás, ach i nGleann Dealgáin, Co. Phort Láirge, de réir traidisiúin áitiúil. De réir cuntais eile, áfach, is amhlaidh a mharaigh "Aichleach Mac Duibrend" Fionn i gcath ag "Breaa for Bóinn" (O'Grady, 'Teasmolad Corbmaic úi Cuinn ocus Finn meic Cumhaill', 91). Ón 12ú haois an cuntas seo, dar le Meyer (*Fiannaigecht*, xxvi). Tá plé cuimsitheach ag Parsons ar na leaganacha éagsúla a fhaightear sa traidisiún de scéal bhás Fhinn ('Breaking the Cycle? Accounts of the Death of Finn').

[31] Ross, *Heroic Poetry*, xxii, 150–51, §10. B'fhéidir tagairt do shruth taoide agus do thonn mhara a shamhlú chomh maith céanna leis an méid seo, dar liom.

[32] O'Keeffe, *Buile Suibhne*, 58. Leis an 12ú céad a bhaineann an leagan den scéal seo atá tagtha anuas chugainn, de réir Dillon, *Early Irish Literature*, 94. Féach Bergholm, 'The Authorship and Transmission of *Buile Shuibhne*: a Re-Appraisal', mar a bpléitear eagrán Uí Chaoimh i gcomhthéacs na staire a bhaineann le seachadadh scéal Shuibhne sna lámhscríbhinní atá tagtha anuas chugainn, agus i bhfianaise tuiscintí ar ghnó na heagarthóireachta atá tagtha chun cinn ó aimsir Uí Chaoimh i leith. Áitíonn Bergholm nach mar *urtext* is ceart féachaint ar an eagrán sin ach gurb é atá ann ná: "a synthetic modern composition, which, albeit embodying O'Keeffe's understanding of the authorial work, nevertheless only stands as an approximation of the 'original' as it could have been" (ibid., 109).

O little fawn, O little long-legged one,
I was able to catch thee
riding upon thee
from one peak to another.[33]

Téann Suibhne go hiomlán leis an saol nádúrtha, mar a dhéanann Dearc Cora, agus is beag leis an tsochaí dhaonna:

Ni charaim an sibheanr*adh*
do[g]niad fir is mná,
binne liom a ceileabradh
luin 'san aird ittá

I love not the merry prattle
that men and women make:
sweeter to me is the warbling
of the blackbird in the quarter in which it is.[34]

Téann Diarmaid Ó Duibhne trína naimhde "mar do gébadh sebac tré mhineltaib . nó mar fhaolchoin tré thrét caorach nó mar thrénbuinne shrotha shaobhaird [as would hawk through flight of small birds, or wolf through sheep-flock; or as the weighty rush of a mad swollen stream in spate]",[35] agus is geall le "dhá ruadbuinne lasrach lethanmóire . nó mar dhá thuinn robarta róghéire ac dul tar bennaib cairrce [two far-reaching terrible lightning jets, or two surges of a most violent spring-tide surmounting pinnacles of rock]" Oscar agus mac ardrí na Fraince agus iad ag comhrac lena chéile.[36] Féach, leis, go mbaineann cáilíochtaí den chineál céanna le capaill agus le coin, dhá ainmhí a mbaineann tábhacht ar leith leo maidir le dhá ghné shuaithinseacha de shaol na Féinne .i. an cath agus an tseilg. Seo mar a chuirtear síos ar luas chapall an Ghiolla Dheacair agus é ag leanúint a mháistir: "do ghluais roimpe ina buinne retha róghéir [with sudden course of keenest gallop]".[37] Féach íomháineachas an dúlra sa chuntas seo ar ghluaiseacht úinéir an chapaill sin:

[33] O'Keeffe, *Buile Suibhne*, 68–9.
[34] Ibid., 76–7. Tá an-chosúlacht idir iompar Dheirc Chora agus iompar Shuibhne agus iad san fhásach: feictear iad beirt in airde ar chrainn, baineann nádúr agus iompar ainmhíoch leo agus is bia amh a itheann siad.
[35] O'Grady, 'In Gilla Decair', *Silva Gadelica*, i, 267 agus ii, 302.
[36] Ibid., i, 270 agus ii, 305.
[37] O'Grady, 'In Gilla Decair', *Silva Gadelica*, i, 262 agus ii, 297.

> do ghluais roime mar luas áinle nó feirbe nó mar shíde gaoithe glóraige ag dul tar cenn machaire nó móirshléibe i meadón mísa márta
>
> away with him as though with the swallow's or with the roe-deer's speed – or as it were vociferous wind's blast over [plain or] mighty mountain in mid-month of March.[38]

Leagann ainmneacha na gcon béim ar a gcumas reatha,[39] agus, arís, féach an t-íomháineachas a bhaineann leis an dúlra i gcás roinnt de na hainmneacha seo a leanas: ag Fionn tá "Luas", "Saothar" agus "Grianán"; ag Goll: "Bíodhgadh", "Eiteal", "Éadtrom", "Árd-léim", "Sár-rith" agus "Maoilinn"; ag Caoilte: "Machaire mear", "Niamhrach luath", " Luath-ghléas" agus "Feoithnín"; agus ag Diarmaid tá: "Nóinín", "Duilleog" agus "Léim-fhada".[40] Díríonn Caoilte ar luas an ainmhí sa chaoineadh aige ar Chú Bheag, cú Fhinn, agus léiríonn an bhaint idir an luas agus an chlistecht:

> Truagh liom oidheadh Conbice / cú bheag ba lór nglaine;
> ní fheaca ba chrobh-ghlice / i ndiaidh muice ná aighe …
> ní fheaca cú ba mhire / ag marbhadh daimh gan chairde
>
> I mourn the death of Little Hound, a small hound but right true
> I never saw (a hound) with a more clever paw when in pursuit of a wild pig or deer …
> I never saw a hound that was faster killing a stag without reprieve.[41]

Tá gné neamhshaolta leis an aclaíocht seo a bhaineann le trasnú na teora idir an saol seo agus an saol eile. Ag filleadh ar ais ó dhomhan na marbh a bhí Caoilte nuair a thug sé na trí léim ghaisciúla thar na rátha agus é ag triall ar chúirt Mhongáin.[42] Is ag triall ar an saol eile a bhí sé nuair a lean sé Lon mac Liomtha agus ba chosúil le heitilt nó le baothléimneach an ghluaiseacht a bhí fúthu agus iad ag déanamh ar an gceárta dhraíochta.[43] Mar a chonaiceamar cheana, bhain Bodach an Chóta Lachtna leis an lucht sí; bhí sé níos tapúla ná Caoilte féin agus bhuaigh ar Chaol an Iarainn sa

[38] Ibid., i, 262 agus ii, 296–7.
[39] Féach Chadbourne, 'The Beagle's Cry', 14: "dogs may arguably be called the soul of the *fían*".
[40] An Seabhac, 'Seilg Locha Léin', in *Laoithe na Féinne*, 67–9.
[41] Idem, 'Truagh Liom Oidheadh Conbice', in *Laoithe na Féinne*, 283 (liom féin an t-aistriúchán). Tá leagan den laoi seo in Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 2210–15.
[42] Féach nótaí 7 agus 24.
[43] *DF* ii, 'The Lay of the Smithy', 6–9, §§20–7.

rás ó Shliabh Luachra go Beann Éadair.[44] Is minic, in *Acallam na Senórach* a bhíonn an reathaí cumasach isteach agus amach as an lios, mar atá feicthe againn cheana.

Dualgas diamhair do-shéanta is ea na trialacha reatha agus aclaíochta a bhfaighimid go leor samplaí díobh in *Feis Tighe Chonáin*. Is leor, dar liom, tagairt d'eachtra amháin a léiríonn gnéithe an dualgais agus na bagairte agus a thaispeánann an diminsean mistéireach osnádúrtha a bhíonn i gceist go minic leis na comórtais reatha nach féidir leis na féinnithe diúltú dóibh. Cuireann Fionn roimhe cabhrú le bean a ngoideadh fathach a páistí uaithi chomh luath agus a shaolaítí iad agus beartaíonn ar í féin agus an leanbh deireanach a rugadh di go gairid roimhe sin a chosaint ón ngadaí. Éiríonn leis an bhfathach an leanbh a ghoid, áfach, agus leanann Fionn é thar farraige agus dream beag den Fhiann agus grúpa cúntóirí iontacha in éineacht leis. Eachtra neamhshaolta atá i gceist, agus tar éis tamaill téann siad i dtír in oileán mar a bhfuil dún álainn. Faigheann siad amach, áfach, go dtugann iníon Aoidh Ruaidh, ar leis an dún, dúshlán reatha do gach fear a iarrann í mar bhean. Is iad na coinníollacha a bhaineann leis an rás ná go bpósfaidh sí an fear a bhuafaidh uirthi ach go gcuirfear chun báis an fear a chaillfidh. Tá cinn na bhfear a d'iarr cheana í le feiceáil go líonmhar ar chuaillí timpeall an dúna. Mar sin féin, glacann Fionn leis an dúshlán ach is duine dá chúntóirí, arb ainm dó 'Comluath-rē-gaoith', a ritheann ina ionad. Ainneoin chleasaíocht na mná óige, bíonn an bua ag cúntóir Fhinn agus faigheann an rífhéinní an bhean óg le pósadh.[45]

In 'Bodach an Chóta Lachtna', is trína bhua osnádúrtha reatha a fhuasclaíonn an cúntóir neamhshaolta an Fhiann agus muintir na hÉireann ar fad, a raibh Caol an Iarainn chun cíos crua a ghearradh orthu muna mbuafaí air sa chomórtas reatha. Is cúntóir é Caoilte nuair a shaorann sé Fionn ó ghéibheann in 'Caoilte's Mischief-Making' agus nuair a fhuasclaíonn an Fhiann atá faoi ionsaí agus gan airm a gcosanta acu in 'The Battle of the Sheaves'. Ach más ea, is cleasaí é chomh maith sna cásanna sin, mar atá feicthe againn, agus cuid mhór dá chleasaíocht is ea a chumas reatha.[46] Lúth a chos agus an gaol speisialta atá aige le hainmhithe a chuireann ar a chumas bheith ina chúntóir ag Fionn nuair a bhailíonn sé péire de

[44] O'Grady, 'Bodach an Chóta Lachtna', 291–6.
[45] Joynt, *Feis Tighe Chonain*, ll. 807–1002. Féach, leis, nótaí 27 agus 29.
[46] Féach lch. 97, n. 12 agus 102–3 *supra*.

gach ainmhí in Éirinn do Ghráinne a dúirt nach bpósfadh sí Fionn muna ndéanfaí sin di.[47] Tá cosúlacht nach beag idir gnéithe den scéal seo agus scéal ón traidisiún clasaiceach, ina bhfuil dlúthbhaint ag an gcumas reatha leis an ngrá agus leis an bpósadh .i. scéal Atalanta agus Hippomenes, a chloisimíd ó bhéal Venus.[48] Mar gheall ar chomhairle an oracail, a deir léi go dtabharfaidh an pósadh tubaist mhór uirthi, téann Atalanta chun cónaithe i ndoimhneacht na coille. Tá ardchumas reatha inti, agus, dála iníon Aoidh Ruaidh, deir sí nach bpósfaidh sí fear ar bith nach mbuafaidh uirthi i gcomórtas reatha agus go gcuirfear chun báis aon fhear a chaillfidh rás ina coinne. Níl fear ar bith chomh tapaidh léi agus cuirtear mórán fear, a théann san iomaíocht léi, chun báis. Ach titeann sí i ngrá le hiomaitheoir amháin, Hippomenes, fear a bhfuil fuil diaga ann. De bharr cleasaíochta agus le cabhair ó Venus, buann Hippomenes an rás,[49] pósann sé Atalanta ach déanann dhá leon díobh agus cuirtear iad ag tarrac charbad na Máthar Mórchumhachtaí.[50]

Baineann baol cinnte leis an gcomórtas reatha sna samplaí sin. Sna scéalta Gaelacha, seachnaítear an dainséar mar gheall ar chumas reatha churadh na Féinne .i. daorsmacht Chaoil an Iarainn, géibheann Fhinn, marú Fhinn agus na Féinne agus, cé nach curtha i gcomparáid é leis an mbagairt sna scéalta eile, an baol go ndiúltódh Gráinne Fionn a phósadh (faoi mar a dhéanann sa scéal déanach, *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*), rud a bheadh ina chúis mhór náire aige. I gcásanna eile, bíonn dainséar agus bagairt neamhshaolta i gceist, ach nach fios go cruinn cad é féin, agus sna cásanna sin is tré dhúshlán reatha a fhreagairt agus an rás a bhuachan a thagann an Fhiann slán. Ní furasta a thuiscint cén fáth a nglacann Fionn, Caoilte

[47] Meyer, 'Finn and Grainne', 458–61. Leis an 9ú nó an 10ú haois a bhaineann an scéal seo, dar leis an eagarthóir (*Fianaigecht*, xxii–xxiii). Is fiú comparáid a dhéanamh idir é agus an "helper tale" ón Rúis: Bain, 'The Flying Ship', 17–21. Sa scéal sin, cabhraíonn fir a bhfuil bua speisialta ag gach duine acu le fear óg banphrionsa a phósadh. Cumas reatha eisceachtúil atá mar bhua ag fear amháin acu. Duine bocht simplí is ea an fear óg agus, d'fhonn fáil réidh leis, iarrann an Sár air tascanna atá do-dhéanta, dar leis, a chur i gcrích. Ach le cabhair na gcúntóirí, déantar mar a iarrann an Sár agus ceadaíonn sé don fhear óg an banphrionsa a phósadh. Gheobhfar cuntas cuimsitheach ar mhóitíf na gcúntóirí osnádúrtha in Aarne agus Thompson, *The Types of the Folktale*, 167–202. Féach, leis, an bhaint idir móitif na haclaíocha agus téama an ghrá in *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne* (mar shampla, ll. 198–201, 445–54 agus 569–657.

[48] Raeburn, *Ovid, Metamorphoses: a New Verse Translation*, x, ll. 560–707.

[49] Baineann luas agus éadroime thar na bearta leis an mbeirt: "both competitors sprang / like a flash from the starting line … / … You'd think they could skim the ocean / dry-footed or brush the standing ears in a white cornfield" (Raeburn, *Ovid, Metamorphoses: a New Verse Translation*, x, ll. 652–5).

[50] Ibid., 703–4: "Their marriage bed was the forest floor. They were lions, and frightened / all but the Mighty Mother who tamed them to draw her chariot".

agus beirt eile le dúshlán na seanmhná ónar ainmníodh Gleann na Caillí.[51] Buaileann cailleach a bhfuil cuma na mioscaise agus an droch-chroí uirthi chucu agus éilíonn rás.[52] Ní foláir nó tá greim éigin aici orthu agus nach bhfuil an dara rogha acusan ach an dúshlán a fhreagairt.[53] Tuigtear dúinn go sábhálann Caoilte an Fhiann ó dhainséar tromchúiseach nuair a théann sé chun tosaigh sa rás agus nuair a bhaineann sé an ceann den chailleach.[54] De bhrí go mbaineann an luas reatha le pearsana ón saol eile, agus le bandraoithe, is léir gur cáilíocht draíochta atá ann. Bíonn an cháilíocht sin le tuiscint de ghnáth ach feicimid í go follasach i gcásanna áirithe. Féach an cuntas seo ag Crom Dearóil ar thriúr de Thuatha Dé Danann agus iad ag teacht faoi dhéin Meadhbha agus Oilealla:

> Nic*on* ber*a*t a drúcht dind fhéor ar áthi ⁊ imétr*um*mi im-tháncatar, mar na facced nech den mórshlóg iat, ⁊ at-chíat in slúag n-uile
>
> They did not take the dew off the grass on account of the swiftness and extreme lightness with which they came, because nobody in the great army saw them and they saw the whole host.[55]

Is trí dhraíocht a dhéantar flít "luathbharc" d'Fhionn agus dá chomrádaithe le trí bhuille de thua chun an Giolla Deacair a leanúint thar sáile.[56]

---

[51] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3959–72.

[52] Ibid., 3963–6; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 118: "atchonnacam*ar* amuit chaillige corrluirgnigi círdhuibhi cucainn, ⁊ ghrennaighis sinn um choimhling do dhénam ria ⁊ a ngnáithgeall ón Ḟéinn uimi sin. Ocus ba hiat geallta do snaidhmedh ann, a chenn do bhein donte do fuicfide ann [we saw a bow-legged, jet-black hag of a witch coming towards us. She challenged us to race against her for the customary wager of the *Fian*. These are the stakes that were agreed there, the last to finish would have his head cut off]". Tugann sé seo chun cuimhne an toradh marfach a bhíonn ar an rás idir Atalanta agus na fir óga atá ag iarraidh í a fháil le pósadh (Raeburn, *Ovid, Metamorphoses: a New Verse Translation*, x, ll. 560–99).

[53] Féach Nagy, *The Wisdom of the Outlaw*, 103–7. Dar le Nagy, tá gaol idir na cailleacha éagsúla a thugann dúshlán reatha d'Fhionn i rith a shaoil agus a mháthair altrama, an bandraoi "Bodbmall", "the mysterious female living in the backwoods of Leinster". Is é is cuspóir do na dúshláin seo ná: "to prove his mobility again and again, to demonstrate his ability to survive in the fluid, fast, and dangerous world of the fénnidecht".

[54] Tá an-chosúlacht idir an scéal seo agus eachtra in Joynt, *Feis Tighe Chonáin*, ll. 1727–64. Tugann Eithne, bandraoi agus baneachlach, dúshlán reatha d'Fhionn. Téann Caoilte sa rás chomh maith le Fionn agus le hEithne agus nuair a théann sé chun tosaigh uirthi siúd, baineann sé an ceann di. Léiríonn an méid seo a deir Fionn le Caoilte ansin, cé chomh tromchúiseach is a bhí an dainséar ina raibh an rífhéinní: "cidh mōr buille maith tucuis ariamh, ní thucuis ariamh buille is fearr liom do thabairt dhuit inā in buille sin [though you have struck many a good blow in the past you never struck a blow that I would have preferred you to strike than that one]" (liom féin an t-aistriúchán).

[55] Watson, *Mesca Ulad*, 565–8 (liom féin an t-aistriúchán). Ón *Leabhar Laighneach* an sliocht seo a gcuireann Watson dáta i dtrian nó i gceathrú tosaigh an 12ú haois leis ('Mesca Ulad: The Redactor's Contribution to the Later Version', 95). Léiríonn dofheictheacht an triúir gur draíocht atá i gceist anseo, dar liom. Tá an-chosúlacht idir an cur síos seo agus an cuntas ar ghluaiseacht Euphemus, Camilla agus Fhanaill (féach nótaí 9, 10 agus 11).

Tá baint idir an luas agus gné ríthábhachtach an fheasa nó an iomais san Fhiannaíocht, faoi mar a chonaiceamar. Ritheann Fionn níos tapúla ná mar a rinne Oisín agus Caoilte agus beireann sé ar Chúldubh díreach agus é ar tháirseach an leasa agus is ar an ócáid sin, de réir an scéil seo, a fhaigheann Fionn bua an fheasa agus na filíochta.[57] Faoi mar atá feicthe againn, is ar ócáid tairseachúil a tharlaíonn an rith fordhaonna seo go minic. Is fíorspéisiúil an léamh a dhéanann Nagy ar shealbhú an iomais mar a chuirtear síos air in 'The Caldron of Poesy'. Seo mar a deir sé:

> In the Old Irish "Cauldron" text … it is said that the imbas or the nuts themselves, having fallen off the hazel trees of knowledge, swim downstream from Segais, travelling faster than racehorses (*luaithe ech aighe*).

Tagraíonn Nagy ansin don ghluaiseacht a luaitear leis an gcoire érma agus baineann an tátal seo: "It appears … that the swift movement associated with the fénnidi of Fenian tradition … is also characteristic of the imbas/hazelnuts … and of the coire érma".[58] Baineann dhá ghné, mar sin, le híomhá na gcnónna coill: gné an bhia nádúrtha agus gné an luais. Saghas comaoine leis an dúlra is ea glacadh an bhia seo,[59] agus tugann an luas fordhaonna an té a chleachtann é níos congaraí don saol ainmhíoch agus don dúlra agus, dá réir sin, saghas eile comaoine atá i gceist leis. Baineann gné osnádúrtha leis an dá shaghas comaoine, sa mhéid go mbronntar bua misteach na filíochta agus an fheasa ar an té a ghlacann iad. Agus chomh maith leis sin, i gcás Fhinn agus Chaoilte, cuirtear ar a gcumas taisteal idir an saol seo agus an saol eile. Soláthraíonn *Buile Suibhne* léiriú ar an dá shaghas comaoine leis an nádúr: itheann Suibhne biolar agus ólann fíoruisce agus maireann sé ar nós ainmhí nó éin

---

[56] O'Grady, 'In Giolla Decair', *Silva Gadelica*, i, 264.
[57] Meyer, 'Two Tales about Finn', 245–7.
[58] Nagy, *The Wisdom of the Outlaw*, 280, n. 30. Féach Breatnach, 'The Caldron of Poesy', 66–7, §11 agus 82–3. Luann Carey an saothar seo leis an ochtú haois ('The Three Things Required of a Poet', 48).
[59] Dealraíonn sé, áfach, gur go hindíreach a ghlacann an daonnaí an bia seo: titeann na cnónna san uisce agus itheann na bradáin iad (Stokes, 1894, 'The Prose Tales of the Rennes Dindshenchas', 457, §59, 'Sinann'). Ach chun bua an iomais a fháil, ní mór d'Fhionn bradán a d'ith na cnónna a ithe (Meyer, 'Macgnimartha Find', 201, §18). Gheobhfar liosta na bhfoinsí ina dtráchtar ar thobar Sheaghsa, ar na bradáin a itheann na cnónna draíochta agus ar shealbhú an iomais ag na filí in Nagy, *The Wisdom of the Outlaw*, 279, n. 30.

san fhásach. File agus fáidh is ea é.[60] Is léir, mar sin, go mbaineann tábhacht le móitíf an luais ó thaobh ghné an iomais agus bhua na filíochta agus na fáidhiúlachta de i gcás Chaoilte.

Baineann gné an teachtaire nó an tsearbhónta ar a mbíonn dualgaisí searmannacha le Hermes agus le Caoilte,[61] agus luaitear an ghné seo le pearsana eile san Fhiannaíocht chomh maith céanna. Nasctar an comhfhocal "coslúath" le hainm Chorr trí uaire in *Duanaire Finn*,[62] agus deirtear linn gur duine de thriúr eachlacha Fhinn é:

> Trí heachlacha tighe Finn . tan do bhittis i cCruimghlinn
> Nochar maith dath a sé mbonn . Córr ₇ Lonn ₇ Luath
>
> The three grooms of Fionn's house, when they used to be in Crumlin, the colour of their six soles was not nice, Corr and Lonn and Luath.[63]

Tugann Fionn "gilla turais" ar Chaoilte nuair a théann sé ar a thuairisc chun go bhfreagródh sé dúshlán reatha Chaoil an Iarainn thar ceann na Féinne.[64] Féach gur

---

[60] I bhfoirm filíochta a labhrann Suibhne agus déanann sé tosca a bháis féin a thuar go cruinn nuair a deir sé le Moling: "Aeghaire dot æghairibh / nommharbhann go moch [A herd of thine will slay me at early morn]" (O'Keeffe, *Buile Suibhne*, 140–1).

[61] Féach lgh. 99 agus 114 *supra*. Féach go luaitear dualgaisí Chaoilte mar shearbhónta ardstádais in MacNeill, *DF* i, 'The Adventure of the Men from Sorcha', 62, §16 agus 171: "Cáoilti fer go rath . duinn ag frestal na n-ardflath [Caoilte, victorious man, serving the high princes for us]", agus luaitear a shárchumas reatha sa laoi chéanna: "Caoílti bá monar a rith [Caoilte whose speed was a murmuring sound]" (67, §98 agus 177). Measann Murphy gur thart ar 1300 a cumadh an dán seo (*DF* iii, 53–5).

[62] *DF* i, 'Goll's Parting with his Wife', 23, §5 agus 121: "in Chorr choslúath chédghuineach [the hundred-wounding Corr Chos-luath]"; measann Murphy gur roimh lár threimhse na Gaeilge Clasaicí a cumadh é seo (*DF* iii, 21–22); ibid., 'Caoilte's Urn', *DF* i, 39, §14 agus 141 (a cumadh c. 1200, de réir Murphy, *DF* iii, 36): "Fionnchadh Corr Choslúath gan act . rucsat seilg críche Connacht [Fionnchadh and Corr the Footswift without fault got the hunting of the Connaught border]"; *DF* i., 'The Adventure of the Men from Sorcha', 74, §211 agus 186, "in Chorr Chosluath chéadghuineach [the hundred-wounding Corr Swiftfoot]". Díol suime an nasc a dhéantar idir an luas agus an cumas troda in dhá cheann de na samplaí sin agus le scil ghaolmhar na seilge sa cheann eile. Luaitear "in Corr cosluath" i measc "maithe agus móruaisle na Féinne" in O'Grady, 'Bruiden Beg na hAlmaine', 336. Tugann ainm an teachtaire seo le tuiscint go bhfuil nasc éigin idir é agus an bheatha ainmhíoch. Féach gurb amhlaidh atá leis ag Caoilte agus ag teachtairí agus ag carachtair eile a mbaineann luas nó aclaíocht fordhaonna leo, mar shampla, Lon mac Liomhtha (féach lch. 85, n. 33 *supra*), Dearc Cora, Camilla, Atalanta.

[63] *DF* i, 'The Household of Almha', 27, §26 agus 126 (a cumadh thart faoi dheireadh an 12ú haois, de réir Murphy, *DF* iii, 23–4). Cuirtear béim anseo ar an méid taistil a dhéanann an triúr eachlach seo nuair a luaitear go mbíonn boinn a gcos salach uaidh. Ach féach nóta 10: is geal glan a bhíonn boinn na gcos i gcás Camilla. Féach, leis, an bhéim ar an luas san ainm 'Luath' agus an bhéim ar an gcrógacht laochta san ainm 'Lonn' (cf. *DIL*, s.v. *lonn*).

[64] O'Grady, 'Bodach an Chóta Lachtna', 290. Féach an míniú seo in *DIL*, s.v. *turus*: *gilla turusa:* "messenger".

reathaí cuítheach í an bhaineachlach a thagann chuig Fionn agus Caoilte le dúshlán reatha in *Feis Tighe Chonáin*.[65] I scéal béaloidis déanach, deirtear linn faoi Chaoilte "cos-luath" go raibh "fuil fhiadháin na ngeirrfhiadh draíochta ann" agus go "(ndearnadh) teachtaire dhé imeasg na ndaoine sidhe".[66] Luíonn sé seo le réasún nuair a chuimhnítear gur tréith inmhianaithe é an luas in aon duine a bheadh ina theachtaire.

Ní hé Caoilte an t-aon duine den Fhiann a bhfuil bua neamhchoitianta luais aige agus ní hé is tapúla orthu i gcónaí.[67] Agus buaileann reathaithe eile leis na féinnithe a bhíonn níos tapúla ná é. Chonaiceamar cheana, mar shampla, gur fearr de reathaí Fionn ná é in *Marbad Cúlduib*, go mbeireann Oisín air nuair a ritheann sé uaidh (féach lch. 114 *supra*), gur tapúla Bodach an Chóta Lachtna agus Caol an Iarainn ná é. Léiríonn Fionn gur tapúla é ná Caoilte agus an Fhiann go léir nuair a leanann siad an t-aitheach, Roc mac Dichon, a ritheann uathu in *Feis Tighe Chonáin*, cé nach fada ina dhiaidh a bhíonn Leagan Luath agus Caoilte san ord sin.[68] Agus b'fhéidir mórán samplaí eile a lua: an "fear coise crainn" a ndeir Fionn ina thaobh: "fãgb*aidh* sé an fian uile do rith idir choin $_7$ each $_7$ duine [he can outrun all the *fian* – horses, hounds and men]",[69] nó Aonghus a ghluaiseann "a ccoimhdeacht na gaoithe

[65] Joynt, *Feis Tighe Chonáin*, ll. 1727–64. "Messenger, courier; attendant" an míniú atá in *DIL*, s.v. *echlach*, míniú atá ag teacht go maith leis an gcomhchiallach sa Ghréigis, dar le Brown (féach 99 *supra*, n. 24).

[66] De h-Íde, 'Caoilte na gCos Fada', 190. Cuimsíonn an méid seo ar bhealach gonta comhtháite raon cáilíochtaí a bhaineann le Caoilte: an bua reatha atá aige, an gaol speisialta atá aige leis an domhan ainmhíoch, a acmhainn draíochta, an gaol atá aige le Tuatha Dé Danann agus a fheidhm mar theachtaire. I scéal béaloidis eile sa chnuasach céanna, a bhaineann leis an nGráin Leathan, Co. Ros Comáin, mar a bhaineann an scéal sin, insítear faoi fhear a bhfuil 'Caoilte na gCos Fada' mar leasainm air. Ní hé Caoilte mac Rónáin na Féinne atá i gceist, ní in aimsir na Féinne a mhaireann sé ach, mar sin féin, tá luas reatha fordhaonna aige: "ní raibh gadhar ná cú i nÉirinn nach mbeurfadh sé air, ag rith" (de h-Íde, 'Caoilte na gCos Fada [sgeul eile]', 240). Bíonn sé ag caint le giorria atá ro-mhear do choin agus do chapaill an lucht seilge. Cúntóir is ea an giorria sin: chabhraigh sé le hathair "Chaoilte" agus cabhraíonn an giorria agus "Caoilte" lena chéile. Ag deireadh an scéil, deir an giorraí: "Is de mo threibh-se Caoilte" (ibid., 247). B'fhéidir gur ceart an "Caoilte" seo a fheiceáil mar athionchollú de laoch na Fiannaíochta. Tharlódh (ach, ar ndóigh, ní féidir bheith cinnte de seo in aon chor) go raibh gaol nó caradas den chineál céanna idir Caoilte mac Rónáin agus an t-ainmhí (giorria?) a chuaigh i bhfolach ón bhFiann i ngort arbhair bhean Chaoilte (*DF* i, 'The Battle of the Sheaves', 56, §8 agus 163), agus gur iarsma de sheantraidisiún atá sa dá scéal béaloidis a d'fhoilsigh de h-Íde.

[67] Tugann *Marbad Cúlduib* (Meyer, 'Two Tales about Finn', 246–7) le fios gur tapúla Fionn ná Caoilte a admhaíonn nach tapúla (nó nach cróga) é féin ná Oisín. In *DF* ii, 'The Adventure on Slieve Gullen', 260–1, §§43–5 (15ú céad, de réir Murphy, *DF* iii, 143), feicimid go mbeireann Oisín ar Chaoilte nuair a ritheann seisean uaidh. Ar na fir reatha eisceachtúla eile san Fhiann, tá Corr, Lonn, Luath (féach nótaí 62 agus 63) agus Liagán Luachra (Laoide, 'Laoidh an Duirn', *Fian-Laoithe*, 65, §4 agus O'Grady, 'In Gilla Decair', 263).

[68] Joynt, *Feis Tighe Chonáin*, ll. 311–404.

[69] Joynt, *Feis Tighe Chonáin*, ll. 452–3 (liom féin an t-aistriúchán).

gl*an*fhuaire".[70] Mar sin féin, is é Caoilte chéadrogha Fhinn chun dul san iomaíocht le Caol an Iarainn, agus is dócha gurb é scoth reathaithe na Féinne sa traidisiún i gcoitinne. Féach an méid seo a deir Fionn leis agus é á ghríosadh chun a thréandícheall a dhéanamh nuair a bhí Eithne, an bhaineachlach mhioscaiseach chun tosaigh air sa rás:

> do greis é ⁊ adubairt gur mór an náire dhó a bheith a ndiaidh na bain-eachlaigh[e] ⁊ in tuaruscbāil reatha do bhí air ag fearuibh Ērenn
>
> he urged him on and said that it was a great shame for him to be behind the female messenger in view of his reputation as a runner among the men of Ireland.[71]

Ar chlos na bhfocal sin do Chaoilte, ghéaraigh sé ar a shiúl agus chuaigh sé chun tosaigh ar Eithne agus mharaigh í.

Mar sin, má bhíonn móitíf an luais i gceist i gcás go leor de na féinnithe, baineann an bua sin go sonrach le Caoilte. Agus tugann an ionramháil a dhéantar ar an móitíf sin i dtraidisiún na Fiannaíochta i gcoitinne – agus i dtraidisiúin eile – tuiscint níos fearr dúinn ar an bhfeidhm liteartha atá leis an mbua sin aige agus ar an athshondas a bhaineann leis. Léiríonn Bromwich agus Evans gur fhág Caoilte a lorg ar litríocht na Breataine Bige agus go bhfreagraíonn Scilti Scawntroet/Yscawntroet in *Culhwch and Olwen* do Chaoilte. Deir siadsan gur "half-translation" ar an gcomhfhocal "cosluath", a luaitear le Caoilte in 'Finn and Grainne', atá san fhocal "Yscawntroet".[72] Áitíonn Cecile O'Rahilly, leis, gur ó Chaoilte a tháinig an t-ainm "Scilti Scawntroet" agus tugann an t-aistriúchan seo ar an tagairt do bhua an luais ag Scilti agus ag a bheirt dearthár sa Bhreatnais:

> unto these three men belonged three virtues: with Henbedestyr there was no one who could keep pace either on horseback or on foot; with Henwas Edeinawc no fourfooted beast could run the distance of an acre much less go beyond that; as to Scilti Yscawntroet when he desired to go upon a message for his lord, he never sought to find a path but knew whither he was to go. Where there was a wood he walked on the tops of the trees, and where there

[70] Ní Shéaghdha, *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne*, ll. 363–4.
[71] Joynt, *Feis Tighe Chonáin*, ll. 1753–6 (liom féin an t-aistriúchán).
[72] Bromwich agus Evans, *Culhwch and Olwen*, 86, n. 234–5.

> was upland he walked on the tops of the reeds, and during his whole life a reed did not bend beneath his foot, much less break, so light he was.[73]

Tá cosúlacht shoiléir idir an cuntas seo agus na cuntais ón litríocht chlasaiceach agus Ghaelach a ndearnamar tagairt dóibh roimhe seo agus díol suime é gur teachtaire é Scilti sa scéal Breatnaise. Glacann Bromwich agus Evans leis gur ó ainm Chaoilte a tháinig an t-ainm Scilti Scawntroet/Yscawntroet,[74] agus féach go gcuireann an t-aistriúchán a dhéanann siad ar ainm an chéad duine de na deartháireacha ("Old Servant the Winged") Hermes, an t-aralt, i gcuimhne dhúinn, mar aon leis na tagairtí don eitilt i bhfoinsí Gaelacha éagsúla a luamar cheana.

Nuair a fhéachtar ar Chaoilte sa chomhthéacs idirnáisiúnta, is pictiúr measartha casta a fheictear. Má d'imir litríocht na hÉireann tionchar ar litríocht na Breatnaise, chomh fada agus a bhaineann le hainm Chaoilte,[75] is cosúil gur faoi thionchar foinsí seachtracha a forbraíodh an carachtar Gaelach. Cé go bhfuil cosúlachtaí móra idir gné an luais i litríocht na Gaeilge agus gnéithe de na foinsí clasaiceacha a luamar, ní féidir a áiteamh gur faoi anáil na bhfoinsí clasaiceacha sin amháin ná go príomhdha, fiú, a tháinig an cnuasach móitífeanna a bhaineann leis an luas go hÉirinn.[76] Léiríonn Jackson nár ghnáth deighilt ghlan idir scéalta "liteartha" i dtraidisiún na lámhscríbhinní agus scéalta béaloidis roimh aimsir Athbheochan an Léinn agus gur mhinic sa mheánaois agus ina dhiaidh sin, scéalta agus móitífeanna ag aistriú sa dá threo idir réim na litríochta scríofa agus réim na béalaireachta.[77] Taispeánann sé nach annamh a fhaightear leaganacha den bhunscéal céanna in áiteanna chomh fada óna chéile le hÉirinn, an Afraic, an India agus an tSín.[78] Seo mar a deir sé faoi scéal Perseus agus Andromeda i miotaseolaíocht na Gréige, ar bailíodh mórán leaganacha de in iarthar na hEorpa:

---

[73] O'Rahilly, *Ireland and Wales: Their Historical and Literary Relations*, 115.
[74] Don dá léamh ar shanasaíocht na bhfocal féach ibid., n. 3 agus Sims-Williams, *Irish Influence on Medieval Welsh Literature*, 173–5.
[75] Tá an tátal seo ag Sims-Williams an-spéisiúil: "the name and epithet of Scilti scawntroet clearly derive from Irish literature, but it is uncertain whether what is said about him does" (ibid., 177).
[76] Féach Jackson, *The International Popular Tale and Early Welsh Tradition*, 49: "when we are dealing with literatures in which oral telling is known or believed with good reason to have played a very large part, we ought not to assume that some particular version known to us – call it B – of any given story is *directly* derived from version A unless there is some definite and irrefutable piece of evidence other than identity of plot to prove that version B does actually come directly from version A and not from some third version now lost".
[77] Ibid., 2–3 agus 47. Féach, leis, Murray *The Early Finn Cycle*, 56: "*fianaigecht* … must have been an important and well-cultivated part of the 'oral literature' (*litríocht bhéil*) of medieval Ireland".
[78] Jackson, *The International Popular Tale and Early Welsh Tradition*, 17.

> The probability is that it is a very old story indeed, which has been disseminated, and specialized in various separate ways in various areas, for a great many centuries. The Greek myth is simply an early instance taken from some version of the popular tale current in ancient Greece.[79]

Léiríonn Jackson, leis, go ndéantar móitífeanna agus eachtraí ó scéal amháin a fhí isteach i scéalta eile.[80] Dual amháin i ngréasán is ea an ceangal idir Caoilte Cosluath agus Scilti Scawntroet, ach is mó snáth sa ghréasán sin nach féidir *provenance* cinnte a lua leis. Faoi mar a deirtear in *Acallam na Senórach*, "gablánach in rét an scéluighecht [an intricate business is storytelling]".[81]

Cuid de chumas laochta Chaoilte trí na haoiseanna is ea an luas agus tá baint díreach idir é agus a chrógacht agus a chalmacht. Dlúthaíonn sé a ghaol leis an saol ainmhíoch agus nádúrtha, agus cuireann ar a chumas teorainneacha a thrasnú: go háirithe an teora idir an saol seo agus an saol eile lena mbaineann Tuatha Dé Danann. Gné dá nádúr tairseachúil atá ann agus is ón tairseachúlacht sin a eascraíonn a bhua mar fháidh agus mar fhile. Is féidir leis an teora idir domhan na marbh agus saol na mbeo a thrasnú, mar a léiríonn sé in *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*, agus mar a mbíonn feidhm arailt nó teachtaire aige, agus é ag tabhairt na "fírinne" leis ón saol eile. Trasnaíonn sé teora eile nuair a thagann sé isteach i saol na Críostaíochta agus ról an teachtaire agus an idirghabhálaí aige agus é ag craobhscaoileadh shaíocht an tseansaoil agus ag éascú comhréitigh idir é agus saol na Críostaíochta. Acmhainn draíochta is ea an luas a chuireann ar a chumas dó bheith ina chúntóir maidir le cúrsaí grá agus nithe eile, a dhéanann fuascailteoir éifeachtach de agus a chuireann lena ról mar chleasaí. Feicimid an cháilíocht seo á lua le Caoilte go seasta ó na foinsí is luaithe anuas chomh fada lenár linn féin. Dlúthaíonn an cháilíocht sin aige na gnéithe éagsúla dá phearsa agus dá ról iltaobhach le chéile.

[79] Jackson, *The International Popular Tale and Early Welsh Tradition*, 14.
[80] Ibid., 29, 63–4, agus 81–4.
[81] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3669–70; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 111.

7 Caoilte sna Foinsí Réamh-Normannacha

Ní dócha go mbeadh sé in aon tslí conspóideach a rá gurb é *apogée* na forbartha a tháinig ar ról agus ar fheidhm Chaoilte san Fhiannaíocht ná an pháirt iltaobhach a ghlacann sé in *Acallam na Senórach*. Is é a chuirim romham anseo ná iniúchadh a dhéanamh ar an léiriú a dhéantar ar Chaoilte i ndánta luatha a luann Meyer in *Fiannaigecht*, agus i roinnt bheag foinsí réamh-Normannacha eile, d'fhonn a fháil amach an féidir nasc orgánach téamúil a fheiceáil idir iad agus an léiriú a dhéantar ar Chaoilte in *Acallam na Senórach* go háirithe, agus i saothair eile ón 12ú haois ar aghaidh ina bhfuil ról tábhachtach aige.

Ag tagairt dó don ráiteas i ndán de chuid an 12ú céad le Gilla in Chomded húa Cormaic, 'A Rí Richid reidig dam',[1] a mhaíonn gurbh ann do 120 finnscéal faoi na Fianna arbh fhéidir le gach file cruthanta iad a aithris, tarraingíonn Meyer aird ar an bhforbairt a tháinig ar an bhFiannaíocht, chomh fada is a bhaineann leis an traidisiún scríofa de, le dhá chéad bliain roimhe sin agus deir:

> This is a very different state of things from the meagre number of epic tales relating to this cycle mentioned in the tenth-century list of tales. It shows how greatly during the two intervening centuries the legend (of Finn and his fian) had developed.[2]

Is de réir a chéile a tharla an forás sin, dar leis.[3] Pléann Meyer comhthéacsanna éagsúla ina bhfaightear an focal *fian* agus focail ghaolmhara sa tseanlitríocht agus léiríonn go dtagraíonn an focal go stairiúil do bhuíonta armtha ar shaighdiúirí gairmiúla iad,[4] agus deir gur cosúil go mbíodh scéalta á n-insint fúthu, scéalta a bhfuil a bhformhór caillte anois. Maidir le fian Fhinn, deir sé: "as late as the tenth century Finn and his *fiana* were only one among several well-known similar bands". Deir sé, áfach, gur fhás an corpas scéalaíochta a bhain le Fionn agus go ndeachaigh scéalta faoi na fianna eile in éag de réir a chéile, nó gur fíodh eachtraí astu isteach i

[1] *LL*, iii, ll.18161–2: "se fichit findscél na Fiann / foclas ce*ch* fili fíríal [one hundred and twenty legends of the *Fiann* that every accredited poet recites]" (liom féin an t-aistriúchán).
[2] *Fianaigecht*, xxii–xxv; xxviii–xxix.
[3] Ibid., xv–xvi.
[4] Ibid., ix–x. Féach, leis, Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, xi–xiv; McCone, *Pagan Past and Christian Present*, 205–27 agus McQuillan, 'Finn, Fothad, and Fian', 5–7.

scéalta a bhain le fiann Fhinn sa tslí nach bhfuil ach beagán fianaise anois orthu.[5] Áitíonn Caoimhín Ó Muirigh go raibh na traidisiúin a bhain le Fionn agus le Fothadh Canainne neamhspléach ar a chéile ar dtús, ach gur tharla dóibh "bheith fite fuaite le chéile ó ré na Sean-Ghaeilge ar aghaidh".[6] Mar bhall d'fhiann Lugaid mhic Con a chuirtear Fionn i láthair i scéilín a insítear in *Sánas Chormaic* s.v. *ringcne,*[7] agus ina maraíonn Fercheas Lughaidh Mac Con. Faightear cur síos ar an eachtra chéanna in 'Ailill Aulom, Mac Con, and Find Ua Báiscne', [8] a luann Meyer leis an naoú haois, ach a d'fhéadfadh a bheith níos sine ná sin, dar le Murray.[9] Luaitear Caoilte sa scéal sin in aon abairt amháin le Fionn agus Oisín ('Usīne' anseo),[10] rud a thaispeánann an gaol speisialta atá aige le Fionn, gaol a gcuirtear béim air go minic san Fhiannaíocht trí na haoiseanna. In éineacht le Fionn agus le hOisín a fheicimid é chomh maith in *Marbad Cúlduib,*[11] agus in 'The Chase of Sídh na mBan Finn and the Death of Finn'.[12] Ó dhán ón 10ú haois le file anaithnid faightear na línte seo a leanas ina luaitear Caoilte:

> La Foth*ad* Can*ann* sin chath
> docer Aili*i*l Cend Nathrach;
> la Cailte Cosluath cairpdech
> docer Foth*ad* findAirgdech.
>
> Ailill Snake-head fell by Fothad Canann in the battle; fair Fothad Airgdech fell by Cailte Swift-Foot of the chariots.[13]

[5] *Fianaigecht,* xiv–xvi.
[6] 'Rangú Litríocht Mheánaoiseach na Gaeilge', 711. Féach, leis, idem, 'Fionn Fian agus Corca Laoidhe', 25. Áitíonn Ó Muirigh gur thraidisiún láidir ab ea an traidisiún a bhain le Fothadh Canainne sa mheánaois luath ach gur thraidisiún béil a bhí ann nár tháinig slán sa litríocht don chuid is mó (ibid., 24). Deir Ó Murchadha (*Lige Guill: The Grave of Goll*, xxiv–xxv), leis, gur thraidisiún béil a bhí san Fhiannaíocht agus nach aon ardmheas a bhí ag an aos léinn air agus luann sé tagairt drochmheasúil ag scríobhaí de chuid an 11ú haois ar Fhionn agus ar a fhiann in Stern, 'Fianṡruth', 472.
[7] Stokes, *Three Irish Glossaries,* 38–9.
[8] Meyer, *Fianaigecht,* 38–9.
[9] 'A Reading from *Scéla Moṡauluim*', 200. Tagraíonn Murray do O Daly, 'Scéala Moshauluim', *Cath Maige Mucrama: The Battle of Mag Mucrama*, 18, mar a n-áitítear go mbaineann teanga an eagráin sin i gcoitinne leis an gcéad leath den 9ú haois. Deir Murray, áfach (200 n. 22), go bhfuil nithe in 'Scela Moṡauluim'a thabharfadh le tuiscint go bhféadfadh foinse chomh luath le 700 a bheith i gceist.
[10] Meyer, *Fianaigecht,* 36.
[11] Meyer, 'Two Tales about Finn', 245–7.
[12] Meyer, *Fianaigecht,* 56.
[13] *LL,* i, ll. 7036–9 (liom féin an t-aistriúchán).

Faightear tagairt chomh maith do mharú Fothaidh Airgdhigh ag Caoilte in ‘Eol dam i ndairib drēchta’, dán a a ceapadh, dar le Carney, sa dara leath den 10ú céad.[14] Is i dteannta Fhinn a fheictear é in ‘Find Taulcha’.[15] Is beag atá le foghlaim faoi Chaoilte ó thagairtí fánacha gannfhoclacha den saghas seo, a fhaightear sa litríocht réamh-Normannach. Ach is féidir bheith réasúnta cinnte de dhá rud: má b’fhiú leis na filí agus leis na scríobhaithe tagairt a dhéanamh dó, caithfidh gur cheap siad go dtuigfeadh an lucht léite/éisteachta an tagairt mar gheall ar eolas a bhí acu cheana ar scéalta nó ar dhánta sa traidisiún a raibh Caoilte á lua iontu – pé acu i bhfoirm scríofa a bhí siad nó ar chuid de bhéaloideas neamhscríofa iad. Ar an dara dul síos, ní móide go mbeadh sé á lua in éineacht le pearsana tábhachtacha (Fionn, Fothadh Airgdheach), ná go dtabharfaí pórtheastas den aicme is airde dó, mar a thugtar in ‘Find Taulcha’, muna mbeadh sé ina phearsa aitheanta in aigne na léitheoirí/n-éisteoirí comhaimseartha. Ach nuair a chuirtear leis an méid sin roinnt bheag cuntas atá beagán níos téagartha, feictear gur pearsa an-tábhachtach é Caoilte sa luath-fhiannaíocht. In ‘Find Taulcha’, a chuirtear i leith Sheancháin Toirpéist,[16] is ar shinsear Chaoilte, ar an ngaol fola atá aige le Fionn agus ar a chumas mar throdaire agus mar fhoghlaí fíochmhar atá an bhéim:

> Find Taulcha
> tuath-cuire,
> Caīlte crothsat
> cres ṁbobdae
> bārcaib di thonnaib.
> Trī hūi Baīscni
> buadach cuitechta
> cond ar ferga
> filset trī hūi Nūadat Necht.

[14] Meyer, ‘Do Chomramaib Laigen inso sís’, in idem, ‘Mitteilungen aus irischen Handschriften’ (1912), 118, §18. Féach Carney, ‘The Dating of Early Irish Verse Texts, 500–1100’, 179.
[15] Corthals, ‘Some Observations on the Versification of the Rhymeless “Leinster Poems”’, 121. Níl saothar ar bith, dar liom, is mó a chuireann béim ar an ngaol speisialta seo idir Caoilte agus Fionn ná *Acallam na Senórach*, mar a bhfeicimid Caoilte agus é ina fhear taca dílis d’Fhionn. Mar shampla, is é Caoilte a fhreagraíonn an dúshlán thar ceann Fhinn nuair a iarrann Mílid mac Tréchosaigh comhrac aonair air (Stokes, ‘Acallamh na Senórach’, ll. 4772–89; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 133–4). Féach gurb é Caoilte an t-aon duine den Fhiann a fhanann dílis d’Fhionn nuair a luíonn seisean ar iad a mhaslú de bharr clis draíochta a d’imir bean de Thuatha Dé Danann air (Stokes, ‘Acallamh na Senórach’, ll. 4937–78; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 137–8). Féach, leis, an chabhair a thugann Caoilte d’Fhionn in Stokes, ‘Acallamh na Senórach’, l. 4978, in ‘Caoilte’s Mischief-Making’ (*DF* i, 19–21 agus 116–18), agus in Meyer, ‘Finn and Grainne’, 458–61.
[16] Meyer, *Fiannaigecht.*, xvi–xviii. Deir Meyer gurbh fhéidir a thuiscint as seo gur ón 7ú céad an dán seo ach tá sé in amhras faoin dátaíocht.

> Find (and) Taulcha, an evil band, (and) Caílte caused warlike brandishing from ships/strongholds (and) waves/land. The three descendants of Baíscne, a victorious company: they turned on doglike wrath (= warriors), the three descendants of Nuadu Necht.[17]

Díol suime an tagairt do "bārcaibh di thonnaib" anseo. An ceart a thuiscint as seo gur foghlaithe mara iad Fionn, Caoilte agus a lucht leanúna nó gur ghnách leo ruathar a thabhairt ar thíortha thar lear?[18] B'fhurasta a shamhlú go bhfuilimid anseo ag an gcomhéadan idir an stair agus an litríocht shamhlaíoch. Ar leibhéal amháin, is cuntas lom a thugtar ar chogaíocht agus ar fhoghail den saghas a bhíodh ar siúl, ní foláir, go stairiúil ag dreamanna armtha, mar a luamar cheana.[19] Agus is mar dheimhniú ar nóta bréagstairiúil ar ghinealach na Laighneach a luaitear an dán sa lámhscríbhinn.[20] Ach más fíor do Meyer gur cuireadh an tagairt do Nuadha Neacht leis an dán níos déanaí,[21] b'fhéidir feidhm liteartha a shamhlú leis an leasú sin a thugann an dán ó leibhéal na foghla agus na cogaíochta stairiúla go dtí leibhéal na finscéalaíochta agus na litríochta.

Tá iniúchadh déanta ag Carey ar an ngaol idir Nuadha agus Nodons (pearsa dhiaga de chuid na Breataine) agus ar an gceangal idir iadsan agus Nechtan (céile Bhóann a thug a hainm d'abhainn na Bóinne).[22] Áitíonn sé go láidir go bhfuil dlúthcheangal idir Nuadha agus Nodons,[23] ach measann sé gurb amhlaidh a rinneadh nasc ag pointe éigin idir Nuadha agus Nechtan toisc gur dhá phearsa dhiaga iad a raibh

---

[17] Corthals, 'Some Observations on the Versification of the Rhymeless "Leinster Poems"', 121. Féach, leis, Meyer, *Fianaigecht*, xvii–xviii. Níl na scolairí ar aon aigne faoin mbrí is ceart a bhaint as codanna den téacs seo: tuigeadh do Corthals agus do Meyer gur ainm duine a bhí in "Taulcha" ach caitheann Ó Murchadha, *Lige Guill*, xxiii, amhras ar an tuiscint seo agus deir gur cosúla go mór gurb é atá san fhocal sin ná foirm ghinideach de *tulach* 'a hillock'. Má ghlactar leis seo, deir sé, is féidir an tuiscint "leader of a troop" a bhaint as an bhfrása "tuath cuire" a d'aistrigh Meyer mar "a tribe of hosts" agus ar chuir Corthals "an evil band" mar leagan Béarla air. Dar le Ó Murchadha, baineann fadhb le húsáid an fhocail "trí" ("Trī hūi Baīscni" agus "trī hūi Nūadat Necht"). Mheas Meyer gurbh amhlaidh a cuireadh "trī hūi Nūadat Necht" leis an mbundán níos déanaí. Fágann sé seo go léir nach féidir iontaoibh iomlán a chur sa téacs mar atá sé tagtha anuas chugainn.
[18] Tagraíonn McQuillan don dán seo agus áitíonn go dtugtaí *fiana* ar dhíormaí armtha a thugadh ruathair fhoghla thar lear ('Finn, Fothad, and Fian: Some Early Associations', 5–6).
[19] Féach nóta 4.
[20] Meyer, *Fianaigecht*, xvii.
[21] Ibid., xviii.
[22] Féach Stokes, 'The Prose Tales in the Rennes Dindṡenchas', i, 315–16, §19 agus Vendryes, *Airne Fíngein*, ll. 26–43.
[23] 'Nodons in Britain and Ireland', 21; 'Nōdons, Lugus, Windos', 103 agus 118.

dlúthbhaint acu leis an uisce.[24] Deir sé go mbaineann nádúr diaga le Nuadha ach nach dia é Fionn, a síolraíodh uaidh cé go mbaineann "some supernatural powers" leis.[25] Tráchtann Carey ar ról Nuadhad mar rí ar Thuatha Dé Danann in *Cath Maige Tuired*, mar a dtugtar "Núodai Aircetláum" air.[26] Dá chastacht is atá an ceangal idir na pearsana seo, caitheann an tagairt do Nuadha Neacht in 'Finn Taulcha' solas áirithe ar Chaoilte: más iad an fhoghail agus an chogaíocht a bhíonn á gcleachtadh aige de ghnáth, tá féidearthacht ann go bhfuil sé síolraithe ó phearsa dhiaga, rud a d'fhágfadh go mbaineann cuid éigin den nádúr diaga leis féin, nó cumhacht osnádúrtha éigin, mar a dúirt Carey faoi Fhionn. Mar gheall ar an gceangal le Nuadha/Nodons agus le Neachtan, ní hionadh go bhfuil eolas diamhair ar leith aige ar uiscí agus ar thoibreacha na hÉireann, mar a chonaiceamar i gcás *Acallam na Senórach*. I ngeall ar an gceangal idir é agus an rí a bhí ar Thuatha Dé Danann in aimsir chath Mhaighe Tuired, ní hionadh ach chomh beag an acmhainn draíochta atá ann agus an chomhthuiscint speisialta idir é agus Tuatha Dé Danann a léirítear san *Acallam*. Fágann sé seo gur laoch ardstádais é atá beagnach ar comhchéim le Fionn féin ó thaobh sinsearachta agus folaíochta de agus, dá reir sin, go bhfuil fear taca agus faisnéiseoir a dhiongbhála ag Pádraig, fear ionaid Dé, in *Acallam na Senórach*.

Tá a lán de bhlas réalaíoch an fhoréigin agus an imeaglaithe neamhshrianta le sonrú in *Bruiden Átha hÍ*,[27] mar a gcuirtear síos go lom i stíl neamh-mhaisithe ar an uafás a bhain le saol na Féinne agus ar an toradh tubaisteach a lean imreas idir beirt fhéinní: fuadach, dícheannadh, drochiontaoibh agus síornaimhdeas. Cé nach luaitear Caoilte in aon chor sa scéal sin, tugtar pictiúr gránna go leor den saol lenar bhain sé féin agus a chomhfhéinnithe. Feictear dom go léirítear défhiús maidir le gné an laochais sa rann seo a leanas as *Reicne Fothaid Canainne*, agus Fothadh ag cur síos ar an gcomhrac ba thrúig báis dó féin agus dá chéile comhraic. Féach an frithshuíomh ealaíonta, lena dtreisíonn an comhardadh seachtrach idir : *bōet[h]* agus *ndeglāech*:

[24] Carey, 'Nōdons, Lugus, Windos', 107: "there are several instances in the literature of the juxtaposition or indeed identification of the names *Nuadu* and *Nechtan* … it may therefore not be too farfetched to see in Nechtan Fair-hand a counterpart of Nuadu of the Silver Arm". Féach, leis, an plé ag an údar céanna ar an nasc a tharla idir an dá ainm *Nuadu* agus *Neachtan* in 'Nodons in Britain and Ireland', 8–10, agus an tuairim seo a nochtann sé ina thaobh: "The most satisfactory explanation seems to be that Nechtan was in origin a deity who shared with Nuadu the proprietorship of the waters of knowledge" (ibid., 9).
[25] 'Nōdons, Lugus, Windos', 109.
[26] Gray, *Cath maige Tuired*, §133.
[27] Meyer, 'Two Tales about Finn', 242–5.

> Iarsin imcuirsim dá sl*eig* meisi is Oilill mac Eogoin,
> cectar nāth*ar* dībh atbath, amhainsi dā thenn f*or*gabh,
> imapt[h]a dūn, ciarbo bōet[h], ba hē comrac dā ndeglāech.
>
> Thereupon we exchanged spears, I and Ailill, Eogan's son: we both of us perished thereof – Oh, the fierceness of these two stout thrusts! we perished mutually, though it was senseless; it was the encounter of two heroes.[28]

Déantar an téama seo a fhorbairt sna ranna a leanann an méid sin. Cuirtear áilleacht na seod luachmhar a bhí ag Fothadh nuair a bhí sé beo (14–7, §§24–40) agus an sceimhle agus an t-uafás a nochtar díreach roimh an tuairisc sin agus ina diaidh i gcodarsnacht lena chéile ar shlí a léiríonn go mbaineann gné thruamhéileach, shuarach leis an laochas chomh maith leis an taobh ghlórmhar a bhíonn sa treis go minic. Tugtar foláireamh faoi "aidhce uath illeirc et*er* lechtaibh cūan [the terror of the night on the battle-field among the resting places of the hosts]" (11–13, §23) agus faighimid cuntas fíorscanrúil ar shaobhgháire na Mór-ríoghaine agus í ag ní ionathar na marbh (16–17, §§41–2). Chomh maith leis sin, tagraítear do neach bagrach eile: "donn" a mb'fhéidir gurb é Donn, dia an bháis nó an diabhal atá i gceist leis, a dhéanfaidh anam Fhothaidh a phianadh.[29] Tá plé fíorshuimiúil ag Jacqueline Borsje ar fheidhm na neach neamhshaolta sa téacs seo agus deir nach bhfuil i gceann Fhothaidh ach sampla amháin díobh, neacha a mbaineann gné ghuagach iltaobhach leo, mar a bhaineann le huatha i gcoitinne sa tseanlitríocht. Seo mar a deir sí: "we are dealing with coexisting, diverse images of the supernatural. We tend to emphasise one aspect but often there are several sides to supernatural beings that are 'true"'.[30] Cé gurb í an réim fhileata, a chaitheann solas órga na finscéalaíochta ar eachtraí na laoch, is mó a bhíonn i gceist i gcuntais Chaoilte ar a ngníomhartha gaisce in *Acallam na Senórach*, tarraingíonn sé chuige ar uairibh réim réadúil nach gceileann uafás na cogaíochta agus na caismirte éigiallda. Cuid de shainbhlas na gcuntas seo an tslí a n-úsaidtear an dá réim ar bhealach comhnasctha sa tslí go ngearrtar an fód faoi chosa an laochais mar gheall ar an léiriú a dhéantar ar uafás agus ar ghránnacht réadúil shaol na bhféinnithe. Léiríonn an tuairisc in

[28] Meyer, *Fianaigecht*, 12–13, §22.
[29] Ibid., 16–18, §48.
[30] Borsje, 'The Terror of the Night', 72. Léiríonn an t-údar seo gur minic a fhaightear tagairtí do "uatha" agus neacha scanrúla eile i seanlitríocht na hÉireann (ibid., 75–9).

Acallam na Senórach ar chéad-chath Oscair an dá ghné seo go maith, dar liom, mar tá eilimintí sa scéal a bhaineann go suntasach den adhmholadh: aighneas mar gheall ar bhean ba chúis leis an gcath fuilteach ach maraítear an bhean sin agus í ag féachaint ar an gcath. I measc na ngníomhartha gaisce a luaitear le hOscar, cloisimid gur mharaigh sé a fhíorchara féin go hiomrollach:

> A chomhalta caemh crínna . Oscar áluinn innríghdha,
> Linne mac Ligne go nglonn . do mharbh Oscar a n-imroll.
>
> The wise and dear companion of Oscar, royal and fair,
> Bold Linne, Ligne's son, Oscar, in error, slew.[31]

Ba dheacair gan ioróin sheanbhlastúil a fheiceáil sna haidiachtaí "áluinn innríghdha" (go litriúil: "beautiful and fit to be king") a luaitear le hOscar sa chuntas seo ar an marú tubaisteach a rinne sé. Agus féach mar a sholáthraíonn an tagairt scanrúil do dhícheannadh nóta míchuí laistigh den adhmholadh a chuireann gránnacht an ghnímh abhaile orainn anseo:

> Eirigh suas, a Oscair . ro fes as tu in bunad,
> gidh lór méd na ndaighfer . dingaibh dín c*ét* curad.
> Eirigh tritha is tarrsa . gursat maela a méidhe
>
> Rise up, Oscar, and show them who you are,
> Though heroes stand before you, a hundred keep at bay.
> Charge back and forth, till their necks be headless.[32]

Feictear dom gur sampla de nasc suntasach idir na dánta luatha a luamar agus *Acallam na Senórach* an défhiús seo maidir le hidéal an laochais. Forbairt liteartha spéisiúil atá i gceist, dar liom, mar go mbaineann an t-údar cor nua as an tseanmhóitíf seo ar shlí a oireann go paiteanta do théama lárnach na Críostaíochta agus na luachanna a bhaineann léi san *Acallam*. Mar atá feicthe againn cheana, baineann défhiús áirithe leis an gcomhghéilleadh idir an Chríostaíocht agus an

[31] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1053–4; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 34.
[32] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1032–4; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 33–4. Tá go leor samplaí den défhiús maidir le luachanna an laochais le fáil in *Acallam na Senórach*: mar shampla, cuirtear tús leis an scéal le cuntas ar dhíothú na Féinne de bharr trí chath ag Comur, Ollarbha agus Gabhair agus fanann cuimhne na tubaiste sin mar a bheadh scamall os cionn an scéalaí i rith an scéil.

seansaol sa saothar sin. Taidhleoir den chéad scoth is ea Caoilte na hAcallmha, agus ar ndóigh, tá an défhiús agus an comhghéilleadh ar na huirlisí a mbaintear úsáid astu coitianta i gcúrsaí taidhleoireachta. Maidir leis an tagairt do "bārcaibh di thonnaib" in 'Find Taulcha', móitíf choitianta is ea eachtraí ar an bhfarraige agus ruathair thar lear san Fhiannaíocht.[33] Tá sampla d'eachtra dá leithéid i gcuntas Chaoilte ar an turas a thug sé féin agus buíon bheag ar an mBreatain ar thóir Artúir, mac rí na Breataine a ghoid madraí na Féinne. Tar éis dóibh muintir Artúir a mharú, déanann siad síocháin leis féin agus tugann siad leo é ar ais go hÉirinn mar aon le stail agus láir a ghabh siad thall.[34]

In *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*,[35] faightear léiriú ar roinnt de na mórthéamaí a bhaineann le Caoilte san *Acallam* agus i saothair eile ón 12ú céad ar aghaidh. Sa scéal Sean-Ghaeilge, cuireann Caoilte an t-olc atá á bhagairt ar Mhongán agus ar thorthúlacht na tíre siar:

> As:bert in fili … do:cechnad fora n-usciu conna:gébthae íasc ina inberaib. Do:cechnad fora fedaib conna:tibértais torad for a maige, comtis ambriti caidchi cacha clainde
>
> The poet said that … he would chant upon their water so that fish would not be caught in its river mouths. He would chant upon their woods so that they would not give fruit onto their plains, so that they would be barren henceforth of every produce.[36]

Féach go léiríonn Caoilte a chumas ar an olc a chloí agus ar thorthúlacht na talún a chosaint nuair a dhíbríonn sé an ealta mhioscaisech a bhí ag bánú na talún in *Acallam na Senórach*.[37] Fiú agus é ag filleadh ón mbás, tá Caoilte chomh siúlach is a bhí lena bheo agus é ag teacht ar chamchúrsa thar aibhneacha na hÉireann faoi dhéin Mhongáin. Shiúil sé Éire theas agus thuaidh agus é ina óige agus rinne sin arís agus é ag tionlacan Phádraig in *Acallam na Senórach*. Tá lé ar leith aige leis an uisce, agus léiríonn sé eolas diamhair ar thoibreacha na hÉireann sa saothar sin.[38]

---

[33] Féach, mar shampla, 'The Adventure of the Men from Sorcha', *DF* i, 61–75 agus 170–87, agus O'Grady, 'An Gilla Decair', 264–5, mar a gcuireann Fionn agus roinnt dá lucht leanúna chun farraige chun an Giolla Deacair a leanúint thar sáile.
[34] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 199–260; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 9–10.
[35] White, *Compert Mongáin and Three Other Early Mongán Tales*, 73–4 agus 79–81.
[36] Ibid., 73, §3, agus 79.
[37] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 6270–353; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 176–8 .
[38] Is é an chéad rud a dhéanann Caoilte do Phádraig i dtosach *Acallam na Senórach* ná tobar Trá Dhá Bhán a thaispeáint dó chun uisce an bhaiste a sholáthar dó. Bronnann sé seo feidhm spioradálta ar an

Agus féach go ndeir Fionn/Mongán go ndéanann Caoilte a chosa a ní sna haibhneacha agus é ag triall ar chúirt an rí.[39] Tá cosúlachtaí suntasacha idir an scéal seo agus *Acallam na Senórach* agus eachtraí eile a bhfuil páirt ag Caoilte iontu. Feicimid anseo an cumas diamhair atá ann léimeanna fordhaonna a chaitheamh. Mar atá feicthe againn cheana, luaitear bua na haclaíochta le Caoilte go seasta san Fhiannaíocht. Tá baint ag an scil seo le gnéithe tábhachtacha den laoch eisceachtúil seo. Scil í a bhaineann lena bhua reatha, lena acmhainn eisceachtúil troda agus lena nádúr tairseachúil, a chuireann ar a chumas teorainneacha de gach saghas a thrasnú – an teora idir saol na Féinne agus domhan Thuatha Dé Danann agus fiú, anseo, idir saol na mbeo agus saol na marbh. Díol suime ar leith é go dtugann an léim dheireanach é anuas ar cheannadhairt Fhinn/Mhongáin, rud a léiríonn an gaol dlúth atá idir an rífhéinní agus a mhac altrama, gaol a gcuirtear béim go minic air san Fhiannaíocht, mar atá feicthe againn. Tá an gaol úd chomh dlúth sin gur dhóigh leat gurb é *alter ego* Fhinn é agus go bhfuil teileapaite aisteach idir Mongán/Fionn agus é, fiú tar éis bhás Chaoilte: ní gá don rí aon teachtaireacht a sheoladh chuig a chúntóir dílis, tá sé lánchinnte go dtuigfidh Caoilte go bhfuil a athair altrama i mbaol agus go dtiocfaidh sé chuige in am an ghátair. Tá tagairt sa scéal seo, leis, do théama na n-eachtraí thar lear a luamar cheana agus a fhaightear go minic san Fhiannaíocht, mar atá léirithe againn: ó Albain a tháinig Caoilte agus a lucht tacaíochta agus iad ag triall ar chath Ollarbha marar mharaigh Caoilte Fothadh Airgdheach.[40]

Más dlúth an gaol idir Fionn agus Caoilte, baineann neamhsheasmhacht áirithe leis an gcoibhneas idir an bheirt sa mhéid go bhfeictear dúinn go mbíonn duine amháin acu níos fearr i slí éigin, nó níos ionraice, ná an duine eile uaireanta. Chonaiceamar cheana, mar shampla, gurbh é Fionn ba láidre agus ba chumasaí agus iad ag troid leis na sprideanna in 'Find and the Phantoms' (féach lgh. 84–5 *supra*).[41] In 'Corr-

uisce ach, sa laoi a deireann Caoilte ar an ócáid sin, déantar tagairt do thorthúlacht na dúiche, don tseilg, d'eachtraí na Féinne agus do Thuatha Dé Danann. Tugann sé seo trí dhiminsean le chéile go healaíonta: an spioradáltacht Chríostaí, luachanna réamhChríostaí na Féinne agus misteachas neamhshaolta Thuatha Dé Danann (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 79–104; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 5–6). Tá macalla anseo de théama an uisce mar atá in *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*, áit a mbaineann sé le turas diamhair Chaoilte ó dhomhan na marbh agus mar a dtugtar chun cuimhne fánaíocht na Féinne. Nasctar an t-uisce le téama na torthúlachta mar go bhfuil sé mar chuspóir ag an turas seo ag Caoilte thar talamh agus aibhneacha na hÉireann bánú na ríochta agus díothú na n-iasc ag draíocht mhioscaiseach Fhorgoill a chosc.

[39] White, *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*, 73 agus 80, §8.

[40] Ibid, 74 agus 81, §13.

[41] Stokes, 'Find and the Phantoms', ll. 181–4.

Imirce Chaoilte', faighimid amach gurbh é cúis a bhí ag Cormac le Fionn a chur i ngéibheann ná go raibh seisean meáite ar an rí a ionsaí agus an ríocht a bhaint de (féach lch. 104 *supra*). Ainneoin fheall an rífhéinní, tagann a fhear taca dílis, Caoilte, i gcabhair air go héifeachtach, agus saortar Fionn.[42] In 'The Adventure on Slieve Gullen with Dubh son of Díorfadh and the Prowess of Oscar', feicimid Caoilte faoi sholas diúltach agus é ag cothú aighnis le hOisín (féach lgh. 114–15 *supra*). Gearrann Fionn fíneáil trom ar a mhac altrama agus tugann sé Oisín agus Caoilte chun réitigh shíochánta.[43] In 'Finn and Grainne', a bhfuil leagan eile de scéal Chaoilte agus na hainmhithe ann (féach lch. 105, n. 50 *supra*), tuilleann Fionn drochmheas trí ról áiféiseach an 'tseanduine dhóite' a thabhairt air féin nuair a iarrann sé bean óg le pósadh, ainneoin é féin a bheith níos sine go mór ná í. Toilíonn Gráinne é a phósadh ach, d'fhonn é a chur ó dhoras gan dabht, leagann sí síos coinníoll do-fhála, ba dhóigh leat, .i. go bhfaigheadh sí uaidh péire de gach ainmhí in Éirinn.[44] Ainneoin gur bheart místuama ag Fionn é an banphrionsa óg a iarraidh le pósadh, cabhraíonn Caoilte leis agus, trína chumas fordhaonna reatha, bailíonn na hainmhithe le chéile mar a d'iarr Gráinne. In *Marbad Cúlduib Duib*,[45] áfach, léiríonn Fionn gur fearr de reathaí é agus gur cumasaí é ná Caoilte.

Chonaiceamar cheana gurb é Caoilte a leagann síos an caighdeán aeistéitice maidir le filíocht, le scéalaíocht agus le ceol in *Acallam na Senórach* (féach lgh. 41 agus 66–8 *supra*). Sa saothar sin, is údar é ar an am atá caite agus ar an oidhreacht scéalaíochta agus filíochta a bhaineann leis. Ní taise dó in *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*, mar a sáraíonn sé an file uaibhreach, Forgholl le cruinneas a chuid eolais ar an tseanaimsir. Ach is údar é, leis, ar na healaíona plaisteacha agus ar an dea-cheardaíocht. Cloismid é ag cur síos go fileata

[42] Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seanórach*, iii, 67–82.
[43] *DF* ii, 254, §27–262, §51.
[44] Freagraíonn an triail seo do mhóitíf, H336.2.*, "Suitor required to catch wild animals": Cross, *Motif Index of Early Irish Literature*, 338. Tá cosúlacht nach beag idir é seo agus an eachtra in van Hamel, *Tochmarc Emire*, §§88–92, mar a n-iarrann Conchobhur ar Chú Chulainn ainmhithe a thabhairt chuige ó Shliabh Fuaid. Deirtear linn gur éirigh le Cú Chulainn a raibh d'ainmhithe ar an sliabh sin a thiomáint roimhe go dtí faiche na Teamhrach. B'é cúis a bhí ag Conchobhar leis an ordú sin ná fearg Chú Chulainn a mhaolú agus deirtear linn gur oibrigh an plean sin: "Téit d*an*o a ferg la sodain for cúlu do C*hoin* C*hulainn* [Now thereupon Cú Chulainn's anger subsided]" (liom féin an t-aistriúchán). Más amhlaidh a shíl Gráinne go gcoscfadh an iarracht ghaisciúil mian Fhinn nó go dteipfeadh air an achainí a chomhlíonadh, ní mar sin a tharla.
[45] Meyer, 'Two Tales about Finn', 245–7.

ar choirn agus ar chuacha na Féinne do Phádraig,[46] agus is cosúil gurb é atá ag labhairt ar na seoda áille a bhí i dteach Fhinn:[47]

> Trí céd cupa maith mescca . fa trí cáoga óireasgra
> trí chaoga cuach airgid ghil . a mbíodh míodh chuill ceitemhin
> Cupa órdha álainn séd . dabhach iubhair óil sé gcéd
> coinnealbra go ffad secht gcos . d'ór is d'airged id d'ionnmus
>
> Three hundred good cups for strong drink, with thrice fifty golden vessels, thrice fifty goblets of white silver that held the hazel mead of May.
> One golden cup, a lovely treasure; a vat of yew for six hundred to drink from: a candelabrum seven feet high, of gold and silver and precious stuff.[48]

Mar a chonaiceamar cheana (lgh. 68–75 *supra*), déantar nasc an-láidir idir Caoilte agus an tsíothal álainn a bhí aige tráth.[49] Tá iarracht den téama seo le fáil in *Reicne Fothaid Canainne*, mar a luann ceann Fothaidh tar éis a bháis go bhfuil bróiste álainn Chaoilte ar cheann de na seoda áille luachmara a bhí aige féin.[50]

Cé go ndeir Carey nach féidir leis féin ceist achrannach an ama in *Acallam na Senórach* a réiteach go hiomlán, tugann an plé cuimsitheach a dhéanann sé ar an gceist sin (féach lch. 51, n. 37*supra*) an-léargas ar an ngné thábhachtach seo den saothar sin.[51] Taispeánann sé go bhfuil trí chineál ama i gceist san *Acallam*: am láithreach na hinste, an t-am caite a bhain le heachtraí na Féinne a gcuireann Caoilte síos orthu, agus am caite/láithreach síoraí Thuatha Dé Danann. Feictear trí dhiminsean ama, mar an gcéanna, in *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*, mar atá: am láithreach Mhongáin/Fhinn, am caite na Féinne agus síoraíocht an tsaoil eile. Ach oiread le *Acallam na Senórach*, is léir nach bhfuil deighilt ghlan idir na diminsin sin in *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*.

[46] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 132–62; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 7–8.
[47] Féach *DF* iii, 388.
[48] *DF* i, 26, §§4–5 agus 124.
[49] Ibid., 'Caoilte's Urn', 38–45 agus 140–49.
[50] Meyer, *Fianaigecht*, 14–15, §27.
[51] '*Acallam na Senórach*: a Conversation Between Worlds'.

Tagraíonn Ann Dooley do shainfheidhm na cuimhne atá mar bhunús leis an scéalaíocht – cuimhne finné a nglactar leis go bhfuil eolas cuimsitheach do-shéanta aige ar oidhreacht an tseansaoil. Luann sí an eachtra in *Acallam na Senórach* ina dtugann Caoilte cuairt ar shaol eile na págántachta ar mhaithe le leigheas a fháil ar sheanchréachta a bhain dó in anallód. Agus é ag filleadh ar ais go Teamhair, mar a roinnfidh sé a chuimhní agus a chuid scéalta le heaglaisigh, le ríthe agus le móruaisle na nÉireann, tugann Bé Bhinn, bean leighis de chuid an tslua sí, deoch dó a chinnteoidh buaine agus cruinneas a chuimhne. Seo mar a mhíníonn Dooley tábhacht na heachtra sin: "The ability to remember and tell tales is now perceived as a gift from the muses, here the Irish immortal Otherworld, where everything is perpetually present and perpetually seen. Inspiration as the gift of the gods replaces witness".[52] Ach ní hamhlaidh, dar liom, a ghlacann an ionsparáid áit na cuimhne mar is í an chuimhne an gléas i gcónaí a chuireann na scéalta ar fáil – níl sa deoch, dar liom, ach rud a chabhraíonn le feidhmiú na cuimhne:

> "Deoch cuimnigthi céille d'indlucud duinde duit co Temr*aig con*na*ch* tecma duit es *nó* abhann (*sic*) *nó* indb*er* nó a cath *nó* a comlann na*ch* bia a cuimne accut".
>
> "A drink that we give to you to take to Tara for the remembrance of lore, so that any cataract or river or estuary that you encounter, you will remember it, together with its attendant battles and combats".[53]

Sa tslí chéanna, is í cuimhne údarásach Chaoilte, agus é tagtha ar ais ón saol eile, a sholáthraíonn an leagan "ceart" den scéal faoi mharú Fhothaidh Airgdhigh. Réamhbhlaiseadh is ea an eachtra seo de ról Chaoilte in *Acallam na Senórach*, mar a dtagann sé mar fhinné ó dhiminsean ama eile ag soláthar eolais iontaofa ar gach ar bhain leis an ré sin. Soláthraíonn an dá eachtra léiriú ar fheidhm chruthaitheach agus ar chumas athmhúnlaithe na cuimhne: is ag freastal ar riachtanais láithreacha a bhíonn sí go minic. Cuireann insint Chaoilte ar bhás Fhothaidh Airgdhigh cruth ar an am atá caite a oireann do Mhongán agus shábhálann an rí, a bhean agus Éire ar fad ó dhíoghail neamh-mheasartha Fhorgoill agus cinnteoidh an mórsheisiún scéalaíochta a chuirfidh Caoilte ar bun i dTeamhair go gcaomhnófar leagan den

[52] 'The European Context of *Acallam na Senórach*', 70–75.
[53] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 7259–61; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 203.

tsaíocht dúchais a bheidh i dtiúin le luachanna agus le háeistéitic na sochaí liteartha Críostaí.[54]

Is dóigh liom go léiríonn an spléachadh gairid seo ar shamplaí réamh-Normannacha den Fhiannaíocht go bhfuil ceangal téamúil follasach idir iad agus *Acallam na Senórach* agus na samplaí iar-Normannacha eile a scrúdaíomar. Ar an ábhar sin, is féidir a thuairimiú go raibh corpas na Fiannaíochta sa tréimhse sin níos toirtiúla agus níos bisiúla ná mar a thabharfadh an beagán samplaí atá tagtha anuas chugainn i scríbhinn le tuiscint ar an gcéad amharc.[55] Seo mar a deir Dooley agus í ag trácht ar chúlra béalaireachta na hAcallamha:

> the deeds of the fian are recessed in a background of oral performance, with Caílte as the figure of memory, Cas Corach as the contemporary figure of oral performance, and the clerics as the scribal textual recorders.[56]

Dhealródh sé, mar sin, gurbh ann do thraidisiún béil comhaimseartha a chuaigh i bhfeidhm ar lucht scríofa na Fiannaíochta, díreach mar a chuaigh an scéalaíocht bhéil i bhfeidhm ar Marie de France, mar a luann Dooley.[57] I gcás Chaoilte agus Marie de France, bhain tábhacht amhalmhór leis an gcuimhne. Nárbh fhurasta na focail seo ag Marie de France a shamhlú le húdar *Acallam na Senórach*?

> Des lais pensai qu'oïz aveie.
> Ne dutai pas, bien le saveie,
> que pur remembrance les firent
> des aventures qu'il oïrent
> cil ki primes les comencierent
> et ki avant les enveierent.
> Plusurs en ai oïz conter,

[54] Féach an plé agam ar fheidhmeanna na cuimhne, lgh. 5–9 *supra*.
[55] Seo mar a deir Flahive: "The background knowledge expected of the readers of this literature hints at the size and strength of a parallel oral tradition throughout the productivity of the cycle" (*The Fenian Cycle in Irish and Scots-Gaelic Literature*, 5). Deir sé leis (ibid., 9) gurbh fhairsinge an Fhiannaíocht ná mar a cheaptar de ghnáth i ré na Sean- agus na Meán-Ghaeilge agus gurbh ann faoin 12ú haois do na príomheilimintí ar fad a fhaightear sa traidisiún níos déanaí.
[56] 'The European Context of *Acallam na Senórach*', 72. Féach, leis, nóta 6.
[57] Ibid. Féach, leis, Nagy, 'Oral Tradition in the Acallam na Senórach', go háirithe 94–5, mar a n-áitíonn an t-údar go raibh teannas cruthaitheach idir an traidisiún liteartha agus an tsaíocht bhéil agus gur tuigeadh do lucht na scríbhneoireachta gur bhain idir fhorás agus chaillteanas leis an teannas sin: "In the world of this text, oral performance and writing become strange bedfellows … there is both attraction and repulsion, cooperation and annexation … We learn that transmission – oral, literary, or oral-to-literary – involves both entropy and renewal".

> nes vueil laissier ni oubliër.
>
> Smaoinigh mé ar na laoithe a bhí cloiste agam. Bhí a fhios agam go rímaith gur chun go mairfeadh cuimhne na n-eachtraí a chuala siad féin a chuir lucht a gcéadcheaptha agus a gcraobhscaoilte ar phár iad. Tá a lán eachtraí dá leithéid sin cloiste agam féin agus níor mhaith liom go ligfí i ndearmad iad.[58]

Tugann an nasc téamúil idir na seansamplaí den Fhiannaíocht atá tagtha chugainn ón ré réamh-Normannach agus saothair a cumadh níos déanaí ná sin léargas dúinn ar an tslí a raibh cuimhne na scéalaithe agus na scríobhaithe ag oibriú. Agus tá an chuimhne ar cheann de phríomhbhuanna Chaoilte mar scéalaí agus mar fhinné iontaofa. Is é is dóichí ná go raibh na téamaí agus na móitífeanna a luamar á seachadadh trí mheán na scéalaíochta ó bhéal agus tríd an léitheoireacht araon, pé acu léitheoireacht aonair nó léitheoireacht os ard a bhí i gceist. Mar sin, má tá na samplaí ón ré réamh-Normannach scáinte, ní ceart, a shamhlú gur ar leaganacha scríofa amháin a bhí seachadadh agus forás na Fiannaíochta ag brath. Faoi mar a deir Dooley: "Fenian lore is not the only place in Irish tradition where something popular circulates below the radar of written clerical media".[59] Ag an staid seo ina raibh trasdul ón mbéalaireacht go dtí an litearthacht ag tarlú, tá sé iomlán cuí go mbeadh ról mór ag Caoilte, fear a thaithíonn an spás idir eatarthu, fear atá in ann gach teora a thrasnú agus a bhíonn de shíor ag gluaiseacht idir diminsin difriúla. Rud eile, faoi mar atá feicthe againn, is ról mar fhear taca, mar chúntóir fíoréifeachtach, is mó atá aige sna heachtraí agus sna dánta réamh-Normannacha. Déantar forbairt shuntasach ar an ról sin aige in *Acallam na Senórach*, mar a bhfuil sé ina fhear taca ag Pádraig, ina mhúinteoir ag Cas Corach,[60] agus ina éascaitheoir ag na scríobhaithe a bhíonn ag breacadh uaidh ar a ndícheall. Ról paradacsúil é: carachtar tánaisteach é

---

[58] Harf-Lancner agus Wranke, 'Prologue', ll. 33–40, *Lais de Marie de France* (liom féin an t-aistriúchán). Tá cosúlacht mhór idir an meon a léirítear anseo agus an t-ordú a thug na haingil do Phádraig: '"A anum, a naeimchléirigh!', ar siat, 'ní mó iná trian a scél innisit na senlaeich út ar dáigh dermait ⁊ díchuimhne … *Ocus* scríbhthar … letsa i támlorguib fil*ed* ⁊ i mbriat[*h*]raibh oll*am*an, ór budh gairdiug*udh* do dronguibh ⁊ do degdáinibh deiridh aimsire éisdecht frisna scéluibh sin' ['Dear holy cleric', they said, 'these old warriors tell you no more than a third of their stories, because their memories are faulty. Have these stories written down on poets' tablets in refined language, so that the hearing of them will provide entertainment for the lords and commons of later times']" (Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 297–302; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 12).

[59] Dooley, 'The European Context of *Acallam na Senórach*', 66. Féach, leis, nóta 6.

[60] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3353–5; Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 101. Seo mar a mhíníonn Cas Corach an fáth ar tháinig sé faoi dhéin Chaoilte: '"iss *ed* ro-m-imluaid, d'ḟoglaim ḟessa ⁊ ḟìreolais ⁊ scelaigechta ⁊ morgnim gaiscid na Féinne ó Chail*ti* m*ac* Ronain' ['This is what has brought me, a desire to learn knowledge and true lore, storytelling and the great deeds of valour of the *Fían* from Caílte, son of Rónán']".

a thugann ceannaireacht agus treoir thar na bearta maidir le caomhnú, le daingniú agus le forbairt na hoidhreachta luachmhaire a roinneann sé lena lucht éisteachta agus leo siúd a leanfaidh iad.

8 Caoilte agus an Fhiann sa *Leabhar Laighneach*

Sa chaibidil seo, déanfar trácht ar an léiriú a dhéantar ar Chaoilte sa *Leabhar Laighneach* agus déanfar iarracht ar é sin a chur i gcomhthéacs léiriú na Fiannaíochta i gcoitinne sa saothar sin. Cuireadh *An Leabhar Laighneach* i dtoll a chéile ag pointe i stair na hÉireann ina raibh athruithe cuimsitheacha ag tarlú maidir le cúrsaí sóisialta, polaitíochta, eaglasta agus liteartha, agus sa tslí sin, seasann an saothar sin ar an tairseach idir an ré réamh-Normannach agus an saol a lean í.[1] De bhrí gurb é an saothar is toirtiúla ón tréimhse sin, táthar ag súil go soláthróidh an t-iniúchadh seo léargas ar dhearcadh chuid den aos léinn ar chorpas na Fiannaíochta faoi mar a bhí sé faoin tráth sin, ar ionad na Fiannaíochta i saíocht na hÉireann ag an am agus réamhchomhartha, b'fhéidir, maidir leis an bhforás a thiocfadh ar an bhFiannaíocht sna blianta a lean ionradh na Normannach. Chuige sin, féachfar ar dtús ar roinnt de na saincháilíochtaí a bhaineann leis *An Leabhar Laighneach*, d'fhonn a fháil amach conas a luíonn an léiriú a dhéantar ar an bhFiannaíocht ann isteach le meanma an mhórshaothair ina iomláine.

Fiú agus gan ach spléachadh gairid a thabhairt tríd *An Leabhar Laighneach*, feictear gur saothar é a mbaineann scóip as an gcoitiantacht ar fad leis. Is é an fráma ama a bhaineann leis ná ó thús go deireadh aimsire – ó chruthú na ndúl go dtí an breithiúnas deireanach. Cuimsítear téamaí ilghnéitheacha an tsaothair – cruthú an domhain, an chroineolaíocht, an stair agus an bhréagstair, an léann clasaiceach agus dúchais, an dinnseanchas – taobh istigh de mhórthéama amháin: móradh Dé. Ní hann de rud ar bith nach dtagann faoinA riail agus nach bhfuil áit aige laistigh de chosmeolaíocht na Críostaíochta. Ní gá an oidhreacht réamhChríostaí a shéanadh ná a dhíothú, chomh fada is gur féidir a léiriú gur mó Dia ná laoch dá fheabhas agus gur láidre A chumhacht ná draíocht dá thaibhseacht. Seo é díreach an teachtaireacht atá le baint as na focail seo a chuirtear i mbéal Chú Chúlainn in *Brislech Mór Maige Murthemni*, scéal faoi bhás Chú Chulainn:

[1] Tugann Gearóid Mac Eoin achoimre ar na príomhathruithe a bhí i gceist agus ar na cúiseanna a bhí leo in 'The Provenance of the Book of Leinster', 79–80. Féach, leis, Mac Cana, *The Learned Tales of Medieval Ireland*, 7–10; O'Sullivan, 'Notes on the Scripts and Make-up of the Book of Leinster', 2, agus go háirithe, Flanagan, *Irish Society, Anglo-Norman Settlers, Angevin Kingship*, 7–55, Gwynn, *The Irish Church in the Eleventh and Twelfth Centuries* agus Ó Corráin, *The Irish Church, Its Reform and the English Invasion*.

> Ísu as uasliu. as isliu tria erscartad iff*ir*n. tria ṡuidigud suide tria thuaslucud flatha. tria larnarbur catha. tria lanchumacta nime im nimib. im doine im duile im bethu tria bithu. Cr*ist*.
>
> Jesus most most noble, most humble, through His harowing of Hell, through His establishment of rule, through His deliverance of the kingdom, through His mighty battle host, through His great heavenly power encompassing the heavens and mankind and Creation and life everlasting. Christ.[2]

Is ionchurtha le glacadh an bhaiste ag Caoilte feidhm eipeafáine seo Chú Chulainn: bronntar ardstádas ar an tsaíocht lena mbaineann an bheirt laoch réamhChríostaí seo laistigh de shaoldearcadh na heaglaise. Ní i gcoimheascar lena chéile feasta atá oidhreacht chultúrtha na nGael agus luachanna na Críostaíochta. Baineann a leithéid chéanna d'fheidhm lena lán de na pearsana págánacha liteartha agus stairiúla a bhuaileann linn sa lámhscríbhinn seo: ní mar naimhde don Chríostaíocht a fheictear Earcail,[3] Saturn,[4] Alastar Mór,[5] nó Tarquinius Superbus,[6] mar shampla. Go deimhin, is minic pearsana de chuid an traidisiúin phágánaigh agus de chuid an tSean-Tiomna agus na Críostaíochta á lua le hais a chéile in aon dán amháin. Baineann an nós seo go háirithe leis an gcroineolaíocht agus leis na ginealaigh.[7] In 'Echta Lagen for Leth

[2] *LL* ii, ll. 14212–5. Léirítear anseo go gcreideann Cú Chulainn i gCríost nó gur foilsíodh an fhírinne Chríostaí dó díreach roimh a bhás. Féach Kimpton. *The Death of Cú Chulainn*, 29–30 agus 47 (don aistriúchán). Féach, leis, an tagairt ag Cú Chulainn do theacht Naomh Pádraig (*LL* ii, ll. 14179–80), nuair a chonacthas é ina shíobharcharbad tar éis a bháis. Is fíor, faoi mar a deir Mac Eoin ('The Provenance of the Book of Leinster', 81) nach é an oiread sin d'ábhar cráifeach nó deabhóideach a chuirtear ar fáil in *LL*: "devotional matter is lacking (prayers, religious poems, sermons or homilies, or the like)". Ina ainneoin sin, is léir ón tosaíocht a thugtar do ghníomhartha an Chruthaitheora in oscailt an tsaothair agus ón iliomad tagairtí don Bhíobla ann gur i gcomhthéacs na Críostaíochta a chuirtear gach a dtagraítear dó inár láthair. Ní furasta, mar sin, glacadh go hiomlán leis an méid seo a deir Mac Eoin (ibid.): "The general impression one gets from the book is that the people who compiled it had little enough interest in piety", ach amháin i gciall chúng an fhocail sin "piety". Ba chruinne a rá, b'fhéidir, nach é cur chun cinn na cráifeachta príomhfheidhm an tsaothair. Féach, leis, *Síaburcharpat Con Culainn* in Best agus Bergin, *Lebor na hUidre*, ll. 9220–565, mar a n-úsáidtear scéal an laoich sin chun teachtaireacht na Críostaíochta a chur abhaile ar an lucht léite nó éisteachta. Gheobhfar faisnéis faoi fhoinsí eile don scéal seo in Nagy, *Conversing with Angels and Ancients*, 265, n. 160. Caitheann an tátal seo ag Dagmar Schlüter solas ar an gceist seo, bíodh is go gceapann sí, murab ionann is Mac Eoin, gur "clerics" iad na scríobhaithe: "The large body of religious texts and documents within the manuscript shows that the scribes were clerics who were deeply familiar with the genealogies and traditions of their church. But … they were writing in a climate where the cultivation of learning was no longer a self-evident repository of the Church" (*History or Fable?*, 223).

[3] Mar shampla: *LL* iii, 'A Rí Richid reidig dam', ll. 17775, 17803, 17807, 17855.

[4] Ibid., ll. 17795.

[5] *LL* iii, 'Annalad anall uile', l. 15501.

[6] Ibid., 'A Rí Richid reidig dam', l. 17779.

[7] Féach, *LL* iii, 16428–17396, 'Adam oinathair na ndoene' le Giolla Mo Duda, mar a luaitear Ádhamh agus a chlann, Fionntán mac Bóchra, Bóann, Labhraidh Loingseach, pearsana ón Rúraíocht,

Cuind', tá réimse ama fiorleathan i gceist chomh maith agus déantar tagairt ann do phearsana miotasacha agus stairiúla.[8] Díol suime é gur lua seachas insint iomlán a bhíonn i gceist go minic i gcás na bpearsan a dtagraítear dóibh. Is dóigh liom go dtugann an méid seo spléachadh suimiúil dúinn ar an tsainpheirspictíocht atá le fáil sa *Leabhar Laighneach*:

- ní haon mheon cúng oileánach atá taobh thiar de ach aigne a fheiceann Éire agus gach a mbainean léi i gcomhthéacs leathan tíreolaíoch, stairiúil, agus misteach;
- is aigne iniatach í sin a fheiceann gach gné de shaíocht na hÉireann, den léann clasaiceach agus bíobalta mar léiriú ar iontas ilghnéitheach shaothar an Chruthaitheora. Sa chomhthéacs seo, is díol suime é nach i gcónaí a bhíonn deighilt ghlan idir an Fhiannaíocht agus an Rúraíocht agus go bhfaightear tagairtí don dá mhórshruth seo de chuid an traidisiúin sa *Leabhar Laighneach* le hais a chéile in aon dán amháin. Mar shampla, luaitear bás laoich darbh ainm "Uillend m*ac* Find h*ui* Baiscni" in eachtra a bhaineann le "Fer Bend" (= "Furbaid"), mac do Chonchobhar agus d'Eithne deirfiúr Mhéadhbha, in 'Attá sund Carn h*ui* Chathbath' (*LL* iv, ll. 27475–527) agus luaitear Fionn, Caoilte agus na Fothaidh mar aon le Cú Chulainn in 'A Rí Richid reidig dam' (*LL* iii, ll. 17726–8170);[9]
- baineann ardmhuinín le lucht a cheaptha maidir lena sinsear ársa féin agus maidir le saibhreas a n-oidhreachta – oidhreacht a mbaineann gné an dúchais léi chomh maith le gné an léinn chlasacaigh agus gné láidir spioradálta.[10] Áitíonn O'Sullivan gur deireadh ré atá i gceist agus go gcuireann *LL*

Cano mac Gartnáin, Fionn mac Cumhaill, "na trí Fothaid" agus "Sitriuc mac Amlaiph f̀eil" – rí stairiúil ar Bhaile Átha Cliath in aimsir na Lochlannach. Féach go ndéantar ginealach Naomh Pádraig a ríomh siar go dtí Naoi (*LL* vi, ll. 46594–612).

[8] *LL* i, 6980–7099: tosaítear le Labhraidh Loingseach, "h*ua* irdraic Úgaire [the illustrious descendant of Úgaire]", déantar trácht ar Oilill agus luaitear Fionn agus an rí stairiúil, Niall Glúndubh.

[9] Féach, leis, go luaitear "Conan *gilla* Find" (*LL* iv, l. 25079) díreach i ndiaidh liosta de laochra Uladh agus go luaitear "Lomna Drúth" (l. 26496) agus a sheanathair "Donn Désa" (ll. 26478; cf. *CGH* 136 a, 30–33 [lch. 120]) i dtagairt do *Togail Bruidne Da Derga* sa dán, 'Cid dorcha dam im lepaid' (*LL* iv, ll. 26480–511). Tá páirt ag an drúth sin i luathscéal Fiannaíochta (féach Stokes, *Three Irish Glossaries*, 34–5 agus Meyer *Fianaigecht*, xix–xx).

[10] Féach Mac Eoin, 'The Provenance of the Book of Leinster', 87, mar a dtagraíonn an t-údar do mhórtas cine agus d'fhéinmheas Aoidh mhic mhic Criomhthainn – an duine ar ar thug O'Sullivan 'A' air ('Notes on the Scripts and Make-up of the Book of Leinster', 6). Dar le Mac Eoin, b'é an mórtas seo a thug air a mhaíomh gurbh é féin a ghraf an leabhar ar fad (*LL*, lch. 313[a], colafan), cé gur léir, dar leis, gur foireann scríobhaithe a rinne an saothar. Caitheann Duncan amhras air seo, áfach, agus deir nach féidir bheith cinnte de gur le hAodh mac mic Criomhthainn lámh 'A' ('A Reassessment of the Script and Make-up of Lebor na Nuachongbála', 49).

clabhsúr ar chaibidil i stair na hÉireann: "(it is) the last fling of the learned ecclesiastics of the unreformed Irish church";[11]

- mar gheall ar an meas atá ar an léann, is minic mar a bheadh taispeántas i gceist leis na tagairtí léannta iomadúla a chuirtear ar fáil; déantar talamh slán de go bhfuil ardléann ag an lucht léite chomh maith agus tuiscint dá réir ar a bhfuil i gceist sa tslí nach gá na heachtraí go léir a luaitear a mhíniú ná insint iomlán a thabhairt orthu.[12]

Mheas R.I. Best gur aon duine amháin a ghraf *An Leabhar Laighneach* ar fad.[13] Pé acu a bhfuil nó nach bhfuil an ceart aige sa mhéid sin, ceapaim go leagann sé a mhéar ar ghné thábhachtach den saothar nuair a deir: "Áed was not a mere copyist, but a compiler, gathering his texts from various sources".[14] Tá an t-idirdhealú seo ag Best tábhachtach, dar liom, mar aon leis an tátal seo aige ("This was undoubtedly a patron's book"),[15] sa mhéid go dtarraingíonn an dá phointe le chéile aird ar aontacht pheirspictíochta an tsaothair.[16]

Is i gcomhthéacs na peirspictíochta seo is fearr ionad agus feidhm na Fiannaíochta sa saothar ina iomláine a fheiceáil. I gcás an ábhair sin, faightear idir thagairtí

---

[11] 'Notes on the Scripts and Make-up of the Book of Leinster', 26. Tá tábhacht leis an bhfocal "ecclesiastics" mar nach bhfuil cruthúnas dá laghad ann, dar le Mac Eoin, gur ghlac Aodh mac mic Criomthainn ord beannaithe ('The Provenance of the Book of Leinster', 92). Féach, leis, Ó Murchadha, *Lige Guill*, xv.

[12] Ainneoin fairsinge an léinn a léirítear in *LL* i gcoitinne, ní saor ó locht atá saothar an scríobhaí/na sríobhaithe ó thaobh chruinneas na leaganacha a soláthraítear ann, mar a mheabhraíonn Murray dúinn ('The Finding of the Táin', 19). Féach, leis, Meyer, 'A Poem by Dallán mac Móre', 210 agus *Hail Brigit*, 10, mar a ndeirtear faoi scríobhaí *An Leabhar Laighneach* gur minic dó bheith an-mhíchúramach agus guagach.

[13] *LL* i, xv: "The volume despite the variety and inequality of the script, is I think the work of a single scribe … *Aed mac meic Crimthaind*". D'áitigh O'Sullivan i 1966 ('Notes on the Scripts and Make-up of the Book of Leinster', 6–7) gur seisear a ghraf an lámhscríbhinn. Glacann go leor scolairí ó shin leis nach saothar aon scríobhaí amháin atá i gceist: mheas Mac Eoin gur "ceathrar nó cúigear" a bhí i gceist ('Cár Scríobhadh Leabhar na Nuachongbála', 286–7). D'áirigh Duncan naonúr príomhscríobhaí ('A Reassessment of the Script and Make-up of Lebor na Nuachongbála', 27, n. 4 agus 59, agus 'Turning Over a New Leaf', 147). Ar an taobh eile den scéal, ainneoin éiginnteachta áirithe, b'é tuairim a bhí ag O Concheanainn ná gurbh é Aodh mac meic Criomhthainn a ghraf formhór *LL* ('LL and the Date of the Reviser of LU', 213–14 agus 'The Manuscript Tradition of *Mesca Ulad*', 14).

[14] *LL* i, xvii.

[15] Ibid. Ní ghlacann O'Sullivan le tuairim Best gur leabhar pátrúin ab ea é ('Notes on the Scripts and Make-up of the Book of Leinster', 25–6); ceapann Mac Eoin gur cosúil go ndearna Diarmaid Mac Murchadha an lámhscríbhinn a choimisiúnú ('LL and the Date of the Reviser of LU', 214).

[16] Tugann scoláirí éagsúla a dhiúltaíonn do thuiscint Best gur saothar aon phríomhscríobhaí amháin atá in *LL* le tuiscint gur obair fhoirne a bhí i gceist nó go raibh peirspictíocht chomónta ag na scríobhaithe. Féach, mar shampla, Mac Eoin, 'The Provenance of the Book of Leinster', 82: "It is clear from the way in which the writers cooperate with one another that they were working as a team"; tagraíonn Duncan ('A Reassessment of the Script and Make-up of Lebor na Nuachongbála', 59–60) do scríobhaithe ar leith a raibh ról maoirseachta agus peirspictíocht chomónta acu maidir leis an saothar ina iomláine. Féach, leis, Schlüter, *History or Fable?*, 155, mar a soláthraítear fianaise go raibh na scríobhaithe a chnuasaigh an dinnseanchas atá sa saothar ag obair mar fhoireann.

fánacha gannfhoclacha thall is abhus agus insint níos iomláine ar imeachtaí na Féinne ar uairibh. Tugann na tagairtí gannfhoclacha le tuiscint go bhfuiltear ag déanamh talamh slán de go n-aithneoidh an lucht léite na heachtraí atá i gceist mar gheall ar an eolas atá acu cheana ar an bhFiannaíocht.[17] Tosaíonn 'Echta Lagen for Leth Cuind' le tagairt do Labhraidh Loingseach, sinsear iomráiteach na Laighneach agus luaitear eachtraí glórmhara laochra agus uaisle na ríochta sin.[18] Ach is leithne ná sin fócas an dáin seo mar déantar eachtraí Oilill Chonnacht a cheiliúradh mar a dhéantar gníomhartha Fhinn agus chuid dá lucht leanúna. Féach an tagairt seo do mharú Chúlduibh nach mbainfeadh éinne nach mbeadh an scéal ina iomláine ar eolas aige/aici cheana mórán brí aisti, a déarfainn:

> Din tśleig cétna ro marb Find.
> Culdub m*ac* Fidga f*or*f̂ind
>
> By the same spear Find killed
> Culdub the son of Fidga the very fair.[19]

Sa tslí chéanna, is tagairt lom gan mhíniú ar chúlra an scéil a thugtar sa dán céanna i gcás mharú Fhercheasa, eachtra a gcuirtear síos uirthi in 'Ailill Aulom, Mac Con, and Find Ua Báiscne'.[20] In 'A Rí Richid reidig dam', tugtar 28 rann as a chéile ag cur síos ar eachtraí Fhinn agus na Féinne.[21] Cé go n-insíonn na ranna seo scéal atá leanúnach go maith den chuid is mó, fágtar cuid de na tagairtí gan mhíniú sa tslí is gur intuigthe go raibh eolas forleathan ar na heachtraí atá i gceist nuair a cumadh na ranna sin. Is faide agus is substaintiúla an méid seo ná a bhfuil sa dán céanna faoin Rúraíocht,[22] ach níl i gceist in aon cheann den dá chás ach cuid amháin de stair

[17] Baineann tábhacht mhór leis an ngné imeanach anseo a gcuireann Foley síos uirthi in *Immanent Art*. Bíonn an ghné seo i gceist go mór, dar leis, sa tsaíocht bhéil agus i saothair a bhfuil préamhacha acu sa tsaíocht sin, mar shampla na heipicí, *An Odaisé*, *An Iliad*, *Beowulf*, agus an dán Sean-Bhéarla *The Seafarer*. Cuid den ealaín a bhaineann leis na saothair sin ná an córas tagartha a bhíonn in úsáid iontu a thugann comhthéacs níos leithne ná an saothar féin chun cuimhne ar bhealach cruthaitheach meatonaimeach. Seo mar a deir sé (lch. 7): "Traditional referentiality … entails the invoking of a context that is enormously larger and more echoic than the text or work itself, that brings the lifeblood of generations of poems and performances to the individual performance or text".
[18] *LL* i, ll. 6980–7099.
[19] Ibid., ll. 7044–5. Faightear cuntas níos iomláine ar mharú Chúlduibh mar aon le tagairt don dá líne seo in Meyer, 'Two Tales about Finn', 245–9. Le Meyer an t-aistriúchán thuas.
[20] Meyer, *Fianaigecht*, 28–41.
[21] *LL* iii, ll. 18015–126. Tá na ranna seo in eagar ag Meyer in 'The Finn Episode', *Fianaigecht*, 46–51.
[22] *LL* iii, ll. 17983–998, mar a dtugtar achoimre an-ghairid ar scéal breithe Chú Chulainn, a bhfuil leagan níos faide agus níos iomláine de le fáil in van Hamel, 'Compert Con Culainn'.

chroineolaíoch an domhain ina gcuirtear síos *inter alia* ar chianstair tíortha i bhfad ó Éirinn – an Scithia agus an Pheirs – ar eachtraí ón Sean-Tiomna, ar an nGréig agus ar an Róimh ársa agus ar na Fir Bholg. Is ceiliúradh ar ilghnéitheacht shaothar an Chruthaitheora an dán fada seo ina iomláine agus frithchaitheamh ar A ghlóir is ea na bearta agus na heachtraí iontacha a dtagraítear dóibh. Osclaíonnn an dán le guí an fhile go dtabharfaidh Dia fuascailt na gceisteanna atá ina aigne dó, i dtreo is go dtabharfaidh sé cuntas cruinn ar na nithe a bheidh faoi chaibidil aige, agus cuireann sé clabhsúr ar an dán le hurnaí eile. Is é a bhainimse as sin go léir ná gurb é feidhm na dtagairtí don Fhiann, do laochra na Craoibhe Rua agus do na pearsana iomráiteacha eile ná iontas agus saibhreas oibreacha Dé a cheiliúradh. Agus tá raidhse ábhair ar fáil don cheiliúradh suáilceach sin:

> Tochmarca fessa ferr de.
> catha. togla. tinngene.
> iss e sin fri fute fecht
> in cuicde is lia i scelaigecht.
>
> Tales of wooing, better are *feis* tales
> Tales of battles, of plundering and of bright births
> That is for lengthy entertainment
> The most numerous five in storytelling.[23]

Féach arís an bhéim seo ar phléisiúr na scéalaíochta:

> Fianruth Find fáth cen dochta.
> togla tana tochmorca.
> slisnige is dúile feda.
> aera rúne romera.
>
> Tales of Find and the Fianna, a matter inexhaustible,
> sacks, forays, wooings,
> tablets, and books of lore,
> satires, keen riddles.[24]

[23] *LL* iii, ll. 18155–8 (liom féin an t-aistriúchán).
[24] *LL* iv, ll. 25345–8 agus Gwynn, *Metrical Dindshenchas* 3, 21, §60 (don aistriúchán). Más *cheville* féin atá sna focail "fáth cen dochta", tugann sé le fios gur chuid shubstaintiúil den *repertoire* filíochta agus scéalaíochta ab ea an Fhiannaíocht faoin tráth ar cumadh an dán seo.

Agus is gairid an gaol idir an eachtraíocht agus an dinnseanchas agus is beag áit sa tír nach mbaineann cáilíocht mhiotasach leis sa tslí go ndéantar mar a bheadh pearsanú misteach ar Éirinn:

> Na fessa im ḟeis truim Temra.
> oenaige im oenach Emna
> annalad and is fír so.
> cach rand ro rannad Ereo
>
> Scél Tellaig Temra nach timm.
> fis ce*ch* trichat i nHerind
> banṡenchas buidni baga.
> bruidni gessi gabala.
>
> The feasts round the mighty Feast of Tara,
> the fairs, round the Fair of Emain;
> annals there, this is true;
> every division into which Erin has been divided:
> The tale of the household of Tara, that is not scanty,
> the knowledge of every cantred in Erin,
> the chronicle of women, tales of armies, conflicts,
> contentions (aistrithe mar "hostels" ag Gwynn), tabus, captures.[25]

Agus ní ar leith leis féin amháin is ceart pléisiúr an tseanchais ilghnéithigh a bhlaiseadh: is cuid d'ollcheiliúradh meanmnach poiblí é a bhaineann leis an bpobal uile:

> Pipai. fidli. fir cen gail.
> cnamḟir ⁊ cuslennaig.
> slúag etig engach egair.
> béccaig ⁊ buridaig.

[25] *LL* iv, ll. 25353–60 agus Gwynn, *Metrical Dindshenchas* 3, 21, §§62–3 (don aistriúchán). Buntéama sa dinnseanchas is ea an nasc idir saibreas na hoidhreachta cultúrtha agus áiteanna speisialta sa tír: féach mar shampla na línte seo: "Fail lim do Laignib cach ló. / senchas saidbir na*ch* saebró / o fail gairm gníthi gossa. / ainm cáem críchi Cnamrosa [I have for the Leinstermen day by day / [a] rich store of legend — no spurious wealth — / whence comes the title (mighty shouting) / the noble name of the territory of Cnamros]" (*LL* iv, ll. 26513–16 agus Gwynn, *Metrical Dindshenchas* 3, 129, §1 (don aistriúchán)).

Turcbait a fedma uile
do ríg Berba bruthmaire
co n-érne in rí rán ra mess.
Ar ca*ch* ṅdán a miad diles.

Aitti. airggni. aidbsi cheoil.
coimgne cinti caemchen*eói*l
a réim ríg rath dar Bregmag.
a chath 's a chruadeṅgnam.

Pipes, fiddles, gleemen,
bones-players and bag-pipers,
a crowd hideous, noisy, profane,
shriekers and shouters.

They exert all their efforts
for the King of seething Berba:
the king, noble and honoured,
pays for each art its proper honour.

Tales of death and slaughter, strains of music;
exact synchronising of the goodly race;
his royal pedigree, a blessing through Bregmag
his battle and his stark valour.[26]

Ar an gcéad leathanach den *Leabhar Laighneach* tugtar cuntas ar pheaca Ádhaimh agus Éabha arbh é an bás an toradh a bhí air,[27] ach i dteagasc na heaglaise, *felix culpa* ab ea an turnamh sa mhéid gur as a tháinig an Slánú a léiríonn grá neamhtheoranta Dé don chine daonna. Má tá an bás mar théama ag rith tríd an saothar ar fad, ní le duairceas ar fad a shamhlaítear é i gcónaí mar is léir ó chéad líne an dáin as ar baineadh na ranna thuas: 'Estid a Laigniu na llecht [Hearken, ye Leinstermen of the graves]'.[28] Is cuid d'oidhreacht ghlórmhar Laighean na heachtraí

[26] *LL* iv, 25365–76 agus Gwynn, *Metrical Dindshenchas* 3, 21, §§65–7 (don aistriúchán).
[27] *LL* i, ll. 16–22: "Ro formtig tra Lucifer fri Adam … coro aslach immarbus for Adam ⁊ Eua im thomailt ind ubuill … Dolluid in Comdiu cuccu iar sain ⁊ atbert fri Adam .i. Terra es ⁊ in terram íbis [Now Lucifer was envious of Adam and tempted Adam and Eve to sin by eating the apple … The Lord came to them then and said to Adam: 'you are earth and into earth you shall return']" (liom féin an t-aistriúchán).
[28] *LL* iv, l. 25120 agus Gwynn, *Metrical Dindshenchas* 3, §1 (don aistriúchán).

iomadúla a luaitear ann, agus na scéalta Fiannaíochta ina measc, a bhfuil páirt mhór ag an mbás iontu.

Díol suime é gur i gcomhthéacs an dinnseanchais agus chianstair Laighean a chuirtear an scéal faoi bhreith Fhinn in 'Almu Lagen les na Fían' i láthair.[29] Cuireann an chéad líne sin den dán béim ar thábhacht Almhan do mhuintir Laighean agus ar an nasc dlúth atá ag Fionn leis an ionad céanna – rud a fhágann go bhfuil sé á áireamh mar dhuine de phríomhlaochra na ríochta sin agus de mhórghaiscígh na hÉireann. Déantar Fionn a nascadh le mórphearsana miotasacha Laighean: Neimheadh a fuair bás in Almhain;[30] Nuadha agus a bhean Almha, a thug a hainm don dún, de réir cheann de na cuntais a chuirtear ar fáil sa dán;[31] agus Tadhg mac Nuadhad, athair Mhuirne, máthair Fhinn, rud a fhágann pórtheastas den chéad scoth ag Fionn agus ag a mhuintir, mar Laighnigh agus mar Éireannaigh.[32] Dá ghiorracht is atá an cuntas, léiríonn sé roinnt gnéithe a bhaineann le Fionn mar cheannaire: mar gheall ar an ngaol idir é agus Nuadha draoi, ní hionadh ar bith gur seaman é féin a mbaineann bua osnádúrtha feasa leis ná go mbíonn teagmháil aige le neacha ósnádúrtha,[33] mar atá feicthe againn cheana. Ina theannta sin, tuigimid ó thoscaí a

[29] *LL* iv, ll. 28167–254. Tá cuntas ar chuid de na heachtraí a luaitear anseo le fáil chomh maith in Meyer, 'Macgnímartha Find'.

[30] De réir *An Leabhar Gabhála* (*LL* i, ll. 608–31), ghabh Neimheadh agus a cheathrar mac Éire nuair a bhí an t-oileán fás folamh tar éis plá a bhánaigh an tír in aimsir Pharthalóin. Bhris sé cath ar bheirt rí de chuid na bhFomhórach, thóg sé dhá rath ríoga agus ghlan sé dhá mhá déag. Féach leis 'Heriu ard inis na rríg' (*LL* iii, ll. 14685–92); tá eagrán agus aistriúchán Béarla ag Mac Carthy in *The Codex Palatino-Vaticanus No. 830*, 142–213 agus ag Smith, *Three Historical Poems Ascribed to Gilla Cóemáin*, 104–69.

[31] Tugann an file sanasaíocht eile do "Almu Lagen", nuair a deir sé gur ó ghile an dúna a gealadh "le halamain" a tháinig an t-ainm (ll. 28181–6).

[32] Cuirtear béim ar an bpórtheastas seo leis in 'Adam oenathair na ndoene', mar a luaitear Muirne in éineacht le mná cáiliúla na hÉireann agus leis na mná a bhí ag Fionn (*LL* iii, 16901–24). Féach, leis, Hennessy, 'The Battle of Cnucha' mar a bhfaightear cuntas eile ar shinsear, ar bhreith agus ar óige Fhinn.

[33] Phléamar cheana seamanachas Fhinn agus Chaoilte atá mar phríomhthéama in 'Oenach indiu luid in rí' (*LL* iv, ll. 29089–300) ar fhoilsigh Stokes eagrán dioplómaitiúil de mar aon le haistriúchán Béarla in 'Find and the Phantoms'. Luaitear an bua feasa aige, a bhfuil gaol gairid idir é agus a chumas mar sheaman in 'Rath Cnamrosa' mar a luaitear cnónna Sheaghsa. De réir an dáin seo, tugadh na cnónna (ar chnónna seirce iad) chuig Fionn agus dúirt seisean nár chnónna dea-eolais iad ach cnónna amhrais agus míshuaimhnis: "And asbert Find … nachdat cnoi dagruis dalaigh. / acht cnoi amruis anṡádail [Then said Find … that they were not nuts of *good knowledge* / but nuts of doubt and uneasiness" (*LL* iv, ll. 26545–8 agus Gwynn, *Metrical Dindshenchas* 3, 130–1, ll. 33–6 [don aistriúchán]). Tugtar cuntas eile ar chnónna Sheaghsa in Breatnach, 'The Caldron of Poesy', 66–7, §11, áit a luaitear an lúcháir a thugann bua an iomais leis, bua a thagann ó na cnónna sin. I gcás 'Rath Cnamrosa', áfach, is léir nach lúcháir ach a mhalairt a bhain leis na cnónna, dar le Fionn. Cuireann Fionn an bua seo aige chun tairbhe dá mhac Oisín, nuair a aithníonn sé gur ó láimh a mhic a bhí i ngéibheann ag cailleach mhioscaiseach a tháinig na scamhacháin adhmaid a chonaic sé ag

bhreithe gur mar phearsa imeallach a tháinig sé ar an saol. Is amhlaidh a d'fhuadaigh Cumhall Muirne nuair a dhiúltaigh a hathair cead a thabhairt dó í a phósadh agus chuir an gníomh sin an ghomh ar Thadhg agus ar an rí, Conn. D'fhógair Conn ar Chumhall Éire a fhágáil. Dhiúltaigh seisean sin a dhéanamh agus tharla dá bharr sin cath Chnucha marar maraíodh Cumhall. Cé gur theastaigh óna hathair Muirne a chur chun báis, níor cheadaigh Conn sin. Dhíbir sé Muirne, d'fhonn í féin agus a leanbh a chosaint ó fhearg Thaidhg ní foláir, agus is ina dhíbeartach deorach imeallach a bhí Fionn nuair a tháinig sé ar an saol.[34] Ainneoin é a bheith faoi ardmheas ar ball agus é ina fhear taca ag rí Éireann agus ina chosantóir cumasach ar an tír, is paradacsúil mar a lean an ghné imeallach sin de riamh ina dhiaidh sin. Agus níor thaise dá lucht leanúna é, ar saintréith acu i gcoitinne an tairseachúlacht, mar atá feicthe againn, cheana.

Cloistear macalla de 'Estid a Laigniu na llecht' in oscailt 'Ogum i llia lia uas lecht', cuntas fileata truamhéileach go maith ar chath Ghabhra. Tá an bás anseo mar a bheadh téama ceoil ag freagairt do na samplaí eile den téama sin tríd *An Leabhar Laighneach* ach is i mbéal Oisín, duine a bhí páirteach sa chath tubaisteach sin, a chuirtear an dán agus tá nóta láidir pearsanta dá réir sa cheol duairc dorcha atá á sheinnt anseo. Is deas mar a luíonn íomhá an oghaim, ar taifead é de bhás Oscair, isteach le feidhm liteartha an mhórshaothair ar olltaifead stairiúil é go príomhdha. Ainneoin gurb é feidhm an oghaim agus dhán Oisín cuimhne na laoch a bhuanú, tá sé le tuiscint ón rann deireanach go bhfuil sé in amhras go mb'fhéidir go ligfear i ndearmad iad:

> In t-ogum út fil isin chloich
> imma torchratar na troich.
> da mmared Finn fichtib glond
> cian bad chuman in t-ogom.
>
> That ogham that is on the stone
> around which the doomed fell
> if Fionn of scores of deeds lived,

imeacht le sruth abhann mar a insítear in 'Tipra Sengarmna fo ṡnas' (*LL* iv, ll. 27121–28). Leanann Fionn agus buíon den Fhiann an abhainn go foinse, fuasclaíonn Oisín agus maraíonn an chailleach.
[34] *LL* iv, ll. 28191–243.

long would the ogham be remembered.[35]

Piocann na línte seo téama an bháis suas go healaíonta agus tugann úsáid "na troich" le tuiscint go héifeachtach gurb é an bás atá ceaptha ag an gcinniúint don duine faoi mar a chuir tús *An Leabhar Gabhála* i gcuimhne dhúinn. Tugann an dara leathrann le fios gurb é an dearmad is dóichí atá i ndán do na laochra is mó i bhfad na haimsire, rud a chaitheann amhras chomh maith ar cheard an scríobhaí a raibh sé mar chuspóir aige, ní foláir, stair agus saíocht ársa a mhuintire a bhuanú. Tugann oscailt agus dúnadh an dáin leis an bhfocal "ogam" alfa agus óimige na scrioptúr chun cuimhne: "Mise an tAlfa agus an tÓimige, an té atá ar tosach agus ar deireadh, an tús agus an chríoch".[36] Dála *An Leabhar Laighneach* ina iomláine, is é comthéacs atá ag an dán seo ná síoraíocht na Críostaíochta.

Dinnseanchas atá i gceist in 'Áth Liac Find cid dia tá', a thugann cuntas ar chomhrac idir Fionn agus naimhde leis. Le linn an chatha, tháinig bean den slua sí – Sionann iníon Mhongáin – i gcabhair ar Fhionn. Thug sí chuige cloch a raibh slabhra óir uirthi, theilg Fionn an chloch agus mharaigh triúr dá naimhde den urchar sin. D'fhan an chloch mar ar thit sí i lár an átha agus tugadh 'Áth Liac Find' mar ainm ar an áth as sin amach. De réir tairngreachta, tiocfaidh bean darb ainm Bé Thuinne go dtí an chloch sin seacht mbliana roimh dheireadh an domhain.[37] Tá go leor cosúlachtaí idir an dán seo agus 'Estid a Laigniu na llecht' agus 'Almu Lagen les na Fían' ó thaobh téamaí a luíonn isteach le holltéamaí *An Leabhar Laighneach*. Dála 'Almu Lagen les na Fían', is mar laoch Laighneach a chuirtear Fionn i láthair sa dán seo, leis, mar a dtugtar "m*a*c Umaill di Laignib" air.[38] Cé nach ndeirtear linn go bhfuil ogham ar an gcloich in Áth Liac Find, feidhmíonn sí amhail is go mbeadh toisc gur cloch shuaithinseach í ar láthair chatha a thugann chun cuimhne an coimheascar a tharla

[35] *LL* iii, ll. 20182–5 (liom féin an t-aistriúchán). Faightear macalla de théama seo na cuimhne agus na díchuimhne in White, *Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán* (71–2 agus 79–81), mar a soláthraíonn an chloch ogaim atá os cionn uaigh Fhothaidh Airgdhigh, "an fhírinne" faoi thoscaí bhás an laoich sin a bhí imithe as cuimhne an lucht léinn, ní foláir, mar ní raibh ag an bhfile Forgholl ach leagan iomrallach den scéal. Féach an plé ar fheidhmeanna na cuimhne ag lgh. 5–9 *supra*.
[36] Apacailipsis Eoin, 22:13.
[37] *LL* iii, ll. 21764 –21836. I leagan eile den dán seo atá i gcló ag Gwynn in *Metrical Dindshenchas*, 4, 40–41, deirtear gur i gcoinne mhic Eachdhach a bhí Fionn ag troid agus glaoitear "Sideng" ar iníon Mhongáin, a thug an chloch chuig Fionn (ibid., ll. 9–12).
[38] *LL* iii, l. 21792.

agus na laochra a bhí páirteach ann.[39] Má ritheann sé linn go mbaineann buaine leis an gcloch, polltar an tuiscint sin nuair a dhéantar téama na díchuimhne a léiriú láithreach, mar a rinneadh in 'Ogum i llia lia uas lecht' agus feictear dúinn go bhfuil an file in amhras faoin mbuanfas a bhaineann leis an siombal sin:

> Áth Liac Find cid dia tá.
> cid nach sluinni nach sencha.
> císsi dichumni rod dall
> dia fargab Find ailig and.
>
> Ath Liac Find – whence comes it? wherefore does no shanachie declare? what forgetfulness has made it dim, since Find left the stone there?.[40]

Feicimid roimh dheireadh an dáin gur siombal ar an neamhbhuaine atá sa chloch i ndáiríre – neamhbhuaine an tsaoil daonna agus an tsaoil sí ónar tháinig an chloch iontach seo. Ní hamháin nach séantar an t-aos sí ach is amhlaidh a bhronntar páirt orthu in oibreacha Dé. Déanaim talamh slán de gur duine den slua sí í Bé Thuinne,[41] a thiocfaidh go dtí an chloch lá Domhnaigh tráth maitín, mar chomhartha go bhfuilimid i ngiorracht seacht mbliana don bhreithiúnas deireanach. Díol suime é go dtreisítear le téamaí an bhundáin sna ranna a breacadh ar imeall an leathanaigh anseo agus ar le file eile iad is dócha: déantar tagairt iontu sin do mháthair Oisín, "Blai Derg", a bhain le Tuatha Dé Danann agus a thug cruth eilite uirthi féin trí dhraíocht agus d'Aonghus mac an Daghda.[42] Faightear téama na neamhbhuaine sa tagairt do bhás Fhinn sa rann deireanach acu sin.[43]

---

[39] Féach an plé ag Carey ar an bhfeidhm a d'fhéadfadh a bheith ag nithe neamhbheo mar fhianaise iontaofa ó na mairbh in 'The Testimony of the Dead', go háirithe lch. 10, mar dtugann sé an sliocht seo as *Gúbretha Caratniad* §46 mar aon le haistriúchán Béarla: "RUC*US* BA N-INRAICC NOILLICH FER ADGAIR. B.D. AR FORTOIṄG AIL ANSCUIT*H*THE LAIS [I judged that a plaintiff was fit to take an oath; it was right, for an immovable rock overswears along with him]".
[40] *LL* iii, ll. 21765–8 agus Gwynn, *Metrical Dindshenchas* 4, 37, ll. 1–4 (don aistriúchán).
[41] Ní móide gurb í an phearsa a luaitear in 'Créad tárraidh treise Connacht' (McManus agus Ó Raghallaigh, *A Bardic Miscellany*, 158, §§28–41) – iníon do Chú Chulainn agus d'Aoife – atá againn anseo. Ach is i gcomhthéacs tubaiste móire a luaitear an Bé Thuinne sin chomh maith: marú taoisigh darbh ainm Eoghan mac Domhnaill Uí Chonchubhair. Cuireann an file, Maolsheachlainn Ó hUiginn, bás a thaoisigh i gcomórtas le bás Chú Chulainn agus cuireann a bhrón féin i gcomórtas le brón iníon laoch na Craoibhe Rua.
[42] *LL* iii, ll. 21824–32. Ar ndóigh, níl an meon caoinfhulangach seo i leith na págántachta agus na draíochta ag teacht lena ndeirtear in Apacailipsis Eoin, 22:15: "Amach leis na madraí, na hasarlaithe, na hadhaltranaigh, na dúnmharfóirí, lucht an íoladhartha".
[43] Féach *LL* iii, ll. 21833–5.

Tá difríocht idir an meon iniatach a léirítear in ‘Áth Liac Find cid dia tá’ agus an défhiús atá le sonrú ar ‘Fíanna batar i nEmain’. Léiríonn an file, “Cináed húa Artacáin”, go luath ina dhán an t-ardmheas atá aige ar na gaiscígh a bhfuil sé d’fhiachaibh air, ba dhóigh leat, a ngníomhartha a ríomh i bhfilíocht d’fhonn a gcuimhne a bhuanú:

> Ni marat ni fil a mbá.
> cia bátar ili a n-aideda.
> marait dia n-éis a scéla.
> acht mad duí nis dichela
>
> They remain not, there is not what has died: though many were their deaths, stories of them remain after them: no one save a fool will conceal them.[44]

Ach ag deireadh an dáin, ba dhóigh leat gur mian leis na laochra a obadh, más go mífhonnmhar féin é, mar nach bhfuil Dia buíoch díobh:

> Andso dóib má tát i péin
> cen adrad Ríg roithes gréin.
> ro choscair M*ac* Maire mass
> conos roscair le fiannas.
>
> Hard for them if they are in pain, without adoring the King who speeds the sun: Mary’s excellent Son has destroyed them, and has severed them from championship.[45]

Is dóigh liom go gcuimsíonn an focal “fianna”, faoi mar a úsáidtear an focal sin i líne thosaigh an dáin, buíonta míleata den uile chineál – fianna Fhinn agus go háirithe curaidh na Craoibhe Rua ar líonmhaire na tagairtí dóibh sa dán seo ná d’fhian Fhinn. Cé go léirítear meas ar na laochra sin, ar a mbás atá an fócas,[46] rud a

---

[44] *LL* i, ll. 4004–7 agus Stokes, ‘On the Deaths of Some Irish Heroes’, 305, §2 (don aistriúchán). Dar liom go soláthraíonn na línte seo gléasnóta *An Leabhar Laighneach* go hachomair gonta.
[45] *LL* i, ll. 4167–70 agus Stokes, ‘On the Deaths of Some Irish Heroes’, 317, §48 (don aistriúchán).
[46] Féach Mac Cana, *The Learned Tales of Medieval Ireland*, 29–30: “The corollary of war is death, and it is in his death that the hero finally attains his apotheosis. In the creation of the heroic identity of the hero it is in a sense ultimately more important to be killed than to kill”. Deir Mac Cana go bhfuil ionad lárnach ag na hoidheanna i dtraidisiún an laochais agus go raibh sé ríthábhachtach don lucht léinn toscaí agus fód báis na laoch a bheith ar eolas go huile agus go hiomlán acu. Dá chomhartha sin, deir sé, is iomaí dán sa traidisiún arb é atá ann ná liostáil den chineál sin faisnéise. Míníonn sé seo, is dócha, cén fáth nach drochmheas ach a mhalairt go minic a léiríonn an té a dhéanann an marú ar an duine a mharaítear: féach gur ómós agus ardmheas atá le léamh ar chur síos Chaoilte ar uaigh Fhothaidh Airgdhigh. Tugann cuntas Chaoilte le tuiscint go raibh sé féin i láthair ag

réitíonn an bealach do *dénouement* an dáin mar a gcuirtear in iúl gur damanta atá na seanghaiscígh agus mar a léiríonn an file a dhóchas go saorfaidh Dia é féin ó Ifreann mar ar cuireadh na laochra.[47]

Scéal measartha fada ina bhforbraítear ar shlí leanúnach comhnasctha roinnt de na mórthéamaí a bhaineann leis an bhFiannaíocht trí na haoiseanna is ea 'Dindṡen*cha*s Tiprat Sengarmna ⁊ a hAided cona ceathrur ⁊ C*u*mrech Ossine',[48] mar atá: an dinnseanchas, Éire a bheith faoi bhagairt ó chailleach mhioscaiseach,[49] Fionn mar chosantóir ar a mhuintir agus ar Éirinn agus bua feasa an rífhéinní. Is d'fhonn dhá logainm a mhíniú .i. "Tipra Sean-Gharmna" agus "Airer Criblaige" a insítear an scéal seo. Is amhlaidh a thug Sean-Gharman ruathar ar fud na hÉireann ag scriosadh roimpi agus ag marú. Ghlac a mac féin agus bean darbh ainm "Criblach" agus a mac siúd páirt léi sa ruathar mioscaiseach sin. Thug an ceathrar dúshlán Fhinn, á rá go ndéanfaidís an tír a chreachadh dá ainneoin:

> Ba hiṅgnad la Finn a rád.
> don chethrur chalma chomlan.
> fogail cen laice ria lind
> do denam aice i nHerind
>
> A surprise for Find was the declaration
> of the bold four complete,
> that in his time reaving undismayed
> should be wrought by them in Erin.[50]

Tá an chuma ar an scéal gur neacha osnádúrtha iad Sean-Gharman agus Criobhlach mar deirtear linn go raibh neart naonúir i ngach duine acu.[51] D'ionsaigh Fionn iad,

---

an adhlachadh d'fhonn a urraim don laoch mór a léiriú. (White, 'Scél asa-m:Berar', 74, §14). Féach gur meon den saghas céanna a léirigh Alan Titley agus é ag scríobh tar éis bhás Jimmy Doyle, laoch spóirt ar "namhaid" dó féin é nuair a bhí sé i mbarr a mhaitheasa: "más é an namhaid … is gránna sam bith (*sic*.) leat é (i.e. an t-iománaí a dhéanann gaisce i do choinne), fanann ball bog binn id chroí … más ealaíontóir é go fiú má chuireann sé dealg trí lár do dhrólainne": 'Crobhingne', *The Irish Times*, 1 Iúil, 2015, 11.

[47] Is cóngaraí an dán seo, mar sin, do theagasc Apacailipsis Eoin. Féach nóta 42.

[48] *LL* iv, ll. 27027–164.

[49] Féach lch. 129, n. 52 *supra*.

[50] *LL* iv, ll. 27073–6 agus Gwynn, *Metrical Dindshenchas* 3, 244–5, ll. 45–8 (don aistriúchán).

[51] *LL* iv, ll. 27065–8 agus Gwynn, *Metrical Dindshenchas* 3, 245, ll. 37–40 (don aistriúchán): "Nert nónbuir ro boi i Criblaig. / airm i mbenad fri hirgail / ⁊ nert nonbuir samlaid. / fri slogblaid. i Sen-Garmain [The force of nine was in Criblach / where she mingled in the strife; / and the force of nine likewise, / with martial renown, in Sen-Garman]". Mar léiriú ar chumas troda na beirte, tá an íomhá

theith siadsan agus chuaigh siad i bhfolach i dteach diamhair faoi thalamh in aice le tobar.[52] Lá dar thug siad sciúrd amach as an teach sin, bhuail siad le hOisín, ghabh siad é agus thug leo mar chime go dtí an teach. Fad a bhí sé ann, iarradh ar Oisín cos sléa a scamhadh. Chaith Oisín na scamhacháin adhmaid isteach sa tobar. D'imigh na scamhacháin leis an sruth. Tháinig Fionn orthu agus d'aithin gur ó láimh a mhic a tháinig siad. Lean sé féin agus a chomplacht an sruthán go dtí gur shroich siad an tobar. Shaor siad Oisín agus mharaigh Sean-Gharman, Criobhlach agus a mac ach theith mac Shean-Gharmna agus cé gur tháinig Fionn suas leis dealraíonn sé nár mharaigh sé é.[53] Is dóigh liom go bhfuil sé intuigthe ó shoifisticiúlacht an scéil seo agus ón ilghnéitheacht móitífeanna atá ann go raibh traidisiún na Fiannaíochta mar ábhar liteartha forbartha go maith faoin am ar scríobhadh an dán seo.

Tá feicthe againn gur saothar é *An Leabhar Laighneach* a bhfuil an iltagairt léannta mar theicníc thábhachtach ann agus nach taise don ábhar ann a bhaineann leis an bhFiannaíocht i gcoitinne. Baineann an fheidhm chéanna le tagairtí do Chaoilte ann agus, dá bhrí sin, ní mór an chabhair féachaint ar na tagairtí sin gan comhthéacs an tsaothair ina iomláine a chur san áireamh. In 'Echta Lagen for Leth Cuind', is mar léiriú ar ghníomhartha móra Laighean a dhéantar tagairt d'Fhionn, do Chaoilte agus dá mhac. Léiriú ar thábhacht Chaoilte i saíocht na Laighneach é go luaitear é i measc na laochra móra a bhain leis an ríocht sin agus gurbh é a mharaigh Fothadh Airgdheach – ceannaire ardstádais mar is léir ón aidiacht "find" a nasctar lena ainm. Déantar ainm Chaoilte a cháiliú le dhá aidiacht a chuireann gnéithe suaithinseacha dá charachtar in iúl – "cosluath" agus "cairpdech".[54] Mar atá feicthe againn cheana, saincháilíocht dá chuid is ea an luas agus is cáilíocht í a chuimsíonn tréithe diamhaire: an cumas laochta; a chumas ar theorainneacha a thrasnú, go háirithe an teora idir an saol seo agus an saol eile; a ról mar theachtaire nó mar urlabhraí tábhachtach; a chumas ar dhúshlán osnádúrtha a fhreagairt nuair a bhíonn an Fhiann agus Éire i mbaol. Agus cuireann "cairpdech" in iúl gur curadh iomráiteach é a

---

seo fíoréifeachtach mar tugtar an t-eagar míleata a bhíodh ar an bhFiann chun cuimhne; féach an méid seo ag Meyer: "The larger bands seem to have been divided into companies of five or nine" (*Fianaigecht*, xi, n. 1).

[52] Déanaim talamh slán de gur teach neamhshaolta é seo agus gur turas ar an saol eile atá i gceist nuair a théann Fionn agus a chomrádaithe go dtí an teach sin.

[53] *LL* iv, l. 27147 agus *Metrical Dindṡenchas* 3, 251 (don aistriúchán): "rí Fían … ro ṅgell [the *king of the Fianna* … held him in pledge]".

[54] *LL* i, l. 7038. Féach leis *LL* iii, ll. 15745–8.

bhaineann leis an uasaicme. Tugann an tagairt ghairid seo do mharú Fhothaidh Airgdhigh ag Caoilte le tuiscint go raibh an eachtra sin ar eolas go maith ag lucht léinn agus acu siúd a raibh an saothar dírithe orthu ó scéal níos faide nó ó eipeasóid laistigh de scéal.[55] Rud eile, ní giorra an tagairt seo ná cuntas ar mharú Chúlduibh a luaitear díreach i ndiaidh na heachtra sin sa dán – rud a chiallaíonn, is dócha, go bhfeictear don fhile go bhfuil an dá eachtra ar comhthábhacht. Ní foláir nó bhí eolas ar ghníomhartha mhic Caoilte, leis, sa traidisiún mar déantar tagairt ghairid d'eachtra inar mharaigh sé laoch darbh ainm "Fiachra Cassán".[56]

Tugann tagairtí fánacha gannfhoclacha eile léargas dúinn ar ghnéithe tábhachtacha de charachtar Chaoilte – gnéithe a soláthraíonn scéalta eile i dtraidisiún na Fiannaíochta athshondas dóibh. In 'A Rí richid reidig dam', cuirtear Caoilte i láthair i dtrí rann laistigh de shliocht fada ina bhfuil ocht rann is fiche a chuireann síos ar óige Fhinn agus ar eachtraí éagsúla a bhain dó.[57] Tagraíonn an file do laoithe óna bhfuair sé cuntas ar thoscaí bhreith Chaoilte.[58] Níl a fhios againn anois an mó laoi acu sin a bhí ann ach ní foláir gur athinsint achomair den saghas a fhaightear go minic sa *Leabhar Laighneach* atá sna ranna atá anseo againn, rud a thabharfadh le tuiscint gurbh ann do thraidisiún níos substaintiúla faoi Chaoilte ag am graftha na lámhscríbhinne. Go gairid roimh na trí rann sin a bhaineann le breith Chaoilte, tugtar ceithre rann a thagraíonn do bhreith Chú Chulainn – ranna a mba dheacair tuiscint iomlán a bhaint astu muna mbeadh eolas againn ó fhoinse eile faoina bhfuil i gceist.[59] De bhrí go bhfuil 'Compert Con Culainn' againn inniu,[60] tuigimid gur tagairt ghairid don scéal sin atá i gceist. Tagann an 'Finn Episode' go gairid ina

[55] Sampla maith is ea na línte seo d'úsáid ealaíonta na meatonaime. Féach an méid seo ag Foley faoin teicníc seo: "We must be aware that such traditional structures as noun-epithet formulas bear only nominal denotative meanings, that their connotative, inherent meanings are summoned to narrative present under an agreement negotiated over generations" (*Immanent Art*, 60). Is maith a léiríonn an frása briathartha "are summoned" nádúr na healaíne atá i gceist: don léitheoir/éisteoir a bhfuil eolas fairsing aige/aici ar an traidisiún, músclaíonn an fhoirmle, "Caoilte cosluath cairpdech" athshondas saibhir mar a bheadh macalla ar an iliomad eachtraí san Fhiannaíocht agus ar shaintréithe Chaoilte. Féach nóta 17. Féach an tagairt do stádas Chaoilte sa tsochaí shochair ag 27, n. 6 *supra*.
[56] *LL* i, ll. 7056–7: "Fiachra Cassan comul ṅglé / docer la Íath m*ac* Cailte [Fiachra Cassán – it was an illustrious encounter – fell by Íath son of Caílte]" (liom féin an t-aistriúchán).
[57] *LL* iii, ll. 18015–126. Tá na ranna seo foilsithe agus aistrithe go Béarla ag Meyer in *Fianaigecht*, 46–51. Is i ll. 18087–98 atá na trí rann a bhaineann le Caoilte.
[58] *LL* iii, ll. 18087–90 agus Meyer, *Fianaigecht*, 49, §19 (don aistriúchán): "Is d'athair Chailti na celg / bo ainm Lethi Lethancherd / Cailte tacraid linn laidi / m*ac* sethar Find finchaemi [The father of Cáilte of the wiles was called Lethi Lethancherd; Cáilte, lays tell us, was the son of Finn's fair and beautiful sister]".
[59] *LL* iii, ll. 17983–98.
[60] van Hamel, *Compert Con Culainn and Other Stories*, 3–8.

dhiaidh sin sa lámhscríbhinn – eipeasóid a thugann gearrchuntas ar óige Fhinn agus ar eachtraí a gcuirtear síos orthu in 'Macgnimartha Finn'.[61] Ní bheadh sé míréasúnta, dá bhrí sin, a cheapadh gur tagairt do scéal níos faide faoi bhreith nó faoi óige Chaoilte a bhí in aigne an té a cheap na ranna seo faoin bhféinní mórchlú sin. In éagmais scéil dá leithéid sin, caithfimid bheith taobh le grinniniúchadh ar an mbeagán atá ar fáil dúinn inniu d'fhonn ciall chomh hiomlán agus is féidir a fháisceadh as, fiú má bhíonn páirt ag an tuairimíocht san iarracht sin againn. Feictear dom go mbaineann athshondas le hainm athair Chaoilte anseo – "Lethi Lethancherd".[62] Tugann *DIL* 'shoulders' s.v. *lethe*. Tharlódh, dar liom, gur leagan iolra atá i "Lethi" de *leth*, s-ghas a chiallaíonn 'cliathán' nó 'taobh'. B'fhéidir gur cheart é seo a thuiscint mar thagairt do ghuaillí leathana láidre an fhir sin. Ar ndóigh, bhí teist an nirt riamh anall ar ghaibhne agus, má ba ghabha é athair Chaoilte, mhíneodh sé sin an cumas neamhchoitianta gaibhneachta a léiríonn a mhac i gcomhthéacs osnádúrtha in 'The Lay of the Smithy'.[63] Phléamar cheana an bhaint a d'fhéadfadh a bheith idir an ghaibhneacht agus an seamanachas.[64] Agus cárbh ionadh go mbeadh lé ag Caoilte leis an seamanachas i ngeall ar an ngaol gairid idir é agus a athair altrama, Fionn?[65] Ní deirtear go díreach gurbh fhéidir le máthair Chaoilte cruth capaill a thabhairt uirthi féin ach ba dhóigh leat gur bhain cuid de nádúr an ainmhí sin léi mar go ndeirtear linn gur ag rás i gcoinne capaill an rí a bhí sí nuair a rugadh Caoilte. Tá cosúlacht an-mhór idir an scéal seo agus 'Noinden Ulad $_7$ Emuin Macha'.[66] Sa scéal sin, a raibh tionchar aige, b'fhéidir, ar scéal bhreith Chaoilte, buann Macha ar chapaill an rí agus saolaítear mac di díreach i ndiaidh an ráis. Measann Jeffrey Gantz gur "euhemerized horse goddess" í Macha ar leagan

[61] Ar na heachtraí a luaitear, tá marú Ailléin agus Aoidh mhic Fiodhga ag Fionn.
[62] B'é Rónán athair Chaoilte de réir an traidisiúin is forleithne: féach an liostáil a dhéantar ar na tagairtí do Rónán in *DF* iii, 388. Díol suime é gur "cerd" (*DIL*: "craftsman, artisan [most freq. of a gold- and silver-smith"]) ab ea athair Chaoilte, leis, de réir 'Dindšen*chus* Descirt' (*LL* iv, ll. 25478–98). "Goscen" a ghlaoitear air sa dán sin. Ní rud neamhchoitianta ar fad é go mbeadh níos mó ná ainm amháin á lua leis an duine céanna: féach gur ceithre ainm a bhí ar an Daghda ('A Rí Richid reidig dam', ll. 17935–8), bhí "Deimne" mar ainm ar Fhionn agus é óg (Meyer, *Macgnímartha Find*, 198), "Guaire" ar Oisín (Stokes, 'Find and the Phantoms', l. 5), "Iollann" go minic ar Gholl (féach *DF* iii, 373–4), agus "Daolgus" ar Chaoilte (*DF* ii, 2, 'The Lay of the Smithy', §6). In Meyer, 'Finn and Grainne', 459, tugtar "mac Oisgein *nó Con*scein" ar Chaoilte agus deirtear gurbh é "Dotrut", gabha Mhúscraí ar mhac iníne do Chumall é, a sheanathair. Tá cosúlacht mhór idir na leaganacha seo agus "Goscen", rud a threisíonn leis an tuiscint gur thug Caoilte a chumas gaibhneachta leis óna shinsear.
[63] *DF* ii, 2–15.
[64] Féach lch. 89, n. 55 *supra*.
[65] Mac deirféar d'Fhionn is ea Caoilte, mar a insítear in *LL* iii, l. 18090.
[66] *LL* ii, ll. 14547–85.

oileánach í, dar leis, den bhandia, Epona.[67] Más amhlaidh atá an scéal, is pearsa leathdhiaga í Macha nó, ar a laghad, baineann buanna osnádúrtha léi. B'fhurasta a shamhlú, mar sin, go mbaineann gné osnádúrtha le máthair Chaoilte agus, dá réir sin, le Caoilte féin. Sholáthródh sin míniú ar chuid de na tréithe suaithinseacha ann a luamar cheana: an gaol speisialta atá aige, de réir dealraimh, le Tuatha Dé Danann, gné an tseamanachais, a chumas ar an teora idir an saol seo agus an saol eile a thrasnú agus a chumas ar fhórsaí mioscaiseacha a chloí le draíocht.[68] Ní hionadh ar bith, i ngeall ar an dúchas fordhaonna atá ann agus ar an bhfolaíocht eisceachtúil a bhaineann leis, go mbeadh na haidiachtaí "cáid" ("holy, noble, pure") agus "segda" ("lucky, happy") á lua leis. Mar le feabhas agus le huaisleacht a mhuintire, cuirtear é ar leibhéal níos airde ná an chuid eile d'fhiann Fhinn.[69] Pé brí a bhainfear as na focail "Cailte na celg",[70] is léir ón gcomhthéacs adhmholtach nach aon chiall diúltach is ceart a bhaint as. Tá áitithe agam cheana go bhfreagraíonn an frása cáilithe seo, b'fhéidir, do nádúr an chleasaí ann.[71]

Más tanaí mídheimhneach í an fhianaise a sholáthraíonn a bhfuil in 'A Rí Richid reidig dam', maidir le Caoilte, feictear dom, mar sin féin, go dtacaíonn fianaise eile ón *Leabhar Laighneach* leis na tátail sealadacha a bhaineamar go dtí seo. Maidir lena stádas mar ardcheannaire den phór is airde, tugann 'Find Taulcha' agus an réamhrá gairid a chuirtear leis pictiúr a fhreagraíonn go maith don léamh a thugann

[67] *Early Irish Myths and Sagas*, 127. Féach an plé cuimsitheach ar na leaganacha éagsúla de scéal Mhacha, bean Chrunnchon/Chruinn in Toner, 'Macha and the Invention of Myth', 81–98. Ní ghéilleann Toner go bhfuil baint sheanbhunaithe sa traidisiún ag an bpearsa seo le hEpona. Féach, leis, an anailís ag Carey ar phearsana diadha in 'Notes on the Irish War-Goddess', mar a bpléitear Macha, bean Chrunnchon i measc pearsan eile a bhfuil Macha mar ainm orthu agus a mbíonn feidhmeanna contrártha acu – mar bhandéithe cogaidh agus mar ionchollú ar an torthúlacht. Seo mar a deir sé: "here we are concerned with the equation of the war-goddess and the land-goddess … Warfare and the land, horror and beauty, fertility and death are the antitheses that define the goddesses. Such a series of associations seems to reflect a conception of the world in its totality: the theatre of unending conflict, in which oppositions can be neither disentangled or ignored" (ibid., 274–5).

[68] Féach lgh. 49–50 agus 56–7 *supra*.

[69] Féach *LL* iii, ll. 18093–8 agus Meyer, *Fianaigecht*, 49, §§20–21 (don aistriúchán): "and sin rucad Cailti cáid / i n-oenuch corcra Colmáin. / Is é oenfer d'fíannaib Find / cusa mberar genelach grind. / in Cailtesin segda de. / uad ra chinset Cailtraige [then worthy Cáilte was born, at the glorious fair of Colman. He is the only one of the *fiana* of Finn up to whom a pleasant pedigree is carried, that Cáilte – happy event! – from him sprang the Cáiltraige]". Féach an iontráil seo in Hogan, *Onomasticon Goedelicum*, 140: "**cailtrige**; i Tírib na nAirther, in Connacht" agus Ó Riain, Ó Murchadha, agus Murray, *Historical Dictionary of Gaelic Placenames*, *s.v*: "**Caoiltrighe** (*Desc. of Caoilte*) Tribal group, prob. in bb. Orior, AH. *Cailte ... genus qui Cailtrige nuncupatus quia sunt hi tirib na nAirther ⁊ con-achtar na Temra*, ZCP 21, 310 (= TCD H.2.7, col. 158.2 – 159.4)". Sna ginealaigh amháin atá an traidisiún seo le fáil, áfach.

[70] *LL* iii, l. 18087.

[71] Féach 108–16 *supra*.

Gilla in Choimded hua Cormaic. Is ó Nuadha Neacht, sinsear iomráiteach na Laighneach agus rí Teamhrach, a síolraíodh Fionn agus Caoilte, fianaise a luaitear údarás Sheancháin Toirpéist féin leis: "**Et** is ua do Nuadait N*echt* Find .h. Baiscni. **Et** Cailte ut Sench*an* Tor*peist* c*ecinit* [And Finn grandson of Baíscne is the descendant of Nuadu Necht as is Caílte, as Senchán Toirpéist sang]".[72] Sa dán a leanann an méid sin agus a luaitear le Seanchán Toirpéist, deimhnítear gur "t*r*i h Nuadat Necht [three descendants of Nuadu Necht]" iad Fionn, Taulcha agus Caoilte agus gur laochra fíochmhara buacacha a bhí iontu.[73] Tá léamh fíorshuimiúil ar an dán gairid seo ag Daithí Ó hÓgáin: "this early reference groups the three together as if they constituted a unit".[74] Tagraíonn Ó hÓgáin do ról Chaoilte in 'Finn and Grainne' agus deir:

> It is as if Caoilte were intimately involved in the way Fionn gained power, and this is what we would expect, given his close connection with Fionn from early times. One is tempted to regard Tulcha and himself as having originally been actual extensions of Fionn, and to suspect that this fianna triad was a conversion of a triplicated divine Fionn. Thus the three Fionns of mythology ... would have been manifested in the sixth century martialised context as the three-man warrior group Fionn, Tulcha, and Caoilte, with wisdom, fighting, and athletics, respectively, as their chief qualities.[75]

Pé acu a bhfuil nó nach bhfuil an ceart ag an Ógánach sa mhéid sin, níl dabht, dar liom, ná go gcuireann an téacs seo, a sholáthraíonn, is dócha, an chéad thagairt shoiléir d'Fhionn, Caoilte ar chéim chomh hard leis an rífheinní.

Is cosúil, dar le Meyer, nach rófhada roimh lár an 12ú céad a cumadh 'Bec innocht lúth mo dá lúa' a d'fhoilsigh sé i 1904.[76] Murab ionann is 'Find Taulcha', tá téama na seanaoise go láidir anseo; cé go ndéantar gníomhartha gaile Chaoilte agus a fhíorcharad Oisín a cheiliúradh, is ar mheath na hóige agus an nirt – téama coitianta sa luath-Fhiannaíocht – atá an bhéim. Luaitear saincháilíocht an luais ag Caoilte anseo chomh maith lena chumas troda agus a dhílseacht d'Fhionn. Tá áit Thaulcha

[72] *LL* vi, ll. 39657–8 (liom féin an t-aistriúchán).
[73] Ibid., ll. 39659–62. Deartháir d'Fhionn ab ea "Tulcha" (Meyer, *Macgnímartha Find*, 198 agus 200).
[74] *Fionn mac Cumhaill: Images of a Gaelic Hero*, 177.
[75] Ibid., 179. Braitheann an t-áiteamh seo ag an Ógánach ar an tuiscint gur ainm duine atá in "Taulcha". Is cosúla, áfach, dar le Ó Murchadha, gur logainm atá i gceist. Féach lch. 139, n. 17 *supra*.
[76] 'Cáilte cecinit', 72–3. Tá cóip den dán in *LL* iv, ll. 29414–30.

(ach, mar atá feicthe againn, ní féidir bheith cinnte gur ainm duine seachas logainm atá i gceist) tógtha anois ag Oisín agus is triúr speisialta atá á lua: Fionn, Oisín agus Caoilte. Cuirtear na ranna seo i láthair sa lámhscríbhinn laistigh de ghrúpa beag dánta a léiríonn téamaí a fhaightear go coitianta in *Acallam na Senórach* agus san Fhiannaíocht trí na haoiseanna. Dán molta ar thriúr taoiseach Aird Ruidhe, agus é curtha i mbéal Fhinn is ea 'Tri tuli', an chéad dán sa ghrúpa sin.[77] Is suimiúil an chaoi a ndéantar liostáil i ngrúpaí de thrí ar na buanna agus na daoine a luaitear sa dán sin agus gur leis an bhfocal "trí" a thosaíonn sé cinn de na deich rann atá ann. Leis sin, is é an focal "trí" a sholáthraíonn an dúnadh. Tugann sé seo léamh an Ógánaigh ar 'Find Taulcha' agus ar 'Finn and Grainne' chun cuimhne mar aon le gnéithe de 'Bec innocht lúth mo da lua'. Tugtar le tuiscint gur buanna agus cumhacht osnádúrtha nó leathdhiaga, b'fhéidir, a shamhlaítear le triúr flaith Aird Ruidhe. Faightear anseo cuntas fileata ar luachanna na Féinne – an chrógacht, an fhírinne, an dúil sa tseilg. Déantar téamaí coitianta eile a chur i láthair ann chomh maith: rásaíocht, aoibhneas an cheoil, torthúlacht na talún,[78] ól agus comhluadar soilbhir. Ach is é an téama *ubi sunt?* atá in uachtar mar nach maireann an triúr taoiseach, de réir cosúlachta, agus go bhfuil an saol suairc a bhíodh in Aird Ruidhe lena ré imithe gan filleadh.[79] Fágann sin sa deireadh nach aon chumhacht bhuan a bhain leis an triúr atá á moladh ag Fionn ach oiread leis féin agus leis an bhFiann, rud a léirítear go minic san *Acallam* agus san Fhiannaíocht i gcoitinne.

Díreach i ndiaidh an dáin sin sa lámhscríbhinn faightear 'Oenach indiu luid an rí',[80] a bhfuil 53 rann ann agus a thugann cuntas ar thuras scanrúil ar an saol eile.

---

[77] *LL* iv, ll. 29046–88. Féach, leis, Gwynn, *Metrical Dindshenchas* 4, 368–71 agus Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 445–66.

[78] Féach an chosúlacht idir na línte seo a leanas agus an cuntas ar an meas a chuireann Eo Mughna de: "cnuas ic tuttim. cnuas na bláth. / c*nua*s gnáth. ⁊ c*nua*s abbaig [a crop falling., another in flower – an unfailing crop – and a ripe crop]" (*LL* iv, ll. 29065–8); agus "docuirethar téora frossa toraid tria chéo, comba lán a m-mag forsa tá fo thrí dia d*air*mes; ⁊ in tan dofuit in derco dédenach de, is ann dotóet bláth na dercan toísigi fair [it produces three showers of fruit through its mist until the plain is filled three times with its mast and when the last acorn falls from it, it is then that the blossom of the first acorn of (the next crop) comes out]"(Vendryes, *Airne Fíngein*, ll. 45–50; liom féin an t-aistriúchán). Mar seo atá in Gwynn, *Metrical Dindshenchas* 4, 369–70: "Trí cnúasa / bítis ann úasa ṡlattaib, / cnúas ic tuitim, foram ngnáth, / cnúas fo bláth is cnúas abbaig. [Three crops of fruit there were upon the boughs in due course; a crop just falling, a crop flowering, and a crop ripening]". Crann diamhair is ea Eo Mughna lena mbaineann cáilíocht osnádúrtha agus a bhfuil ceangal idir é agus saolú Choinn Chéadchathaigh. Is móide teist an triúir atá á moladh an nasc seo le hEo Mughna agus le Conn.

[79] Cloím anseo leis an litriú a thugtar in Ó Riain, Ó Murchadha agus Murray, *Historical Dictionary of Gaelic Placenames*, i, 40.

[80] Foilsithe ag Stokes le haistriúchán Béarla faoin teideal 'Find and the Phantoms'; féach lgh. 82–6 *supra*. Féach, leis, Ó Síocháin, 'Translating *Find and the Phantoms*'.

Feicimid an triúr sin: Fionn, Oisín agus Caoilte le chéile anseo arís,[81] cuirtear béim ar luas Chaoilte agus Oisín agus ar bhua feasa Fhinn. Faightear go leor de théamaí coitianta eile na Fiannaíochta anseo arís: acmhainn troda na laoch, an dílseacht, an fhéile agus an toirbheartas, rásaíocht, logainmneacha, cruatan, dainséar agus meath na hóige. Faighimid in 'Oenach indiu luid an rí' ceann de na heachtraí is mó le rá, taobh amuigh den *Acallam*, a bhfuil páirt mhór ag Caoilte inti. Tá leagan den eachtra chéanna foilsithe le haistriuchán Béarla ag MacNeill.[82] I mbéal Oisín (a dtugtar Guaire Dall air sa dá leagan) a chuirtear an scéal agus, cé nach luaitear an t-éisteoir, is é is dóichí gurb é Pádraig atá i gceist. Tá áitithe agam cheana (lgh. 77–94 *supra*) go mbaineann a lán de cháilíochtaí an turais sheamanaigh leis an eachtra seo ach más seaman é Caoilte, níl ann fós ach printíseach neamhfhoirfe, mar deir sé nach mbeadh sé féin ná Oisín tagtha slán ón dainséar a bhuail leo ar an turas neamhshaolta murach Fionn.[83]

Leanann scéal eile a bhaineann le heachtraí osnádúrtha an laoi sin.[84] Tá leagan den scéal sin in *Acallam na Senórach*.[85] Sa *Leabhar Laighneach*, tugtar cuntas ar thriúr laoch ón Ioruaith a tháinig go hÉirinn agus cú iontach acu. Baineann buanna iomadúla leis an gcú sin, faoi mar a bhaineann leis an gcú sa leagan a fhaightear san *Acallam*: mar shampla, is féidir léi fíon a dhéanamh as fíoruisce. Ach maraíonn an triúr óglach fear darb ainm Dubhán mac Breasail i ngan fhios don Fhiann. Faigheann Fionn eolas ar fhírinne an scéil trína dhéad feasa agus iarrann éiric orthu i mbás Dhubháin. Geallann an triúr an chú a thabhairt dó mar chúiteamh ach, ina ionad sin, maraíonn siad an chú agus tugann a craiceann leo thar lear. Leanann Fionn agus a

[81] Féach gurb iad an triúr céanna atá i gceist i scéal dinnseanchais faoin scrios agus faoin marú a rinne "Unchi Ochairbél mac Uargusa" in áit darb ainm "Druim nÉn". Tá an chosúlacht ar an scéal gur neach neamhshaolta é "Unchi" mar ní labhradh sé ach "tri lathi *7* tri aidchi ria Samain *7* iar Samuin [for three days and three nights before *samain* and after *samain*]" agus thugadh réamheolas ar imeachtaí na bliana mar a dhéanfadh fáidh. Chuaigh Fionn, Oisín agus Caoilte sa tóir air agus mharaigh é féin agus an fear is fiche a bhí in éinéacht leis. Díol suntais é gur mharaigh gach duine den triúr seachtar, agus gurbh iad Oisín agus Caoilte a mharaigh "Unchi Ochairbél" féin, toisc gur gortaíodh Fionn go dona sa choimheascar. D'fhágfadh sé seo an bheirt fhear gaoil ar comhchéim le Fionn nó, go deimhin féin, beagán chun tosaigh air maidir lena gcumas troda (*LL* iv, ll. 26063–6). Is fiú suntas a thabhairt don chomhfhocal aidiachtach "cnesgel" (l. 26089) a nasctar le hainm Chaoilte i ndán Fhinn a leanann an cuntas próis. Cuireann an buafhocal fileata seo béim ar cháilíocht laochta Chaoilte. Féach McManus, 'Good-looking and Irresistible', 80: "Beauty, of course, is a guarantee of regal or heroic qualities".
[82] *DF* i, 28–30 agus 127–30.
[83] Féach lch. 85, n. 36 *supra*.
[84] *LL* iv, ll. 29301–413: 'Dám thrír táncatar ille'.
[85] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 5452–515, 5617–24 agus 6083–269.

shlua iad agus maraíonn siad iad.[86] I ndiaidh an dáin sin sa lámhscríbhinn, faightear dán i mbéal Oisín: 'Tuislit*ir* mo derca súain', a bhfuil eagrán de mar aon le haistriúchán Béarla a rinne W.F. Skene foilsithe ag E. Windisch.[87] Cuntas ar mharú toirc atá sa dán neamhchoitianta seo; tá gach cuma ar an scéal gur neach neamhshaolta atá sa mhuc mar gheall ar an méid ábhalmhór atá inti:

> Meit is ri habraid a derc
> méit is ri mess a fert fo.
>
> Large as a cauldron was each eye, large as a vessel the hollow beneath (?).[88]

Is i ndiaidh an dáin sin a chuirtear 'Bec innocht lúth mo da lua' i láthair agus cuirtear clabhsúr ar an rogha dánta Fiannaíochta ó 206[a]28 go dtí 208[a]52 le cur síos gairid i bhfoirm véarsaíochta i mbéal Mhic Leisc mhic Lodáin ar dhoineann an gheimhridh:

> Fúit co bráth
> ro dáil in donend ar cách
> is áth cach n-ettrigi n-án.
> 7 is lind lán ca*ch* n-áth.
>
> [Unending cold
> the bad weather has bestowed on all;
> every bright channel is a ford
> every ford is a deep pool].[89]

Agus iad a thógaint le chéile, tá cuma ar an nglac bheag dánta seo gur chun léiriú ionadaíoch a thabhairt ar éagsúlacht ábhar na Fiannaíochta a cuireadh le chéile anseo iad. Más chuige sin a roghnaíodh iad, tá sé le tuiscint gur bhain tábhacht mhór le Caoilte in aigne an scríobhaí mar go bhfuil sé i gceist in dhá cheann de na dánta sin agus go bhfuil páirt mhór aige sa dán is faide díobh. Tá páirt tábhachtach ag Caoilte

[86] Féach an plé atá ag Ó hÓgáin ar an scéal seo agus an chomparáid aige idir é agus an leagan san *Acallam*, in *Fionn mac Cumhaill: Images of the Gaelic Hero*, 185–8.
[87] *Irische Texte*, i, 162–4.
[88] *LL* iv, ll. 29405–6 agus *Irische Texte*, i, 164 (don aistriúchán).
[89] *LL* iv, ll. 29435–8 (liom féin an t-aistriúchán). Tá leagan den dán seo bunaithe ar an téacs in LS Rawlinson B 502 foilsithe ag Meyer mar aon le haistriúchán Béarla in *Four Old-Irish Songs of Summer and Winter*, 18–19. Féach, leis, Carney, 'Three Old Irish Accentual Poems', 33–8.

sa dán fada, ‘Snám Da Én na éoin dia tá’ ina dtugtar dhá mhíniú dhifriúla ar an logainm.[90] Cúlra Rúraíochta atá ag an gcéad cheann agus bunaítear an dara míniú ar eachtra Fiannaíochta. Ní hamháin go bhfaightear an dá mhórshruth seo le chéile laistigh den dán céanna ach tá nasc follasach eile idir an dá thraidisiún laistigh den chuid a bhaineann leis an bhFiannaíocht. Deirtear linn gur beirt mhac le Meadhbh agus le hOilill iad Ramhar agus Caol, cúntóirí Chonáin nuair a throid sé Aodh mac Rónáin agus gurbh í an bhean chéanna a bhí mar mháthair altrama ag an triúr sin.[91] Tamall roimh an eachtra sin, thug Caoilte aghaidh ar Aodh mac Rónáin i gcomhrac aonair in áit Fhinn. Is amhlaidh a mharaigh Aodh triúr de mhórlaochra na Féinne agus bhí de theist air nach raibh fear in Éirinn nach gcloífeadh sé. Bhí Fionn sásta é a throid, áfach, ach ní ligfeadh Caoilte dó sin a dhéanamh. Thug Caoilte aghaidh ar Aodh agus d’iarr seisean síocháin. Gheall Caoilte sin dó agus chuir iachall ar Fhionn lámh a chroitheadh le hAodh, ar shean-namhaid don rífhéiní é. Tá léiriú san eipeasóid seo ar chuid de na príomhthréithe a bhaineann le Caoilte san Fhiannaíocht i gcoitinne: a dhílseacht d’Fhionn, a chrógacht, agus a ardchumas troda. Ina theannta sin, is fear déanta síochána agus réitigh é agus tá sé ar stádas níos airde ná laochra eile na Féinne ach amháin Fionn a gcuirtear ar chomhchéim leis ba dhóigh leat, anseo.

Saothar as an gcoitiantacht é *An Leabhar Laighneach* ar *tour de force* léannta é agus taispeántas maíteach ar shaibhreas ilghnéitheach na saíochta ársa Gaelaí. Saothar é a cuireadh i dtoll a chéile, mar atá feicthe againn, nuair a bhí Éire ar thairseach athruithe suntasacha agus saothar deireadh ré atá ann, dá bhrí sin.[92] Ar a shon sin, tugadh faoi iniúchadh a dhéanamh ar ábhar na Fiannaíochta sa *Leabhar Laighneach* mar shúil go bhfaighfí léargas ar an seasamh a bhí ag an bhFiannaíocht sa saol lenar bhain sé agus le súil go bhfaighfí amach an bhfuil leanúnachas le feiceáil idir an traidisiún réamh- agus iar-*Leabhar Laighneach*. Chonaiceamar gur saincháilíocht de chuid *An Leabhar Laighneach* an stíl thagrach a bhaineann leis. I bhfocail eile, ní

[90] *LL* iv, ll. 28323–551. Féach, leis, Gwynn, *Metrical Dindshenchas* 4, 350–67.
[91] *LL* iv, ll. 28532–5.
[92] Féach Schlüter, *History or Fable?*, 176–7: “The bearers of memory are by no means shy to assert their importance … Knowledge of *senchas* is easy to them … Without them, access to the most remote memories would not be possible. This fits very well with the changing situation in Irish learned life at the time of the compilation of the Book of Leinster whose compilers felt that the intimate connection of learning and the monasteries was no longer self-evident and that they therefore needed to assert their importance and their merits to themselves and to a wider audience”. Maidir le feidhmeanna na cuimhne i gcomhthéacs athruithe sóisialta, féach lgh. 5–9 *supra*.

tábhachtaí insint ná lua ann nuair is ceiliúradh a bhíonn i gceist. Is léir nach bhféadfadh an teicníc thagrach seo feidhmiú ar aon bhealach fónta mura mbeadh cur amach fairsing ag an spriocphobal léitheoireachta nó éisteachta ar na heachtraí a luaitear, rud a thugann le tuiscint gurbh ann do thraidisiún fairsing saibhir a bhain leis an bhFiannaíocht faoin am ar grafadh *An Leabhar Laighneach*.

Mar atá feicthe againn, faightear tagairt don Fhiann i dtrí chineál téacs sa *Leabhar Laighneach*: eachtraí a bhfuil páirt lárnach ag an bhFiann iontu agus gur orthu atá an príomhfhócas (mar shampla 'Oenach indiu luid an rí'); téacsanna dinnseanchais a bhfuil páirt mhór ag an bhFiann iontu ach a bhfuil fócas iontu ar an tsainiúlacht a bhaineann le háiteanna faoi leith (mar shampla, 'Dindṡenchas Tiprat Sengarmna 7 a hAided cona ceathrur 7 C*u*mrech Ossine'); agus tagairtí fánacha gannfhoclacha arb é feidhm atá leo ná athshondas a chruthú trí eachtraí a raibh eolas go forleathan orthu ag an spriocphobal léitheoireachta/éisteachta, ní foláir, a thabhairt chun cuimhne. Léiriú ar thábhacht Chaoilte sa traidisiún é go gcuirtear inár láthair é ar bhealach suntasach i ngach ceann de na trí chinéal sin téacs. Idir tagairtí gonta agus aithris níos iomláine sa *Leabhar Laighneach*, tá léiriú ar a lán de na cáilíochtaí agus de na saintréithe sin ag Caoilte agus ag an bhFiann a bhfaighimid pictiúr níos iomláine díobh san *Acallam*, i *nDuanaire Finn* agus i saothair eile ar déanaí agus ar luaithe ná an 12ú céad iad. Ina theannta sin, tá gach cuma ar an scéal, mar atá feicthe againn, go raibh páirt shuntasach ag Caoilte sa traidisiún faoin am ar cuireadh *An Leabhar Laighneach* i dtoll a chéile. Tá le fáil anseo, leis, léiriú, fiú más léiriú teoranta ar uairibh é, ar roinnt mhaith de na mórthéamaí a forbraíodh i samplaí níos déanaí den Fhiannaíocht. Fágann seo leanúnachas nach beag idir na samplaí réamh- agus iar-Normanacha den Fhiannaíocht. Mar gheall ar an ardmheas ar gach brainse den léann a bhí aige siúd (nó acu siúd) a ghraf an lámhscríbhinn tábhachtach seo agus mar gheall ar an bhféinmhuinín agus ar an mórtas cine atá le feiceáil go soiléir sa saothar, níorbh fhéidir leis an scríobhaí/na scríobhaithe an chuid den traidisiún a raibh gnéithe de bun os cionn le luachanna na Críostaíochta a chur i leataoibh. Mar gheall air sin, is go caoinfhulangach a chaitear leis an oidhreacht réamhChríostaí sa tslí go bhfuil an meon iniatach sin a léirítear san *Acallam* agus toil an chomhréitigh idir cill agus sliabh, ar sainghnéithe den mhórshaothar sin iad, le feiceáil san ionramháil a dhéantar ar ábhar a bhaineann leis an bhFiannaíocht agus le saíocht na ré réamhChríostaí sa *Leabhar Laighneach*. Má tá na samplaí den Fhiannaíocht sa

saothar sin beagán scáinte, mar sin féin, soláthraíonn siad fianaise gurbh ann do thraidisiún saibhir bisiúil a bhain leis an bhFiannaíocht faoin am ar chuaigh Aodh mac mic Criomhthain agus a chomhghleacaithe i mbun an phinn.

Sa chomhthéacs seo, díol suime é comparáid a dhéanamh idir a bhfuil d'ábhar a bhaineann leis an bhFiannaíocht sa *Leabhar Laighneach* agus a bhfuil den ábhar céanna in dhá lámhscríbhinn tábhachtacha eile ón meánaois réamh-Normannach: *Lebor na hUidre* agus *Lebar Glinne Dá Locha* (*Rawlinson B. 502*). Dhá théacs a bhfuil ábhar den chineál sin iontu atá i *Lebor na hUidre*: 'Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán ocus aní dia:fil Aidid Fothaid Airgtig a Scél só sís', (133a^{25}–133b^{17}),[93] agus 'Fotha Catha Cnucha' (41b^{9}–42a^{11}).[94] Sa chéad scéal acu sin, filleann Caoilte ar ais ón mbás chun aighneas idir Mongán (ar ionchollú d'Fhionn é, de réir an scéil seo) agus Forgholl file faoi mharú Fhothaidh Airgdhigh a réiteach. Cuirtear síos sa dara ceann ar an gcath inar maraíodh athair Fhinn agus ar óige Fhinn go dtí gur tugadh Almhain Laighean dó in éiric a athar agus go ndearna sé síocháin le Goll lenar thit Cumhall sa chath sin. Faightear dornán beag míreanna i bhfoirm próis agus filíochta a bhfuil ábhar a bhaineann leis an bhFiannaíocht iontu i *Lebar Glinne Dá Locha*. Luaitear marú Aoidh mhic Fhiadhaigh ag Fionn, agus marú Fhothaidh Airgdhigh ag Caoilte. Tagraítear leis do "Iath mac Cāilte" a mharaigh "Fiachra Casán" laistigh de chuntas ar ghníomhartha gaile laoch Laighean in 'Do Chomramaib Laigen inso sís'.[95] Faightear sa lámhscríbhinn chéanna, scéal faoi Leasc mac Lodáin agus Fionn, mar aon leis an dá dhán, 'Fuitt co bráth', dán faoin ngeimhreadh, agus 'Tánic sam', a bhfuil aoibhneas an tsamhraidh mar théama ann.[96] I mbéal Fhinn a chuirtear an dán sin.[97] Tugtar i *Lebar Glinne Dá Locha* chomh maith cuntas ar ghinealach Fhinn agus cuntais difriúla ar ghinealach na bhFothadh.[98] Léiriú an-teoranta a fhaightear ar an bhFiannaíocht, mar sin, sa dá lámhscríbhinn tábhachtacha sin.

[93] Best agus Bergin, *Lebor na hUidre*, 334–5. Féach, leis, White, 'Scél as-a:mBerar Combad hé Find mac Cumaill Mongán ocus aní dia:fil Aidid Fothaid Airgtig a Scél só sís'.
[94] Best agus Bergin, *Lebor na hUidre*, 101–3. Féach, leis Hennessy, 'The Battle of Cnucha'.
[95] Féach Meyer, 'Mitteilungen aus irischen Handschriften' (1912), 118, §20.
[96] Féach Meyer, *Four Songs of Summer and Winter*, 18–23 agus Carney, 'Three Old Irish Accentual Poems', 43–7. Féach nóta 89.
[97] Carney, 'Three Old Irish Accentual Poems', 38.
[98] Féach O'Brien *Corpus Genealogiarum Hiberniae*, 99–100 agus 264–7.

Más fairsinge an léiriú a dhéantar ar an bhFiannaíocht sa *Leabhar Laighneach* ná i *Lebor na hUidre* agus i *Lebar Glinne Dá Locha*, is cosúil gurb é an dinnseanchas, ar mó go mór an pháirt atá aige sa *Leabhar Laighneach* ná sa dá lámhscríbhinn eile, is fearr a sholáthraíonn míniú ar an difríocht sin. Cuid tábhachtach de thraidisiún na Fiannaíochta is ea an dinnseanchas a iompraíonn gnéithe éagsúla den tsaíocht dúchasach – uaireanta trí thagairtí gonta den chineál a luamar agus uaireanta eile trí insint níos iomláine ar eachtraí éagsúla. Ach baineann feidhm chruthaitheach leis an dinnseanchas ó thaobh cumadóireachta agus athinste araon de, mar a léiríonn Toner agus Baumgarten.[99] Léiríonn Mac Cana an pháirt lárnach a bhí ag an dinnseanchas mar chóras caomhnaithe agus mar innéacs do ghnéithe den traidisiún agus mar uirlis in oiliúint na bhfilí, agus tugann le tuiscint gur bhain bunús deasghnách leis.[100] D'fhág seo gur uirlis shároiriúnach a bhí sa dinnseanchas maidir le forbairt na Fiannaíochta agus maidir le cruthú fráma tagartha a chinnteodh gné imeanach don litríocht sin.[101] Sainghné den Fhiannaíocht i gcoitinne agus den *Acallam* go háirithe is ea an tsíorthagairt d'eachtraí, d'áiteanna agus do phearsana a bhfuil cur amach cheana ag an éisteoir/orthu, ní foláir, agus úsáid téamaí agus móitífeanna aithnidiúla – rud a shaibhríonn go mór a (h)eispéireas aeistéitiuil. Faoi mar atá léirithe ag Schlüter, ní haon tuiscint chúng a bhí ag scríobhaithe *An Leabhar Laighneach* ar an dinnseanchas, mar gur seánra solúbtha acu é arbh fhurasta é a nascadh le brainsí eile den léann.[102] Baineann sainbhlas go minic le húsáid an dinnseanchais a bhronnann

[99] Toner, 'Macha and the Invention of Myth', 83: "The nature of placename lore, both within the *Dindshenchas* and in other narrative texts, is such that characters in stories can be generated from existing placenames almost on demand". Féach leis Baumgarten, 'Etymological Aetiology in Irish Tradition', 121–2: "one could say … that names are moved from denotation to connotation – or, better, moved from their tagging function into actualized context where they function according to the scholar's or the narrator's intentions and requirements … (Etymology) represents a major source of Irish literary creation".

[100] *The Learned Tales of Medieval Ireland*, 27: "there can be little doubt that the Irish landscape and *dindshenchas* … which was its collective reflex in tribal myth and history served together as an effective mnemonic index and treasury of a great part of native tradition. *Dindsheanchas* had its place in the curriculum of the schools of *filidecht* … At least some of this placename lore belonged originally to ritual, the area *par excellence* in which tale and circumstance are wedded".

[101] Féach nóta 17. Féach, leis, Murray, 'Genre Construction', mar a léirítear forluiteacht an dinnnseanchais agus na Fiannaíochta agus an chaoi a ndeachaidh forbairt an dinnseanchais chun tairbhe don fhorás a tháinig ar an bhFiannaíocht i ré na Meán-Ghaeilge. Léiríonn Murray chomh maith go raibh an Fhiannaíocht á saothrú go forleathan, fiú mas ionad imeallach féin a bhí aici, i ré na Sean-Ghaeilge (ibid., 17). Féach, leis idem, 'Placenames in the Early *Fianaigecht* Corpus' agus, go háirithe, tátal seo an údair: "This … excursus through some of the early *fianaigecht* tales shows the centrality of placenames, and particularly the *dindshenchas* tradition, to both the creation and dissemination of much of this literature" (457).

[102] Féach *History or Fable?*, 152, mar a léirítear an tuairim seo: "the scribes' sense of *dindṡenchas* was wider and tended to emphasise the element of *senchas* rather than that of *dind* so that *dindṡenchas* items could be easily combined with poems from other branches of *senchas*". Féach,

mar a bheadh pearsantacht diamhair osnádúrtha ar na háiteanna a luaitear agus ar Éirinn trí chéile, a ndaingníonn an dinnseanchas ceangal misteach idir í agus na pearsana miotasacha agus stairiúla a luaitear. Is éard a fheicimid sa dinnseanchas ná an ithir thorthúil ina bhfuil an *Acallam* agus saothair eile de chuid na Fiannaíochta préamhaithe.[103] Sainghné den *Acallam* is ea an tslí chruthaitheach a gcuirtear traidisiún an dinnseanchais chun tairbhe maidir le mórshaothar ilghnéitheach, ildathach a chur ar fáil – saothar a mbaineann, fós, aontacht téamúil leis. Faoi mar atá feichte againn cheana, tá fianaise nach beag sa *Leabhar Laighneach* gur pearsa thábhachtach de chuid na Fiannaíochta ab ea Caoilte faoi am a scríofa agus gurbh ann do thraidisiún láidir a bhronn ról suntasach air – má ba ról tánaisteach féin é – traidisiún a bhfuil cuid mhór de caillte anois orainn, is dócha. Is san *Acallam* a fheicimid *apogée* na forbartha a tháinig ar ról Chaoilte atá ina mháistir ar shaíocht ilghnéitheach a mhuintire agus a mbíonn an dinnseanchas mar phríomhtheannta aige lena chuid scéalaíochta.[104]

leis, an méid seo ag Murphy, *DF* iii, lxi, a thugann le tuiscint nach aon teora dhocht a bhí idir brainsí éagsúla den seanchas: "In the 11th century … there is an extraordinary number of references to Fionn in poems of the Dindshenchas type and in other poems and prose jottings of the pseudo-historical school. During this century Fionn was probably definitely placed in the pseudo-historical scheme".

[103] Féach Ní Shéaghdha, *Agallamh na Seánórach*, i, ix–xi.

[104] I leaganacha déanacha den *Agallamh*, áfach, cúlaíonn Caoilte arís agus tagann Oisín chun tosaigh mar phríomh-*raconteur* faoi mar a léiríonn Ní Shéaghdha (*Agallamh na Seanórach*, i, xx). Cé go bhfuil páirt tábhachtach aige i roinnt de laoithe *Duanaire Finn* (m.sh. VII 'Caoilte's Mischief-Making', XIII 'The Headless Phantoms' agus XVII 'Caoilte's Urn'), ní fheictear arís stádas ná tábhacht aige mar atá aige in *Acallam na Senórach*.

Conclúid

Chuireas romham sa tráchtas seo léiriú a dhéanamh ar na tréithe agus na feidhmeanna is suntasaí a luaitear le Caoilte sa tréimhse a bhí faoi staidéar agam.[1] Ní furasta a thréithe ná a nádúr a léiriú go beacht, áfach. Ar thaobh a mháthar, deirtear linn gur féidir a shinsear a ríomh siar go dtí Nuadha Neacht, mórphearsa de chuid Thuatha Dé Danann.[2] De réir tuairiscí áirithe, chleacht a athair nó a sheanathair an ghaibhneacht, ceird a mbaineann cumhacht osnádúrtha léi, de réir an traidisiúin.[3] D'fhágfadh seo Caoilte ar scaradh gabhail idir saol na ndaonnaithe agus an an saol osnádúrtha i limistéar éiginnte tairseachúil. Deacracht eile ná an easpa idirdhealaithe a bhíonn i gceist go minic idir mórphearsana na Fiannaíochta a mbaineann a lán de na dea-thréithe céanna leo, mar atá feicthe againn cheana, sa tslí gurbh fhéidir a rá fúthu gur frithchaitheamh iad dá gceannaire Fionn.[4] Ach is féidir a leithéid chéanna a rá i dtaobh a lán de na carachtair a bhuaileann linn i seanlitríocht na Gaeilge. Seo mar a deir Marie-Louise Sjoestedt faoi phearsana na miotaseolaíochta Gaelaí: "(they are) a multitude of ill-defined mythological figures, whose activities are not clearly differentiated".[5]

Ní lochtaíonn sin an Fhiannaíocht, áfach, mar baineann solúbthacht suntasach leis an tslí a láimhsítear na pearsana laistigh den fhráma coiteann atá i gceist. Mar shampla, cuirtear béim ar óige, ar neamhfhoirfeacht agus ar mhístuaim Chaoilte in 'Find and the Phantoms' sa tslí go léirítear an difríocht idir an seaman cruthanta, Fionn, agus an nóibhíseach.[6] Ach is mar fhear an-stuama a fheicimid é san eachtra ina gcuireann sé comhairle chiallmhar ar Fhionn, a bhí meáite ar Fhionn Bán agus a mhuintir a chur chun báis go héagórach.[7] Léirítear nádúr cleasach Chaoilte nuair is gá dó dul i

[1] Féach lch. 9, n. 17 *supra*.
[2] Féach lch. 27 *supra*.
[3] Féach lch. 167, n. 62 *supra*.
[4] Féach lgh. 28–31 *supra*.
[5] *Gods and Heroes of the Celts*, 112. Féach leis, mar shampla, go n-áitíonn T.F. O'Rahilly gur leaganacha d'aon phearsa amháin iad Fionn, Lugh, Lughaidh mac Con agus Cú Chulainn (*Early Irish History and Mythology*, 277–8) agus gur athleagan den chuntas ar an naimhdeas idir Lugh agus Balar an t-eascairdeas idir Fionn agus Goll (ibid., 278). Féach, leis, Ó hÓgáin, *Fionn mac Cumhaill: Images of a Gaelic Hero*, 179: "One is tempted to regard Tulcha and (Caoilte) as having originally been actual extensions of Fionn, and to suspect that this fianna triad was a conversion of a triplicated divine Fionn".
[6] Stokes, 'Find and the Phantoms', ll. 67–8, 153 agus 183–4.
[7] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 1334–61.

muinín na hacmhainne sin aige chun a thaoiseach a fhuascailt,[8] agus dírítear ar a chumas aclaíochta nuair a shaorann sé Fionn agus Éire i rás le cailleach mhioscaiseach i nGleann na Caillí,[9] nó nuair a bhíonn comórtas reatha eile den saghas céanna i gceist. Ina ainneoin sin, ní hé Caoilte is tapúla ar an bhfian i gcónaí.[10]

Is ar leibhéal na bhfeidhmeanna a bhaineannn leis, measaim, is mó a fheicimid indibhidiúlacht Chaoilte. Eisean an taidhleoir *par excellence* in *Acallam na Senórach* agus in 'Caoilte's Urn',[11] mar a n-éiríonn leis luachanna an tseansaoil agus teagasc na Críostaíochta a thabhairt chun comhréitigh agus aisling nua iniatach a léiriú don am i láthair agus don todhchaí. Chuige sin, téann sé i muinín a chumais ar fhilíocht, ar scéalaíocht agus ar cheol mar aon lena chuimhní fairsinge ar an seansaol. Tá dlúthbhaint idir an fheidhm seo agus a shainról mar revenant sa dá shaothar sin, bíodh is gur go siombalach agus trí bhíthin an *ekphrasis* a chomhlíonann sé an ról sin in 'Caoilte's Urn'. Tá feicthe againn gur bhain an ról sin leis chomh maith i gceann de na samplaí is sine dá bhfuil againn den Fhiannaíocht.[12]

D'fhonn tuiscint níos iomláine a fháil ar na tréithe agus ar na feidhmeanna a bhaineann le Caoilte, tuigeadh dom nár mhiste fócas an staidéir seo a leathnú agus iniúchadh a dhéanamh ar fhoinsí lasmuigh de litríocht na hÉireann. Thaispéain an t-iniúchadh sin go bhfuil gaol – fiú más gaol sínte féin é – idir Caoilte agus pearsana áirithe sa litríocht ársa chlasaiceach agus, go deimhin féin, i mbrainsí den litríocht iarchlasaiceach idirnáisiúnta. Sholáthraigh taighde antraipeolaíoch eochair chun cuid de na cruacheisteanna a bhain leis an ábhar a scaoileadh agus solas a chaitheamh ar ghnéithe den Fhiannaíocht: mar shampla, ar mhóitíf an luais a luaitear go seasta le Caoilte agus ar an lé aige leis an domhan ainmíoch. Ina theannta sin, léiríodh gur comhcheangailte leis na móitífeanna sin atá téamaí coitianta eile, mar shampla, an chleasaíocht, an tairseachúlacht agus an taidhleoireacht.

[8] Mar shampla, 'Caoilte's Mischief-Making', *DF* i, 19–21 agus 116–18.
[9] Stokes, 'Acallamh na Senórach', ll. 3959–71.
[10] Mar shampla, is fearr de reathaí Fionn ná Caoilte in *Marbad Cúlduib* (Meyer, 'Two Tales about Finn', 246–7), áit a bhfuil an bhéim ar shárchumas laochta an rífhéinní.
[11] *DF* i, 38–45 agus 140–49.
[12] White, *Scél as-a m:Berar Combad hé Find mac Cumaill Mongán*. Féach lgh. 49–50 *supra*.

Fágann sé seo go léir go gcuimsítear i bpearsa Chaoilte cnuasach saibhir de thréithe agus d'fheidhmeanna ilghnéitheacha atá comhleanúnach seasta go maith, ainneoin na tréimhse fada lena mbaineann na téacsanna ab ábhar don staidéar seo.

Aguisín 1

Tagairtí don Fhiannaíocht sa *Leabhar Laighneach*

Is éard atá sa tábla seo thíos ná cuntas ar thagairtí don Fhiannaíocht a fhaightear sa *Leabhar Laighneach*. I gcuid A, luaitear tagairtí a dhéantar do charachtair agus d'imeachtaí a chuirtear i láthair i gcomhthéacs Fiannaíochta. I gcuid B, tugtar cuntas ar thagairtí fánacha a dhéantar *en passant* do charachtair agus d'imeachtaí a bhaineann leis an bhFiannaíocht. Nuair nach féidir a bheith cinnte gur ag tagairt do charachtar ón bhFiannaíocht a bhítear (mar shampla i gcás an ainm 'Find' nach féidir a rá go cinnte i gcónaí gurb é Fionn Mac Cumhaill atá i gceist), cuirtear comhartha ceiste idir luibíni i ndiaidh na tagairte sa tábla. Tugtar tagairtí do Lughaidh mac Con agus d'Fhercheas mac Commáin, nuair a bhíonn carachtar a bhaineann le fiann Fhinn i gceist chomh maith. Cé nár chuid d'fhian Fhinn iadsan, luaitear Fionn i dtéacs a bhaineann leo san .i. 'Scéla Mósauluim'.[1] Áit nach mbíonn mórfhócas ar eachtraí na Féinne i gceist, fágtar as an áireamh carachtair ar nós Chormaic mhic Airt agus Chairbre Lifeachair a luaitear go minic i scéalta agus i laoithe Fiannaíochta ach nach baill den Fhiann *per se* iad.

Agus iad a thógáil le chéile, tugann fairsinge na dtagairtí in *LL* le tuiscint gurbh ann do chorpas tábhachtach Fiannaíochta faoin am ar cuireadh an lámhscríbhinn i dtoll a chéile. Is léir gur cuid shaibhir den dinnseanchas í an Fhiannaíocht. Faoi mar a phléamar cheana, is léir gur sholáthraigh seánra an dinnseanchais bealach torthúil le forbairt a dhéanamh ar an bhFiannaíocht, go háirithe i ré na Meán-Ghaeilge, agus gur shaibhrede an dinnseanchas na nascanna iomadúla a chruthaítear idir imeachtaí laochra na Féinne agus tírdhreach na hÉireann. [2] Tá léiriú sna tagairtí sin chomh maith ar imeanacht na Fiannaíochta faoin dtráth sin: fráma tagartha bhí i gceist arbh fhéidir le lucht cumtha nó aithrise scéalta agus laoithe talamh slán a dhéanamh de go músclódh an tagairt ba lú dó cuimhne agus braistint aeistéitiúil na n-

[1] M. O Daly, *Cath Maige Mucrama*, lgh. 74-87; Meyer, *Fianaigecht*, 28–41. Féach an plé ag Meyer ar thagairtí i bhfoinsí luatha d'fhiana éagsúla in *Fianaigecht*, v–xv.
[2] Féach 176–7 *supra*. Féach, leis, Murray, 'Place-names in the Early Fiannaigecht Corpus', 457: "It is clear that though the writing down of *fianaigecht* materials, particularly in the Middle Irish period, is intimately bound up with the recording of *dindshenchas*, the tales that ignore this onomastic convention are not exceptional but are merely continuing a strand of the tradition extending back to the Old Irish period".

éisteoirí/léitheoirí, sa tslí gur sainghné den ealaín í an tsíorthagairt don stór scéalta agus faisnéise a bhí ag an spriocphobal i bpáirt lena chéile.

Cuirtear '**D**' sa chéad cholún den tábla i gcás ábhair a fhaightear sa dinnseanchas. Chomh fada agus a bhaineann le Caoilte, is léir gur phearsa thánaisteach thábhachtach a bhí ann ag an bpointe seo, ach, de réir a bhfuil d'fhianaise anseo againn, ní féidir a rá go raibh ról lárnach aige fós sa traidisiún. Is in *Acallam na Senórach* a thugann sé mór-ról air féin mar *revenant*.

Cuid A

Imleabhar + leathanach (aigh)	**Nótaí**
LL iii, 574–87	**'A Rí Richid reidig dam'** Déantar tagairt do Chairpre Lifechair (l. 17954) agus do na 'trí Fothaidh' (l. 18003); agus tugtar 28 rann (ll. 18015–126) a d'fhoilsigh Meyer faoin teideal, 'The Finn Episode' (*Fianaigecht* 47–50).
LL iii, 588–9	**'Úar in lathe do Lum Luine'** In eagar ag O Daly, 'Úar in Lathe do Lum Laine', agus ag O'Curry in *Manuscript Materials of Ancient Irish History*, 476–9. Féach O Daly, 'Úar in Lathe do Lum Laine', 99, mar a ndeirtear gur cosúil gur ainmneacha malartacha ar Dhiarmaid agus ar Ghráinne 'Lom Laine' agus 'Tethna' – tuairim a measann Murray go bhfuil dealramh léi ('Some Thoughts on *Baile Binnbérlach mac Buain*', 89).
LL iii, 597	**'Trí Foth*aid* Elgga cen chron'** Deirtear gur triúr mac iad seo le Lughaidh mac "Garrchon", ar a dtugtar "Lug*aid* mac Con" ar an leathanach céanna agus tugtar a n-ainmneacha: "Oendia", "Caendia" agus "Tréndia". (Féach Meyer, *Fianaigecht*, 4–5). Bhuaigh mac Con ar shluaite Airt mhic Cuinn agus Ailella Mośauluim ag cath Mucramha (féach O Daly, *Cath Maige Mucrama*, lgh. 78–9, §7; Meyer, *Fianaigecht*, 28–34; *LL* v, ll. 37087–440 agus *RC* 13 (1892), 457–61). Ina dhiaidh sin, mharaigh Fercheas mac Commáin mac Con agus mharaigh Fionn mac Cumhaill Fercheas ("ar is Find ba fēnnid do suidiu [i.e. do mhac Con] / for 'tis Finn that was the leader of his [mac Con's] *Fian*" [*Fianaigecht*, 38–9]). Féach Stokes, "Acallamh na Senórach", l. 1136 agus Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 36: "ní do deoin Luighdech Meic con / do thaichérad f*r*im Fath*od* [Not by the will of Lugaid mac Con does Fothad now oppose me]".
LL iii, 663	**'Ogum i llia lia uas lecht'**(i mbéal Oisín; féach Windisch, *Irische Texte*, i, 158–60) Luaitear marú Oscair agus Chairbre Lifeachair i gcath Ghabhra (ll. 20162–9) agus gaisce an fhile sa chath agus tugtar gearrchuntas ar imeachtaí eile a bhain leis (ll. 20174–81). Déantar tagairt d'Fhionn (l. 20184).

LL iii, 727–9 **D**	**‘Ath Liac Find cid dia tá’** Dinnseanchas bunaithe ar chath a bhuail fiann Fhinn ag an áth; ranna (*marginalia*) ag tagairt do “Blai Derg”, máthair Oisín, do “Mhac ind Óc” agus do bhás Fhinn. Féach *MD* 4, 36.
LL iv, 838–9	**‘Na Trí Fothaid’** Luaitear gaol na dtrí Fothadh le Fionn; tugtar ginealach na bhFothadh, ginealach Fhinn agus ginealach Fhinn Fhile (a bhí ina rí ar Laighin, dar le Meyer, *RC* 32, 391) – iad ar fad síolraithe ó thriúr mac Nuadhad Neacht (ibid., 392).
LL iv, 855 **D**	**‘Athair Cailte comul nglé’** Deirtear gurbh é Goscen “cerd” (gabha, is dócha) athair Chaoilte. Sárcheardaí faoi mhórmheas ab ea é; déantar tagairt don teas agus d’fheabhas a cheirde; tugann an líne dheireanach le tuiscint, b’fhéidir, nár bhain athair Chaoilte leis an uasaicme (féach lch. 27, n. 6 agus lch. 167, n. 62 *supra*); b’í “Finnigu”, iníon Umhaill máthair Chaoilte. Féach *MD* 4, 318–19.
LL iv, 865 **D**	**‘Currech Life cona lí’** Déantar gearrinsint cuibheasach dílis ar chuid d’imeachtaí scéal ‘Bruiden Átha Hi’ (Meyer, ‘Two Tales about Finn’, 242–5; Hull, V. ‘Two Tales about Finn’, 323–9. Sna trí leagan, tá Fionn, Cuirreach, Fothadh Canainne, a dheirifúr, Téide, agus “mac Regamna” i gceist agus luaitear an t-ionad céanna (“Badamair” – áit a ainmníodh ó bhean a bhí ag Fionn Mac Cumhaill). Tá tábhacht leis an laoi seo sa mhéid go ndeir Meyer (*RC* 14, 241) nárbh eol dó aon chóip eile de scéal ‘Bruiden Átha Hi’. Tugtar i leagan *RC* 14 an chéad rann mar atá anseo, cé is moite de mhiondifríocht nó dhó. Féach *MD* 3, 234.
LL iv, 866–68 **D**	**‘Inmain in faid Finichair’** (caoineadh i mbéal Fhinn ar bhás “Fhinichair”, bard, fáidh agus lia a bhí aige féin) Léirítear millteachas anordúil: drúis, éad, drochfhuil agus marú; an *mayhem* seo i gcodarsnacht leis an léiriú a dhéantar ar thréithe an fhile agus ar an maith a rinne sé lena bheo. Féach *MD* 4, 320, mar a dtugtar réamhrá gairid leis an eachtra.
LL iv, 873 **D**	**‘In lia no theilginn do grés’** (laoi i mbéal Fhinn agus ionú a bháis buailte leis) Tá an chuma ar an tagairt do chaitheamh na cloiche gur leagan malartach é den scéal faoin gceangal a bhí ar Fhionn léim áirithe a thabhairt gach bliain (féach O’Kearney, *Feis Tighe Chonain Chinn-Shleibhe*, 128–33 agus Joynt, *Feis Tighe Chonáin*, ll. 154–204). An bhliain a rachadh de sin a dhéanamh, b’shin í bliain a bháis. Féach *MD* 4, 324–5.
LL iv, 879–80 **D**	**‘Unchi Ochairbél’** Fionn, Oisín agus Caoilte mar chosantoirí in aghaidh ‘Unchi’ a d’fhág Druim nÉan ina fhásach. Cé nach féidir an dochar a leigheas, maraíonn siad an t-arracht osnádúrtha agus a bhuíon. Faightear téama na torthúlachta anseo (ll. 26082–3); déantar teacht Phádraig a thuar [?], (ll. 26084–5). Féach Stokes, ‘The Prose Tales in the Rennes Dindṡenchas’ (*RC* 15, 327–8), agus ‘Fornocht do dún a Druim nEn’ (*MD* 3, 96).

LL iv, 882–5 **D**	**‘Lumman Tige Srafáin’ agus ‘Dubgilla dubairm n-aisse’** Réamhrá i bprós agus píosa cumasach filíochta ina bhforbraítear íomháineachas a bhaineann le ceard na fíodóireachta, le clúdach agus le duibhe. Tagraíonn an meafar seo don sciath a bhí ag “Fer Bern” agus a cuireadh anuas mar chlúdach air nuair a síneadh ina uaigh é. Luaitear cuid de na pearsana a bhuaileann linn in ‘Currech Life cona Lí’: “Fer Bern m*ac* Reghamna”, agus dearthair leis darb ainm “Find”, a bhí pósta le Téide, iníon Mhic Nia ónar ainmhíodh “Oenach Téite” (Fainche tré-chíochach ba mháthair do Chuirreach mac Cathaír, d’Fhothadh Canainne agus do Théide). Féach *MD* 4, 328–33.
LL iv, 897–8 **D**	**‘Fail lim do Laignib cach ló’** Tugtar cuntas ar eachtra ina bhfaigheann Fionn cnónna Sheaghsa ó bhean (ll. 26541–52). Díol suime é go gcuirtear an eachtra seo agus eachtra ó *Thogail Bruidne Da Derga* (26517–40) le chéile in aon dán amháin. B’fhéidir gurb amhlaidh a cuireadh na ranna a bhaineann le Fionn leis an méid a théann rompu agus gur cuireadh ll. 26553–64 mar bhreis eile leis an méid sin mar tá trí dhúnadh sa dán mar atá. Féach *MD* 3, 128–33.
LL iv, 918–22 **D**	**‘Tipra Sengarmna fo ṡnas’** Eachtra ina maraíonn Fionn bean neamhshaolta a bhí ag scriosadh na tíre agus ar fhuadaigh duine dá lucht leanúna Oisín. Féach *MD* 3, 242–53.
LL iv, 945 **D**	**‘Rath Chnamrossa’** Iarracht ag ‘Moer ben B*er*nsa’, a bhí i ngrá le Fionn, eisean a mhealladh le “cnú Segsa” ar chuir sí briocht orthu. Ní éiríonn leis an gcleas. Féach *MD* 3, 128; cf. *RC* 15, 333 agus *LL* iv, 897–8.
LL iv, 945 **D**	**‘Reriu’** Gearrinsint ar an scéal a insítear in Stokes, ‘Acallamh na Senórach’ (ll. 4123–76), mar mhíniu ar an logainm “Garbhthanach”: scéal Fhithir agus Dháirine – bheirt bhanphrionsa a fuair bás den náire agus den chumha i ngeall ar chlaonbheart a rinne rí Laighean. Féach Stokes, ‘The Prose Tales in the Rennes Dinḋenchas’ (*RC* 15, 418).
LL iv, 946 **D**	**‘Cend Finichair’** Gearrinsint phróis ar an scéal a insítear in ‘Inmain in fáid Finichair’ (dán i mbéal Fhinn, *LL* iv, 866–8), fáidh, fear leighis, breitheamh agus bard Fhinn Mhic Cumhaill. Thug sé grá do bhean phósta agus mharaigh sé féin agus fear na mná sin a chéile. Tugtar an sliocht próis mar réamhrá leis an laoi in *MD* 4, 318–21.
LL iv, 961–3 **D**	**‘Almu Lagen les na Fían’** Tuairisc ar bhreith Fhinn agus ar a shinsear. Tagraítear do: “Nuadu druí”, “Cumull”, “Murni Muncháem” agus “Tadg mac Nuadat”. Luaitear cath Cnucha agus oiliúint Fhinn. Tugtar míniú ar an tslí a bhfuair Fionn Almain Laighean. Féach Stokes, ‘Acallamh na Senórach’, ll. 1262–81, *MD* 2, 72 agus Meyer, ‘Macgnímartha Finn’.
LL iv, 967–74 **D**	‘**Snám dá én na éoin dia tá’** Tugtar dhá mhíniú ar an logainm. Is éard atá sa dara ceann ná eachtra Fiannaíochta ina bhfuil 43 rann. Tá páirt nach beag ag Caoilte inti mar go dtairgeann sé aghaidh a thabhairt ar “Aed Rind mac Rónain” i gcomhrac aonair in áit Fhinn. Luaitear Fionn, Oisín agus “Conán mac an Dagdai déin”. Féach *MD* 4, 350–5. Tugtar cuntas ar bhás Aoidh in

	DF i, 1–3 ach tá sin difriúil go maith ón leagan seo.
LL iv, 978–88	**“Ligi Guill i mMaig Raigni’** I mbéal Fhinn a chuirtear an laoi seo (in eagar ag Ó Murchadha, *Lige Guill*). Léirítear an naimhdeas idir Clanna Mórna agus Clanna Baoiscne atá mar mhórthéama san Fhiannaíocht trí chéile. Deirtear gur thit Caoilte le Goll (ll. 28953–5). Féach Ó Murchadha, *Lige Guill*, xxvii–xxviii, maidir le tuairsicí éagsúla ar bhás Ghoill. Tugann an dán seo léargas ar fhairsinge agus ar imeanacht thraidisiún na Fiannaíochta faoi am a cheaptha (an 11ú haois, dar le Ó Murchadha, *Lige Guill*, xxxi–xxxii). Traidisiún é sin nárbh fhéidir a leithéid seo de laoi a chumadh ina éagmais.
LL iv, 992–3 **D**	**‘Tri tuli bit a dún Ardda Rudi’** (laoi i mbéal Fhinn lena ngabhann réamhrá gairid i bprós**)** Cuimsítear roinnt de théamaí na Fiannaíochta anseo: áilleacht an dúlra; laochas, gaisce, misneach; fírinne; torthúlacht na tíre; féile; comhluadar; ól. Féach Stokes, ‘Acallamh na Senórach’, ll. 445–66 agus *MD* 4, 368–71.
LL iv, 994–1000	**‘Oenach indiu luid in rí’** (54 rann i mbéal Oisín [Ghuaire]) Tá páirt nach beag ag Caoilte san eachtra neamhshaolta seo. Féach an plé agam i gcaibidil 4 (lgh. 81–94). Féach, leis, Stokes, ‘Find and the Phantoms’; Ó Síocháin, ‘Translating *Find and the Phantoms*’ agus *DF* i, 28–30 agus 127–30.
LL iv, 1001–4	**‘Dám thrír táncatar ille’** Eachtra fhada (23 rann) a chuireann síos ar thriúr laoch ón iasacht a raibh cú iontach acu agus ar mharú na laoch sin ag an bhFiann. Tá leagan den scéal seo ag Stokes in ‘Acallamh na Senórach’, ll. 5450–514, 5617–24 agus 6083–269. Féach Stern, ‘Eine ossianische Ballade’. Féach, leis, an plé ag Ó hÓgáin ar an scéal seo agus an chomparáid aige idir é agus leagan na hAcallmha, in *Fionn mac Cumhaill: Images of the Gaelic Hero*, 185–8.
LL iv, 1004	**‘Tuilsit*ir* mo derca súain’** (i mbéal Oisín agus é críonna) Ní furasta an dán neamhchoitianta seo a léamh mar gheall ar “bérla na filed” ann. Cuirtear síos ar fhís a bhí ag Oisín agus é ina chodladh. San fhís sin a chonaic sé, agus é óg laidir, maraíonn sé muc abhalmhór. Luaitear ainm Fhinn (l. 29403). Féach eagrán Windisch mar aon le haistriúchán Béarla W.F. Skene in Windisch, *Irische Texte*, i, 161 agus 164.
LL iv, 1005	**‘Bec innocht lúth mo da lua’** É seo in eagar agus aistrithe go Béarla ag Meyer faoin teideal ‘Caoilte Cecinit’. Cuirtear an dán i mbéal Chaoilte agus é críonna, tar éis theacht Phádraig. Meath na hóige, móradh an chumais laochta, an luas, gníomhartha cróga, dílseacht d’Fhionn na téamaí anseo. Luaitear an triúr sin, Fionn, Oisín agus Caoilte le chéile mar aonad. Tá an chuma ar an scéal nach le Pádraig atá Caoilte ag labhairt ach is cuid de chomhthéacs an dáin teacht an naoimh náisiúnta. Ainneoin aduaine na teanga ann, is cosúil nach rófhada roimh dháta cumtha na hAcallma a cumadh é: “no later than the first half of the 12th century” (‘Caoilte Cecinit’, 72).

LL v, 1275*	**‘A Ḋind in n-érgi ri báig’** Labhrann an rí Breasal le Fionn i bhfilíocht. Is ard an t-ómós a léirítear don rífhéinní agus dá lucht leanúna nuair a impíonn an rí féin ar Fhionn an cháin éagórach atá curtha ar mhuintir Laighean a chosc.
LL v, 1276*	**Prós agus dán: ‘Mo Ling Lúath Cell*ach* Bróen bil’** (i mbéal Fhinn) Feiceann Fionn aingil agus tairngríonn teacht na Críostaíochta. Cf. Eyjolfsdottir, ‘The *Bórama*’ (go háirithe 64–91); Stokes, ‘Acallamh na Senórach’, ll. 2626–87 agus Dooley agus Roe, *Tales of the Elders*, 80–81. Caithfidh go bhfuil baint idir an dá Mo Ling a luaitear .i. Mo Lling Lúath”, an féinní agus “Mo Lliṅg fáid co cétaib cros”, an naomh (l. 37919). Luaitear iad araon le chéile sa ‘Bórama’ agus san *Acallam*. Deir Eyjofsdottir, (‘The *Bórama*’, 67): “Mo Ling Lúath … does not appear in any other *fianaigecht* material aside from *AS* which here draws on the *Bórama*”. Faightear gné na Críostaíochta anseo mar a fhaightear san *Acallam*. Feictear Fionn mar chosantóir in aghaidh an oilc. Déantar tagairt do Chairbre Lifeachair, d’Fhionn agus do Mo Ling Luath sa phrós.
LL v, 1276–7*	**Sliocht próis: ‘Iar sin iarfaigis Mo Liṅg Lúath cid ’ma táncabair ille’ agus laoi: ‘Rot fíasu i mBroccross a Ḋind inn ága’** (i mbéal Mo Ling Luaith) Laoi álainn cheolmhar a chuimsíonn a lán de mhórthéamaí na Fiannaíochta: meas ar Fhionn agus dílseacht dó; áilleacht agus torthúlacht na tíre agus iad seo nasctha leis an logainmníocht a bhfuil blas an dinnseanchais uirthi; an saol san fhásach; aíocht agus féastú; an chogaíocht; mórtas cine/sinsear Fhinn; neart na Féinne (l. 37950: “Cóic cét rígḟer atát fót riagail”); bás athair Fhinn (l. 37959). Luaitear Fithir agus Dáirine (37962–7). Tá Mo Ling ag tathant ar Fhionn fanacht go dtí go mbeidh an Fhiann go léir lena chois: luaitear Clanna Mórna (ll. 37984–5) agus Daolghus [Caoilte?] (l. 37990). Luaitear laochra eile ar fir taca nó féinithe de chuid Fhinn iad, ní foláir (m.sh. “Bressal h*ua* Baíscne”, l. 37986).
LL v, 1283–7*	**Prós, ‘Tri laa ₇ tri aidchi d’Ḋind cona ḟéin isind inudsain’ agus laoi ‘Mór in gním’** Fiann Fhinn ag teacht le chéile as gach aird i nGarbhthonnach. Fiafraíonn Fionn cén áit a bhfuair Fithir agus Dáirine bás. Insítear sin dó agus deir sé laoi ‘Mór in gním’ ina n-insítear scéal na beirte deirféar. Féach Goverts, ‘Mór in Gním’, 25–48.
LL v, 1287*	**‘Bátar iar*u*m ind ḟían’** (prosimetrum, ll. 38257–70) Caitheann an Fhiann an oíche roimh chath Chnámrosa ag Garbhthonnach agus briseann cath ar mhuintir Leith Chuinn an lá dar gcionn. Níor gearradh an bhórama ar na Laighnigh arís go ceann tamaill ina dhiaidh sin.

Cuid B

Imleabhar + leathanach (aigh)	**Nótaí**
LL i, 103–7	**‘Iarfaiged nech acaib dam’** (in eagar ag Dillon, ‘The Yew of the Disputing Sons’). Tugtar cuntas ar na himeachtaí ar tharla díobh cath “Maige Muccrama” inar maraíodh mac Con, Fercheas mac Commáin agus Bénni Britt. Féach ‘Beir mo scíath seo fri úath’, *LL* iii, ll. 18380–482; ‘A Maccáin ná cí’, ibid., ll. 18483–666 agus Mac Neill,‘Three Poems in Middle-Irish’, 540–6.
LL i, 120–3 **D**	**‘Dindgnai Temrach’** Tagairt do ‘Rath Ghráinne’ (ll. 3874–7). Féach Stokes, ‘The Prose Tales in the Rennes Dindṡenchas’ (*RC* 15, 280–89).
LL i, 124	**‘Tri Dee Donand’** (prós) Luaitear “Athach”, “Gaeth” 7 “Side” (ll. 3910–11). “Side” ainm mháthair Chaoilte (féach lch. 27, nótaí 1–4 *supra*). Féach Thurneysen, ‘Mittelirische Verslehren’, *Irische Texte,* iii, 58–9
LL i, 128–34	**‘Fianna batar i nEmain’** Déantar tagairt do bhás Fhercheasa agus Lughaidh Mhic Con (ll. 4079–82), do chath “Maige Mucrama” (ll. 4083 agus 4093 agus do bhás Fhinn (ll. 4097–8). Féach Stokes, ‘On the Deaths of Some Irish Heroes’, agus *corrigenda*, *RC* 27 (1906), 202. Féach leis, O Daly, *Cath Maige Mucrama*. lgh. 78–9, §7.
LL i, 157–8	**‘Feidlimid athair Echach’** Luaitear cath Ghabhra (l. 4860) agus cath Chomair (l. 4863); níl comhthéacs Fiannaíochta i gceist. Féach Meyer, ‘Cú Chorb and Echu Find Fúath nAirt’.
LL i, 160–4	**‘Tuathal Techtmhar ba Rí Temrach’** Gearrleagan de scéal na Bóirmhe; luaitear Gráinne (l. 4917), cath Ghabhra agus cath Chomair (ll. 4968–9).
LL i, 206–12	**‘Lecht Corm*aic* m*eic* Cul*ennain*’** Tagairt don Bhóramha (l. 6223–6). Tagairt do chath “Maige Mucrama” (l. 6265). Féach Dobbs, ‘On the Graves of Leinster Men’; Ó Cuív, ‘Comram na Cloenfherta’.
LL i, 237–40	**‘Echta Lagen for Leth Cuind’** Déantar tagairt do: Fothadh Canainne (l. 7036); Caoilte (l. 2038); Fothadh Airgdheach (l. 2039); Fionn (ll. 7040 agus 7044); Cúldubh (l. 7045); Fercheas mac Commáin (l. 7051); Cairbre Lifeachair (l. 7052); Íath mac Caoilte (l. 7057).
LL i, 243–6	**‘Slan seiss a Brigit go mbuaid’** Tagraítear do Bheanna Iuchna (l. 7220). Is cosúil gurb é seo an áit ar ól Fionn an deoch ba thrúig báis dó féin (féach Ó Riain et al., *Historical Dictionary*, i, s.v. ‘Adharca’ agus ibid., ii, s.v. ‘Beanna Iuchna’; féach chomh maith Meyer, ‘The Death of Finn Mac Cumaill’. Luaitear leis: “Illand” (l. 7232 = Goll?); Tadhg mac Nuadhad Neacht (l. 7223). Féach Meyer, *Hail Brigit* agus cf. na tuairiscí ar bhás Fhinn in Meyer, *Cath Finntrága,* 74–6. Féach Parsons, ‘Breaking the Cycle’, 85–7.

LL i, 252–6	**‘Masu de Chlaind Echdach aird’** Tagraítear do: Fionn Mac Cumhaill (?) (ll. 7390 agus 7412); Cormac (l. 7390); Fiachra Cassán (l. 7391); an Bhórama (l. 7388 ?); Cairbre Lifeachair (l. 7437); cath Chomair (l. 7439). Féach Meyer, ‘Orthanach ūa Cōillāma Cecinit’.
LL iii, 471–90	**‘Heriu ard inis na rrig’** (eagrán agus aistriúchán ag Mac Carthy in *The Codex Palatino-Vaticanus No. 830*, 142–213; féach, leis, Smith, *Three Historical Poems Ascribed to Gilla Cóemáin*, 48–60; 87; 104–69 agus 212–29). Luaitear Nuadha Neacht (l. 15136–7); marú Airt mhic Cuinn ag Lughaidh mac Con ag cath Mucramha (ll. 15199–200); marú Lughaidh mhic Con ag Fercheas (ll. 15201–4); Cormac (l. 15208–13); Cairpre (Lifeachair [?] l. 15218); cath Ghabhra (l. 15219); Fothadh Cairptheach agus Fothadh Airgdheach (ll. 15221–4); cath Ollarbha (l. 15226); cath Chomair (l. 15230).
LL iii, 504–8	**‘Ríg Themra dia tesband tnú’** Luaitear Nuadha Neacht (l.15655); Mac Con (l. 15721); Fercheas (l. 15728); Cairbre Lifeachair (? l. 15741); Fothadh Cairptheach (l.15745); Fothad Airgdheach (l. 15746–7); Caoilte (l.15748).
LL iii, 516–23	**‘Can a mbunadas na ṅGaedel’** Luaitear na trí Fothaidh – “Aendia, Trennia, Coennia” (ll. 16117–8) arb ionann iad agus Fothadh Airgtheach, Fothadh Cairptheach agus Fothadh Canainne (féach Meyer, *Fianaigecht*, iv). Féach Todd, *Leabhar Breathnach Annso Sis: The Irish Version of the Historia Britonum of Nennius*, 220–87.
LL iii, 533–62	**‘Adam Óenathair na nDóene’** Luaitear Fithir agus Dáirine agus an Bhóramha (ll. 16837–42); Muirne Muinchaomh, máthair Fhinn (1.16901–5); mná Fhinn (ll, 16907–10); Áine, iníon Fhinn (l. 16911); “Fu[n]chi”, máthair na bhFothadh (ll. 16913–8); “Benne Britt” (l.16917); “Callech Bérri … ben Ḟathaid Chan*and*” (ll. 16919–20); Tea, deirfiúr na bhFothadh (16921–2). Féach Dobbs, ‘The Ban-Shenchus’ (*RC* 47, 283–339).
LL iii, (496–503)	**‘Annalad anall uile’** Luaitear cath “Mucrama” (l. 15517); bás Fhinn (ll. 15521–5). Féach Meyer, ‘The Death of Finn mac Cumaill’ agus Parsons, ‘Breaking the Cycle’, 85–7.
LL iii, 594–6	**‘Apair ri sil nEogain Móir’** Seo leagan den scéal faoin easaontas idir Lughaidh mac Con agus Fercheas agus faoi na nithe ba chúis le cath Mucramha. Féach Meyer, ‘Mitteilungen aus irischen Handschriften’ (*ZCP* 12, 378–9 (eagrán ó *Laud* 610 agus *LL*)).
LL iii, 597	**‘Trí Fothaid Elgga cen chron’** Féach Meyer, *Fianaigecht*, 4–5.
LL iii, 734–5 & *LL* iv, 1026–7 **D**	**‘Bruig na Bóinde: A Chóemu Breg, bríg nád bréc’** (= ‘Brug na Bóinde II’, *MD* 2, 18) Luaitear “Mac ind Óc” agus an “Dagda”, *passim*; “Suide Find” (*LL* iv, l. 30012). Taobh amuigh den tagairt sin d’Fhionn, ní léir dom aon bhaint idir é seo agus an Fhiannaíocht. I leagan eile (‘Brug na Bóinde I’, *MD* 2, 10), léitear: “At-chíu lind

	find Féic na Fían / I see the clear pool of Fiacc of the warriors" agus luaitear marú Fhinn mhic Cumhaill (§9); "Mac ind Óc" (§§1 agus 3); Cormac (§15); Cairpre Lifeachair (§16).
LL iii, 755–6 **D**	**'Aibind Echtga foirud fían'** Faightear anseo na tagairtí seo: "forud fían" (l. 22508); "Oenach Find" (l. 22509); "Etarba na fían"(l. 22510); "etarbe Conain (l. 22512)"; "Grian ingen Find" (l. 22516). Féach *MD* 3, 304–15.
LL iv, 791–6	**'Aní doronsat do chalmu clanna Eogain'** Luaitear "Illaind" [= Goll?] (l. 23585); cath Mucramha (l. 23587) agus "Cath Gabra Lifi" (l. 23609). Féach Mac Neill, 'Poems by Flann Mainistrech', 58–70.
LL iv, 835–7	**'Do nemthigud filed'** Ar na scéalta éagsúla a chaitheann aon fhile a bheith ar eolas aige luaitear 'T*ochmarc* Ailbe' (l. 24933);'U*ath* Beinne Étair' (l. 24943); 'U*ath* Úama Crúachan' (l. 24944) [Féach O'Curry, *Lectures on Manuscript Materials*, 587, n. 150]; 'Lon*ges* Ḟothaid' (l. 24947); 'E*chtra* Ḟind i nDerc Ferna' (l. 24965); 'A*ithed* Grainne re Diarmait' (l. 24971); 'Serc Caillige Berre do Ḟothud Channand' (l. 24992–3). Tugann an téacs seo léargas ar ghnó an fhile agus fianaise faoin nglacadh a bhí leis an bhFiannaíocht i measc an lucht léinn mar chuid den *repertoire* canónach faoin am ar grafadh an lámhscríbhinn. Féach O'Curry in *Lectures on the Manuscript Materials*, 583–93; Mac Cana, *The Learned Tales of Medieval Ireland*, 33–49.
LL iv, 840–1	**'Abratruad gilla Conchob*uir* meic < >'** Luaitear "Conan g*illa* Find" (l. 25079) díreach i ndiaidh liosta de laochra Uladh mar aon lena ngiollaí.
LL iv, 843–52 **D**	**'Estid a Laigniu na llecht'** Luaitear "fianruth Find" (l. 25345) mar chuid den tsiamsaíocht a shamhlaítear le haonach Charmain. Féach *MD* 3, 2–27.
LL iv, 933–5 **D**	**'Aebind aebind Eichtge ard'** (*MD* 3, 304) Luaitear "forud na Fían faeburgarg" (l. 27396); "oenach Find" (l. 27399); Conán [mac Morna?] (l. 24718–9); "Grian ingen Ḟind" (l. 27431); "A*th* na Licci" (l 27443 = Áth Liac Find?). Déantar tagairt do thairngreacht a rinne "Find flaitheices" (ll. 27459–62). Féach an léamh ar "cluichi ar chaill" (l. 27427) in *MD* 3, 306, §9, i.e. "Clochar nGuill".
LL iv, 936–7 **D**	**'Attá sund Carn h*ui* Chathbath'** Faigheann "Uillend … m*a*c Find h*ui* Baiscni bratruaid" bás agus é ag iarraidh díoltas a agairt ar an té a mharaigh "Fer Bend" (= "Furbaid"), mac do Chonchubar agus d'Eithne, deirfiúr Mhéadhbha. Mar sin, soláthraítear nasc anseo idir an Fhiannaíocht agus an Rúraíocht (ll. 27520–24). Féach *MD* 4, 30–37.

LL iv, 945 **D**	**‘Rath Chnamrossa’** Scéal dinnseanchais é seo ina dtugann bean darb ainm “Moer” agus atá i ngrá le Fionn cnónna ó Sheaghais dó. Díultaíonn seisean iad a ithe áfach. Tugann leagan *RC* dhá eachtra nach dtugtar anseo mar aon leis an eachtra faoi chnónna Sheaghsa faoi mar atá in *LL* iv, 898, i.e. na trí heachtra a gcuirtear síos orthu in ‘Fail lim do Laignib cach ló’ (féach lch. 184 *supra*). Féach, leis, Stokes, ‘The Prose Tales in the Rennes Dindṡenchas’ (*RC* 15, 332–6).
LL iv, 945	**‘Reriu’** Gearrchuntas é seo ar an scéal a insítear in Stokes, ‘Acallamh na Senórach’ (ll. 4123–76), mar mhíniú ar an logainm “Garbhthanach”. Déantar tagairt d’ Fhithir agus Dáirine, beirt iníon le Tuathal Teachtmhar a fuair bás den náire agus den chumha i ngeall ar chlaonbheart a rinne rí Laighean. B’é toradh a bhí ar bhás na beirte ná an fhíneáil throm a ghearr Tuathal Teachtmhar ar na Laignigh agus na cogaí a tharla dá bharr sin, mar a insítear sa ‘Bórama’ (*LL* ll. 37639–9321). Féach Stokes, ‘The Prose Tales in the Rennes Dindṡenchas’ (*RC* 15, 418), mar a dtugtar míniú ar bhunús an logainm gan tagairt ar bith don bheirt bhanphrionsa. Féach lgh. 186 agus 188 *supra*.
LL iv, 1006	**‘Fuit co bráth’ (**Réamhrá próis agus ceithre rann á leanúint) Téama an dúlra anseo ach greann ann chomh maith, m.sh., in ainm an aithigh “Mac Lesc m*ac* Lodáin (son of lazy son of puddle)”. Féach Meyer, *Four Old-Irish Songs of Summer and Winter,* 18 (eagrán ó Rawlinson. B 502).
LL iv, 1026–7 (ar lean ó *LL* iii, 735)	**‘A choemu Breg bríg nad bréc’** Féach ‘Bruig na Bóinde: A Chóemu Breg, bríd nád bréc’ lgh. 188–9 *supra*).
LL v, 1273–4*	**‘Denaid dún bar comairli’** (prós agus laoi) Iarrann Bresal comhairle fear Laighean agus Cairpre Lifeachair chuige ag éileamh na bóirmhe. Comhairlíonn siadsan dó cabhair Fhinn agus na Féinne a lorg. Féach an nóta (lch.186 *supra*) ar ‘A Fhind in n-érgi ri báig’).
LL v, 1275*	**‘Tiagar trá uait’** (ll. 37865–73) Sliocht gairid próis ina ndeir Breasal go rachaidh sé féin chuig Fionn d’fhonn a chabhair a iarraidh. Mórchomhartha omóis is ea é gurb é an rí féin a théann leis an achainí sin chuig Fionn. Luaitear “tig ríḟenneda Herenn” (l. 37870). Féach an nóta (lch.186 *supra*) ar ‘A Fhind in n-érgi ri báig’).
LL v, 1279–81	**‘Ross ṁBrocc indiu is conair chúan’ (**prós agus laoi) Sa sliocht próis tugtar gearrchuntas ar shlua na Féinne gona gcuid gadhar. Cuirtear an laoi i mbéal Fhinn (féach Stokes, ‘Acallamh na Senórach’, 2660– 87 agus Dooley agus Roe, *Tales of the Elders,* 82). Déanann Fionn tairngreacht maidir le teacht Mo Ling naofa. Admhaíonn an rífhéinní nach é féin a chuirfidh deireadh leis an mbóramha. Féach an anailís ag Eyjolfsdottir (‘The Bórama’, 133–7) ar an ról lárnach atá sa ‘Bórama’ ag Mo Ling. Tá an dúlra mar mhórthéama sa laoi seo.

*Tá páirt mhór ag Fionn agus ag an bhFiann sa ‘Bórama’ ón uair a chomhairlítear do Rí Breasal cabhair Fhinn a lorg (l. 37856) go dtí go mbuailtear cath Chnámhrosa (l. 38266). Gheobhfar eagrán mar aon le haistriúchán Béarla de ‘An Bórama’ in Stokes, ‘The Boroma’, agus O’Grady, *Silva Gadelica*, i, 359–390 agus ii, 401–24. Féach, leis, Eyjolfsdottir, ‘The Bórama’. Gheobhfar cuntas agus aistriúchán Béarla ar chuid de dhánta na ‘Bórama’ in Goverts, ‘Mór an Gním’.

Aguisín 2: Ainm Chaoilte

"Cía in fear caílti gan time [Who is the slender warm man without weakness]", a fhiafraíonn na gaibhne neamhshaolta agus iad ag déanamh iontais de ghaisce Chaoilte sa cheárta ('The Lay of the Smithy', *DF*, iii, 12, §35) agus baisteann Fionn "Caoílti" ar an laoch mar gheall air sin.[1] Caithfidh nach raibh tuairim dheimhneach ag Dooley agus Roe faoin mbunús atá leis an ainm seo mar, cé go dtráchtann siad ar shanasaíocht "Oisín" (*Tales of the Elders*, 224) agus go bpléann siad foinsí éagsúla ina luaitear Caoilte, ní dheanann aon iarracht ar bhrí ná ar shanasaíocht an ainm sin a mhíniú. B'fhéidir gur ag smaoineamh ar an bhfocal *callait*/*callaid* a bhí an file a cheap "The Lay of the Smithy". Féach go ndeirtear maidir leis an bhfocal *callait* in Stokes, *Three Irish Glossaries*, xx–xxi, gur iasacht ó *callidus* na Laidine atá ann agus go bhfaightear an iontráil seo in 'Sanas Cormaic' faoi *callaid* (ibid., 10–11): "ab eo quod est callidus". Is é a deir Stokes faoi *callaid* ná go mbaineann an chiall "cunning" nó "discretion" leis,[2] rud a thagann leis an méid seo in *DIL* s.v. *callait*: "adj (Lat. loanword) clever, cunning". Féach leis Gwynn, *Metrical Dindshenchas*, iii, 259–61, l. 39, mar a bhfeidhmíonn an focal mar ainmfhocal: "roúaig cach rúin in *callait* [*the cunning hero wove each mystic sign*]", agus ibid., iv, 120, l. 7: "feochra in challait as gach cerd [the fierceness of the cunning leader surpassed all prowess]". Baineann an gliceas agus an discréid go follasach le Caoilte mar atá feicthe againn. Ach, ar ndóigh, ní fhágann sin go bhfuil bunús leis an tsanasaíocht a luaitear in "The Lay of the Smithy", cé go dtarraingíonn sí aird ar shaintréithe de chuid an fhéinní.

Faightear dhá thagairt don ainm "Caīlte" in *CGH*. Baineann an chéad cheann le ginealaigh Laighneacha in Rawlinson B 502, 118a, 49–57, agus le foinsí coibhéiseacha. De réir na bhfoinsí seo, is ó Nuadha Necht a síolraíodh Fionn agus Caoilte ach ní thugtar aon mhíniú ar shanasaíocht na n-ainmneacha sin.[3] Baineann an dara tagairt le "Caīlte Bolcg mac Buain mac Lōegaire Birn Buadaig" a luaitear i

[1] *DF* ii, 12, §36. Déantar an aidiacht "caol " a nascadh le "te" anseo (má ghlactar le haistriúchán Murphy). Cé nach ndéantar an nasc seo ar bhealach chomh follasach i leaganacha déanacha den scéal, is léir gur mhair an tuiscint sa traidisiún go bhfuil baint ag an dá eilimint, caoile agus teas, le hainm Chaoilte: féach, mar shampla, Campbell, 'The Song of the Smithy', §§18 agus 19; Christiansen, 'The Master Smith from Norway (text a)', §§14–18; Laoide, 'Laoidh na Ceardcha', §§22–4; idem, 'Athbhaisteadh Chaoilte', 38.

[2] Léiríonn Caoilte a dhiscréid nuair a dhiúltaíonn sé ró-mholadh a thabhairt dá scileanna féin nuair a thréaslaítear a ghaisce leis (féach lch. 30, n. 20 *supra*). Féach an plé agam ar a ghliceasas, lch. 111 *supra*.

[3] *CGH*, 22.

measc ginealaigh Osraí in Rawlinson B 502, 128b 47–56 agus i bhfoinsí coibhéiseacha. Ní thugtar míniú sanasaíoch.[4]

Tharlódh gur leagan ársa calcaithe d'ainmfhocal nó d'aidiacht atá i gceist leis an ainm "Caoilte". Tráchtann Mac Neill ar *eponyms* a leanann "MUCOI" agus leaganacha éagsúla den fhocal sin in inscríbhinní éagsúla oghaim. Luann sé "CALLITTI", *eponym* óna dtagann an comhainm "Caltraighe", dar leis ('Early Irish Population-Groups', 72).[5] Ach féach ibid., 'Mocu, Maccu', 46, mar a gceanglaítear "CALLITTI" go hamhrasach le "Calraige"]. Ginideach atá in "CALLITTI" agus ní móide gur ó fhoirm ghinideach a thiocfadh an fhoirm ainmneach "Caoilte". Cad é ainmneach "CALLITTI"? Arbh fhéidir gur bhain foirceann ainmneach *–i* leis an bhfocal ag pointe éigin sa stair? Tráchtann Thurneysen ar *iā*-ghais lenar bhain seanainmneach in *-ī* (*GOI,* 184–5) agus luann an sampla *brhatī* sa tSainscrit, a fhreagraíonn do "Brigit" na Gaeilge (ibid., 187; cf. McCone, 'Varia II', 169). Féach go bhfuil rian fós den seanfhoirceann sa leagan "Bríde", atá coitianta sa Mhumhain. Féach, leis, McCone, 'An tSean-Ghaeilge agus a Réamhstair' (98-9), mar a bpléitear stair na n-ainmfhocal lena mbaineann gais in *-io,* in *-ā* agus in *-iā,* agus mar a léirítear fianaise den ainmneach stairiúil in *-i*. Léiríonn Thurneysen gubh fhéidir le hainm fir bheith baininscneach i gcásanna áirithe. B'fhéidir, mar sin, gur ó leagan éigin d'ainmfhocal nó d'aidiacht le feidhm ainmfhoclach lenar bhain ainmneach in *-i* a tháinig "Caoilte". Níl anseo, ar ndóigh, ach buile faoi thuairim, agus ní miste, cheal saineolais sna goirt sin, fuascailt na ceiste a fhágáil faoi scoláirí Ind-Eorpaise agus Ceiltise.

[4] Ibid, 103.
[5] Féach lch. 168, n. 69 *supra*.

Leabharliosta

Aarne, A. agus S. Thompson, *The Types of the Folktale: A Classification and Bibliography* (Helsinki, 1973).

Adam, B., *Time* (Cambridge agus Malden, USA, 2004; athchló 2006).

Assman, A., *Cultural Memory and Western Civilization: Functions, Media, Archives* (München, 1999; an chéad leagan Béarla, Cambridge agus Nua Eabhrac, 2011).

Aymé, M., *Les contes du chat perché* (Páras, 1939).

Bain, R.N., 'The Flying Ship', in idem, *Russian Fairy Tales from the Slazki of Polevoi* (Londain, 1893).

Baumgarten, R., 'Etymological Aetiology in Irish Tradition', *Ériu* 41 (1990) 115–22.

Bergholm, A., 'The Authorship and Transmission of *Buile Shuibhne*: A Re-Appraisal', in J. Carey (eag.), *Buile Suibhne: Perspectives and Re-Assessments*, ITS Subsidiary Series 26 (Londain, 2014) 93–110.

Bergin, O., 'The Empty School', in D. Greene agus F. Kelly (eag.), *Irish Bardic Poetry: Texts and Translations together with an Introductory Lecture by Osborn Bergin* (Baile Átha Cliath, 1984) 159–60 agus 286.

Best, R.I., 'The Settling of the Manor of Tara', *Ériu* 4 (1910) 121–72.

Best, R.I. agus O. Bergin, 'Scel asa mBerar Combad hé Find m*a*c Cumaill Mongán 7 aní día fil Aided Fothaid Airgdig', in eidem, *Lebor na hUidre: Book of the Dun Cow* (Baile Átha Cliath, 1929) ll. 10938–98.

— 'Siaburcharpat Con Culaind', in eidem, *Lebor na hUidre: Book of the Dun Cow* (Baile Átha Cliath, 1929) ll. 9220–565.

Best, R.I., O. Bergin, M.A. O'Brien agus A. O'Sullivan, *The Book of Leinster, formerly Lebor na Núachongbála*, 6 iml. (Baile Átha Cliath**,** 1954–83).

Best R.I agus M.A, O'Brien, 'A Rí Richid Reidig Dam', in eidem, *The Book of Leinster,* iii (Baile Átha Cliath, 1954) ll. 17726–18170.

Bieler, L., *The Patrician Texts in the Book of Armagh*, Scriptores Latini Hiberniae 10 (Baile Átha Cliath, 1979).

Binchy, D.A., *Corpus Iuris Hibernici*, 6 iml. (Baile Átha Cliath, 1978).

— 'Patrick and his Biographers: Ancient and Modern', *Studia Hibernica* 2 (1962) 7–173.

Bitel, L.M., *Land of Women: Tales of Sex and Gender from Early Ireland* (Ithaca agus Londain, 1996).

Borsje, J., 'The "Terror of the Night" and the Morrigain: Shifting Faces of the Supernatural', in M. Ó Flaithearta (eag.), *Proceedings of the Seventh Symposium of Societas Celtologica Nordica* (Uppsala, 2007) 71–98.

Breatnach, B., *Ceol agus Rince na hÉireann* (Baile Átha Cliath, 1989).

Breatnach, L., 'The Caldron of Poesy', *Ériu* 32 (1981) 45–93.

Brisson, L., *Le mythe de Tirésias:essai d'analyse structurale* (Leiden, 1976).

Bromwich, R., agus D.S. Evans, *Culhwch and Olwen: An Edition and Study of the Oldest Arthurian Tale* (Cardiff, 1992).

Brown, N.O., *Hermes the Thief: The Evolution of a Myth*, (Nua-Eabhrac, 1947; athchló 1969).

Byrne, M.E., 'Airec Menman Uraird Maic Coisse', in O.J. Bergin, R.I. Best, K. Meyer, agus J.G. O'Keeffe (eag.), *Anecdota from Irish Manuscripts*, ii, 42–76.

Campbell, J.G., *The Fians or Stories, Poems and Traditions of Fionn and his Warrior Band* (Londain, 1891).

Campbell, J.F., 'The Song of the Smithy', in idem, *Leabhar na Féinne: Heroic Gaelic Ballads Collected in Scotland Chiefly from 1512 to 1871*, ii, (Londain, 1872) 65–7.

Carey, J., '*Acallam na Senórach*: a Conversation between Worlds', in A. Doyle agus K. Murray (eag.), *In Dialogue with the Agallamh: Essays in Honour of Seán Ó Coileáin* (Baile Átha Cliath, 2014) 76–89.

— (eag.) *Buile Suibhne: Perspectives and Reassessments* (Londain, 2014).

— *Ireland and the Grail* (Aberystwyth, 2007).

— 'Nodons in Britain and Ireland', *Zeitschrift für celtische Philologie* 40 (1984) 1–22.

— 'Nōdons, Lugus, Windos', in C.M. Ternes agus H. Zinser, (eag.), *Dieux des Celtes: Goetter der Kelten: Gods of the Celts* (Luxembourg, 2002) 99–126.

— 'Notes on the Irish War-Goddess', *Éigse* 19, ii (1983) 263–75.

— 'Remarks on Dating', in idem (eag.), *Duanaire Finn: Reassessments* (Londain, 2003) 1–18.

— 'Scél Tuáin Meic Chairill', *Ériu* 35 (1984) 93–111.

— 'The Testimony of the Dead', *Éigse* 26 (1992) 1–12.

— ‘The Three Things Required of a Poet’, *Ériu* 48 (1997) 41–58.

— ‘Two Notes on Names’, *Éigse* 35 (2005) 116–24.

Carney, J., ‘The Dating of Early Irish Verse Texts, 500–1100’, *Éigse* 19 (1982–83) 177–216.

— ‘Three Old Irish Accentual Poems’, *Ériu* 22 (1971) 23–80.

Carruthers, M., *The Book of Memory: A Study in Medieval Culture* (Cambridge agus Nua Eabhrac, 1990).

Chadbourne, K., ‘The Beagle’s Cry: Dogs in the Finn Ballads and Tales’, *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 16/17 (1996/1997) 1–14.

Chaucer, G., ‘The Miller’s Prologue and Tale’, in A.C. Cawley (eag.) *The Canterbury Tales* (Londain agus Nua-Eabhrac, 1958; athchló 1976) 83–103.

Christiansen, R.T., ‘The Master Smith from Norway (text a)’, in idem, *The Vikings and the Viking Wars in Irish and Gaelic Tradition* (Oslo, 1931) 345–9.

Clancy, T.O., ‘Fools and Adultery in Some Early Irish Texts’, *Ériu* 44 (1993) 105–24.

— ‘Women Poets in Early Medieval Ireland: Stating the Case’ in C. Meek agus A. Simms (eag.), *The Fragility of Her Sex? Medieval Irishwomen and their Medieval Context* (Baile Átha Cliath, 1996) 43–72.

Comyn, D. agus P. Dineen, *Foras Feasa ar Éirinn le Seathrún Céitinn, D.D.*, 4 iml. (Londain, 1902–14).

Connon, A., ‘The Roscommon *Locus* of *Acallam na Senórach* and Some Thoughts as to *Tempus* and *Persona*’, in A. Doyle agus K. Murray (eag.), *In Dialogue with the Agallamh: Essays in Honour of Seán Ó Coileáin* (Baile Átha Cliath, 2014) 21–59.

Corthals, J., ‘Some Observations on the Versification of the Rhymeless “Leinster Poems”’, *Celtica* 21 (1990) 113–25.

Cross, T.P., *Motif-Index of Early Irish Literature* (Bloomington, 1952).

Dagenais, J., *The Ethics of Reading in Manuscript Culture: Glossing the Libro de Buen Amor* (Princetown, 1994).

de Beaumarchais, P-A.C. (E. Renault eag.), *Le mariage de Figaro* (Londain, 1911).

de h-Íde, D., ‘Caoilte na gCos Fada’, in *An Sgeuluidhe Gaedhealach (Sgéalta as Connachta)* (Baile Átha Cliath, 1933), 190–96.

— ‘Caoilte na gCos Fada [Sgéul Eile]’ in *An Sgeuluidhe Gaedhealach (Sgéalta as Connachta)* (Baile Átha Cliath, 1933), 237–47.

Descola, P., ‘The Two Natures of Lévi-Strauss’ (Y. Gilonne agus B. Wiseman, aistr.), in B. Wiseman (eag.), *The Cambridge Companion to Levi-Strauss* (Cambridge, 2009) 103–17.

Dillon, M., *Early Irish Literature* (Chicago agus Londain, 1948; athchló 1992).

— *Stories from the Acallam* (Baile Átha Cliath, 1970; athchló 1984).

— ‘The Yew of the Disputing Sons’, *Ériu* 14 (1946) 154–65.

Dobbs, M.C., ‘The Ban-shenchus’, *Revue Celtique* 47 (1930) 283–339; *Revue Celtique* 48 (1931) 163–234; *Revue Celtique* 49 (1932) 437–98.

— ‘On the Graves of Leinster Men’, *Zeitschrift für celtische Philologie* 24 (1954) 139–53.

Doherty, C., ‘The Cult of St. Patrick and the Politics of Armagh in the Seventh Century’, in J.M. Picard (eag.), *Ireland and Northern France AD 600–850* (Baile Átha Cliath, 1991) 53–94.

Dooley, A., ‘The Date and Purpose of *Acallam na Senórach*’, *Éigse* 34 (2004) 97–126.

— ‘The European Context of *Acallam na Senórach*’, in A. Doyle agus K. Murray (eag.), *In Dialogue with the Agallamh: Essays in Honour of Seán Ó Coileáin* (Baile Átha Cliath, 2014) 60–75.

Dooley A. and H. Roe, *Tales of the Elders of Ireland (Acallam na Senórach)* (Oxford, 1999).

Duby, G., ‘Histoire sociale et idéologies des sociétés’, in J. Le Goff agus P. Nora (eag.), *Faire de l’histoire: nouveaux problèmes* (Páras, 1974) 147–68.

Dumville, D.N., *Councils and Synods of the Gaelic Early and Central Middle Ages* (Cambridge, 1997).

Duncan, E., ‘A Reassessment of the Script and Make-up of Lebor na Nuachongbála’, in *Zeitschrift für celtische Philologie* 59 (2012) 27–66.

— ‘Turning over a New Leaf: The Manuscript Context of *Leabhar na Nuachongbála*, Commonly Known as the Book of Leinster’, *Ossory, Laois and Leinster* 5 (2012) 146–86.

Eliade, M. (W.R. Trask, aistr.), *Shamanism: Archaic Techniques of Ectasy* (Princeton agus Oxford, 1972; an dara heagrán 2004).

— (S. Corrin, aistr.) *The Forge and the Crucible*, (Londain agus Chicago, 1962).

Erll, A. (S.B. Young, aistr.), *Memory in Culture* (Basingstoke, Nua Eabhrac, 2011).

Eyjolfsdottir, E.I. ‘The Bórama: the Poetry and the Hagiography in the Book of

Leinster' (tráchtas neamhfhoilsithe PhD, Ollscoil Ghlascú, 2012).

Flahive, J.J., *The Fenian Cycle in Irish and Scots-Gaelic Literature* (Corcaigh, 2017).

— 'Revisiting the Reeves *Agallamh*', in A. Doyle agus K. Murray (eag.), *In Dialogue with the Agallamh: Essays in Honour of Seán Ó Coileáin* (Baile Átha Cliath, 2014) 164–84.

Flanagan, M.T., 'Henry II, The Council of Cashel and the Irish Bishops', *Peritia* 10 (1996) 184–211.

— *Irish Society, Anglo-Norman Settlers, Angevin Kingship: Interactions in Ireland in the Late Twelfth Century* (Oxford, 1989).

— *The Transformation of the Irish Church in the Twelfth Century* (Woodbridge, 2010).

Foley, J.M., *Immanent Art: From Structure to Meaning in Traditional Oral Epic* (Bloomington agus Indianapolis, 1991).

Gantz, J., *Early Irish Myths and Sagas* (Baile Átha Cliath, 1981).

Goverts, D., 'Mór an Gním: An Edition of Some Poems from the *Bórama*, with Translation and Textual Notes' (tráchtas neamhfhoilsithe MA, Ollscoil Utrecht, 2009).

Gray, E.A., *Cath Maige Tuired: The Second Battle of Mag Tuired*, CSG 52 (Baile Átha Cliath, 1982).

Gwynn, A., *The Irish Church in the Eleventh and Twelfth Centuries* (Baile Átha Cliath, 1992).

Gwynn, E.J., *The Metrical Dindshenchas: Text, Translation and Commentary*, 5 iml. (Baile Átha Cliath, 1903–41).

Gwynn, E.J. agus J.H. Lloyd, 'The Burning of Finn's House', *Ériu* 1 (1904) 13–37.

Hanson, R.P.C. agus C. Blanc, *Saint Patrick: Confession et lettre à Coroticus: introduction, texte critique et notes* (Páras, 1978).

Harmon, M., *The Dialogue of the Ancients of Ireland: A New Translation of Acallam na Senórach* (Baile Átha Cliath, 2009).

Harf-Lancner, L., agus K. Warnke, *Lais de Marie de France* (Páras, 1990).

Harrison, A., *The Irish Trickster* (Sheffield, 1989).

Heffernan, J.A.W., 'Ekphrasis and Representation', *New Literary History* 22 (1991) 297–316.

Hennessy, W.M., 'The Battle of Cnucha', *Revue Celtique* 2 (1873–5) 86–93.

Henry, P.L., *Saoithiúlacht na Sean-Ghaeilge: Bunú an Traidisiúin* (Baile Átha Cliath, 1978).

Hogan, E., *Onomasticon Goedelicum Locorum et Tribuum Hiberniae et Scotiae: An Index, with Identifications, to the Gaelic Names of Places and Tribes* (Baile Átha Cliath, 1910; athchló 1993).

Hollo, K., "'Finn and the Man in the Tree" as Verbal Icon', in S.J. Arbuthnot agus G. Parsons (eag.), *The Gaelic Finn Tradition* (Baile Átha Cliath, 2012) 50–61.

Holtz, L., 'L'enseignement des maîtres de grammaire irlandais sur le continent au IX^{e} siècle', in J.M. Picard (eag.), *Ireland and Northern France AD 600–850* (Baile Átha Cliath, 1991) 143–156.

Hull, E., 'The Hawk of Achill or the Legend of the Oldest Animals', *Folklore* 43 (1932) 376–409.

Hull, V., 'A Rhetoric in *Finn and the Man in the Tree*', *Zeitschrift für celtische Philologie* 30 (1967) 17–20.

— 'Two Tales about Find', *Speculum* 16 (1941), 322–33.

Jackson, K.H., *The International Popular Tale and Early Welsh Tradition* (Cardiff, 1961).

— 'Tradition in Early Irish Prophesy', *Man* 34 (1934) 67–70.

Jones, P.V. agus E.V. Rieu (eag. agus aistr.), *Homer: The Iliad* (Londain, 1950, eagrán leasaithe 2003).

Joynt, M. (eag.), *Feis Tighe Chonáin* (Baile Átha Cliath, 1936).

Jung, C.G., 'On the Psychology of the Trickster Figure', in P. Radin (eag.), *The Trickster: A Study in American Indian Mythology* (Nua Eabhrac, 1956) 193–211.

Katriel, T., 'Sites of Memory: Discourses of the Past in Israeli Pioneering Settlement Museums', in D. Ben-Amos agus L. Weissberg (eag.), *Cultural Memory and the Construction of Identity* (Detroit, 1999) 99–135.

Kearney, R., *On Stories* (Londain agus Nua Eabhrac, 2002; athchló 2004).

Kimpton, B., *The Death of Cú Chulainn: A Critical Edition of the Earliest Version of Brislech Mór Maige Muirthemni with Introduction, Translation, Notes, Bibliography and Vocabulary* (Maigh Nuad, 2009).

Kinsella, T., *The Tain* (Londain, 1970; athchló 1979).

Knott, E., *A bhFuil Againn dar Chum Tadhg Dall Ó hUiginn (1550–1591): idir*

Mholadh agus Marbhnadh, Aoir agus Ábhacht, Iomarbháidh agus Iomchasaoid, 2 iml. (Londain, 1920; athchló 2007).

— *Togail Bruidne Da Derga* (Baile Átha Cliath, 1936).

Krappe, A.H., 'La poursuite du Gilla Dacker et les dioscures celtiques', *Revue Celtique* 49 (1932) 96–108.

Lang, A., *The Homeric Hymns: A New Prose Translation and Essays, Literary and Mythological* (Londain, 1899).

Laoide, S., 'Athbhaisteadh Chaoilte', *Irisleabhar na Gaedhige: The Gaelic Journal* 11 (1901) 137–8.

— 'Laoidh an Duirn', in idem, *Fian-Laoithe: Tiomargadh Laoitheadh bhFiannaigheachta as Dhá Thír Mhóra an Tré-Fhóid .i. a hÉirinn agus a hAlbain* (Baile Átha Cliath, 1916) 64–70.

— 'Laoidh na Ceardcha', in idem., *Cruach Chonaill Tiomsughadh Spíontóg de Sgéalaidheacht an Fhochla* (Áth Cualann, 1909) 98–106.

Le Goff, J., 'Le merveilleux', in idem, *L'imaginaire mediéval: essais* (Páras, 1985) 15–39.

Lévi-Straus, C. (R. Willis, aistr.), *Anthropology and Myth: Lectures 1951–82* (Oxford, 1987).

— (J. agus D. Weightman, aistr.), *The Raw and the Cooked: Introduction to a Science of Mythology* (Londain, 1970; athchló 1992).

— (C. Jacobson, agus B. Gundfest Schoepf, aistr.), *Structural Anthropology* (Harmondsworth, 1972).

— *Race et Histoire* (Páras, 1952; atheagrán 1987).

Lewis C.D., *The Aeneid Translated by C.D. Lewis with an Introduction and Notes by Jasper Griffin* (Oxford agus Nua Eabhrac, 1952; atheisithe 2008).

Lewis, I.M., *Ecstatic Religion: A Study of Shamanism and Spirit Possession* (Londain agus Nua Eabhrac, 1971; an dara heagrán 1989).

Mac Cana, P., *Celtic Mythology* (Feltham, 1968; athchló 1984).

— '*Fianaigecht* in the Pre-Norman Period', *Béaloideas* 54–5 (1986–7) 75–99.

— *The Learned Tales of Medieval Ireland* (Baile Átha Cliath, 1980).

Mac Carthy, B., *The Codex Palatino-Vaticanus No. 830* (Texts, Translations and Indices), Royal Irish Academy Todd Lecture Series 3 (Baile Átha Cliath, 1892).

Mac Eoin, G., 'Cár Scríobhadh Leabhar na Nuachongbhála?', in B. Ó Conaire

(eag.), *Aistí ag Iompar Scéil in Ómós do Shéamus P. Ó Mórdha* (Baile Átha Cliath, 2004) 285–99.

— ‘The Provenance of the Book of Leinster’, *Zeitschrift für celtische Philologie* 57 (2009–10) 79–96.

Mac Mathúna, S., *Immram Brain: Bran’s Journey to the Land of the Women* (Tübingen, 1985).

Mac Néill, E., ‘Mocu, Maccu’, *Eriu* 3 (1907) 42–9.

— ‘Sescenn Uarbeoil of the Sagas and other Ancient Place-Names to the South of Dublin’, *Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland* 5 (1935) 9–22.

Mac Néill, E. agus G. Murphy, *Duanaire Finn: The Book of the Lays of Fionn*, 3 iml. (Londain, 1904–53).

Mac Neill, J., ‘Early Irish Population-Groups: their Nomenclature, Classification and Chronology’, *Proceedings of the Royal Irish Academy* 29C (1911–12) 59–114.

— ‘Poems by Flann Mainistrech on the Dynasties of Ailech, Mide and Brega’, *Archivium Hibernicum* 2 (1913) 37–99.

— ‘Three Poems in Middle-Irish, Relating to the Battle of Mucrama with English Translation and Notes and a Short Vocabulary’, *Proceedings of the Royal Irish Academy* 3 (1893–6) 529–63.

Mac Piarais, P., *Bruidhean Chaorthainn* (Baile Átha Cliath, 1908).

Marstrander, C., ‘Deux contes irlandais’, in O. Bergin agus C. Marstrander (eag.), *Miscellany Presented to Kuno Meyer by Some of his Friends and Pupils on the Occasion of his Appointment to the Chair of Celtic Philosophy in the University of Berlin* (Halle, 1912) 371–486.

McCone, K., ‘An tSean-Ghaeilge agus a Réamhstair’, in K. McCone, D. McManus, C. Ó hÁinle, N. Williams, agus L.Breatnach, *Stair na Gaeilge in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta* (Maigh Nuad, 1994) 61–219.

— ‘The Celtic and Indo-European Origins of the *Fian*’, in S.J. Arbuthnot agus G. Parsons (eag.), *The Gaelic Finn Tradition* (Baile Átha Cliath, 2012) 14–30.

— *Echtrae Chonnlai and the Beginnings of Vernacular Writing in Irish: A Critical Edition with Introduction, Notes, Bibliography and Vocabulary* (Maigh Nuad, 2000).

— ‘An Introduction to Early Irish Saints’ Lives’, *The Maynooth Review* 11 (1984) 26–59.
— *Pagan Past and Christian Present in Early Irish Literature* (Maigh Nuad, 1990).
— ‘Varia II’, *Ériu* 36 (1985) 169–76.
— ‘Werewolves, Cyclopes, *Díberga,* and *Fíanna*: Juvenile Delinquency in Early Ireland’, *Cambridge Medieval Celtic Studies* 12 (1986) 1–22.
McLauchlan, T. agus W.F. Skene, *The Dean of Lismore’s Book: A Selection of Ancient Gaelic Poetry from a Manuscript Collection made by Sir James McGregor, Dean of Lismore, in the Beginning of the Sixteenth Century* (Dún Éideann, 1862).
McManus, D., ‘Good-looking and Irresistible: the Hero from Early Irish Saga to Classical Poetry’, *Ériu* 59 (2009) 57–109.
McManus, D. agus E. Ó Raghallaigh, *A Bardic Miscellany: Five Hundred Bardic Poems from Manuscripts in Irish and British Libraries* (Baile Átha Cliath, 2010).
McQuillan, P., ‘Finn, Fothad, and Fian: Some Early Associations’, *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 8 (1988) 1–10.
Meyer, K., ‘Baile Bricín’, *Zeitschrift für celtische Philologie* 9 (1913) 449–57.
— ‘Caoilte Cecinit’, *Ériu* 1 (1904) 72–3.
— *Cath Finntrága* (Oxford, 1885).
— ‘The Colloquy between Fintan and the Hawk of Achill’, in O.J. Bergin, R.I. Best, K. Meyer, agus J.G. O’Keeffe (eag.), *Anecdota from Irish Manuscripts*, i (Baile Átha Cliath, 1910) 24–39.
— ‘Cú Chorb and Echu Find Fúath nAirt’, *Zeitschrift für celtische Philologie* 12 (1918) 435–8.
— ‘The Death of Finn Mac Cumaill’, *Zeitschrift fur celtische Philologie* 1 (1897) 462–5.
— *Fianaigecht: Being a Collection of Hitherto Inedited Irish Poems and Tales Relating to Finn and his Fiana, with an English Translation*, Royal Irish Academy Todd Lecture Series XVI (Baile Átha Cliath agus Londain, 1910; athchló 1937).
— ‘Finn and Grainne’, *Zeitschrift für celtische Philologie* 1 (1897) 458–61.
— ‘Finn and the Man in the Tree’, *Revue Celtique* 25 (1904) 344–9.
— ‘Find mac Umaill’, *Revue Celtique* 32 (1911) 391–5.

— *Four Old-Irish Songs of Summer and Winter* (Londain, 1903).
— *Hail Brigit: An Old-Irish Poem on the Hill of Allen* (Baile Átha Cliath, 1912).
— *The Instructions of King Cormac Mac Airt*, Royal Irish Academy Todd Lecture Series 15 (Baile Átha Cliath agus Londain, 1909).
— 'Macgnimartha Finn', *Revue Celtique* 5 (1881–3) 195–204.
— 'Mitteilungen aus irischen Handschriften', *Zeitschrift für celtische Philologie* 8 (1912) 102–20.
— 'Mitteilungen aus irischen Handschriften', *Zeitschrift für celtische Philologie* 12 (1918) 378–9.
— 'An Old-Irish Parallel to the Motive of the Bleeding Lance', *Ériu* 6 (1912) 157–8.
— 'Orthanach ūa Cōillāma Cecinit', *Zeitschrift für celtische Philologie* 11 (1917) 107–13.
— 'A Poem by Dallán mac Móre', *Revue Celtique* 29 (1908) 210–14.
— 'Scél Baili Binnbérlaig', *Revue Celtique* 13 (1892) 220–27.
— 'Síaburcharpat Chonculaind', in O.J. Bergin, R.I. Best, K. Meyer, agus J.G. O'Keeffe (eag.), *Anecdota from Irish Manuscripts*, iii (Baile Átha Cliath, 1907–13) 48–56.
— *The Triads of Ireland* (Baile Átha Cliath, 1906).
— 'Two Tales about Finn', *Revue Celtique* 14 (1893) 241–9.
Molière (eag. F. Spiess) *Le Médecin Malgré Lui* (Páras, 1991).
Moréchand, G., 'Les chamans', *Bulletin de l'Ecole française d'Extrême-Orient* 54 (1968) 201–76.
Muhr, K., 'Water Imagery in Early Irish', *Celtica* 23 (1999) 193–210.
Murray, K., *The Early Finn Cycle* (Baile Átha Cliath, 2017).
— 'The Finding of the *Táin*', *Cambrian Medieval Celtic Studies* 41 (Samhradh, 2001) 17–23.
— 'Genre Construction: The Creation of the Dinnshenchas', *Journal of Literary Onomastics* 6 (2017) 11–21.
— 'A Reading from *Scéla Mośauluim*', *Zeitschrift für Cetische Philologie* 53 (2003) 198–201.
— 'Some Thoughts on *Baile Binnbérlach mac Búain*', in D.M. Wiley, (eag.), *Essays on the Early Irish King Tales* (Baile Átha Cliath, 2008) 84–90.
— 'The Treatment of Place-names in the Early *Fianaigecht* Corpus', in E. Purcell,

P. MacCotter, J. Nyhan agus J. Sheehan (eag.), *Clerics, Kings and Vikings: Essays on Medieval Ireland in Honour of Donnchadh Ó Corráin* (Baile Átha Cliath, 2015) 452–7.

Nagy, J.F., *Conversing with Angels and Ancients: Literary Myths of Medieval Ireland* (Baile Átha Cliath, 1997).

— 'Demne Mael', *Celtica* 14 (1981) 8–14.

— 'Fenian Heroes and Their Rites of Passage', *Béaloideas* 54/55 (1986/1987) 161–82.

— 'Introduction: The Singing Warrior', in idem agus L.E. Jones (eag.), *Heroic Poets and Poetic Heroes in Celtic Tradition: A Festschrift for Patrick K. Ford*, CSANA Yearbook 3–4 (Baile Átha Cliath, 2005) 13–18.

— 'Liminality and Knowledge in Irish Tradition', *Studia Celtica* 16–17 (1981–2) 135–43.

— *Mercantile Myth in Medieval Celtic Traditions*, H.M. Chadwick Memorial Lectures 20 (Cambridge, 2011).

— 'Oral Tradition in the Acallam na Senórach', in W.F.H. Nicolaisen, ed., *Oral Tradition in the Middle Ages*, (Binghamton, 1990) 77–95.

— 'Shamanic Aspects of the *Bruidhean* Tale', *History of Religions* 20 (1981) 302–22.

— *The Wisdom of the Outlaw: The Boyhood Deeds of Finn in Gaelic Narrative Tradition* (Berkeley, Los Angeles, Londain, 1985).

— 'The Significance of the *Duanaire Finn*', in J. Carey (eag.), *Duanaire Finn Reassessments* (Londain, 2003) 39–50.

Ní Bhrolcháin, M., *An Introduction to Early Irish Literature* (Baile Átha Cliath, 2009; athchló 2011).

Nic Cárthaigh, E., 'Surviving the Flood: Revenants and Antedeluvian Lore in Medieval Irish Texts', in K. Cawsey and J.H. Harris (eag.), *Transmission and Transformation in the Middle Ages: Texts and Contexts* (Baile Átha Cliath, 2007) 40–64.

Ní Mhaonaigh, M., 'Pagans and Holy Men: Literary Manifestations of Twelfth-century Reform', in D. Bracken agus D. Ó Riain-Raedel (eag.), *Ireland and Europe in the Twelfth Century: Reform and Renewal* (Baile Átha Cliath, 2006) 143–161.

Ní Shéaghdha, N., *Agallamh na Seanórach*, 3 iml. (Londain, 1942, 1945; athchló 2014).

— *Tóruigheacht Dhiarmada agus Ghráinne: The Pursuit of Diarmaid and Gráinne*, CSG 48 (Baile Átha Cliath, 1967).

Ní Shíocháin, T., *Bláth 's Craobh na nÚdar: Amhráin Mháire Bhuí* (Baile Átha Cliath, 2012).

Noyes, D. agus R.D. Abrahams, 'From Calendar Custom to National Memory: European Commonplaces', in D. Ben-Amos agus L. Weissberg (eag.), *Cultural Memory and the Construction of Identity* (Detroit, 1999) 77–98.

O'Brien, M.A., *Corpus Genealogiarum Hiberniae*, i (Baile Átha Cliath, 1976).

Ó Cadhla, S., 'Gods and Heroes: Approaching the *Acallam* as Ethnography', in A. Doyle agus K. Murray (eag.), *In Dialogue with the Agallamh: Essays in Honour of Seán Ó Coileáin* (Baile Átha Cliath, 2014) 125–45.

Ó Concheanainn, T., 'LL and the Date of the Reviser of LU', *Éigse* 20 (1984) 212–25.

Ó Conghaile, M., L. Ó Tuairisc agus P. Ó Ceannabháin, *Leabhar Mór na nAmhrán*, (Indreabhán, 2013).

O'Connell, J., '*Airem Muinntari Finn* and *Oesa Fedma Find*: Manuscripts, Scribes and Texts' (Tráchtas neamhfhoilsithe M.A., Coláiste na hOllscoile Corcaigh, 2012).

Ó Corráin, D., *The Irish Church, Its Reform and the English Invasion* (Baile Átha Cliath, 2017).

Ó Cróinín, S. (D. Ó Cróinín, eag.), *Seanchas Amhlaoibh Í Luínse* (Baile Átha Cliath, 1980).

Ó Cuív, B., 'Comram na Cloenfherta', *Celtica* 11 (1976) 168–79.

— 'The Romance of Mis and Dubh Ruis', *Celtica* 2, ii (1954) 325–33.

O'Curry, E., *On the Manners and Customs of the Ancient Irish*, iii (Londain, 1873; athfhoilsiú Nua Eabhrac, 1971).

— *Lectures on the Manuscript Materials of Ancient Irish History* (Baile Átha Cliath agus Londain, 1861).

O Daly, M., *Cath Maige Mucrama: The Battle of Mag Mucrama*, CSG 50 (Baile Átha Cliath, 1975).

— 'Úar in Lathe do Lum Laine', in J. Carney agus D. Greene (eag.), *Celtic Studies:*

Essays in Memory of Angus Matheson, 1912–1962 (Londain, 1968; athchló 1969) 99–108.

Ó Dubhshláine, M., *Inis Mhic Uibhleáin* (Daingean Uí Chúis, 2007).

Ó Duillearga, S., *Leabhar Sheáin Í Chonaill: Sgéalta agus Seanchas ó Íbh Ráthach* (Baile Átha Cliath, 1948).

O'Grady, S.H., 'Aidedh Ferghusa', in idem, *Silva Gadelica*, i (Londain, 1892) 238–52.

— 'Airem muintiri Finn', in idem, *Silva Gadelica*, i (Londain, 1892) 92–3.

— 'Bodach an Chóta Lachtna', in idem, *Silva Gadelica*, i (Londain, 1892) 289–96.

— 'Bruiden Bhec na hAlmaine', in idem, *Silva Gadelica*, i (Londain, 1892) 336–42.

— 'Cetharnach úi Dhomnaill', in idem, *Silva Gadelica*, i (Londain, 1892) 272–89.

— 'In Gilla Decair', in idem, *Silva Gadelica*, i (Londain, 1892), 257–75.

— 'Tesmolad Corbmaic úi Cuinn ocus Finn meic Cumhaill', in idem, *Silva Gadelica*, i (Londain, 1892) 89–92.

Ó hÓgáin, D., *An File: Staidéar ar Osnádúrthacht na Filíochta sa Traidisiún Gaelach* (Baile Átha Cliath, 1982).

— *Fionn mac Cumhaill: Images of the Gaelic Hero* (Baile Átha Cliath, 1988).

— *The Lore of Ireland: An Encyclopaedia of Myth, Legend and Romance* (Corcaigh, 2006).

— 'Magic Attributes of the Hero in Fenian Lore', *Béaloideas* 54/55 (1986/1987) 207–42.

O'Kearney, N., *Feis Tighe Chonain Chinn-Shleibhe or The Festivities at the House of Conan of Ceann-Sleibhe in the County of Clare* (Baile Átha Cliath, 1855).

O'Keeffe, J.G., *Buile Suibhne (The Frenzy of Suibhne) Being the Adventures of Suibhne Geilt: A Middle-Irish Romance*, CSG 12 (Londain, 1913).

Ó Madagáin, B., 'Ceol a Chanadh Eoghan Mór Ó Comhraí', *Béaloideas* 51 (1983) 71–86.

Ó Muirigh, C., 'Fionn, Fian agus Corca Laoidhe', *Journal of the Cork Historical and Archeological Society* 113 (2008) 24–6.

— 'Rangú Litríocht Mheánaoiseach na Gaeilge', in S. Ó Coileáin, L.P. Ó Murchú, agus P. Riggs (eag.), *Seimhfhear Suairc: Aistí in Ómós don Ollamh Breandán Ó Conchubhair* (An Daingean, 2013) 705–11.

Ó Murchadha, D., *Lige Guill: The Grave of Goll – A Fenian Poem from the Book of Leinster*, CSG (Londain, 2009).

Ó Morónaigh, S., *Agallaimh na hÉigse: Cíoradh agus Cnuasach* (Camus, 2001).

O'Rahilly, C., *Cath Finntrágha* (Baile Átha Cliath, 1962).

— *Ireland and Wales: Their Historical and Literary Relations* (Londain, 1924).

— *Táin Bó Cuailgne: Recension I* (Baile Átha Cliath, 1976).

O'Rahilly, T.F., *Early Irish History and Mythology* (Baile Átha Cliath, 1946; athchló 2010).

Ó Riain, P., 'A Study of the Irish Legend of the Wild Man', *Éigse* 14 (1971) 179–206.

— 'Traces of Lug in Early Irish Hagiographical Tradition', *Zeitschrift für celtische Philologie* 36 (1978) 138–56.

Ó Riain, P., D. Ó Murchadha, K. Murray agus E. Nic Cárthaigh (eag.), *Historical Dictionary of Gaelic Placenames / Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge*, 6 fasc. (Londain, 2003–16).

O'Sullivan, W., 'Notes on the Scripts and Make-up of the Book of Leinster', *Celtica* 7 (1966) 1–31.

Ó Tuama, S. agus T. Kinsella, *An Duanaire, 1600–1900: Poems of the Dispossessed* (Baile Átha Cliath, 1981; an ceathrú hathchló 2002).

Paris, A.P., *Les aventures de Maître Renart et d'Ysengrin son compère mises en nouveau langage, racontées dans un nouvel ordre et suivies de nouvelles recherches sur le Roman de Renart* (Páras, 1861).

Parsons, G., 'Breaking the Cycle? Accounts of the Death of Finn', in S.J. Arbuthnot agus G. Parsons (eag.), *The Gaelic Finn Tradition* (Baile Átha Cliath, 2012) 81–96.

Pauphilet, A. (eag.), 'Le Roman de Renart', in idem (eag.), *Poètes et Romanciers du Moyen Âge* (Páras, 1952) 511–44.

Power, M., 'Cnucha Cnoc os cionn Life', *Zeitschrift für celtische Philologie* 11 (1917) 39–55.

Putnam, M.C.J., *Virgil's Epic Designs: Ekphrasis in the Aeneid* (New Haven agus Londain, 1998).

Radin, P., *The Trickster: A Study in American Indian Mythology* (Nua Eabhrac, 1956).

Raeburn, D., *Ovid, Metamorphoses: a New Verse Translation* (Londain, 2004).

Roe, H., '"Acallam na Senórach": The Confluence of Lay and Clerical Oral

Traditions', in C.J. Byrne, M. Harry agus P. Ó Siadhail (eag.), *Celtic Languages and Celtic Peoples: Proceedings of the Second North American Congress of Celtic Studies* (Halifax, Nova Scotia, 1992) 331–46.

Ross, N., *Heroic Poetry from the Book of the Dean of Lismore* (Dún Éideann, 1939).

Russell, T.O., *An Bhóramha Laighean: The Leinster Tribute, Put into Modern Irish from the Original Texts of the Book of Leinster and the Book of Lecan* (Baile Átha Cliath, 1901).

Schlüter, D., *History or Fable? The Book of Leinster as a Document of Cultural Memory in Twelfth-Century Ireland* (Münster, 2010).

Seabhac, An, *Seoda an tSeabhaic: Jimín agus An Baile seo Againne* (Baile Átha Cliath, 1983).

— *Laoithe na Féinne .i. Ceithre Laoithe agus Trí Fichid den bhFiannaigheacht* (Baile Átha Cliath, 1941).

Seaton, R.C., *Apollonius Rhodius: The Argonautica with an English Translation* (Londain agus Nua Eabhrac, 1912).

Sharpe, 'Hiberno-Latin *Laicus*, Irish *Láech* and the Devil's Men', *Ériu* 30 (1979) 75–92.

Sjoestedt, M-L., (M. Dillon, aistr.), *Gods and Heroes of the Celts* (Menthuen, 1949; athchló Berkeley, 1949).

Sims-Williams, P., *Irish Influence on Medieval Welsh Literature* (Oxford, 2011).

Smith, P.J., *Three Historical Poems Ascribed to Gilla Cóemáin: A Critical Edition of the Work of an Eleventh-Century Irish Scholar* (Münster, 2007).

Stern, L.C., 'Eine ossianische Ballade aus dem XII. Jahrhundert', in K. Meyer, L.C. Stern, R. Thurneysen, F. Sommer, W. Foy, A. Leskien, K. Brugmann agus E. Windisch (eag.), *Festschrift Whitley Stokes zum siebzigsten Geburtstage am 28. Februar 1900 gewidmet* (Leipzig, 1900) 7–19.

— 'Fianṡruth', *Zeitschrift für celtische Philologie* 1 (1897) 470–3.

— 'Le manuscrit irlandais de Leide', *Revue Celtique* 13 (1892) 1–31.

Stokes, W., 'Acallamh na Senórach', in E. Windisch agus W. Stokes (eag.), *Irische Texte mit Wörterbuch*, iv, 1 (Leipzig, 1900) 1–438.

— 'The Boroma', *Revue Celtique* 13 (1892) 32–124.

— 'Find and the Phantoms', *Revue Celtique* 7 (1886) 289–307.

— 'On the Deaths of Some Irish Heroes' *Revue Celtique* 23 (1902) 303–48, 438.

—'The Prose Tales in the Rennes Dinḋenchas', *Revue Celtique* 15 (1894) 272–336;

418–84 agus *Revue Celtique* 16 (1895) 31–83; 135–67; 269–83.

— ‘Sanas Cormaic’, in idem, *Three Irish Glossaries* (Dún Éideann, 1862) 1–46.

— ‘The Second Battle of Moytura’, *Revue Celtique* 12 (1891) 52–130 agus 306–8.

— *The Tripartite Life of Patrick with other Documents relating to that Saint*, 2 iml. (Londain, 1887).

Strachan, J, *Stories from the Táin* (Baile Átha Cliath, 1944; an tríú heagrán iarna leasú ag O. Bergin; athchló 1999).

Szakolczai, A., ‘Masks and Persons: Identity Formation in Public’, *International Political Anthropology* 3, ii (2010) 171–91.

Thurneysen, R. (D.A. Binchy agus O. Bergin, aistr.), *A Grammar of Old Irish* (Baile Átha Cliath, 1946; athchló 2003).

— ‘Mittelirische Verslehren’, in W. Stokes agus E. Windisch (eag.), *Irische Texte mit Übersetzungen und Worterbüch*, iii (Leipzig, 1891), 1–182.

Titley, A., ‘Crobhingne’, *The Irish Times*, 1 Iúil, 2015, 11.

Todd, J.H., *Leabhar Breathnach Annso Sis: The Irish Version of the Historia Britonum of Nennius* (Baile Átha Cliath, 1848).

Toner, G., ‘Macha and the Invention of Myth’, *Ériu* 60 (2010) 81–109.

Turner, V., *The Ritual Process: Structure and Anti-Structure* (New Brunswick agus Londain, 1969; athchló 2008).

Ua Laoghaire, P. (L. Mac Mathúna, eag.), *Séadna* (Baile Átha Cliath, 1987).

van Gennep, A., ‘Essai d’une théorie des langues spéciales’, *Revue des études ethnographiques et sociologiques* 6–7 (1908) 327–37.

— (M.B. Vizedom agus G.L. Caffee, aistr.), *The Rites of Passage* (Chicago, 1960).

van Hamel, A.G., ‘Compert Con Culainn’, in idem, *Compert Con Culainn and Other Stories* (Baile Átha Cliath, 1933; athchló 1978) 3–8.

— ‘Tochmarc Emire’, in idem, *Compert Con Culainn and Other Stories* (Baile Átha Cliath, 1933; athchló 1978) 16–68.

Vendryes, J., *Airne Fíngein* (Baile Átha Cliath, 1953; athchló 1975).

Walker Bynum, *Metamorphosis and Identity* (Nua Eabhrac, 2005).

Watling, E.F., (aistr,) ‘Amphitryo’ in idem (aistr.), *Plautus: The Rope and Other Plays* (Londain, 1964).

Watson, J.C., *Mesca Ulad* (Baile Átha Cliath, 1967).

— ‘Mesca Ulad: The Redactor’s Contribution to the Later Version’, *Ériu* 13 (1942) 95–112.

Weissberg, L., ‘Introduction’, in D. Ben-Amos agus L. Weissberg (eag.), *Cultural Memory and the Construction of Identity* (Detroit, 1999) 7–26.

Wender, D. (aistr.), ‘Theogony’, in idem (aistr.), *Hesiod, Theogony, Works and Days; Theognis, Elegies* (Londain agus Nua Eabhrac, 1973) 23–58.

White, N., ‘Scél asa-m:Berar Combad hé Find mac Cumaill Mongán ocus aní dia:fil Aidid Fothaid Airgtig a Scél só sís’, in eadem, *Compert Mongáin and Three Other Early Mongán Tales: A Critical Edition with Introduction, Translation, Textual Notes, Bibliography and Vocabulary* (Maigh Nuad, 2006) 73–4.

Windisch, E., ‘Drei Gedichte aus der Finnsage’, *Irische Texte mit Wörterbuch*, i (Leipzig, 1880) 146–64.